



Uimhir 11 de 2007

AN tACHT AIRGEADAIS 2007

[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA nALT

CUID 1

CÁIN IONCAIM, CÁIN CHORPARÁIDEACH AGUS CÁIN GHNÓCHAN
CAIPITIÚIL

CAIBIDIL 1

Léiriú

Alt

1. Léiriú (*Cuid 1*)

CAIBIDIL 2

Cáin Ioncaim

2. Leasú ar alt 15 (ráta muirir) den Phríomh-Acht.
3. Creidmheasanna cánach pearsanta.
4. Díolúine aoise.
5. Leasú ar alt 473 (liúntas maidir le cíos a íocann tionóntaí áirithe) den Phríomh-Acht.
6. Leasú ar alt 244 (faoiseamh i leith úis a íocadh ar iasachtaí áirithe tí cónaithe) den Phríomh-Acht.
7. Leasú ar alt 122 (socruithe maidir le hiasacht tosaíochta) den Phríomh-Acht.
8. Fostaithe de chuid gníomhaireachtaí áirithe: liúntais seirbhíse coigríche.
9. Faoisimh phearsanta: tuairisceáin faisnéise áirithe ó thríú páirtithe, etc.
10. Leasú ar alt 126 (mar a dhéileálfar, ó thaobh cánach, le sochair áirithe is iníoctha faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh) den Phríomh-Acht.
11. Díolúine ó cháin ar ioncam áirithe.
12. Díolúine i leith íocaíochtaí caiteachais áirithe.

[Uimh. 11.] *An tAcht Airgeadais 2007.* [2007.]

13. Leasú ar Sceideal 13 (daoine cuntasacha chun críocha Chaibidil 1 de Chuid 18) den Phríomh-Acht.
14. Leasú ar alt 216A (faoiseamh maidir le seomra a ligean ar cíos) den Phríomh-Acht.
15. Leasú ar alt 216C (faoiseamh seirbhísí cúraim leanaí) den Phríomh-Acht.
16. Leasú ar alt 664 (faoiseamh le haghaidh ioncaim áirithe ó thalamh feirme a léasú) den Phríomh-Acht.
17. Sochair scoir.
18. Forálacha a bhaineann le Caibidil 2A (teorannú ar mhéid faoiseamh áirithe arna n-úsáid ag pearsana aonair áirithe atá ar ard-ioncam) de Chuid 15 den Phríomh-Acht.

CAIBIDIL 3

Cáin Ioncaim, Cáin Chorparáide agus Cáin Ghnóchan Caipitiúil

19. Leasú ar Chuid 16 (faoiseamh ó cháin ioncaim i leith infheistíochta i dtrádálacha corpraithe — an scéim um leathnú gnó agus an scéim síolchaipitil) den Phríomh-Acht.
20. Leasú ar Chuid 40 (achomhairc) den Phríomh-Acht.
21. Leasú ar alt 373 (léiriú (Cuid 11)) den Phríomh-Acht.
22. Leasú ar alt 657A (cánachas ar íocaíochtaí áirithe feirme) den Phríomh-Acht.
23. Cúnamh athstruchtúraithe le haghaidh fásóirí biatais siúcra.
24. Leasú ar Chaibidil 2 (feirmeoireacht: faoiseamh i leith méadaithe ar luachanna stoic) de Chuid 23 den Phríomh-Acht.
25. Leasú ar alt 669A (léiriú) den Phríomh-Acht.
26. Cánachas ar bhrabúis agus ar ghnóchain ó staileanna.
27. Leasú ar Sceideal 26A (deonacháin do chomhlachtaí ceadaithe, etc.) a ghabhann leis an bPríomh-Acht.
28. Liúntais chaipitiúla le haghaidh aonad cónaithe cáilithe a bhaineann le tithe banaltrais cláraithe.
29. Scéim infheistíochta bonneagair turasóireachta chonair na Sionainne Láir.
30. Leasú ar alt 1008 (measúnacht ar leithligh ar chomhpháirtithe) den Phríomh-Acht.
31. Leasú ar Chaibidil 2 (íocaíochtaí le fochonraitheoirí i dtionscail áirithe) de Chuid 18 den Phríomh-Acht.
32. Leasú ar Chuid 36A (cuntais dreasachta coigiltis speisialta) den Phríomh-Acht.

[2007.] *An tAcht Airgeadais 2007.* [Uimh. 11.]

33. Leasú ar Chuid 36B (pinsin: creidmheasanna cánach dreasachta) den Phríomh-Acht.
34. Íocaíochtaí áirithe úis ag glacadóirí taisce.
35. Faoiseamh ó chánachas dúbailte.
36. Faoiseamh aontaobhach ó chánachas dúbailte.
37. Leasú ar alt 81 (riail ghinearálta maidir le hasbhaintí) den Phríomh-Acht.
38. Cáin iarchoimeáda dífhinne.
39. Leasú ar Chuid 27 (iontaobhais aonad agus cistí eischósta) den Phríomh-Acht.
40. Gnóthais infheistíochta agus cistí eischósta áirithe: cánachas ar ghnóthais infheistíochta punainne pearsanta.
41. Leasú ar alt 739D (gnóchan a éiríonn as teagmhas inmhuirearaithe) den Phríomh-Acht.
42. Leasú ar alt 730H (léiriú agus feidhm) den Phríomh-Acht.
43. Leasú ar Chaibidil 5 (sealbhóirí polasaithe — bonn nua) de Chuid 26 den Phríomh-Acht.
44. Leasú ar Chaibidil 1 (sócmhainní a aistriú as an Stát) de Chuid 33 den Phríomh-Acht.
45. Leasú ar alt 234 (ioncam áirithe ó ríchíosanna paitinne) den Phríomh-Acht.

CAIBIDIL 4

Cáin Chorparáide

46. Leasú ar alt 766 (creidmheas cánach le haghaidh caiteachais taighde agus forbartha) den Phríomh-Acht.
47. Leasú ar alt 958 (dáta le cáin a íoc) den Phríomh-Acht.
48. Grúpfhaoiseamh i leith caillteanas coigríche áirithe.
49. Leasú ar alt 79B (sócmhainní airgeadra coigríche a chomhoiriúnú le scairchaipiteal airgeadra coigríche áirithe) den Phríomh-Acht.
50. Leasú ar alt 452 (feidhm alt 130 maidir le hús áirithe) den Phríomh-Acht.
51. Leasú ar alt 486B (faoiseamh i leith infheistíochta i nginiúint fuinnimh in-athnuaite) den Phríomh-Acht.

CAIBIDIL 5

Cáin Ghnóchan Caipitiúil

52. Leasú ar Chaibidil 6 (aistrithe sócmhainní gnó) de Chuid 19 den Phríomh-Acht.
53. Leasú ar alt 603A (láithreán a dhiúscairt chuig leanbh) den Phríomh-Acht.

[Uimh. 11.] *An tAcht Airgeadais 2007.* [2007.]

54. Leasú ar Sceideal 15 (liosta comhlachtaí chun críocha alt 610) a ghabhann leis an bPríomh-Acht.
55. Leasú ar alt 746 (gnóchain ioncain eischósta a fhabhraíonn chuig daoine a bhfuil cónaí nó sainchónaí orthu thar lear) den Phríomh-Acht.
56. Leasú ar alt 980 (asbhaint ón gcomaoin i leith sócmhainní áirithe a dhiúscairt) den Phríomh-Acht.

CUID 2

MÁL

57. Leasú ar alt 144 (cumhacht chun déileáil le hurghabhálacha, roimh dhaoradh agus dá éis) den Acht Airgeadais 2001.
58. Aisghairmeacha ilghnéitheacha maidir le mál.
59. Rátaí cánach ola mianra.
60. Rátaí cánach ola mianra do bhreoslaí ionaid.
61. Cionta cánach ola mianra.
62. Rátaí cánach ar tháirgí tobac.
63. Leasú ar alt 130 (léiriú) den Acht Airgeadais 1992.
64. Leasú ar alt 135 (díolúine shealadach ó chlárú) den Acht Airgeadais 1992.
65. Loghadh nó aisíoc i leith cánach cláraithe feithiclí ar fheithiclí leictreacha hibrideacha áirithe, nó ar fheithiclí breosla sholúbtha áirithe, nó ar fheithiclí leictreacha áirithe.
66. Leasú ar alt 21 (uaireanta gnó in áitreabh cláraithe) den Acht um Gheall-Chur 1931.
67. Dleacht máil ar chlárú déileálaithe arm tine.
68. Dleacht máil ar dheimhniú airm tine.
69. Dleacht máil ar dheimhniú airm tine do neamhchónaitheoir.
70. Dleacht máil ar chlub raidhfíilí nó chlub piostal nó raon lámhaigh a údarú.
71. Dleacht máil ar dheimhniú oiliúna arm tine.
72. Dleacht máil ar cheadúnas chun amuinisean a athlódáil.
73. Dleacht máil ar údarú chun arm tine srianta a shealbhú, a úsáid, a iompar, a dhíol nó a thaispeáint lena dhíol.
74. Mál: áitreabh daingean a ainmniú chun earraí coinnithe nó urghafa a choimeád.

CUID 3

CÁIN BHREISLUACHA

75. Léiriú (*Cuid 3*).
76. Leasú ar alt 3 (soláthar earraí) den Phríomh-Acht.
77. Leasú ar alt 5 (soláthar seirbhísí) den Phríomh-Acht.
78. Leasú ar alt 7 (díolúine a tharscaoileadh) den Phríomh-Acht.
79. Leasú ar alt 8 (daoine inchánach) den Phríomh-Acht.
80. Leasú ar alt 10 (an méid ar ar inmhuirir cáin) den Phríomh-Acht.
81. Leasú ar alt 10A (earraí imeallscéime) den Phríomh-Acht.
82. Leasú ar alt 10B (scéim speisialta do cheantálaithe) den Phríomh-Acht.
83. Leasú ar alt 12 (asbhaint i leith cáin a iompraíodh nó a íocadh) den Phríomh-Acht.
84. Leasú ar alt 12A (forálacha speisialta i leith cánach arna sonrasc ag feirmeoirí cothrom-ráta) den Phríomh-Acht.
85. Leasú ar alt 12B (scéim speisialta i leith córacha iompair arna soláthar ag déileálaithe inchánach) den Phríomh-Acht.
86. Leasú ar alt 12C (scéim speisialta i leith innealra talmhaíochta) den Phríomh-Acht.
87. Leasú ar alt 14 (an cháin a bheidh dlite a chinneadh faoi threoir fáiltas airgid) den Phríomh-Acht.
88. Leasú ar alt 15B (earraí faoi bhealach (forálacha breise)) den Phríomh-Acht.
89. Leasú ar alt 16 (dualgas taifid a choimeád) den Phríomh-Acht.
90. Leasú ar alt 17 (sonraise) den Phríomh-Acht.
91. Leasú ar alt 25 (achomhairc) den Phríomh-Acht.
92. Leasú ar alt 32 (rialacháin) den Phríomh-Acht.
93. Leasú ar an gCéad Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht.
94. Leasú ar an Dara Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht.
95. Leasú ar an gCeathrú Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht.
96. Leasú ar an Séú Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht.
97. Leasuithe ilghnéitheacha a bhaineann le Treoir 2006/112/CE ón gComhairle.

[Uimh. 11.] *An tAcht Airgeadais 2007.* [2007.]

98. Cúlghairm, etc. (*Cuid 3*).

CUID 4

DLEACHTANNA STAMPA

99. Léiriú (*Cuid 4*).

100. Morgáistí.

101. Beartha maidir le simpliú.

102. Leasú ar alt 81A (faoiseamh breise ó dhleacht stampa i leith aistrithe chuig feirmeoirí óga oilte) den Phríomh-Acht.

103. Aistrithe chuig feirmeoirí óga oilte agus cáilíochtaí.

104. Faoiseamh breise comhdhlúthcháin feirme.

105. Comhlachtaí spóirt ceadaithe.

106. Leasú ar alt 83A (láithreán a aistriú chuig leanbh) den Phríomh-Acht.

107. Aistriú feirmeacha teaghlaigh áirithe.

108. Leasú ar alt 92B (faoiseamh ceannaitheora céaduaire maoiné cónaithe) den Phríomh-Acht.

109. Leasú ar Chuid 6 (forálacha speisialta a bhaineann le hurrúis neamhdheimhnithe) den Phríomh-Acht.

110. Talamh: forálacha speisialta.

111. Leasú ar alt 159A (teorainneacha ama chun aisíocaíocht dleachta stampa a éileamh) den Phríomh-Acht.

CUID 5

CÁIN FHÁLTAS CAIPITIÚIL

112. Léiriú (*Cuid 5*).

113. Leasú ar alt 18 (cáin a ríomh) den Phríomh-Acht.

114. Leasú ar alt 21 (feidhm an Achta seo) den Phríomh-Acht.

115. Leasú ar alt 51 (cáin agus ús ar cháin a íoc) den Phríomh-Acht.

116. Leasú ar alt 86 (díolúine a bhaineann le teaghaisí áirithe) den Phríomh-Acht.

117. Leasú ar alt 89 (forálacha a bhaineann le maoin talmhaíochta) den Phríomh-Acht.

CUID 6

CÁIN MHAOINE CÓNATHE

118. Leasú ar alt 110A (imréiteach tar éis maoin chónaithe áirithe a dhíol) den Acht Airgeadais 1983.

[2007.] *An tAcht Airgeadais 2007.* [Uimh. 11.]

CUID 7

ILGHNÉITHEACH

119. Léiriú (*Cuid 7*).
120. Leasú ar alt 1001 (cáin etc. a bheith dlite de shealbhóir muirir shocráithe ar fhiacha leabhair de chuid cuideachta) den Phríomh-Acht.
121. Leasú ar fhorálacha a bhaineann le hús ar aisíocaíochtaí.
122. Leasú ar alt 1003A (cáin a íoc trí dheonachán maoiné oidhreachta a thabhairt d'iontaobhas oidhreachta Éireannach) den Phríomh-Acht.
123. Leasú ar Chuid 38 (tuairisceáin ar ioncam agus gnóchain, oibleagáidí agus tuairisceáin eile, agus cumhachtaí ioncaim) den Phríomh-Acht.
124. Leasú ar Chaibidil 4 (cumhachtaí ioncaim) de Chuid 38 den Phríomh-Acht.
125. Leasú ar alt 1003 (cáin a íoc ar mhodh deonacháin ítimí oidhreachta) den Phríomh-Acht.
126. Leasú ar alt 1078 (cionta ioncaim) den Phríomh-Acht.
127. Na hAchtanna Custam: áitreabh daingean a ainmniú chun earraí coimeádta nó earraí urghafa a choinneáil.
128. Leasuithe ilghnéitheacha teicniúla i ndáil le cáin.
129. Cúram agus bainistiú cánacha agus dleachtanna.
130. Gearrtheideal, forléiriú agus tosach feidhme.

SCEIDEAL 1

LEASUITHE DE DHROIM ATHRUITHE AR CHREIDMHEASANNA CÁNACH
PEARSANTA

SCEIDEAL 2

LEASUITHE TEICNIÚLA ILGHNÉITHEACHA I NDÁIL LEIS NA SOCRUITHE
MAIDIR LE FAOISEAMH Ó CHÁNACHAS DÚBAILTE

SCEIDEAL 3

LEASUITHE ILGHNÉITHEACHA A BHAINNEANN LE TREOIR 2006/112/CE
ÓN gCOMHAIRLE

SCEIDEAL 4

LEASUITHE TEICNIÚLA ILGHNÉITHEACHA I NDÁIL LE CÁIN

[Uimh. 11.] *An tAcht Airgeadais 2007.* [2007.]

NA HÁCHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

An tAcht um Gheall-Chur 1931	1931, Uimh. 27
<i>Bonded Warehouses Act</i> 1848	11 & 12 Vic., c. 122
An tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil 2003	2003, Uimh. 1
Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse 1956	1956, Uimh. 46
Acht na gCuideachtaí 1990	1990, Uimh. 33
An tAcht Cánach Corparáide 1976	1976, Uimh. 7
An tAcht um Fhianaise Choiriúil 1992	1992, Uimh. 12
An tAcht um Cheartas Coiriúil 2006	2006, Uimh. 26
An tAcht um an Dlí Teaghlaigh 1995	1995, Uimh. 26
An tAcht um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh) 1996	1996, Uimh. 33
<i>Finance (1909-10) Act</i> 1910	10 Edw. 7, c. 8
An tAcht Airgid 1925	1925, Uimh. 28
An tAcht Airgeadais 1964	1964, Uimh. 15
An tAcht Airgeadais 1971	1971, Uimh. 23
An tAcht Airgeadais 1983	1983, Uimh. 15
An tAcht Airgeadais 1992	1992, Uimh. 9
An tAcht Airgeadais 1993	1993, Uimh. 13
An tAcht Airgeadais 1998	1998, Uimh. 3
An tAcht Airgeadais 1999	1999, Uimh. 2
An tAcht Airgeadais 2000	2000, Uimh. 3
An tAcht Airgeadais 2001	2001, Uimh. 7
An tAcht Airgeadais 2002	2002, Uimh. 5
An tAcht Airgeadais 2003	2003, Uimh. 3
An tAcht Airgeadais 2004	2004, Uimh. 8
An tAcht Airgeadais 2005	2005, Uimh. 5
An tAcht Airgeadais 2006	2006, Uimh. 6
An tAcht Airgeadais (Dleacht Máil ar Tháirgí Tobac) 1977	1977, Uimh. 32
Acht na nArm Teine 1925	1925, Uimh. 17
Acht na nArm Tine (Deimhnithe Airm Tine do Neamhchónaitheoirí) 2000	2000, Uimh. 20
An tAcht Sláinte 1970	1970, Uimh. 1
Acht na dTithe 1988	1988, Uimh. 28
Acht na dTithe (Teaghaisí Priobháideacha ar Cíos) 1982	1982, Uimh. 6
An tAcht um Forbairt Tionscail 1986	1986, Uimh. 9
An tAcht um Fhorbairt Tionscail 1995	1995, Uimh. 28
An tAcht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) 2003	2003, Uimh. 30
An tAcht Árachais 1936	1936, Uimh. 45
An tAcht um Chomhpháirtíochtaí Teoranta Infheistíochta 1994	1994, Uimh. 24
An tAcht Deochanna Meisciúla 1988	1988, Uimh. 16
An tAcht um Thionscal Rásaíochta Capall na hÉireann 1994	1994, Uimh. 18
<i>Liqueur Act</i> 1848	11 & 12 Vic., c. 121
An tAcht um Rúin Oifigiúla 1963	1963, Uimh. 1
Acht na bPinsean (Leasú) 2002	2002, Uimh. 18
An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000	2000, Uimh. 30
An tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004	2004, Uimh. 27
An tAcht Leasa Shóisialaigh 2000	2000, Uimh. 4

[2007.]	<i>An tAcht Airgeadais 2007.</i>	[Uimh. 11.]
	An tAcht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú) 1993	1993, Uimh. 27
	An tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005	2005, Uimh. 26
	An tAcht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa 1999	1999, Uimh. 31
	An tAcht Comhdhlúite Cánacha 1997	1997, Uimh. 39
	Na hAchtanna um Thrácht Cuartaíochta 1939 go 2003	
	An tAcht um Iontaobhais Aonad 1990	1990, Uimh. 37
	An tAcht Cánach Breisluacha 1972	1972, Uimh. 22
	Na hAchtanna Cánach Breisluacha 1972 go 2006	
	An tAcht um Tharscaoileadh Cánach Áirithe, Úis agus Pionós 1993	1993, Uimh. 24
	Na hAchtanna um Fhiadhúlra 1976 agus 2000	



Uimhir 11 de 2007

AN tACHT AIRGEADAIS 2007

[An tiontú oifigiúil]

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE FORCHUR, AISGHAIRM, LOGHADH, ATHRÚ AGUS RIALÁIL CÁNACHAIS, DLEACHTANNA STAMPA AGUS DLEACHTANNA A BHAINNEANN LE MÁL AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ EILE THAIRIS SIN I dTAOBH AIRGEADAIS LENA nÁIRÍTEAR RIALÁIL CUSTAM.
[2 Aibreán, 2007]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

CUID 1

CÁIN IONCAIM, CÁIN CHORPARÁIDEACH AGUS CÁIN GHNÓCHAN CAIPITIÚIL

CAIBIDIL 1

Léiriú

1.—Sa Chuid seo ciallaíonn “Príomh-Acht” an tAcht Comhdhlúite *Léiriú (Cuid 1)* Cánacha 1997.

CAIBIDIL 2

Cáin Ioncaim

2.—Maidir leis an mbliain mheasúnachta 2007 agus le blianta measúnachta dá héis, leasaítear alt 15 den Phríomh-Acht— Leasú ar alt 15 (ráta muirir) den Phríomh-Acht.

- (a) trí “€25,000” a chur in ionad “€23,000” (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais 2006) i bhfo-alt (3), agus
- (b) tríd an Tábla seo a leanas a chur in ionad an Tábla (arna chur isteach amhlaidh) a ghabhann leis an alt sin:

“AN TÁBLA

CUID 1

An chuid den ioncam inchánach (1)	An ráta cánach (2)	Tuairisc an ráta (3)
An chéad €34,000	20 faoin gcéad	An rata caighdeánach
An fúlleach	41 faoin gcéad	An t-ardráta

CUID 2

An chuid den ioncam inchánach (1)	An ráta cánach (2)	Tuairisc an ráta (3)
An chéad €38,000	20 faoin gcéad	An ráta caighdeánach
An fúlleach	41 faoin gcéad	An t-ardráta

CUID 3

An chuid den ioncam inchánach (1)	An ráta cánach (2)	Tuairisc an ráta (3)
An chéad €43,000	20 faoin gcéad	An rata caighdeánach
An fúlleach	41 faoin gcéad	An t-ardráta

”.

Creidmheasanna
cánach pearsanta.

3.—(1) Más rud é, faoi fhoráil den Phríomh-Acht a luaitear i *gcolún (1)* den Tábla a ghabhann leis an bhfo-alt seo, go mbeidh pearsa aonair i dteideal go ndéanfar an cháin ioncaim a bheidh le muirearú ar an bpearsa aonair, ar shlí seachas de réir fhorálacha alt 16(2) den Phríomh-Acht, a laghdú don bhliain mheasúnachta 2007 nó d’aon bhliain mheasúnachta dá héis agus gurbh é méid an laghdaithe, mura mbeadh an t-alt seo, méid arb é an méid is lú díobh seo a leanas—

(a) an méid atá sonraithe i *gcolún (2)* den Tábla sin, agus

(b) an méid a laghdaíonn an dliteanas sin go nialas,

is é méid an laghdaithe de réir *mhír (a)* méid an chreidmheasa cánach atá sonraithe i *gcolún (3)* den Tábla.

AN TÁBLA

An Fhoráil Reachtúil (1)	Creidmheas cánach láithreach (2)	Creidmheas cánach don bhliain 2007 agus do bhlianta dá héis (3)
Alt 461 (bunchreidmheas cánach pearsanta)		
(duine pósta)	€3,260	€3,520
(baintreach ar sa bhliain mheasúnachta a d’éag a chéile nó a céile)	€3,260	€3,520
(duine singil)	€1,630	€1,760

An Fhoráil Reachtúil (1)	Creidmheas cánach láithreach (2)	Creidmheas cánach don bhliain 2007 agus do bhlianta dá héis (3)
Alt 461A (creidmheas cánach breise do bhaintreacha áirithe)	€500	€550
Alt 462 (creidmheas cánach teaghlaigh aontuimitheora)	€1,630	€1,760
Alt 463 (creidmheas cánach tuimitheora is baintreach)		
(1ú bliain)	€3,100	€3,750
(2ú bliain)	€2,600	€3,250
(3ú bliain)	€2,100	€2,750
(4ú bliain)	€1,600	€2,250
(5ú bliain)	€1,100	€1,750
Alt 464 (creidmheas cánach aoise)		
(duine pósta)	€500	€550
(duine singil)	€250	€275
Alt 465 (creidmheas cánach linbh éagumasaithe)	€1,500	€3,000
Alt 468 (creidmheas cánach daill)		
(duine dall)	€1,500	€1,760
(an dá chéile dall)	€3,000	€3,520
Alt 472 (creidmheas cánach fostaí)	€1,490	€1,760

(2) Beidh éifeacht le halt 3 (arna leasú leis an Acht Airgeadais 2006) den Acht Airgeadais 2002 faoi réir fhorálacha an ailt seo.

(3) Beidh feidhm ag *Scideal 1* chun *fo-alt (1)* a fhorlónadh.

4.—Maidir leis an mbliain mheasúnachta 2007 agus le blianta measúnachta dá héis, leasaítear alt 188 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (2), trí “€38,000” a chur in ionad “€34,000” (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais 2006) agus “€19,000” a chur in ionad “€17,000” (a cuireadh isteach amhlaidh). Díolúine aoise.

5.—Leasaítear alt 473 den Phríomh-Acht maidir leis an mbliain mheasúnachta 2007 agus blianta measúnachta dá héis tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhíniú ar “teorainn shonraithe” (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais 2006), i bhfo-alt (1): Leasú ar alt 473 (líntas maidir le cíos a fócann tionóntaí áirithe) den Phríomh-Acht.

“ciallaíonn ‘teorainn shonraithe’, i ndáil le pearsa aonair do bhliain mheasúnachta—

(a) i gcás na ndaoine seo a leanas—

Cd.1 A.5 [Uimh. 11.] An tAcht Airgeadais 2007. [2007.]

(i) duine pósta a mheasúnaítear i leith cánach de réir alt 1017, nó

(ii) baintreach,

€3,600; ach má bhí an phearsa aonair 55 bliana d'aois nó os a chionn aon tráth i rith na bliana measúnachta, ciallaíonn 'teorainn shonraithe' €7,200, agus

(b) in aon chás eile, €1,800; ach, má bhí an phearsa aonair 55 bliana d'aois nó os a chionn aon tráth i rith na bliana measúnachta, ciallaíonn 'teorainn shonraithe' €3,600;".

Leasú ar alt 244 (faoiseamh i leith úis a fócadh ar iasachtaí áirithe tí cónaithe) den Phríomh-Acht.

6.—Maidir leis an mbliain mheasúnachta 2007 agus blianta measúnachta dá héis, leasaítear alt 244 den Phríomh-Acht sa mhíniú ar "ús infhaoisimh" i bhfo-alt (1)(a)—

(a) trí "€6,000" a chur in ionad "€5,080",

(b) trí "€3,000" a chur in ionad "€2,540",

(c) trí "€16,000" a chur in ionad "€8,000", agus

(d) trí "€8,000" a chur in ionad "€4,000".

Leasú ar alt 122 (socrúithe maidir le hiasacht tosaíochta) den Phríomh-Acht.

7.—Maidir leis an mbliain mheasúnachta 2007 agus blianta measúnachta dá héis, leasaítear alt 122 den Phríomh-Acht sa mhíniú ar "an ráta sonraithe" i bhfo-alt (1)(a)—

(a) trí "4.5 faoin gcéad" a chur in ionad "3.5 faoin gcéad" (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais 2004) sa dá áit ina bhfuil sé, agus

(b) trí "12 faoin gcéad" a chur in ionad "11 faoin gcéad" (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais 2003).

Fostaithe de chuid gníomhaireachtaí áirithe: liúntais seirbhíse coigríche.

8.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht i gCaibidil 1 de Chuid 7 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 196A (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais 2005):

"196B.—(1) (a) San alt seo, ciallaíonn "díolaíochtaí" díolaíochtaí lena mbaineann alt 985A.

(b) Is iad seo a leanas na gníomhaireachtaí lena mbaineann an t-alt seo:

(i) Fiontraíocht Éireann;

(ii) An Bord Bia;

(iii) Turasóireacht Éireann Teo;

(iv) An Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail (Éire).

(2) I gcás ina ndéanfaidh an tAire Airgeadais, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Gnóthaí Eachtracha, nó le cibé Aire den Rialtas is cuí leis an Aire Airgeadais sna himthosca, aon liúntas d'fhostaithe de chuid na ngníomhaireachtaí lena mbaineann an

t-alt seo, nó aon díolaíochtaí dá gcuid, a dheimhniú mar ní atá in ionannas cúitimh as costas breise an riachtanais cónaí lasmuigh den Stát d'fhonn a dhualgais nó a dualgais a chomhlíonadh, ní áireofar an liúntas nó na díolaíochtaí sin mar ioncam chun críocha na nAchtanna Cánach Ioncaim.”.

(2) Meastar éifeacht a bheith leis an alt seo ar an agus ón 1 Eanáir 2007.

9.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht—

Faoisimh
phearsanta:
tuairisceáin
faisnéise áirithe ó
thrú páirtithe, etc.

(a) in alt 459 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (5):

“(6) Más rud é, ar bhonn na faisnéise a thabharfar dóibh faoi alt 894A(2) nó aon fhaisnéise eile ina seilbh, go mbeidh na Coimisinéirí Ioncaim sásta maidir le teideal duine aonair chun faoisimh faoi aon cheann de na forálacha a shonraítear sa Tábla atá ag gabháil le halt 458 nó faoi alt 187 nó 188, ansin, d’ainneoin aon fhorála eile dá mhalairt sna Achtanna Cánach Ioncaim, más cuí leis na Coimisinéirí Ioncaim é sna himthosca, féadfar an faoiseamh a bheidh dlite a thabhairt don duine aonair gan éileamh ar an bhfaoiseamh sin a dhéanamh agus a chruthú.”.

(b) in alt 469

(i) i bhfo-alt (1)—

(I) i mír (i) den mhíniú ar “costais sláinte” trí “duine” a chur in ionad “cleithiúnaí de chuid an duine aonair dá dtagraítear i míreanna (a) agus (b)(ii) den mhíniú ar chleithiúnaí”, agus

(II) trí na mínithe ar “cleithiúnaí”, “duine cáilithe” agus “gaol” a scriosadh,

(ii) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

“(2) Faoi réir an ailt seo, i gcás ina gcruthóidh pearsa aonair, do bhliain mheasúnachta, gur íoc sé nó sí sa bhliain mheasúnachta costais sláinte a tabhaíodh chun aireachas sláinte a sholáthar, beidh an phearsa aonair i dteideal, d’fhonn a fhionnadh cad é méid an ioncaim a mbeidh cáin ioncaim le muirearú air nó uirthi ina leith, go ndéanfar an méid a chruthófar a bheith íoctha amhlaidh a asbhaint as a ioncam nó a hioncam iomlán.”.

agus

(iii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (6):

“(7) I gcás ina dtabharfar faoiseamh faoin alt seo d’aon phearsa aonair i leith méid arna úsáid chun costais sláinte a íoc, ní thabharfar faoiseamh don phearsa aonair sin faoi aon fhoráil eile de chuid na nAchtanna Cánach Ioncaim i leith an mhéid sin.”.

(c) in alt 472C (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais 2001)—

(i) i bhfo-alt (7), trí “féadfaidh” a chur in ionad “déanfaidh”, agus

(ii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (7):

“(7A) D’ainneoin fhorálacha aon achtacháin eile, i gcás ina ndéanfaidh fostóir suibscríobhanna ceardchumainn de chuid fhostaithe an fhostóra a asbhaint as díolaíochtaí na bhfostaithe sin agus a chur ar aghaidh chuig an gceardchumann lena mbaineann, féadfaidh an fostóir, chun a chumasú don cheardchumann sin tuairisceán a thabhairt faoi fhorálacha fho-alt (7) agus chun na críche sin amháin, ar iarraidh chuige sin a fháil ón gceardchumann, ainmneacha agus Uimhreacha Pearsanta Seirbhíse Poiblí na bhfostaithe is comhaltaí den cheardchumann sin, agus ainmneacha agus Uimhreacha Pearsanta Seirbhíse Poiblí na bhfostaithe sin amháin, a mbeidh na hasbhaintí sin déanta as a gcuid díolaíochtaí, a thabhairt don cheardchumann.”,

(d) in alt 473A (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais 2001)—

(i) i bhfo-alt (1), tríd an míniú ar “cleithiúnaí” a scriosadh,

(ii) i bhfo-alt (2), trí “, thar a cheann féin nó thar a ceann féin, nó thar ceann a chleithiúnaí nó a cleithiúnaí,” a scriosadh,

(iii) i bhfo-alt (4), trí “an duine atá, nó a bhí, ag gabháil don chúrsa” a chur in ionad “a chleithiúnaí nó a cleithiúnaí”,

(iv) i bhfo-alt (6)(c) trí “ag an bpearsa aonair nó a chleithiúnaí nó a cleithiúnaí” a scriosadh, agus

(v) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (8):

“(9) I gcás ina dtabharfar faoiseamh faoin alt seo d’aon phearsa aonair i leith táillí cáilitheacha a íoc, ní thabharfar faoiseamh faoi aon fhoráil eile de na hAchtanna Cánach Ioncaim don phearsa aonair sin i leith na híocaíochta sin.”,

agus

(e) i gCaibidil 3 de Chuid 38, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 894:

“Tuairisceán ó thríú páirtithe i ndáil le faoisimh phearsanta. 894A.—(1) San alt seo—

ciallaíonn ‘Uimhir PSP’ i ndáil le pearsa aonair, Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí na pearsan aonair de réir bhrí alt 262 den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005;

ciallaíonn ‘faoiseamh pearsanta’ faoiseamh faoi aon cheann de na forálacha a shonraítear sa Tábla a ghabhann le halt 458.

(2) I gcás ina mbeidh faisnéis ag duine a bhaineann le caiteachas a d’foc pearsa aonair agus is iomchuí maidir le teideal na pearsan aonair sin chun faoisimh phearsanta, nó maidir le méid faoisimh den sórt sin, a shuíomh, féadfaidh an duine sin, d’ainneoin aon ní in aon achtachán eile nó aon oibleagáide chun rúndacht a chaomhnú nó aon sriain eile ar nochtadh faisnéise, mionsonraí maidir le méid an chaiteachais sin a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim má iarrann siad ar an duine sin déanamh amhlaidh.

(3) Mura n-ordóidh na Coimisinéirí Ioncaim a mhalairt, beidh faisnéis a thabharfar do na Coimisinéirí Ioncaim de réir fho-alt (2) i bhformáid leictreonach arna ceadú ag na Coimisinéirí Ioncaim agus beidh inti ainm agus seoladh agus, má tá sí ar eolas, Uimhir PSP na pearsan aonair ar i ndáil leis nó léi a bheidh an fhaisnéis á tabhairt.

(4) D’ainneoin aon fhorála eile dá mhalairt, d’fhonn tuairisceán a thabhairt faoi fho-alt (3), beidh duine nach mbeidh Uimhir PSP pearsan aonair aige nó aici i dteideal an uimhir sin a iarraidh ar an bpearsa aonair agus cuirfidh sé nó sí in iúl don phearsa aonair cén cuspóir atá leis an uimhir a iarraidh.

(5) Ní úsáidfidh na Coimisinéirí Ioncaim faisnéis a thabharfar dóibh de réir fho-alt (2) ach amháin chun teideal pearsa aonair chun an fhaoisimh phearsanta lena mbaineann, nó chun méid an fhaoisimh sin, a shuíomh agus, d’ainneoin alt 872, ní úsáidfeair í chun aon chríche eile.

(6) Féadfaidh aon duine d’oifigigh na gCoimisinéirí Ioncaim atá ag gníomhú faoina n-údarás aon ghníomh atá le déanamh, nó aon fheidhm atá le comhlíonadh, ag na Coimisinéirí Ioncaim, ar gníomh é nó ar feidhm í a údaraítear leis an alt seo, a dhéanamh nó a chomhlíonadh.”.

- (2) (a) Tá feidhm ag míreanna (a), (c) agus (e) d’fho-alt (1) le héifeacht ó dháta rite an Achta seo.
- (b) Tá feidhm ag míreanna (b) agus (d) d’fho-alt (1) maidir leis an mbliain mheasúnachta 2007 agus le blianta measúnachta dá héis.

Leasú ar alt 126 (mar a dhéileálfar, ó thaobh cánach, le sochair áirithe is iníoctha faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh) den Phríomh-Acht.

10.—Leasaítear alt 126 den Phríomh-Acht—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) San alt seo ciallaíonn ‘na hAchtanna’ na hAchtanna Leasa Shóisialaigh.”,

(b) i bhfo-alt (3)—

(i) i mír (b) trí “de réir bhrí alt 2(3) den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005” a chur in ionad “de réir bhrí alt 2(3)(a) den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993”,

(ii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (b):

“(c) (i) Sa mhír seo tá le ‘fostaíocht ghearr-ama’ an bhrí chéanna atá leis chun críocha na nAchtanna.

(ii) D’ainneoin mhíreanna (a) agus (b) agus an Ordaithe um an Acht Airgeadais 1992 (Tosach Feidhme Alt 15) (Sochar Dífhostaíochta agus Sochar Pá-Choibhneasa) 1994 (I.R. Uimh. 19 de 1994), ní bheidh feidhm ag mír (b) i ndáil le sochar dífhostaíochta arna íoc nó is iníoctha le duine atá fostaithe i bhfostaíocht ghearr-ama.”,

agus

(c) trí fho-alt (8) a scriosadh.

Díolúine ó cháin ar ioncam áirithe.

11.—Leasaítear an Príomh-Acht—

(a) sa mhíniú ar “ioncam iomchuí” in alt 189(2)(a), trí “alt 59, 745 nó 747E” a chur in ionad “alt 59 nó alt 745”,

(b) sa mhíniú ar “ioncam iomchuí” in alt 189A(4)(a) trí “alt 59, 745 nó 747E” a chur in ionad “alt 59 nó alt 745”, agus

(c) in alt 192(2) trí “alt 59, 745 or 747E” a chur in ionad “alt 59 nó alt 745”.

Díolúine i leith fócaíochtaí caiteachais áirithe.

12.—Maidir leis an mbliain mheasúnachta 2007 agus blianta measúnachta dá héis, leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 195:

“195A.—(1) San alt seo—

ciallaíonn ‘comhlacht’ comhlacht neamhchorpraithe daoine nó comhlacht corpraithe, arb é atá ann—

(a) aon bhord, comhairle nó coiste, cibé caoi ina sonraítear é nó í, nó

- (b) aon chomhlacht daoine a fheidhmíonn cuid d'fheidhmeanna, nó feidhmeanna uile, boird, comhairle nó coiste den sórt sin,

más rud é, maidir leis na dualgais a ghabhann le hoifig comhaltaí den chomhlacht, seachas dualgais theagmhasacha amhail freastal ar chomhdhálacha nó ar chruinnithe mar thoscairí thar ceann an chomhlachta, go ndéantar iad a urscaoileadh i gcúrsa cruinnithe den chomhlacht lena mbaineann, nó i gcúrsa ullmhúcháin le haghaidh cruinnithe den sórt sin;

tá le 'státseirbhíseach' an bhrí a shanntar do 'stát-sheirbhíseach' le halt 1(1) d'Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse 1956;

ciallaíonn 'comhalta' i ndáil le comhlacht, duine a shealbhaíonn oifig mar chomhalta den chomhlacht sin, ar duine é nó í—

- (a) nach bhfuil aon dualgas eile aige nó aici go díreach nó go neamhdhíreach i ndáil leis an gcomhlacht sin, cibé acu mar fhostaí de chuid an chomhlachta nó de chuid duine atá bainteach leis an gcomhlacht sin, agus
- (b) maidir le méid bliantúlaithe a dhíolaíochtaí nó a díolaíochtaí ón oifig don bhliain mheasúnachta 2006 agus do gach bliain dá héis inar comhalta den chomhlacht an duine, seachas íocaíochtaí lena mbaineann an t-alt seo, nach mó an méid sin—
- (i) i gcás comhalta arb é nó arb í cathaoirleach an chomhlachta é nó í, nach comhlacht dá dtagraítear i mír (b) den mhíniú ar 'comhlacht', ná €24,000, agus
- (ii) in aon chás eile, ná €24,000;

ciallaíonn 'comhlacht neamhthráchtála' comhlacht—

- (a) arna eagrú d'aon toisc chun críoch seachas brabús, i gcás inar féidir críocha dearbhaithe an chomhlachta a fhionnadh ó dhoiciméid ar taifid iad,
- (b) a oibríonn, iarbhír, d'aon toisc chun críoch seachas brabús agus, chun na críche sin, maidir le haon ghníomhaíocht a sheolann an comhlacht agus a ghineann ioncam ar gníomhaíocht í—
- (i) a sheoltar d'fhonn cuidiú leis an gcomhlacht a chríochnaigh a bhaint amach, agus
- (ii) a n-úsáidtear an t-ioncam uaithi chun na gcríoch sin,
- measfar í a bheith á hoibriú chun críoch seachas brabús, agus
- (c) nach féidir aon sochar dá chuid, nó aon chuid dá ioncam nó dá ioncam carnaithe, a íoc le haon oifigeach, fostaí nó comhalta den chomhlacht, nó a chur ar fáil ar shlí eile d'aon oifigeach, fostaí nó comhalta den chomhlacht, chun sochair phearsanta an duine sin nó duine atá bainteach leis an duine sin, seachas na nithe seo a leanas—

- (i) aon phá, tuarastal, táillí nó airgead onóra i leith seirbhísí arna dtabhairt don chomhlacht ach sin más rud é amháin nach mó na méideanna arna n-íoc ná méideanna réasúnacha a d'íocfaí in idirbheart ar neamhthuilleamaí i leith seirbhísí dá samhail arna soláthar ag comhlacht a eagraítear d'aon toisc chun críoch seachas brabús, ar comhlacht é a oibríonn de réir mhír (b),
- (ii) aon íocaíocht lena mbaineann an t-alt seo,
- (iii) aon íocaíocht le hoifigigh, fostaithe nó comhaltaí chun cuidiú a thabhairt i ndáil le caiteachais a íoc maidir le freastal ar chomhdhála nua nó ar chruinnithe mar thoscáirí thar ceann an chomhlachta i gcás ina ndéantar an freastal sin chun críocha an chomhlachta a chur ar aghaidh, agus
- (iv) i gcás an t-oifigeach, an fostaí nó an comhalta lena mbaineann, nó duine atá bainteach leis an oifigeach, leis an bhfostaí nó leis an gcomhalta sin, a bheith ina chuspóir nó ina cuspóir do chríocha an chomhlachta, sochar atá ann chun críocha an chomhlachta a chur ar aghaidh.

(2) Tá feidhm ag an alt seo maidir le híocaíochtaí arna ndéanamh ag comhlacht neamhthráchtála le comhalta den chomhlacht nó thar a cheann nó thar a ceann i leith caiteachas taistil agus cothaithe arna dtabhú ag an gcomhalta le linn dó nó di freastal ar chruinnithe den chomhlacht.

(3) Chun críocha uile na nAchtanna Cánach Ioncaim, déanfar neamhshuim den mhéid sin d'aon íocaíochtaí lena mbaineann an t-alt seo nach mó ná an ráta uachtarach d'aon ráta nó rátaí iomchuí arna leagan síos ó am go ham ag an Aire Airgeadais i ndáil le caiteachais taistil agus cothaithe státseirbhísigh a íoc.”.

Leasú ar Sceideal 13 (daoine cuntasacha chun críocha Chaibidil 1 de Chuid 18) den Phríomh-Acht.

13.—(1) Leasaítear Sceideal 13 a ghabhann leis an bPríomh-Acht—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír 5:

“5. Seirbhís Aisíocaíochta i leith Cúraim Phríomha.”,

(b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír 118:

“118. Údarás Forbartha an Champais Náisiúnta Spórt.”,

(c) trí mhíreanna 4 agus 147 a scriosadh, agus

(d) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 157 (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais 2006):

“158. An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre.

159. Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin.

160. An Coimisiún Sábháilteachta Iarnróid.

161. An Chomhairle Mhúinteoireachta.

162. EirGrid.

163. Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna.

164. Údarás Maoirseachta, Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann.”.

- (2) (a) Meastar gur tháinig *fo-alt (1)(a)* in éifeacht ar an agus ón 1 Eanáir 2005.
- (b) Meastar gur tháinig *fo-alt (1)(b)* in éifeacht amhail ar an agus ón 1 Eanáir 2007.
- (c) Meastar gur tháinig *fo-alt (1)(c)* in éifeacht amhail ar an agus ón 1 Eanáir 2007.
- (d) Beidh feidhm ag *fo-alt (1)(d)* amhail ar an agus ón 1 Bealtaine 2007.

14.—Maidir leis an mbliain mheasúnachta 2007 agus le blianta measúnachta dá éis, leasaítear alt 216A den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

Leasú ar alt 216A (faoiseamh maidir le seomra a ligean ar cíos) den Phríomh-Acht.

“(3A) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (2) maidir le bliain mheasúnachta i gcás ina bhfaighfear na suimeanna iomchuí a eascraíonn chuig an bpearsa aonair ó leanbh de chuid na pearsan aonair.”.

15.—Leasaítear alt 216C den Phríomh-Acht i bhfo-alt (5) trí “€15,000” a chur in ionad “€10,000”.

Leasú ar alt 216C (faoiseamh seirbhísí cúraim leanaí) den Phríomh-Acht.

16.—(1) Leasaítear alt 664 den Phríomh-Acht—

Leasú ar alt 664 (faoiseamh le haghaidh ioncain áirithe ó thalamh feirme a léasú) den Phríomh-Acht.

(a) i bhfo-alt (1)(a) sa mhíniú ar “an méid sonraithe”—

(i) i mír (ii)(VI)(B) den mhíniú sin trí “nó” a scriosadh san áit dheireanach a bhfuil sé,

(ii) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (ii)(VII) den mhíniú sin:

“(VII) sa tréimhse dar tosach an 1 Eanáir 2006 agus dar críoch an 31 Nollaig 2006—

(A) €15,000, i gcás gur ar feadh téarma cinnte 7 mbliana nó níos faide an léas cáilitheach nó na léasanna cáilitheacha, agus

(B) €12,000, in aon chás eile,

nó

(VIII) an 1 Eanáir 2007 nó dá éis—

(A) €20,000, i gcás gur ar feadh téarma cinnte 10 mbliana nó níos faide an léas cáilitheach nó ná léasanna cáilitheacha,

(B) €15,000, i gcás gur ar feadh téarma cinnte 7 mbliana nó níos faide an léas cáilitheach nó na léasanna cáilitheacha, seachas cás lena mbaineann clásal (A), agus

(C) €12,000, in aon chás eile.”,

agus

(iii) i mír (iii) den mhíniú sin trí “fhomhír (I), (II), (III), (IV), (V), (VI), (VII) nó (VIII), de réir mar is cúí, de mhír (ii) den mhíniú seo” a chur in ionad “chlásal (I), (II), (III), (IV) nó (V), de réir mar is cúí, d’fhomhír (ii)”,

agus

(b) i bhfo-alt (1)(b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (v):

“(v) ó léas cáilitheach nó ó léasanna cáilitheacha arna dhéanamh nó arna ndéanamh sa tréimhse dar tosach an 1 Eanáir 2006 agus dar críoch an 31 Nollaig 2006, agus ó léas cáilitheach arna dhéanamh roimh an 1 Eanáir 2006, ní mó an méid sonraithe ná—

(I) €15,000, i gcás gur ar feadh téarma cinnte 7 mbliana nó níos mó an léas cáilitheach nó na léasanna cáilitheacha, agus

(II) €12,000, in aon chás eile;

(vi) ó léas cáilitheach nó ó léasanna cáilitheacha a rinneadh an 1 Eanáir 2007 nó dá éis, agus ó léas cáilitheach a rinneadh aon tráth eile, ní bheidh an méid sonraithe níos mó ná na méideanna seo a leanas—

(I) €20,000, más rud é, maidir leis an léas cáilitheach nó maidir leis na léasanna cáilitheacha, gur léas é, nó gur léasanna iad, ar feadh théarma cinnte 10 mbliana nó níos mó,

(II) €20,000, más rud é, maidir leis an léas cáilitheach nó maidir leis na léasanna cáilitheacha, gur léas é, nó gur léasanna iad, ar feadh théarma cinnte 7 mbliana nó níos mó, seachas cás ina bhfuil feidhm ag clásal (I), agus

(III) €12,000, in aon chás eile.”.

- (2) (a) Faoi réir *mhír (b)*, tá feidhm ag *fo-alt (I)* mar a leanas—
- (i) maidir le *fomhíreanna (i)* agus *(ii)* de *mhír (a)* agus *mír (b)*, amhail ar an agus ón 1 Eanáir 2007; agus
 - (ii) maidir le *mír (a)(iii)*, amhail ar an agus ón 1 Feabhra 2007.
- (b) Tagann *fo-alt (I)* i ngníomh tar éis don Aire Airgeadais ordú a dhéanamh chuige sin.

17.—(1) Leasaítear Cuid 30 den Phríomh-Acht— Sochair scoir.

- (a) i gCaibidil 1 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 772:

“Táirgí sochar scoir a cheadú. 772A.—(1) San alt seo—

ciallaíonn ‘tionscnóir’ duine a dhéanann gnó deonaithe blianachtaí ar shaol daonna a sheoladh go dleathach agus, más rud é maidir leis an duine sin—

(a) nach gcónaíonn sé nó sí sa Stát, nó

(b) nach bhfuil sé nó sí ag trádáil sa Stát trí bhunáit ghnó,

is gnóthas árachais an duine sin arna údarú chun gnó árachais a dhéanamh sa Stát faoi Threoir 2002/83/CE an 5 Samhain 2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹;

ciallaíonn ‘táirge sochar scoir’ táirge chun sochair iomchuí a sholáthar ar ina leith a bheidh iarratas ar cheadú déanta ag tionscnóir chuig na Coimisinéirí Ioncaim faoin alt seo agus ar fúthu a fhéadfar, má cheadaítear é agus nuair a cheadaítear é, scéim shochar scoir aon-chomhalta a bhunú ar mhodh conartha arna dhéanamh leis an tionscnóir chun an scéim a urrú;

ciallaíonn ‘scéim shochar scoir aon-chomhalta’, i ndáil le táirge sochar scoir, scéim shochar scoir a bhaineann le fostaí aonair;

ciallaíonn ‘téarmaí agus rialacha’, i ndáil le táirge sochar scoir, na forálacha lena rialaítear scéim shochar scoir atá le bunú faoin táirge, is cuma cén t-ainm a thugtar ar na forálacha sin.

(2) Faoi réir an ailt seo, féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim, más cuí leo é, agus faoi réir cibé coinníollacha, más ann, is cuí leo a chur ag gabháil leis an gceadú, táirge

¹OJ Uimh. L345, 19.12.2002, lch.1

sochar scoir a cheadú chun críocha na Caibidle seo.

(3) Faoi réir fho-alt (6), measfar, maidir le scéim shochar scoir, arna bunú faoi tháirge sochar scoir atá arna cheadú de thuras na huairé ag na Coimisinéirí Ioncaim faoi fho-alt (2), gur scéim shochar scoir í atá arna cheadú de thuras na huairé ag na Coimisinéirí Ioncaim chun críocha na Caibidle seo, agus beidh feidhm ag forálacha na Caibidle seo dá réir sin, ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt leis an alt seo.

(4) Chun críocha ceadaithe faoi fho-alt (2), déanfaidh tionscnóir táirge sochar scoir iarratas i scríbhinn chun na gCoimisinéirí Ioncaim agus beidh an t-iarratas i cibé foirm, agus beidh cibé faisnéis agus sonraí ann, a chinnfidh na Coimisinéirí Ioncaim ó am go ham.

(5) Ní cheadóidh na Coimisinéirí Ioncaim táirge sochar scoir mura rud é go bhforáiltear mar a leanas leis na téarmaí agus na rialacha—

(a) maidir le ranníocaí atá le híoc in aon bhliain, cibé acu ag fostaí nó ag fostóir, nó thar ceann fostóra, i leith an fhostaí sin, nach bhféadfaidh siad, nuair a chomhiomlánaítear iad, a bheith níos mó ná an méid comhiomlán ranníocaí bliantúla a lamháiltear a asbhaint in aon bhliain ag pearsa aonair de réir alt 774(7)(c), agus

(b) go mbeidh feidhm ag forálacha alt 772(3A).

(6) I gcás athrú a bheith déanta ar na téarmaí agus ar na rialacha lena rialaítear scéim shochar scoir arna bunú faoi tháirge sochar scoir atá ceadaithe de thuras na huairé ag na Coimisinéirí Ioncaim faoi fho-alt (2), ansin, maidir le haon cheadú a mheastar a bheith tugtha don scéim de thuras na huairé faoi fho-alt (3) roimh dháta an athraithe, ní bheidh feidhm aige tar éis dháta an athraithe mura rud é go mbeidh an t-athrú ceadaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim.

(7) Más é tuairim na gCoimisinéirí Ioncaim nach gá, mar gheall ar na fíorais i dtaca le haon táirge sochar scoir, go leanfaidh siad feasta den scéim a cheadú, ansin féadfaidh siad, aon tráth, le fógra i scríbhinn chuig an tionscnóir, a cheadú a

tharraingt siar ar cibé forais, agus ó cibé dáta, a shonrófar san fhógra.

(8) I gcás ina ndéanfar ceadú táirge a tharraingt siar de bhun fho-alt (7), déanfar cibé measúnachtaí nó cibé leasuithe ar mheasúnachtaí is cuí chun aon fhaoiseamh arna thabhairt faoin gCaibidil seo de dhroim an ceadú a dheonú a tharraingt siar.

(9) I gcás athrú a bheith déanta ar tháirge sochar scoir, ansin, maidir le haon cheadú arna thabhairt i ndáil leis an táirge roimh an athrú, ní bheidh feidhm aige tar éis dháta an athraithe mura rud é go mbeidh an t-athrú ceadaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim.”

(b) i gCaibidil 2, in alt 784A(1BA)(b) trí “tráth nach déanaí na an dara mí den bhliain mheasúnachta” a chur in ionad “sa chéad mhí den bhliain mheasúnachta”, agus

(c) i gCaibidil 2C—

(i) in alt 787O, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

“(5) (a) San fho-alt seo—

ciallaíonn an briathar ‘úsáid’, i ndáil le méid an aistrithe, an méid aistrithe arna úsáid de réir fho-alt (5), (6), (8) nó (9) d’alt 12 den Acht um an Dlí Teaghlaigh 1995 nó, de réir mar a bheidh, de réir fho-alt (5), (6), (8) nó (9) d’alt 17 den Acht um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh) 1996;

ciallaíonn ‘ordú coigeartaithe pinsin’ ordú arna dhéanamh de réir alt 12(2) den Acht um an Dlí Teaghlaigh 1995 nó, de réir mar a bheidh, alt 17(2) den Acht um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh) 1996 nó aon athrú ar ordú den sórt sin arna dhéanamh le hordú faoi alt 18(2) nó, de réir mar a bheidh, alt 22(2), faoi seach, de na hAchtanna sin, ar athrú é nár fionraíodh (nó má fionraíodh, nó má fionraíodh tuilleadh, nár athbheodh) nó nár urscaoileadh a oibriú le hordú arna dhéanamh faoin alt sin 18(2) nó, de réir mar a bheidh, faoin alt sin 22(2) de na hAchtanna sin;

tá le ‘sochar ainmnithe’ agus ‘méid an aistrithe’ an bhrí agus an forléiriú a shanntar dóibh, faoi seach, in alt 12 den Acht um an Dlí Teaghlaigh 1995 nó, de réir mar a bheidh, in alt 17 den Acht um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh) 1996;

(b) Chun críocha na Caibidle seo agus Sceideal 23B, más rud é, ar an dáta sonraithe nó dá éis, go bhfuil pearsa aonair ina chomhalta

nó ina comhalta de shocrú pinsin iomchuí agus go bhfuil an socrú pinsin iomchuí, nó go dtagann sé chun bheith, faoi réir ordaithe coigeartaithe pinsin, ansin, d'ainneoin an ordaithe coigeartaithe pinsin, le linn an méid arna chríostalú trí theagmhas criostalaithe sochair a tharlaíonn ar an dáta sonraithe nó dá éis i ndáil leis an bpearsa aonair faoin socrú pinsin iomchuí a ríomh, déanfar—

- (i) an sochar ainmnithe is infoctha de bhun an ordaithe, nó
- (ii) i gcás ina mbeidh méid an aistrithe úsáidte, an sochar ainmnithe a bheadh infoctha de bhun an ordaithe mura mbeadh méid an aistrithe úsáidte amhlaidh,

a chur san áireamh, i leith an teagmhais criostallaithe sochair sin, sa ríomh sin amhail is dá mba rud é nach ndearnadh an t-ordú coigeartaithe pinsin.”,

agus

- (ii) in alt 787R(1)(a), trí “de réir ráta 41 faoin gcéad” a chur in ionad “de réir ráta 42 faoin gcéad”.
- (2) (a) Faoi réir *mhíreanna* (b), (c) agus (d), tá éifeacht le *fo-alt* (I) amhail ar an agus ó dháta rite an Achta seo.
- (b) Measfar éifeacht a bheith le *mír* (b) *d'fho-alt* (I) amhail ar an agus ón 1 Eanáir 2006.
- (c) Measfar éifeacht a bheith le *mír* (c)(i) *d'fho-alt* (I) amhail ar an agus ón 7 Nollaig 2005.
- (d) Beidh éifeacht le *mír* (c) (ii) *d'fho-alt* (I) amhail ar an agus ón 1 Eanáir 2007.

Forálacha a bhaineann le Caibidil 2A (teorannú ar mhéid faoiseamh áirithe arna n-úsáid ag pearsana aonair áirithe atá ar ard-ioncam) de Chuid 15 den Phríomh-Acht.

18.—(1) Leasítear Caibidil 2A de Chuid 15 den Phríomh-Acht—

(a) in alt 485C—

(i) i bhfo-alt (1)—

(I) trí “Sa Chaibidil seo agus i Sceidil 25B agus 25C,” a chur in ionad “Sa Chaibidil seo agus i Sceideal 25B,”

(II) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhorléiriú “T” san fhoirmle a ghabhann leis an míniú ar “ioncam coigeartaithe”:

“gurb é T méid ioncaim inchánach na pearsan aonair don bhliain chánach, arna chinneadh ar an bhforas—

(a) nach bhfuil feidhm ag an gCaibidil seo, seachas alt 485F, maidir leis an

bpearsa aonair don bhliain chánach,
agus

- (b) más inmheasúnaithe an phearsa aonair, ar duine pósta é nó í, i leith cánach don bhliain chánach ar shlí eile seachas faoi alt 1016, go modhnaítear na forálacha a mbeidh an duine inmheasúnaithe fúthu de réir mhíreanna (i) go (vi) d’alt 485FA,”

- (III) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar “barrachas faoisimh”:

“ciallaíonn ‘Oifigeach Ioncaim’ oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim;”,

- (IV) trí na míreanna seo a leanas a chur in ionad an mhír (b) den mhíniú ar “ioncam imfhálaithe”:

“(b) ioncam dá dtagraítear in alt 261B nó 267M,

- (c) ioncam a mhuirearófar i leith cánach de réir chlásal (I) nó (II)(B) d’alt 730J(1)(a)(i) nó alt 730K(1)(b), agus

- (d) ioncam a mhuirearófar i leith cánach de réir alt 747D(a)(i) nó alt 747E(1)(b);”,

agus

- (V) trí “aon fhaoiseamh a éireoidh faoi aon cheann de na forálacha, nó dá bua,” a chur in ionad “aon cheann de na faoisimh” sa mhíniú ar “faoiseamh sonraithe”,

- (ii) trí na míreanna seo a leanas a chur in ionad mhír (a) d’fho-alt (3):

“(a) más rud é, i ndáil le haon bhliain chánach agus leis na liúntais chaipitiúla a bhfuil éifeacht le tabhairt dóibh sa bhliain sin, go gceanglaítear le haon fhoráil de na hAchtanna Cánach go dtabharfar éifeacht do liúntais le haghaidh tréimhse amháin (dá ngairtear na ‘liúntais chéadluaite’ sa mhír seo), nó go measfar go dtabharfar éifeacht dóibh, i dtosaíocht ar liúntais le haghaidh tréimhse eile (dá ngairtear na ‘dara liúntais a luaitear’ sa mhír seo), ansin—

- (i) maidir leis na liúntais chéadluaite, tabharfar éifeacht, nó measfar éifeacht a bheith tugtha, de réir mar a bheidh, le haghaidh liúntais nach faoiseamh sonraithe i dtosaíocht ar aon liúntas den sórt sin is liúntas sonraithe agus i dtosaíocht ar na dara liúntais a luaitear, agus

(ii) maidir leis na dara liúntais a luaitear, tabharfar éifeacht, nó measfar éifeacht a bheith tugtha, de réir mar a bheidh, le haghaidh liúntais nach faoiseamh sonraithe i dtosaíocht ar aon liúntas den sórt sin is liúntas sonraithe,

(ab) lamhálfar asbhaint a údaraítear le fo-alt (2) d'alt 97 i leith ní dá ndéantar tagairt go sonrach san fho-alt sin i dtosaíocht ar asbhaint a údaraítear a dhéanamh faoin bhfo-alt sin de bhua faoisimh shonraithe,

(ac) déanfar asbhaint as ioncam iomlán i leith faoisimh a bheidh dlite do bhliain chánach nach faoiseamh sonraithe i dtosaíocht ar aon asbhaint den sórt sin a bheidh dlite don bhliain chánach is faoiseamh sonraithe,”

agus

(iii) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):

“(4) Beidh éifeacht le Sceidil 25B agus 25C chun críocha na Caibidle seo.”

(b) in alt 485D(b), trí “na bhfaoiseamh sonraithe arna n-úsáid ag an bpearsa aonair i leith na bliana chánach” a chur in ionad “na bhfaoiseamh sonraithe arna n-úsáid ag an bpearsa aonair sa bhliain chánach”,

(c) trí “ailt 485F agus 485FA” a chur in ionad “alt 485F” d’fhorléiriú “T” san fhoirmle in alt 485E,

(d) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 485F:

“Forálacha a bhaineann le cánachas ar dhaoine pósta a oiriúnú.

485FA.—I gcás ina mbeidh feidhm ag an gCaibidil seo maidir le pearsa aonair nó a chéile nó a céile do bhliain chánach, agus—

(a) ina mbeidh éifeacht le rogha faoi alt 1018 don bhliain chánach (lena n-áirítear rogha a mheastar faoin alt sin) go ndéanfaí iad a mheasúnú i leith chánach de réir alt 1017,

(b) ina mbeidh éifeacht don bhliain sin le hiarratas faoi alt 1023, nó

(c) ina mbeidh feidhm ag forálacha alt 1019(3) don bhliain sin,

i leith na pearsan aonair agus a chéile nó a céile, ansin beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas:

(i) beidh feidhm ag an míniú ar ‘cáin inmhuirearaithe’ in alt 3(1) amhail is dá mba thagairtí

d'ioncam inchánach na tagairtí
d'ioncam iomlán;

- (ii) beidh feidhm ag fo-alt (1) d'alt 1017 amháil is dá gcuirfí an mhír seo a leanas in ionad mhír (a) den fho-alt sin:

'(a) déanfar an fearchéile a mheasúnú agus a mhuirearú i leith cánach ioncaim, ní amháin i leith a chuid ioncaim inchánach (más ann) don bhliain sin, ach i leith ioncam inchánach a bhanchéile (más ann) freisin d'aon chuid den bhliain mheasúnachta sin a mbeidh sí ina cónaí leis lena linn agus, chun na críche sin agus chun críocha na nAchtanna Cánach Ioncaim, measfar gur leis an t-ioncam an t-ioncam deiridh sin a luadh,;

- (iii) déanfar na tagairtí d'ioncam iomlán—

(I) i bhfo-alt (3),

(II) i mír (a) d'fho-alt (4) seachas na tagairtí i bhfomhír (ii) den mhír sin, agus

(III) i bhfo-alt (4)(b),

d'alt 1019 a fhorléiriú mar thagairtí d'ioncam inchánach;

- (iv) déanfar an tagairt do mheasúnaithe agus do mhuirearaithe amhlaidh do gach bliain mheasúnachta dá éis in alt 1019(4)(a) a fhorléiriú mar thagairt—

(I) do mheasúnaithe agus do mhuirearaithe i leith a hioncaim inchánach (más ann) agus ioncam inchánach (más ann) a fearchéile do gach bliain mheasúnachta dá éis, i gcás ina bhfuil feidhm ag an gCaibidil seo, do bhliain cánach, maidir le ceachtar céile nó maidir leis an dá chéile, agus

(II) do mheasúnaithe agus do mhuirearaithe i leith a hioncaim iomláin (más ann) agus ioncam iomlán (más ann) a fearchéile do

gach bliain mheasúnachta dá éis, in aon chás eile;

- (v) déanfar an tagairt in alt 1019(4)(b) don bhean chéile a mheasúnú amhlaidh i leith cánach ioncaim don bhliain mheasúnachta ina ndéanfar an fógra sin nó an t-iarratas sin a tharraingt siar agus do gach bliain mheasúnachta dá éis a fhorléiriú mar thagairt dóibh seo a leanas—

- (I) an bhean chéile a mheasúnú i leith cánach ioncaim maidir lena hioncam inchánach féin (más ann) agus maidir leis an ioncam inchánach (más ann) a bheidh ag a fearchéile don bhliain mheasúnachta ina ndéanfar an fógra sin nó an t-iarratas sin a tharraingt siar agus do gach bliain mheasúnachta dá éis, i gcás ina bhfuil feidhm ag an gCaibidil seo, do bhliain chánach, maidir le ceachtar céile nó maidir leis an dá chéile, agus

- (II) an bhean chéile a mheasúnú i leith cánach ioncaim maidir lena hioncam iomlán féin (más ann) agus maidir leis an ioncam iomlán (más ann) a bheidh ag a fearchéile don bhliain mheasúnachta ina ndéanfar an fógra sin nó an t-iarratas sin a tharraingt siar agus do gach bliain mheasúnachta dá éis, in aon chás eile;

agus

- (vi) i gcás ina mbeidh feidhm ag mír (a) nó (c) maidir le pearsa aonair agus lena chéile nó lena céile do bhliain chánach, ansin—

- (I) a mhéid is mó an sochar ó cibé asbhaintí a shonraítear sna forálacha dá dtagraítear i gCuid 1 den Tábla a ghabhann le halt 458 don bhliain chánach ná an cháin ioncaim is inmhuirearaithe ar ioncam na pearsan aonair don bhliain chánach, úsáidfear

an t-iarmhéid chun an cháin ioncaim is innhuirearaithe ar ioncam chéile na pearsan aonair don bhliain sin a laghdú, agus

- (II) a mhéid is mó an sochar ó na hasbhaintí sin ná an cháin ioncaim is innhuirearaithe ar ioncam an chéile don bhliain sin, úsáidfear an t-iarmhéid chun an cháin ioncaim is innhuirearaithe ar ioncam na pearsan aonair don bhliain sin a laghdú.

Ceanglas meastacháin agus faisnéis a sholáthar.

485FB.—(1) San alt seo—

tá le ‘duine innhuirearaithe’ agus ‘dáta tuairisceáin sonraithe don tréimhse innhuirearaithe’ na bríonna céanna atá leo i gCuid 41;

ciallaíonn “foirm fhorordaithe” foirm arna forordú ag ag na Coimisinéirí Ioncaim nó foirm arna húsáid faoi údarás na gCoimisinéirí Ioncaim, agus foláíonn sé foirm ina n-áirítear ráiteas a sholáthar trí aon phróiseas leictreonach nó fótagrafach nó trí aon phróiseas eile arna cheadú ag na Coimisinéirí Ioncaim.

(2) I gcás ina bhfuil feidhm ag an gCaibidil seo maidir le pearsa aonair do bhliain chánach, measfar gur duine innhuirearaithe an phearsa aonair sin don bhliain sin chun críocha Chuid 41, mura rud é gur duine innhuirearaithe é nó í ar shlí eile.

(3) I gcás feidhm a bheith ag an gCaibidil seo maidir le pearsa aonair do bhliain chánach déanfaidh an phearsa aonair sin, chomh maith leis an tuairisceán is gá a sheachadadh faoi alt 951, ráiteas iomlán fírinneach i bhfoirm fhorordaithe a ullmhú agus a sheachadadh ar an Ard-Bhailitheoir an tráth céanna leis an tuairisceán, agus in éineacht leis an tuairisceán, a cheanglaítear a sheachadadh faoi alt 951 ar an dáta tuairisceáin sonraithe don tréimhse innhuirearaithe, nó roimhe, ar ráiteas é i dtaobh na mionsonraí a éilítear leis an bhfoirm maidir leis na nithe seo a leanas—

(a) na méideanna arb iad comhiomlán na bhfaoiseamh sonraithe iad,

(b) cinneadh na méideanna sin, agus

- (c) na meastacháin a éilítear le fo-alt (4),

agus i dtaobh cibé sonraí eile i ndáil leis an gCaibidil seo a éileofar leis an bhfoirm fhorordaithe.

- (4) Is iad na meastacháin a éilítear leis an bhfo-alt seo meastacháin—

- (a) ar ioncam inchánach na pearsan aonair don bhliain arna chinneadh amhail is nach raibh feidhm ag an gCaibidil seo, seachas alt 485F, maidir leis an bpearsa aonair don bhliain sin,
- (b) ar ioncam inchánach na pearsan aonair arna chinneadh de réir alt 485E, agus
- (c) ar an méid cánach is ceart a mheasúnú ar an bpearsa aonair de dhroim an Chaibidil seo a chur chun feidhme,

agus déanfar na meastacháin sin de réir mar is fearr is eol don phearsa aonair agus mar a chreideann sé nó sí.

(5) I gcás feidhm a bheith ag an gCaibidil seo maidir le fearchéile agus banchéile araon, nach daoine iad lena mbaineann alt 1016, ansin beidh gá le ráitis ar leithligh faoin alt seo ón bhfearchéile agus ón mbanchéile araon agus déanfar an dá ráiteas ar an bhfoirm fhorordaithe chéanna (dá ngairtear ‘comhráiteas’ san fho-alt seo) agus folóidh tagairtí san alt seo, seachas san fho-alt seo, do ráiteas is gá a sheachadadh faoin alt seo tagairtí do chomhráiteas.

- (6) (a) D’fhonn a chinneadh—

- (i) an bhfuil nó nach bhfuil aon mhionsonraí, sonraí nó meastacháin atá sa ráiteas dá dtagraítear i bhfo-alt (3) cruinn, nó
- (ii) cibé acu is pearsa aonair lena mbaineann an Chaibidil seo pearsa aonair nár sholáthair ráiteas faoin alt seo nó nach ea,

féadfaidh oifigeach Ioncain cibé fiosrúcháin a dhéanamh nó cibé bearta a dhéanamh a bhfuil cumhachtaí aige nó aici a dhéanamh agus is dóigh leis nó léi is gá chun na nithe atá

leagtha amach i bhfomhír (i) nó (ii) a chinneadh, lena n-áirítear, i gcás fhomhír (ii), a cheangal le fógra i scríbhinn ar an bpearsa aonair mionsonraí i ndáil le gach foráil ar ina leith atá faoiseamh cánach á éileamh ag an bpearsa aonair do bhliain chánach mar aon le méid gach éilimh ar leithligh agus na sonraí i ndáil le gach éileamh ar leithligh faoin bhforáil sin a thabhairt don oifigeach laistigh de cibé tréimhse ama, nach giorra ná 14 lá, dá bhforálfar leis an bhfógra.

- (b) Ní bheidh feidhm ag fomhír (ii) de mhír (a) ach amháin maidir le pearsa aonair a mbeidh tuairisceán tugtha aige nó aici faoi alt 951 do bhliain chánach agus a bhfuil a ioncam nó a hioncam, lena n-áirítear ioncam atá díolmhaithe ó cháin, ó gach bunadh agus gan aird a thabhairt ar na hasbhaintí, na liúntais ná na faoisimh chánach eile go léir, ar cóimhéid leis an méid tairsí nó gur mó ná an méid tairsí é.

(7) Beidh feidhm ag fo-ailt (9) agus (10) d'alt 951 maidir le ráiteas is gá a sheachadadh faoin alt seo mar atá feidhm acu maidir le tuairisceán is gá a sheachadadh faoin alt sin, agus chun na críche sin déanfar tagairt sna fo-ailt sin do thuairisceán, seachas tagairt don dáta tuairisceáin sonraithe don tréimhse innhuirearaithe, a fhorléiriú mar thagairt do ráiteas faoin alt seo.

(8) Beidh feidhm ag alt 1052 maidir le mainneachtain ag pearsa aonair ráiteas faoin alt seo nó na sonraí, na méideanna agus na mionsonraí dá dtagraítear i bhfo-alt (6) a sheachadadh mar atá feidhm aige maidir le mainneachtain tuairisceán dá dtagraítear in alt 1052 a sheachadadh.”,

agus

(e) in alt 485G—

- (i) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (i) d'fho-alt (2)(a):

“(i) chun críocha Chuid 9 agus na Coda sin mar a chuirtear chun feidhme í chun críocha aon fhorála eile de na hAchtanna Cánach, déanfar méid aon fhaoisimh shonraithe a úsáideann an

phearsa aonair sa bhliain chánach a chinneadh gan féachaint d’fheidhm alt 485E maidir leis an bpearsa aonair don bhliain sin,”

- (ii) i bhfomhír (iii) d’fho-alt (2)(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad “méid bharrachas faoisimh na pearsan aonair don bhliain ina n-éiríonn an muirear cothromaíochta, móide aon bharrachais faoisimh a thugtar ar aghaidh chuig an mbliain sin agus nach n-asbhaintear nó nach n-asbhaintear go hiomlán don bhliain sin”:

“a gcomhshuim seo a leanas—

- (I) méid bharrachas faoisimh na pearsan aonair don bhliain ina n-éiríonn an muirear cothromaíochta, agus
- (II) méid aon bharrachais faoisimh a thugtar ar aghaidh chuig an mbliain sin agus nach n-asbhaintear don bhliain sin,”

- (iii) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad chlásal (I) d’fho-alt (2)(b)(i):

“(I) méid bharrachas faoisimh na pearsan aonair a bheidh tugtha ar aghaidh go dtí an bhliain ina n-éireoidh an muirear cothromaíochta agus nach mbeidh asbhainte nó asbhainte go hiomlán don bhliain sin, sula ndéantar aon laghdú faoi threoir mhír (a)(iii), agus”

agus

- (iv) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) (a) I gcás feidhm a bheith ag an gCaibidil seo maidir le pearsa aonair do bhliain chánach, ansin, a mhéid atá ioncam inchánach na pearsan aonair, arna chinneadh de réir alt 485E, níos mó ná méid na mbrabús, na ngnóchan nó an ioncaim ar ina leith atá an phearsa aonair inmhuirearaithe faoi Sceidil C, D, E agus F, measfar, d’ainneoin aon fhorála eile de na hAchtanna Cánach, gurb ionann méid an bharrachais agus méid ioncaim is inmhuirearaithe i leith cánach ioncaim faoi Chás IV de Sceideal D, ach—

- (i) ní dhéanfar an méid is inmhuirearaithe amhlaidh a áireamh le linn ioncam iomlán na pearsan aonair don bhliain sin a ríomh, agus

- (ii) déanfar neamhshuim den mhír seo chun na nithe seo a leanas a chinneadh—
 - (I) an ceart feidhm a bheith ag an gCaibidil seo maidir le pearsa aonair do bhliain chánach, agus
 - (II) méid “T” san fhoirmle sa mhíniú ar ‘ioncam coigeartaithe’ in alt 485C(1) agus san fhoirmle in alt 485E.
 - (b) Aon mheasúnacht i leith cánach ioncaim a bheidh le déanamh maidir le pearsa aonair do bhliain chánach, déanfar, d’ainneoin aon fhorála eile de na hAchtanna Cánach, aon mhéid is innhuirearaithe ar an bpearsa aonair i leith cánach ioncaim de bhua mhír (a) a áireamh inti, i dteannta aon ioncaim, brabús nó gnóchan de chuid na pearsan aonair is innhuirearaithe thairis sin i leith cánach ioncaim, agus beidh feidhm ag forálacha na nAchtanna Cánach, lena n-áirítear go háirithe na forálacha sin a bhaineann le cáin a mheasúnú, a bhailiú agus a ghnóthú agus le hús a íoc ar cháin neamhíoctha, maidir le haon mhéid is innhuirearaithe i leith cánach ioncaim de bhua mhír (a).
 - (c) Dá mba rud é, murach an Chaibidil seo, nach ndéanfaí aon mheasúnacht i leith cánach ioncaim ar phearsa aonair do bhliain chánach, ansin déanfaidh oifigeach Ioncaim, d’ainneoin aon fhorála eile de na hAchtanna Cánach, measúnacht i leith cánach ioncam ar an bpearsa aonair go feadh bhreithiúnas an oifigh maidir leis na méideanna is innhuirearaithe i leith cánach ioncaim, lena n-áirítear aon mhéid is innhuirearaithe de bhua mhír (a), agus beidh feidhm ag forálacha na nAchtanna Cánach, lena n-áirítear, go háirithe, na forálacha sin a bhaineann le cáin a mheasúnú, a bhailiú agus a ghnóthú, agus le hús a íoc ar cháin neamhíoctha, maidir leis na nithe seo a leanas—
 - (i) aon mhéid is innhuirearaithe i leith cánach ioncaim de bhua mhír (a), agus
 - (ii) aon mheasúnacht i leith cánach ioncaim arna déanamh ar an bpearsa aonair de bhua na míre seo.”.
- (2) Leasaítear Sceideal 25B den Phríomh-Acht—
- (a) ag uimhir thagartha 13, i gcolún (3), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (iii) de mhír (a):

“(iii) foirgneamh nó déanmhas a meastar gur foirgneamh nó déanmhas é atá á úsáid chun críocha trádála dá dtagraítear in alt 268(1)(g) de bhua alt 268(3B),

ach ní dhéanfar aon liúntas dá dtagraítear in alt 272(3)(c)(iii) a áireamh sa chomhiomlán,”

(b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh na hiontrála ag uimhir thagartha 15:

“

15A	Alt 304(4) (cáin ioncaim: liúntais agus muirir le linn trádáil a chur faoi cháin, etc.).	Méid atá comhionann— (a) maidir leis an mbliain chánach 2007, leis an méid a chinnfear de réir mhír 1 de Sceideal 25C mar mhéid is inchurtha i leith faoiseamh sonraithe lúide aon chuid den mhéid sin (dá ngairtear an ‘barrachas’ san fhoráil seo) nach bhféadfadh éifeacht a thabhairt ina leith sa bhliain chánach sin, agus (b) maidir le haon bhliain chánach dá éis, leis an mbarrachas nó leis an gcuid sin den bharrachas a dtabharfar éifeacht ina leith sa bhliain chánach sin dá éis.
15B	Alt 305(1) (cáin ioncaim: modh deonaithe liúntas, agus éifeacht liúntas, a thabharfar ar mhodh urscaoileadh nó aisíoc cánach).	Méid is comhionann— (a) maidir leis an mbliain chánach 2007, leis an méid a chinnfear de réir mhír 3 de Sceideal 25C mar mhéid is inchurtha i leith faoiseamh sonraithe lúide aon chuid den mhéid sin (dá ngairtear an ‘barrachas’ san fhoráil seo) nach bhféadfadh éifeacht a thabhairt ina leith sa bhliain chánach sin, agus (b) maidir le haon bhliain chánach dá éis, leis an mbarrachas nó leis an gcuid sin den bharrachas a dtabharfar éifeacht ina leith sa bhliain chánach sin dá éis:

”

(c) ag uimhir thagartha 38, i gcolún (3), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

“(b) an méid a chinnfear de réir na foirmle—

$$(G + E) - (D + R)$$

más rud é—

gurb é G comhiomlán ollmhéid gach cíosa a gheobhaidh an phearsa aonair le haghaidh na bliana cánach,

gurb é E fáiltais iomlána na pearsan aonair ó éasúintí le haghaidh na bliana cánach,

gurb é D an méid iomlán asbhaintí a údaráítear le halt 97(2) a bhfuil an phearsa aonair ina dteideal le haghaidh na bliana cánach ar leith ó aon asbhaint a údaráítear le halt 372AP nó le halt 372AU, agus

gurb é R an méid a gcinneadh faoin Sceideal seo gurb é an méid d'fhaoiseamh sonraithe i leith alt 372AP é, ach ní mó an méid a chinnfeadh amhlaidh ná an méid a chinnfeadh de réir na foirmle—

$$(G + E) - D$$

i gcás ina bhfuil na bríonna céanna le G, E agus D atá leo sa chéad fhoirmle sa mhír seo,”

- (d) ag uimhir thagartha 41, i gcolún (3), trí “i leith faoisimh shonraithe” a chur in ionad “i leith liúntas caipitiúil, is liúntais ar faoisimh shonraithe iad”,
- (e) ag uimhir thagartha 43, i gcolún (3), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an ábhair láithrigh:
 “A mhéid atá an barrachas dá dtagraítear in alt 384 inchurtha i leith faoisimh shonraithe, méid an bharrachais nó aon chuid den bharrachas is inchurtha amhlaidh a dtugtar faoiseamh don phearsa aonair ina leith faoin alt sin don bhliain chánach lúide aon chuid den bharrachas sin nach féidir faoiseamh a thabhairt ina leith faoin alt sin don bhliain sin.”
- (f) ag uimhir thagartha 51, i gcolún (3), trí “a baineadh as aon ioncam de chuid na pearsan aonair nó a fritháiríodh ina choinne ” a chur in ionad “a baineadh as ioncam iomlán na pearsan aonair”, agus
- (g) ag uimhir thagartha 52, i gcolún (3), trí “a baineadh as aon ioncam de chuid na pearsan aonair, nó a fritháiríodh ina choinne” a chur in ionad “a baineadh as ioncam iomlán na pearsan aonair”.

(3) Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Sceideal 25B:

“Alt 485C.

SCEIDEAL 25C

AN MÉID FAOISIMH A CHINNEADH A NDÉILEÁLFAR LEIS MAR MHÉID IS INCHURTHA I LEITH FAOISEAMH SONRAITHE MAIDIR LE FAOISEAMH A TUGADH AR AGHAIDH Ó BHLIAIN CÁNACH 2006 GO BHLIAIN CÁNACH 2007

Cinneadh mhéid na liúntas caipitiúil a tugadh ar aghaidh faoi alt 304 agus is inchurtha i leith faoiseamh sonraithe.

1. (1) Más rud é, i ndáil le haon aon trádáil nó gairm a sheolann pearsa aonair, go dtarlóidh, aon liúntais nó cuid d'aon liúntais den sórt sin arna dtabhairt faoi Chuid 9, lena n-áirítear an Chuid sin arna cur chun feidhme le haon fhoráil eile de na hAchtanna Cánach, do bhliain chánach 2006 i leith na pearsan aonair le linn trádáil nó gairm na pearsan aonair a bheith a chur faoi cháin—

- (a) go ndéanfar, de réir alt 304(4), iad a chur le méid na liúntas atá le tabhairt

don phearsa aonair faoin gCuid sin don bhliain chánach 2007, nó

- (b) mura bhfuil aon liúntais den sórt sin ann sa bhliain 2007, go measfar ina leith, de réir an ailt sin, gurb iad na liúntais iad faoin gCuid sin don bhliain sin,

ansin, déanfar an méid a chuirtear leis amhlaidh nó a mheastar amhlaidh (dá ngairtear an ‘faoiseamh ar aghaidh’ i bhfomhír (2)), ar é an méid é atá le háireamh mar mhéid is inchurtha i leith faoiseamh sonraithe, a chinneadh de réir fhomhír (2) don bhliain chánach 2007.

(2) An méid dá dtagraítear i bhfomhír (1), is méid é arna chinneadh de réir na foirmle—

$$RF \times \frac{SR}{TR}$$

más rud é—

gurb é RF an faoiseamh ar aghaidh,

gurb é SR comhiomlán mhéideanna na liúntas a tugadh don phearsa aonair faoi Chaibidil 1 de Chuid 9 (ar liúntais iad a tugadh i leith faoisimh shonraithe nó faoiseamh sonraithe) le linn trádáil nó gairm na pearsan aonair a chur faoi cháin i leith na bliana cánach 2006 agus gach ceann de na 3 bliana cánach roimhe sin, seachas aon liúntais den sórt sin nó cuid de liúntais den sórt sin—

- (a) a cuireadh leis na liúntais atá le tabhairt le halt 304(4) in aghaidh aon cheann de na blianta sin, nó
- (b) a measadh ina leith leis an alt sin gur liúntais iad d’aon cheann de na blianta sin,

agus

gurb é TR comhiomlán na liúntas a tugadh don phearsa aonair faoi Chuid 9, lena n-áirítear an Chuid sin arna cur chun feidhme le haon fhoráil eile de na hAchtanna Cánach, le linn trádáil nó gairm na pearsan aonair a chur faoi cháin i leith na bliana cánach 2006 agus gach ceann de na 3 bliana cánach roimhe sin, seachas aon liúntais den sórt sin nó cuid de liúntais den sórt sin—

- (a) a cuireadh leis na liúntais atá le tabhairt le halt 304(4) in aghaidh aon cheann de na blianta sin, nó
- (b) ar ina leith a measadh leis an alt sin gurbh iad na liúntais iad d’aon cheann de na blianta sin.

Cinneadh mhéid na gcaillteanas arna dtabhairt ar aghaidh faoi alt 382 agus is inchurtha i leith faoiseamh sonraithe.

2. (1) Más rud é, i ndáil le haon trádáil nó gairm a sheolann pearsa aonair, go ndéantar caillteanas a thabhairt ar aghaidh ón mbliain chánach 2006 go dtí an bhliain chánach 2007 de réir alt 382, ansin déanfar méid an chaillteanais arna thabhairt ar aghaidh amhlaidh (dá ngairtear an ‘faoiseamh a tugadh ar aghaidh’ i bhfomhír (2)), ar méid é atá le háireamh mar chaillteanas is inchurtha i leith faoisimh shonraithe, a chinneadh, chun críocha Sceideal 25B, don bhliain chánach 2007 de réir fhomhír (2).

(2) An méid dá dtagraítear i bhfomhír (1), is é an méid é a chinntear de réir na foirmle—

$$RF \times \frac{SR}{TR}$$

más rud é—

gurb é RF méid an fhaoisimh a tugadh ar aghaidh,

gurb é SR suim—

$$(DR + SA)$$

más rud é—

gurb é DR comhiomlán mhéideanna na n-asbhaintí breise a raibh teideal ag an bpearsa aonair chucu faoi ailt 324, 333, 345, 354 agus faoi mhír 13 de Sceideal 32 i leith na trádála nó na gairme don bhliain chánach 2006 agus na 3 bliana cánach roimhe sin, ach ní bheidh an méid i leith gach bliana atá le cur san áireamh sa chomhiomlán níos mó ná méid a chinnfear de réir na foirmle—

$$(L - CA)$$

más rud é—

gurb é L méid an chaillteanais don bhliain sin a raibh an phearsa aonair i dteideal éileamh a dhéanamh ina leith faoi alt 381 i leith na trádála nó na gairme sin, agus

gurb é CA méid aon éilimh arna dhéanamh sa bhliain sin ag an bpearsa aonair i leith na trádála nó na gairme sin de bhua fhorálacha Chaibidil 2 de Chuid 12, agus

agus

gurb é SA comhiomlán mhéideanna na liúntas arna dtabhairt don phearsa aonair faoi Chaibidil 1 de Chuid 9, lena n-áirítear an Chaibidil sin arna cur chun feidhme le haon fhoráil eile de na hAchtanna Cánach, (ar

liúntais iad arna dtabhairt i leith faoisimh shonraithe nó faoiseamh sonraithe) le linn trádáil nó gairm na pearsan aonair a chur faoi cháin i leith na bliana cánach 2006 agus gach ceann de na 3 bliana cánach roimhe sin, seachas aon liúntais den sórt sin nó aon chuid de liúntais den sórt sin—

- (a) a cuireadh leis na liúntais atá le tabhairt d'aon cheann de na blianta sin le halt 304(4), nó
- (b) ar ina leith a measadh leis an alt sin gurbh iad na liúntais iad d'aon cheann de na blianta sin,

ach ní dhéanfar na liúntais a tugadh don phearsa aonair i leith aon bhliana a áireamh sa chomhiomlán ach amháin más rud é go ndearnadh éileamh i leith na liúntas sin don bhliain sin de bhua fhorálacha Chaibidil 2 de Chuid 12,

gurb é TR comhshuim—

(TL + TA)

más rud é—

gurb é TL comhiomlán mhéideanna na gcaillteanas atá cáilithe le haghaidh faoisimh faoi alt 381 i leith na trádála nó na gairme sin don bhliain chánach 2006 agus do gach ceann de na 3 bliana cánach roimhe sin lúide méid aon éilimh arna dhéanamh in aon cheann de na blianta sin ag an bpearsa aonair i leith na trádála nó na gairme sin de bhua fhorálacha Chaibidil 2 de Chuid 12 agus,

gurb é TA comhiomlán mhéideanna na liúntas a tugadh don phearsa aonair faoi Chuid 9, lena n-áirítear an Chuid sin arna cur chun feidhme le haon fhoráil eile de na hAchtanna Cánach, le linn thrádáil nó ghairm na pearsan aonair a chur faoi cháin i leith na bliana cánach 2006 agus i leith gach ceann de na 3 bliana cánach roimhe sin, seachas aon liúntais den sórt sin nó aon chuid de liúntais den sórt sin—

- (a) a cuireadh leis na liúntais a bhí le tabhairt le halt 304(4) d'aon cheann de na blianta sin, nó
- (b) ar ina leith a measadh leis an alt sin gurbh iad na liúntais iad d'aon cheann de na blianta sin,

ach ní dhéanfar na liúntais a tugadh don phearsa aonair i leith aon bhliana a chur

san áireamh sa chomhiomlán, ach amháin más rud é go ndearnadh éileamh i leith na liúntas sin don bhliain sin de bhua fhorálacha Chaibidil 2 de Chuid 12.

Cinneadh mhéid na liúntas caipitiúil arna dtabhairt le linn ioncam a mhuirearú faoi Chás V de Sceideal D agus arna dtabhairt ar aghaidh faoi alt 305 atá inchurtha i leith faoiseamh sonraithe.

3. (1) Más rud é—

- (a) maidir le hiarmhéid aon liúntas, nó maidir le cuid de liúntais den sórt sin, arna dtabhairt faoi Chaibidil 1 de Chuid 9, lena n-áirítear an Chaibidil sin arna cur chun feidhme le haon fhoráil eile de na hAchtanna Cánach, don bhliain chánach 2006 do phearsa aonair le linn ioncam a mhuirearú faoi Chás V de Sceideal D, nó
- (b) má dhéantar roghnú de réir alt 305(1)(b) i leith na liúntas sin nó cuid de na liúntais sin, maidir le hiarmhéid an bharrachais i leith na bliana sin dá dtagraítear in alt 305(1)(b)(ii),

go bhfuil sé ar fáil, de réir alt 305(1), lena asbhaint ó ioncam na pearsan aonair, nó go ndéantar é a fhritháireamh in aghaidh ioncam na pearsan aonair is inmhuirearaithe faoi Chás V de Sceideal D don bhliain chánach 2007, ansin déanfar méid an iarmhéid nó, de réir mar a bheidh, méid iarmhéid an bharrachais (dá ngairtear an ‘faoiseamh a thugtar ar aghaidh’ i bhfomhír (2)), ar méid é atá le háireamh mar méid atá inchurtha i leith faoiseamh sonraithe, a chinneadh don bhliain chánach 2007 de réir fhomhír (2).

(2) An méid dá dtagraítear i bhfo-mhír (1), is méid é a chinnfear de réir na foirmle—

$$RF \times \frac{SR}{TR}$$

más rud é—

gurb é RF méid an fhaoisimh a thugtar ar aghaidh,

gurb é SR comhiomlán mhéideanna na liúntas (ar liúntais iad arna dtabhairt i leith faoisimh shonraithe nó faoiseamh sonraithe) a thugtar don phearsa aonair faoi Chaibidil 1 de Chuid 9, lena n-áirítear an Chaibidil sin arna cur chun feidhme le haon fhoráil eile de na hAchtanna Cánach, le linn ioncam na pearsan aonair a mhuirearú don bhliain chánach 2006 agus do gach ceann de na 3 bliana roimhe sin faoi Chás V de Sceideal D, agus

gurb é TR comhiomlán mhéideanna na liúntas arna dtabhairt don phearsa aonair faoi Chaibidil 1 de Chuid 9, lena n-áirítear an Chaibidil sin arna cur chun feidhme le haon fhoráil eile de na hAchtanna Cánach, le linn ioncam na pearsan aonair a mhuirearú don bhliain chánach 2006 agus do gach ceann de na 3 bliana cánach roimhe sin faoi Chás V de Sceideal D.

Cinneadh mhéid an bharrachais a thugtar ar aghaidh faoi alt 384 agus is inchurtha i leith faoiseamh áirithe.

4. (1) Más rud é, de réir alt 384, go ndéanfar barrachas den chineál dá dtagraítear san alt sin a thabhairt ar aghaidh ón mbliain chánach 2006 chuig an mbliain chánach 2007 agus a bheidh ar fáil lena asbhaint ó mhéid bhrabúis nó ghnóchain na pearsan aonair is inmhuirearaithe i leith cánach faoi Chás V de Sceideal D, nó le fritháireamh ina n-aghaidh, ansin déanfar, chun críocha Sceideal 25B, méid an bharrachais arna thabhairt ar aghaidh amhlaidh (dá ngairtear ‘an faoiseamh a thugtar ar aghaidh’ i bhfo-alt (2)) agus atá le háireamh mar mhéid is inchurtha i leith faoiseamh sonraithe a chinneadh, don bhliain chánach 2007, de réir fho-alt (2).

(2) An méid dá dtagraítear i bhfo-alt (1) is méid é a chinnfear de réir na foirmle—

$$RF \times \frac{SR}{TR}$$

más rud é—

gurb é RF méid an fhaoisimh a thugtar ar aghaidh,

gurb é SR comhiomlán mhéideanna na n-asbhaintí a raibh an phearsa aonair i dteideal iad a asbhaint faoi ailt 372AP agus 372AU, don bhliain chánach 2006 agus do gach ceann de na 3 bliana cánach roimhe sin, agus

gurb é TR comhiomlán mhéideanna na n-asbhaintí a raibh an phearsa aonair i dteideal iad a asbhaint faoi alt 92(2), lena n-áirítear asbhaintí arna n-údarú faoin alt sin de bhua ailt 372AP agus 372AU, don bhliain chánach 2006 agus do gach ceann de na 3 bliana cánach roimhe sin.

Ceart chun bonn cionroinnte éagsúil a lorg.

5. (1) Mura bhfuil an phearsa aonair sásta le cinneadh aon mhéid faoi mhíreanna 1 go 4 féadfaidh sé nó sí, trí fhógra i scríbhinn chun na gCoimisinéirí Ioncaim, iarratas a dhéanamh go gcuirfí ina ionad méid arna chinneadh faoi threoir cibé tréimhse leanúnach is faide nó is gaire roimh an mbliain chánach 2006, ach a mbeidh an bhliain chánach sin i gcónaí ar áireamh inti, is dóigh leis

an bpearsa aonair a thabharfaidh toradh is cothroime réasúnaí.

(2) I gcás go ndéanfar iarratas faoi fhomhír (1), eiseoidh na Coimisinéirí Ioncaim cinneadh i scríbhinn chuig an bpearsa aonair, ar cinneadh é, lena nglacfaidh siad leis an méid nó leis na méideanna ar an mbonn á mholadh ag an bpearsa aonair ag leagan amach méid cóir réasúnach arna chinneadh faoi threoir tréimhse ama éigin eile nó, lena ndaingneoidh siad an mhéid a cinneadh faoi mhíreanna 1 go 4.

(3) Murar bhfuil pearsa aonair sásta le cinneadh na gCoimisinéirí Ioncaim faoi fhomhír (2), féadfaidh sé nó sí le fógra i scríbhinn arna thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim laistigh de 30 lá tar éis an cinneadh a fháil faoi fhomhír (2) achomharc a dhéanamh chun na Coimisinéirí Achomhairc.

(4) Déanfaidh na Coimisinéirí Achomhairc achomharc a bheidh déanta chucu faoi fhomhír (3) a éisteacht agus a chinneadh ionann is dá mba achomharc é in aghaidh measúnachta cánach ioncaim agus, beidh feidhm dá réir sin, fara aon mhodhuithe is gá, ag forálacha na nAchtanna Cánach Ioncaim a bhaineann le hachomharc den sórt sin agus le hachomharc a athéisteacht agus le cás a shonrú chun tuairim na hArd-Chúirte a fháil ar phonc dlí.

(5) Le linn iarratas faoi fhomhír (1) nó achomharc faoi fhomhír (3) a bhreithniú ní thabharfaidh na Coimisinéirí Ioncaim ná na Coimisinéirí Achomhairc aon aird ar iarratas nó achomharc ar ina leith—

(a) nach mór éifeacht a bheith tugtha d'fhaoisimh shonraithe i dtosaíocht ar fhaoisimh nach faoisimh shonraithe iad, mura rud é go n-údaráítear tosaíocht den sórt sin le foráil de na hAchtanna Cánach, nó

(b) faoi réir fho-mhíreanna (1) go (4), nach mór méid a chinneadh ar shlí seachas mar a fhoráiltear leis an Sceideal seo.

(6) I gcás ina ndéanfar méid arna chinneadh de réir na míre seo (dá ngairtear 'an méid nua' sa mhír seo) a chur in ionad méid arna chinneadh faoi mhír 1, 2, 3 nó 4, measfar gurb é an méid nua an méid arna chinneadh faoi mhír 1, 2, 3 nó 4, de réir mar a bheidh.”.

(4) Tá feidhm ag an alt seo maidir leis an mbliain mheasúnachta 2007 agus le blianta measúnachta dá héis.

CAIBIDIL 3

Cáin Ioncaim, Cáin Chorporáide agus Cáin Ghnóchan Caipitiúil

Leasú ar Chuid 16 (faoiseamh ó cháin ioncaim i leith infheistíochta i dtrádálacha corpraithe — an scéim um leathnú gnó agus an scéim síolchaipitil) den Phríomh-Acht.

19.—(1) Leasaítear Cuid 16 den Phríomh-Acht—**(a) in alt 488(1) —**

(i) i mír (d) den mhíniú ar “tréimhse iomchuí” trí “bliain amháin” a chur in ionad “2 bhliain” sa dá áit ina bhfuil sé, agus

(ii) sa mhíniú ar “cuideachta neamhluaite” trí “Malartán Fiontraíochta na hÉireann” a chur in ionad “Margadh na gCuideachtaí Forásacha” agus “ar Mhalartán Fiontraíochta na hÉireann” a chur in ionad “ar Mhargadh na gCuideachtaí Forásacha”,

(b) in alt 489—

(i) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4B) (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais 2004):

“(4C) D’ainneoin aon fhorála eile den alt seo, más rud é—

(a) (i) go bhfuil faoiseamh dlite de réir alt 508 maidir le méid arna shuibscríobh, i gcáil ainmnithigh thar ceann pearsan aonair cáilithí, ag bainisteoirí ciste ainmnithe,

(ii) gur suibscríobhadh an méid arna shuibscríobh amhlaidh i leith an chiste ainmnithe sa tréimhse dar tosach an 1 Eanáir 2007 agus dar críoch an 31 Eanáir 2007, agus

(iii) go ndéanfar na scaireanna cáilithe, ar ina leith a suibscríobhadh an méid ag bainisteoirí an chiste ainmnithe, a eisiúint an 31 Nollaig 2007, nó roimhe,

nó

(b) go ndéanfaidh cuideachta cháilitheach scaireanna cáilithe a eisiúint chuig pearsa aonair cháilitheach sa tréimhse dar tosach an 1 Eanáir 2007 agus dar críoch 31 Eanáir 2007,

ansin féadfaidh an phearsa aonair cháilitheach, trí fhógra i scríbhinn chuig an gcigire, a roghnú go ndéanfar an faoiseamh a bheidh dlite a thabhairt mar asbhaint óna ioncam iomlán nó óna hioncam iomlán don bhliain mheasúnachta 2006 in ionad (de réir mar a fhoráiltear i bhfo-alt (3)) é a thabhairt mar asbhaint óna ioncam iomlán nó óna hioncam iomlán don bhliain mheasúnachta 2007 agus, i gcás ina ndéanfar

[2007.]

An tAcht Airgeadais 2007.

[*Uimh. 11.*]

Cd.1 A.19

roghnú amhlaidh, is de réir alt 490(2) mar a bhí feidhm aige don bhliain mheasúnachta 2006 a bheidh an faoiseamh a thabharfar don bhliain sin.”,

agus

(ii) i bhfo-alt (15) trí “31 Nollaig 2013” a chur in ionad “31 Nollaig 2006”,

(c) in alt 490—

(i) i bhfo-alt (2) trí “€100,000 i gcás infheistíochta iomchuí, nó €150,000 in aon chás eile” a chur in ionad “€31,750”,

(ii) i bhfo-alt (3)(a) trí “, (4B) nó (4C)” a chur in ionad “nó (4B)”, agus

(iii) i bhfo-ailt (3)(b) agus (4)(b) trí “2013” a chur in ionad “2006”,

(d) in alt 491—

(i) i bhfo-ailt (2)(a) agus (3)(a)—

(I) trí “1 Eanáir 2007” a chur in ionad “1 Eanáir 2002”, agus

(II) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínte ar “A” san fhoirmle:

“gurb é A €2,000,000,”,

(ii) trí fho-ailt (2)(b) agus (3)(b) a scriosadh, agus

(iii) i bhfo-alt (3A)—

(I) trí “12 mhí” a chur in ionad “6 mhí”, agus

(II) trí “€1,500,000” a chur in ionad “€750,000”,

(e) in alt 493 i bhfo-alt (8)(a)(i) trí “€500,000” a chur in ionad “€317,500”,

(f) in alt 496—

(i) i bhfo-alt (2)(a)—

(I) i bhfomhír (ii)(I), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhochlásal (A):

“(A) “a cheadaigh Forbairt nó an Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail (Éire) deontas a thabhairt chun daoine a fhostú faoi alt 25 den Acht um Fhorbairt Tionscail, 1986 (arna leasú le halt 29 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) 2003), nó”,

(II) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (v):

“(v) maidir le hinfheistíocht iomchuí, seirbhísí a thabhairt ar seirbhísí iad dá dtagraítear i bhfomhír (ii) agus ar ina leith a sholáthair gníomhaireacht forbartha tionscail nó Bord Fiontar Contae (is bord dá dtagraítear sa Sceideal a ghabhann leis an Acht um Fhorbairt Tionscail 1995) deimhniú á dhaingniú go bhfuil teideal ann chun tacaíocht airgeadais nach lú ná €2,540 a dheonú chun go ngabhfaidh duine a bheidh ceadaithe ag an ngníomhaireacht nó ag an mBord Fiontar Contae do staidéar féidearthachta ar inmharthanacht tráchtála ionchasach na seirbhísí a bheidh le tabhairt,”

(III) trí “agus” a scriosadh ag deireadh fhomhír (xiii) agus “agus” a chur isteach ag deireadh fhomhír (xv), agus

(IV) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (xv):

“(xvi) gníomhaíochtaí athchúrsála i ndáil le dramhábhar, de réir bhrí fho-alt (9A).”,

agus trí “agus” a scriosadh san áit dheireanach a bhfuil sé i mír (a),

agus

(ii) i ndiaidh fho-alt (9), tríd an méid seo a leanas a chur isteach:

“(9A) (a) Chun críocha fho-alt (2)(a)(xvi), ciallaíonn ‘gníomhaíochtaí athchúrsála i ndáil le dramhábhar’ an dramhábhar a chur faoi aon phróis nó cóireáil a bhfuil ábhar breisluacha atá in-athúsáidte de thoradh uirthi agus ar gníomhaíochtaí iad ar chuir gníomhaireacht forbartha tionscail deontas nó cúnaimh airgeadais ar fáil ina leith.

(b) Chun críocha mhír (a) ciallaíonn ‘dramhábhar’ aon cheann díobh seo a leanas:

(i) pacáistiú;

(ii) dramhaíl fhoirgníochta agus scartála;

(iii) miotail, adhmaid, gloine agus plaistigh;

(iv) trealamh leictreachais agus trealamh leictreonach;

(v) batairí;

(vi) feithiclí inneallghluaiste i ndeireadh a ré.”,

agus

(g) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 508:

“Faoiseamh a thuirisciú. 508A.—(1) Déanfaidh duine (is cuideachta cháilitheach nó bainisteoirí ciste ainmnithe), nuair a cheanglóidh na Coimisinéirí Ioncaim air déanamh amhlaidh, cibé faisnéis, i ndáil leis an bhfaoiseamh dá bhforáiltear sa Chuid seo, agus a éileoidh na Coimisinéirí Ioncaim le réasún ón duine sin chun críche na dtuarascálacha bliantúla a cheanglaítear de réir alt 7.1 de na Treoirlínte ón gComhphobal maidir le Cúnamh Stát chun Infheistíochtaí Caipitil Riosca i bhFiontair Bheaga agus Mheánmhéide a Chur chun Cinn², a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim laistigh de cibé tréimhse ama a bheidh sonraithe san fhógra (is tréimhse nach giorra ná 30 lá).

(2) D’ainneoin aon oibleagáide maidir le rúndacht a fhorchuirtear orthu leis na hAchtanna nó leis an Acht um Rúin Oifigiúla 1963, féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim an fhaisnéis a gheofar de réir fho-alt (1) a thabhairt don duine a chuirfidh na tuarascálacha bliantúla dá dtagraítear san fho-alt sin faoina mbráid.

(3) Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim aon oifigeach dá gcuid a ainmniú chun aon fheidhm a chomhall a údaraítear leis an alt seo do na Coimisinéirí Ioncaim a chomhall.

(4) I gcás ina mainneoidh aon duine ceanglas an fhaisnéis a thabhairt de réir fho-alt (1) a chomhlíonadh, dlífead pionós €2,000 a chur ar an duine agus, má leantar den mhainneachtain sin tar éis na tréimhse 30 lá dá dtagraítear san fho-alt sin, dlífead pionós breise €50 a chur ar an duine sin in aghaidh gach lae a leanfar amhlaidh den mhainneachtain.”.

(2) (a) Faoi réir *mhír (b)*, beidh feidhm ag *fo-alt (1)* mar a leanas—

(i) maidir le *míreanna (a)(i)* agus *(f)(i)(II)*, i ndáil le hinfeistíochtaí iomchuí arna ndéanamh an 1 Eanáir 2007 nó dá éis,

(ii) maidir le *mír (a)(ii)*, amhail ar an agus ón 12 Aibreán 2005,

(iii) maidir le míreanna *(b)*, *(c)(ii)*, *(c)(iii)*, *(d)(ii)*, *(f)(i)(III)*, *(f)(ii)* agus *(g)*, amhail ar an agus ón 1 Eanáir 2007,

²IO Uimh. C194 an 18 Lúnasa 2006, lch.20.

- (iv) maidir le *míreanna (c)(i), (d)(i), (d)(iii), (e)* agus *(f)(i)(IV)*, i ndáil le scaireanna cáilithe arna n-eisiúint an 1 Eanáir 2007 nó dá éis, agus
 - (v) maidir le *mír (f)(i)(I)*, i ndáil le suibscríobhanna le haghaidh scaireanna cáilithe arna n-eisiúint an 1 Eanáir 2007 nó dá éis.
- (b) Tagann *fo-alt (I)* i ngníomh tar éis don Aire Airgeadais ordú a dhéanamh chuige sin.

Leasú ar Chuid 40
(achomhairc) den
Phríomh-Acht.

20.—(1) Leasaítear Cuid 40 den Phríomh-Acht (arna leasú leis an Acht Airgeadais 2005)—

- (a) in alt 934, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (6):

“(6) I gcás ina gcinnfidh na Coimisinéirí Achomhairc aon achomharc, déanfaidh an cigire nó an t-oifigeach eile, mura rud é—

- (a) go n-éileoidh an duine a bheidh measúnaithe go n-athéistfear achomharc an duine sin faoi alt 942, nó

- (b) go gceanglófar faoi na hAchtanna Cánach cás a shonrú chun tuairim na hArd-Chúirte a fháil,

éifeacht a thabhairt do chinneadh na gCoimisinéirí Achomhairc agus air sin, más é an cinneadh go seasfaidh an mheasúnacht mar a bheidh nó go leasófar í, beidh an fheidhm agus an éifeacht chéanna leis an measúnacht nó leis an measúnacht leasaithe, de réir mar a bheidh, is a bheadh léi dá mba mheasúnacht í nach mbeadh aon fhógra achomhairc tugtha ina leith.”

- (b) in alt 941, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (9):

“(9) Má dhéantar méid na measúnachta a athrú le hordú nó le breithiúnas na Cúirte Uachtaraí nó na hArd-Chúirte, ansin—

- (a) má íocadh an iomarca cánach, déanfar an méid a ró-íocadh a aisíoc agus ús air de réir alt 865A, nó

- (b) murar íocadh go leor cánach, measfar gur riaráiste cánach (ach amháin a mhéid a thabhófar aon phionós mar gheall ar riaráiste) an méid a bheidh gan íoc, agus déanfar é a íoc agus a ghnóthú dá réir sin.”

- (c) in alt 942, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (6):

“(6) I gcás ina gcinnfidh an breitheamh achomharc, déanfaidh an cigire nó an t-oifigeach eile, mura gceanglaítear faoi na hAchtanna Cánach cás a shonrú chun tuairim na hArd-Chúirte a fháil, éifeacht a thabhairt do chinneadh an bhreithimh agus air sin, más é an cinneadh go seasfaidh an mheasúnacht mar a bheidh nó go leasófar

í, beidh an fheidhm agus an éifeacht chéanna leis an measúnacht nó leis an measúnacht leasaithe is a bheadh léi dá mba mheasúnacht í nach mbeadh aon fhógra achomhairc tugtha ina leith.”,

agus

(d) in alt 945(2), trí “agus” a chur ag deireadh mhír (h) agus trí mhír (i) a scriosadh.

(2) Tá feidhm ag *fo-alt (1)* i ndáil le hachomhairc arna gcinneadh ag na Coimisinéirí Achomhairc, nó ag breitheamh den Chúirt Chuarda, ar dháta rite an Achta seo nó dá éis.

21.—Leasaítear alt 373 den Phríomh-Acht i bhfo-alt (2)—

Leasú ar alt 373
(léiriú (Cuid 11))
den Phríomh-Acht.

(a) trí “an 1 Eanáir 2006 nó dá éis;” a chur in ionad “an 1 Eanáir 2006 nó dá éis.” i mír (o) (ii), agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (o):

“(p) €24,000, i gcás inar tabhaíodh an caiteachas—

(i) i dtréimhse chuntasaíochta dar chríoch an 1 Eanáir 2007 nó dá éis, nó

(ii) i mbonntréimhse do bhliain mheasúnachta, i gcás ina gcríochnaíonn an bhonntréimhse sin an 1 Eanáir 2007 nó dá éis.”.

22.—Leasaítear alt 657A den Phríomh-Acht—

Leasú ar alt 657A
(cánachas ar
íocaíochtaí áirithe
feirme) den
Phríomh-Acht.

(a) i bhfo-alt (1) sa mhíniú ar “pearsa aonair iomchuí”, trí “don bhliain mheasúnachta chéanna” a chur in ionad “don bhliain mheasúnachta 2005” sa chéad áit a bhfuil sé agus trí “sa bhliain mheasúnachta sin” a chur ina ionad sa dara háit a bhfuil sé,

(b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) D’ainneoin aon fhorála eile de na hAchtanna Cánach Ioncaim ar leith ó fho-alt (4), i gcás go roghnaíonn pearsa aonair de réir fho-alt (2), ansin, maidir leis an íocaíocht iomchuí nó leis na híocaíochtaí iomchuí—

(a) déanfar neamhshuim di nó díobh maidir leis an ‘bliain mheasúnachta chéanna’ dá dtagraítear sa mhíniú ar ‘pearsa aonair iomchuí’ i bhfo-alt (1), agus

(b) ina ionad sin, déileálfar léi nó leo chun críocha na nAchtanna Cánach Ioncaim mar íocaíocht nó íocaíochtaí a d’eascair i dtráthchodanna combhionanna sa bhliain mheasúnachta arb í an bhliain mheasúnachta chéanna sin í agus sa 2 bhliain mheasúnachta díreach ina dhiaidh sin.”,

agus

(c) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (5):

“(5) Aon roghnú faoi fho-alt (2) a dhéanfaidh duine lena mbaineann an t-alt seo, déanfar é le fógra i scríbhinn an 31 Deireadh Fómhair nó roimhe sa bhliain tar éis an ‘bliain mheasúnachta chéanna’ dá dtagraítear sa mhíniú ar ‘pearsa aonair iomchuí’ i bhfo-alt (1), agus áireofar é sa ráiteas bliantúil maidir le brabúis nó gnóchain ó fheirmeoireacht don bhliain mheasúnachta arb í an bhliain mheasúnachta chéanna sin í a cheanglaítear a sheachadadh an dáta sin nó roimhe faoi na hAchtanna Cánach Ioncaim.”.

Cúnamh
athstruchtúraithe le
haghaidh fásóirí
biatais siúcra.

23.—Leasaítear Caibidil 23 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh 657A:

“657B.—(1) San alt seo—

ciallaíonn ‘pearsa aonair shonraithe’ pearsa aonair a dhéanann, sa bhliain mheasúnachta 2007 nó in aon bhliain mheasúnachta dá héis, trádáil feirmeoireachta a sheoladh ar ina leith a thagann an phearsa faoi réim an mhuirir i leith cánach faoi Chás I de Sceideal D;

ciallaíonn ‘fócaíocht shonraithe’ fócaíocht le pearsa aonair shonraithe faoi scéim shealadach an AE maidir le hathstruchtúir an tionscail siúcra sa Chomhphobal, ar scéim í arna hoibriú ag an Roinn Talmhaíochta agus Bia faoi Airteagal 3(6), an chéad fhleasc, de Rialachán CE Uimh. 320/2006 an 20 Feabhra 2006 ón gComhairle³ agus ar ina leith a bheadh an phearsa aonair, ar leith ón alt seo, inmhuirearaithe i leith cánach ioncaim ar na brabúis nó na gnóchain ó fheirmeoireacht don bhliain mheasúnachta 2007 nó d’aon bhliain mheasúnachta dá héis.

(2) Féadfaidh pearsa aonair shonraithe, maidir le comhiomlán na n-íocaíochtaí sonraithe go léir leis an bpearsa aonair shonraithe, ar íocaíochtaí iad a bheadh, ar leith ón alt seo, inmhuirearaithe i leith cánach ioncaim do bhliain chánach, a roghnú go ndéileálfar leis de réir fho-alt (3) go (6), agus déanfar gach roghnú den sórt sin i cibé foirm, agus beidh cibé faisnéis ann, a éileoidh na Coimisinéirí Ioncaim.

(3) D’ainneoin aon fhorála eile de na hAchtanna Cánach Ioncaim, ar leith ó fho-alt (4), i gcás ina ndéanann pearsa aonair roghnú de réir fho-alt (2), déanfar neamhshuim den íocaíocht shonraithe nó de na híocaíochtaí sonraithe maidir leis an mbliain mheasúnachta dá dtagraítear i bhfo-alt (2) agus, ina ionad sin, déileálfar leo chun críocha na nAchtanna Cánach Ioncaim mar íocaíocht nó mar íocaíochtaí atá inmhuirearaithe i dtráthchodanna comhionanna don bhliain mheasúnachta dá dtagraítear amhlaidh i bhfo-alt (2) agus do na 5 bliana measúnachta ina dhiaidh sin.

(4) I gcás ina scoirtear go buan de thrádáil feirmeoireachta, déanfar cáin a mhuirearú faoi Chás IV de Sceideal D don bhliain mheasúnachta ina dtarlaíonn an scor sin i leith an méid d’aon íocaíocht shonraithe a ndéileálfaí léi, murach an scor sin, de bhua fho-alt (3), mar íocaíocht atá inmhuirearaithe do bhliain mheasúnachta nó do bhlianta measúnachta dar críoch dáta tar éis an scoir sin.

³OJ Uimh. L58, 28.2.2006, lch.42

(5) Maidir le roghnú, faoi fho-alt (2), ag pearsa aonair lena mbaineann an t-alt seo, déanfar é trí fhógra i scríbhinn an 31 Deireadh Fómhair, nó roimhe, sa bhliain mheasúnachta tar éis na bliana measúnachta dá dtagraítear i bhfo-alt (2).

(6) Faoi réir fho-alt (4), ní dhéanfar roghnú arna dhéanamh faoi fho-alt (2) a athrú le linn na tréimhse lena mbaineann sé.”.

24.—(1) Leasaítear Caibidil 2 de Chuid 23 den Phríomh-Acht—

Leasú ar Chaibidil 2 (feirmeoireacht: faoiseamh i leith méadaithe ar luachanna stoic) de Chuid 23 den Phríomh-Acht.

(a) in alt 666(4), trí “31 Nollaig 2008” a chur in ionad “31 Nollaig 2006” i mír (a) agus “an bhliain 2008” a chur in ionad “an bhliain 2006” i mír (b),

(b) in alt 667A, trí “31 Nollaig 2008” a chur in ionad “31 Nollaig 2006” i bhfo-alt (6)(b), agus

(c) tríd an alt nua seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 667A:

“Socrúithe nua d’fheirmeoirí cáilitheacha. 667B.—(1) San alt seo ciallaíonn ‘feirmeoir cáilitheach’ pearsa aonair—

(a) a chéadcháilíonn, sa bhliain 2007 nó in aon bhliain mheasúnachta dá héis, i gcomhair cúnamh deontais faoin scéim um Chúnamh Suiteála le haghaidh Feirmeoirí Óga atá á hoibriú ag an Roinn Talmhaíochta agus Bia faoi Rialachán (CEE) Uimh. 797/85 an 12 Márta⁴ ón gComhairle nó faoin Rialachán sin arna leasú ó am go ham, nó

(b) (i) a thagann chun bheith inmhuirearaithe den chéad uair i leith cánach ioncain faoi Chás I de Sceideal D maidir le brabúis nó gnóchain ó thrádáil na feirmeoireachta don bhliain 2007 nó d’aon bhliain mheasúnachta dá héis,

(ii) nach mbeidh 35 bliana d’aois slánaithe aige nó aici i dtosach na bliana measúnachta dá dtagraítear i bhfomhír (i), agus

(iii) a chomhlíonann na coinníollacha atá leagtha amach i bhfo-alt (2) nó (3) aon tráth sa bhliain mheasúnachta dá dtagraítear amhlaidh.

(2) Is iad na coinníollacha a cheanglaítear leis an bhfo-alt seo ná go

⁴IO Uimh. L93, 30.3.1985, lch.6

bhfuil an phearsa aonair, dá dtagraítear sa mhíniú ar 'feirmeoir cáilitheach' i bhfo-alt (1), ina shealbhóir nó ina sealbhóir ar cháilíocht atá leagtha amach sa Tábla a ghabhann leis an alt seo (dá ngairtear 'an Tábla' san alt seo).

(3) Is iad na coinníollacha a cheanglaítear leis an bhfo-alt seo ná go bhfuil an phearsa aonair, dá dtagraítear sa mhíniú ar 'feirmeoir cáilitheach' i bhfo-alt (1), ina shealbhóir nó ina sealbhóir ar litir deimhnithe ó Theagasc á dheimhniú gur críochnaíodh cúrsa oiliúna go sásúil ar chúrsa é, arna cheadú ag Teagasc, do dhaoine a bhfuil, i dtuairim Theagaisc, a gcumas foghlama srianta mar gheall ar mhíchumas coirp, céadfa nó intleachtúil nó mar gheall ar mheabhair-shláinte.

(4) Chun críocha fho-alt (2), i gcás ina ndeimhneoidh Teagasc—

- (a) go bhfreagraíonn aon cháilíocht eile do cháilíocht atá leagtha amach sa Tábla, agus
- (b) go measann Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann an cháilíocht eile sin a bheith ar a laghad ag leibhéal comhionann le leibhéal na cáilíochta atá leagtha amach sa Tábla,

ansin déileálfar leis an gcáilíocht eile sin amhail is dá mba í an cháilíocht atá leagtha amach sa Tábla í.

(5) I gcás feirmeora cháilithigh—

- (a) beidh feidhm ag alt 666(1) amhail is dá gcuirfí '100 faoin gcéad' in ionad '25 faoin gcéad', agus
- (b) beidh feidhm ag mír (a) le linn brabúis thrádála duine do thréimhse chuntasaíochta a ríomh i gcás pearsan aonair a thagann chun bheith ina fheirmeoir nó ina feirmeoir cáilitheach aon tráth sa tréimhse dar tús an 1 Eanáir 2007 nó dá éis agus dar críoch an 31 Nollaig 2008 nó roimhe, don bhliain mheasúnachta ina dtagann an phearsa aonair chun bheith ina fheirmeoir nó ina feirmeoir cáilitheach agus do gach bliain de na 3 bliana measúnachta díreach ina dhiaidh sin.

(6) Aon phearsa aonair a chomhlíonann, aon tráth roimh an 31 Márta 2008, na coinníollacha dá dtagraítear i mír (b)(iii) den mhíniú ar 'feirmeoir cáilitheach' in alt 667A(1), measfar go gcomhlíonann sé nó sí na coinníollacha dá dtagraítear i mír (b)(iii) den mhíniú ar 'feirmeoir cáilitheach' i bhfo-alt (1).

AN TÁBLA

1. Cáilíochtaí arna ndámhachtain ag Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna:

- (a) Ardteastas Leibhéal 6 san Fheirmeoireacht;
- (b) Ardteastas Leibhéal 6 sa Talmhaíocht;
- (c) Ardteastas Leibhéal 6 sa Bhainistíocht Tréad Déiríochta;
- (d) Ardteastas Leibhéal 6 sa Bhainistíocht Stoic Thirim;
- (e) Ardteastas Leibhéal 6 sa Mheicniú Talmhaíochta;
- (f) Ardteastas Leibhéal 6 sa Bhainistíocht Feirme;
- (g) Ardteastas Leibhéal 6 sa Bhainistíocht Innealra agus Barr;
- (h) Ardteastas Leibhéal 6 sa Ghairneoireacht;
- (i) Ardteastas Leibhéal 6 san Fhoraoiseacht;
- (j) Ardteastas Leibhéal 6 sa Bhainistíocht Graíona;
- (k) Ardteastas Leibhéal 6 san Eachaíocht.

2. Cáilíochtaí arna ndámhachtain ag Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna:

- (a) Ardteastas sa Talmhaíocht;
- (b) Baitsiléir Eolaíochta sa Talmhaíocht;
- (c) Ardteastas san Eolaíocht Talmhaíochta;
- (d) Baitsiléir Eolaíochta san Eolaíocht Talmhaíochta;

- (e) Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) sa Bhainistíocht Talún, Talmhaíocht;
- (f) Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) sa Bhainistíocht Talún, Gairneoireacht;
- (g) Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) sa Bhainistíocht Talún, Foraoiseacht;
- (h) Ardteastas san Innealtóireacht sa Mheicniú Talmhaíochta;
- (i) Baitsiléir Eolaíochta san Fhiontraíocht Tuaithe agus san Agra-Ghnó;
- (j) Baitsiléir Eolaíochta sa Talmhaíochta agus sa Bhainistíocht Timpeallachta;
- (k) Baitsiléir Eolaíochta sa Ghairneoireacht;
- (l) Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Bhainistíocht Ghairneoireachta;
- (m) Baitsiléir Eolaíochta san Fhoroiseacht;
- (n) Ardteastas sa Ghnó i Staidéir Eachaí;
- (o) Baitsiléir Eolaíochta sa Ghnó i Staidéir Eachaí.

3. Cáilíochtaí arna ndámhachtain ag forais eile tríú leibhéal:

- (a) Baitsiléir Eolaíochta Talmhaíochta — Táirgeadh Barr Ainmhithe arna dhámhachtain ag Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath;
- (b) Baitsiléir Eolaíochta Talmhaíochta — Eolaíocht Ainmhithe arna dhámhachtain ag Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath;
- (c) Baitsiléir Eolaíochta Talmhaíochta — Bainistíocht Bhia agus Agra-Ghnó arna dhámhachtain ag Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath;
- (d) Baitsiléir Eolaíochta Talmhaíochta — Foraoiseacht arna dhámhachtain ag Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath;
- (e) Baitsiléir Eolaíochta Talmhaíochta — Bainistíocht Ghairneoireachta, Tírdhreacha agus Fóid Spóirt arna dhámhachtain ag Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath;
- (f) Baitsiléir Tréidliachta arna dhámhachtain ag Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath;
- (g) Baitsiléir Eolaíochta san Eolaíocht Eachaí arna dhámhachtain ag Ollscoil Luimnigh;

(h) Dioplóma san Eolaíocht Eachaí arna dhámhachtain ag Ollscoil Luimnigh.”.

(2) Tagann *fo-alt (1)* i ngníomh tar éis don Aire Airgeadais ordú a dhéanamh chuige sin.

25.—Leasaítear alt 669A den Phríomh-Acht sa mhíniú ar “caiteachas cáilitheach” tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (b)(ii): Leasú ar alt 669A (léiriú) den Phríomh-Acht.

“(ii) méid an chaiteachais chaipitiúil a thabhoífaí ar cheannach an chuóta bainne sin dá mba rud é go ndearnadh an praghas a íocadh a shocrú ar shlí seachas ag an Aire Talmhaíochta agus Bia chun críocha Scéime Athstruchtúraithe Cuótaí Bainne sa limistéar ina bhfuil an talamh lena mbaineann an cuóta bainne sin suite;”.

26.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht—

Cánachas ar bhrabúis agus ar ghnóchain ó staileanna.

(a) in alt 381, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) Scoirfidh fo-alt (2) d’éifeacht a bheith leis maidir le caillteanas a éiríonn an 1 Lúnasa 2008 nó dá éis agus, maidir leis an tréimhse inmhuirearaithe ina mbeidh an 1 Lúnasa 2008, déanfar méid na gcaillteanas sin a chinneadh de réir na foirmle—

$$A \times \frac{B}{C}$$

más rud é—

gurb é A méid iomlán na gcaillteanas a éiríonn sa tréimhse inmhuirearaithe,

gurb é B fad na tréimhse dar tús an 1 Lúnasa 2008 agus dar críoch an lá deireanach den tréimhse inmhuirearaithe ina mbeidh an 1 Lúnasa 2008, arna ríomh ina laethanta, agus

gurb é C fad na tréimhse inmhuirearaithe arna ríomh ina laethanta.”,

agus

(b) tríd an gCaibidil seo a leanas a chur isteach i gCuid 23 i ndiaidh Chaibidil 3:

“CAIBIDIL 4

Cánachas ar bhrabúis agus ar ghnóchain ó staileanna

Léiriú
(Caibidil 4).

669G.—Sa Chaibidil seo—

tá le ‘barrachas faoisimh’ an bhrí chéanna atá leis in alt 485C;

ciallaíonn ‘luach tosaigh’ i ndáil le stail a margadhluach—

(a) ar an 1 Lúnasa 2008, agus

(b) ar an lá a fhaightear i gcomhair gníomhaíochtaí graí í, nó a leithreasaítear chuig gníomhaíochtaí graí í, de réir mar a bheidh,

cibé acu is déanaí, agus folaíonn aon tagairt do stail tagairt do leas i stail;

ciallaíonn ‘margadhluach’, aon tráth i ndáil le stail, an praghas a mbeifí ag súil leis go réasúnach a gheofaí ar an stail ar í a dhíol ar an margadh oscailte agus i gcás ina bhfaigheann duine (‘an ceannaitheoir’) an stail ó dhuine eile (‘an díoltóir’)—

(a) ar neamhthuilleamaí, agus

(b) nach daoine bainteacha (de réir bhrí alt 10) iad an ceannaitheoir agus an díoltóir,

ansin is é an margadhluach an praghas a íocadh;

ciallaíonn ‘méid iomchuí’, i ndáil le bliain mheasúnachta agus pearsa aonair, méid arna chinneadh de réir na foirmle—

A — B

más rud é—

gurb é A an méid cánach ioncaim is iníoctha ag an bpearsa aonair don bhliain mheasúnachta, agus

gurb é B an méid cánach ioncaim ab iníoctha ag an bpearsa aonair don bhliain mheasúnachta dá mba rud é—

(a) nach n-achtófaí an iontráil ag Uimhir Thagartha 6 de Sceideal 25B, agus

(b) chun críocha na hiontrála ag Uimhir Thagartha 1 de Sceideal 25B, nach mbeadh brabúis nó gnóchain nár muirearaíodh cáin orthu de bhua alt 231 san áireamh sa mhíniú ar ‘brabúis dhíolmhaithe’ in alt 140(1);

ciallaíonn ‘barrachas faoisimh iomchuí’, i ndáil le bliain mheasúnachta agus le pearsa aonair, méid arna chinneadh de réir na foirmle—

C — D

más rud é—

gurb é C an méid barrachais faoisimh a thugtar ar aghaidh chun na chéad bhliana measúnachta eile agus a bhfuil an phearsa aonair i dteideal é a asbhaint as a ioncam nó as a hioncam iomlán don bhliain sin, agus

gurb é D an méid barrachais faoisimh a thabharfaí ar aghaidh chun na chéad bhliana measúnachta eile agus a mbeadh an phearsa aonair i dteideal é a bhaint as a ioncam nó as a hioncam iomlán don bhliain sin dá mba rud é—

- (a) nach n-achtófaí an taifead ag Uimhir Thagartha 6 de Sceideal 25B, agus
- (b) chun críocha na hiontrála ag Uimhir Thagartha 1 de Sceideal 25B, nach mbeadh brabúis nó gnóchain nár muirearaíodh cáin orthu de bhua alt 231 san áireamh sa mhíniú ar ‘brabúis dhíolmhaithe’ in alt 140(1);

ciallaíonn ‘iarmharluach’, aon tráth, i ndáil le stail—

- (a) méid atá comhionann le luach tosaigh na staile, nó
- (b) más lú ná an méid sin é, an méid ar mó luach tosaigh na staile ná—
 - (i) an méid a lamháladh mar asbhaint faoi alt 669I do thréimhse innhuirearaithe a chríochnaíonn roimh an tráth sin, nó
 - (ii) i gcás níos mó ná méid amháin den sórt sin a bheith ann, comhiomlán na méideanna sin.

Forálacha
maidir le
muirearú.

669H.—(1) Maidir leis na brabúis nó na gnóchain a éiríonn in aon tréimhse inmhuirearaithe chuig úinéir nó páirtúinéir staile ó staileáil láracha ag an stail nó cearta chun na staileála sin a dhíol, beidh siad inmhuirearaithe i leith cánach ioncaim nó cánach corparáide, de réir mar a bheidh, de réir fho-alt (2).

(2) (a) I gcás ina ndéanann úinéir nó páirtúinéir staile trádáil na feirmeoireachta, ar ina leith a thagann an t-úinéir nó an páirtúinéir faoi réim muirir cánach faoi Chás I de Sceideal D, a sheoladh sa tréimhse inmhuirearaithe dá dtagraítear i bhfo-alt (1), beidh na brabúis nó na gnóchain dá dtagraítear i bhfo-alt (1) agus aon mhéid is inmhuirearaithe faoi fho-alt (3)(c) d'alt 669I inmhuirearaithe faoin gCás sin den Sceideal sin mar chuid den trádáil sin.

(b) I gcás seachas cás dá dtagraítear i mír (a), beidh na brabúis nó na gnóchain dá dtagraítear i bhfo-alt (1) agus aon mhéid is inmhuirearaithe faoi fho-alt (3)(c) d'alt 669I inmhuirearaithe faoi Chás IV de Sceideal D.

Forálacha
maidir le
hasbhaintí.

669I.—(1) I gcás ina bhfaigheann aon duine úinéireacht nó páirtúinéireacht ar stail, a bhfuil na brabúis nó na gnóchain i ndáil léi inmhuirearaithe de réir alt 669H(2), ansin, le linn an méid ioncaim a ríomh atá le muirearú i leith cánach faoi na hAchtanna Cánach d'aon tréimhse inmhuirearaithe, ní bheidh an duine sin i dteideal, seachas de réir fho-alt (2), aon asbhaint a fháil i leith caiteachais arna thabhtú ar an úinéireacht nó ar an bpáirtúinéireacht sin a fháil.

(2) (a) I gcás ina bhfuil na brabúis nó na gnóchain dá dtagraítear i bhfo-alt (1) inmhuirearaithe de réir alt 669H(2)(a), do gach ceann de 4 thréimhse inmhuirearaithe chomhleanúnacha, a dtosaíonn an chéad cheann díobh leis an tréimhse inmhuirearaithe—

(i) ina bhfuil an 1 Lúnasa 2008, i gcás an stail a bheith ar úinéireacht nó ar pháirtúinéireacht an lá sin, nó

- (ii) in aon chás eile, ina bhfaightear an stail le haghaidh gníomhaíochtaí graí, nó ina leithreasaítear an stail le haghaidh gníomhaíochtaí graí, de réir mar a bheidh,

beidh úinéir nó páirtúinéir na staile, le linn ioncam trádála na trádála feirmeoireachta dá dtagraítear san alt sin a ríomh chun críocha cánach, i dteideal asbhainte faoin alt seo ar asbhaint í atá comhionann le 25 faoin gcéad de luach tosaigh na staile, amhail is dá mba rud é gur chaiteachas trádála an asbhaint arna thabhtú sa tréimhse inmhuirearaithe.

- (b) Faoi réir alt 669K(3), i gcás ina bhfuil na brabúis nó na gnóchain dá dtagraítear i bhfo-alt (1) inmhuirearaithe de réir alt 669H(2)(b), le linn an méid ioncaim atá le muirearú i leith cánach faoi Chás IV de Sceideal D a chinneadh, déanfar an t-ioncam sin a ríomh de réir na bhforálacha is infheidhme maidir le Cás I de Sceideal D, agus an Chaibidil seo á cur i gcuntas.

(3) Más rud é, in aon tréimhse inmhuirearaithe, go ndiúsraítear stail lena mbaineann an Chaibidil seo nó go bhfaigheann stail lena mbaineann an Chaibidil seo bás, ansin—

- (a) ní lamhálfar aon asbhaint, a lamhálfáí thairis sin faoi fho-alt (2)(a) nó (2)(b), de réir mar a bheidh, i leith luach tosaigh na staile sin don tréimhse inmhuirearaithe sin nó d'aon tréimhse inmhuirearaithe dá éis sin,
- (b) déanfar asbhaint de mhéid atá comhionann le hiarmharluach na staile tráth a diúscartha nó a báis a lamháil don tréimhse inmhuirearaithe sin amhail is dá mba rud é gur asbhaint faoi fho-alt (2)(a) í, agus
- (c) beidh úinéir nó páirtúinéir na staile inmhuirearaithe i leith cánach ioncaim nó cánach corparáide, de réir mar a bheidh—

- (i) ar an méid a fuarthas in airgead nó luach airgid, i leith dhiúscairt nó bhás na staile, nó
- (ii) i gcás diúscartha, más mó é, ar an bpraghas a mbeifí ag súil leis go réasúnach a gheofaí ar an stail tráth a diúscartha ar dhíol, ar neamhthuilleamaí idir daoine nach bhfuil bainteach lena chéile (de réir bhrí alt 10), ar an margadh oscailte.

Creidmheas i leith cánach a íocadh.

669J.—(1) Faoi réir fhorálacha an ailt seo, maidir le haon phearsa aonair lena mbaineann Caibidil 2A de Chuid 15 d'aon bhliain mheasúnachta agus a mbeidh íocaíocht déanta aige nó aici a bhfuil méid íomchuí san áireamh inti i leith na bliana measúnachta sin, measfar, gan dochar don íocaíocht arna déanamh amhlaidh, íocaíocht a bheith déanta aige nó aici ar chuntas cánach ioncaim ar íocaíocht í atá comhionann leis an méid íomchuí.

(2) Maidir leis an oiread sin d'íocaíocht cánach ó phearsa aonair (dá ngairtear 'an íocaíocht a mheastar a bheith déanta ar chuntas cánach' san alt seo) do bhliain mheasúnachta a ndéileáiltear leis de réir fho-alt (1), déanfar é a fhritháireamh, a mhéid is féidir, i gcoinne aon dliteanais de chuid na pearsan aonair i leith cánach ioncaim, don bhliain mheasúnachta tar éis na bliana measúnachta céadluaite.

(3) A mhéid nach mbeifear tar éis an íocaíocht a mheastar a bheith íoctha ar chuntas cánach a fhritháireamh de réir fho-alt (2), déanfar an t-iarmhéid a bheidh fágtha a fhritháireamh i gcoinne dliteanais i leith cánach ioncaim d'aon bhliain mheasúnachta ina dhiaidh sin de chuid na pearsan aonair a ndéileáiltear leis nó léi mar dhuine a rinne an íocaíocht, san ord go ndéanfar é a fhritháireamh i gcoinne dliteanais i leith tréimhse is luaithe i dtosaíocht ar dhliteanas i leith tréimhse is déanaí.

(4) Ní fhéadfar aon mhéid a aisíoc ach amháin barrachas ró-íocaíochta cánach ioncaim d'aon bhliain mheasúnachta thar an íocaíocht a mheastar a bheith íoctha ar chuntas cánach atá le déanamh don bhliain mheasúnachta sin de bhua an ailt seo, agus ní bheidh ús iníoctha i leith aon chuid den ró-íocaíocht sin seachas an barrachas.

(5) Más rud é, in aon bhliain mheasúnachta, go mbeidh feidhm ag alt 485E maidir le pearsa aonair, ansin chun críocha alt 485F déanfar an barrachas faoisimh don bhliain a laghdú de mhéid atá comhionann le méid an bharrachais faoisimh iomchuí.

Ilghnéitheach
(Caibidil 4).

669K.—(1) Chun margadhluach staile lena mbaineann an Chaibidil seo a chinneadh, féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim dul i gcomhairle le cibé duine nó comhlacht daoine is dóigh leo a d'fhéadfadh cabhrú leo.

(2) D'ainneoin aon fhorálacha eile de na hAchtanna Cánach, chun críocha uile alt 666, déanfar neamhshuim de stoc trádála arb é atá ann staileanna.

(3) I gcás ina dtarlaíonn cailteanas, in aon tréimhse inmhuirearaithe, de thoradh ar ríomh an mhéid d'ioncam duine atá le muirearú i leith cánach faoi Chás IV de Sceideal D faoin gCaibidil seo, ansin, d'ainneoin alt 383, ní fhéadfar méid an chailteanais a asbhaint as ioncam eile a mhuirearaithe i leith cánach faoi Chás IV de Sceideal D agus a éiríonn sa tréimhse inmhuirearaithe sin, nó a fhritháireamh i gcoinne an ioncaim sin, ná ní fhéadfar aon chailteanas, nuair a thugtar ar aghaidh é go dtí tréimhse inmhuirearaithe dá éis sin, a asbhaint ach amháin as ioncam lena mbaineann alt 669H(2)(b) agus a éiríonn sa tréimhse inmhuirearaithe sin dá éis sin, nó a fhritháireamh i gcoinne an ioncaim sin.”.

(2) Tagann *fo-alt (1)* i ngníomh tar éis don Aire Airgeadais ordú a dhéanamh chuige sin.

27.—(1) Leasaítear Sceideal 26A a ghabhann leis an bPríomh-Acht—

(a) i gCuid 1—

(i) trí “sa Stát” a scriosadh gach áit a bhfuil sé i míreanna 3 go 7, agus

(ii) trí mhíreanna 8 go 16, agus mír 18, a scriosadh,

agus

(b) i gCuid 2, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “comhlacht ceadaithe” i mír 1:

Leasú ar Sceideal 26A (deonacháin do chomhlachtaí ceadaithe, etc.) a ghabhann leis an bPríomh-Acht.

“ciallaíonn ‘comhlacht ceadaithe’ aon chomhlacht nó institiúid a bheidh ceadaithe ag an Aire Airgeadais agus ar comhlacht é nó institiúid í—

- (a) a sholáthraíonn aon chúrsa a mbaineann ceann dá choinníollacha iontrála le torthaí Scrúdú na hArdteistiméireachta, scrúdú máithreánach de chuid ollscoile aitheanta sa Stát nó scrúdú comhionann a sheoltar lasmuigh den Stát, nó
- (b) (i) atá bunaithe ar bhonn buan d’aon toisc chun ábhar ceadaithe amháin nó níos mó a chur ar aghaidh,
- (ii) a thugann cabhair maidir le cur ar aghaidh an ábhair nó na n-ábhar sin ar bhonn náisiúnta nó réigiúnach, agus
- (iii) atá toirmisce, de réir a bhunreachta nó a bunreachta, ó aon sócmhainní nó brabúis dá chuid nó dá cuid a dháileadh ar a chomhaltaí.”

(2) Tá feidhm ag *fo-alt (I)* amhail ar an agus ón 1 Feabhra 2007.

Liúntais chaipitiúla le haghaidh aonad cónaithe cáilithe a bhaineann le tithe banaltrais cláraithe.

28.—(1) Leasaítear Cuid 9 den Phríomh-Acht—

(a) in alt 268—

(i) i bhfo-alt (3A)

(I) trí “Faoi réir fho-ailt (3B) go (3E), san alt seo” a chur in ionad “San alt seo”, agus

(II) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (i) de mhír (d):

“(i) léasaithe le duine agus, de réir mar a bheidh, arb é nó arb í céile an duine sin—

(I) duine atá nó, de réir mar a bheidh, nach bhfuil bainteach (de réir bhrí alt 10) leis an léasóir,

(II) duine nó daoine a bheidh roghnaithe mar áititheoir nó mar áititheoirí an tí ag an dteach banaltrais cláraithe, agus

(III) go mbeidh duine a bheidh cláraithe i gClár Ginearálta na Lia-Chleachtóirí tar éis a dheimhniú gur gá cóiríocht den sórt sin don duine nó do chéile an duine mar gheall ar sheanaois nó éiglíocht,

nó”,

(ii) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3B):

“(3B) (a) Chun críocha an ailt seo tá le ‘teach’, i ndáil le haonad cónaithe cáilitheach, an bhrí chéanna atá leis in alt 372AK.

(b) Ach amháin chun críocha liúntais agus muirir a dhéanamh faoin gCuid seo agus faoi réir fho-alt (3C) agus ailt 270 agus 316 (arna leasú leis an *Acht Airgeadais 2007*), i ndáil le caiteachas a thabhófar sa tréimhse dar tosach an 25 Márta 2002 agus dar críoch an 30 Aibreán 2010, measfar gur foirgneamh a bheidh á úsáid chun críocha trádála dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(g) foirgneamh a bheidh á úsáid mar aonad cónaithe cáilitheach.”

agus

(iii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3C):

“(3D) I gcás ina mbeidh an leas iomchuí i ndáil le caiteachas caipitiúil a thabhaítear ar na haonaid cónaitheacha cáilitheacha uile i bhforbairt á shealbhú ag cuideachta (de réir bhrí alt 4(1)) ansin beidh feidhm ag fo-alt (3A) amhail is dá ndéanfaí fomhíreanna (iv) agus (v) den fho-alt sin a scríosadh.

(3E) Ní bheidh teach ina aonad cónaitheach cáilitheach chun críocha an ailt seo mura rud é—

(a) go mbeidh an duine atá i dteideal an leasa iomchuí i ndáil leis an gcaiteachas caipitiúil a thabhaítear ar fhoirgníú nó ar athfheistiú an tí, lena tharchur ar aghaidh chuig an Aire Sláinte agus Leanaí agus an Aire Airgeadais:

(i) méid an chaiteachais chaipitiúil a tabhaíodh iarbhrí ag foirgníú nó ag athfheistiú an tí;

(ii) líon agus cineál na n-infheisteoirí atá ag infheistiú sa teach;

(iii) an méid a bheidh le hinfheistiú ag gach infheisteoir; agus

(iv) cineál na struchtúr atá á mbunú chun infheistíocht sa teach a éascú,

mar aon le cibé faisnéis eile a shonróidh an tAire Airgeadais, i gcomhairle leis an Aire Sláinte agus Leanaí, go mbeidh sé ina chúnaimh i gcostais, lena n-áirítear costais státchiste ach gan bheith teoranta dóibh, agus na sochair a eascróidh as faoiseamh cánach faoin gCuid seo a oibriú d’aonaid chónaitheacha cáilitheacha a mheas,

- (b) go n-eiseoidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, i gcomhairle leis an Aire Sláinte agus Leanaí, deimhniú i scríbhinn, tar éis go léasaítear an teach i gcéadúair nó, i gcás inar tabhaíodh caiteachas caipitiúil ar theach a athfheistiú, go léasaítear an teach i gcéadúair tar éis an caiteachas sin a thabhtú ina ndeir sí gur deimhin léi—
- (i) go gcomhlíonann an teach agus an fhorbairt ina bhfuil sé na coinníollacha uile a luaitear i míreanna (a), (b), (c) agus (d) d'fho-alt (3A), agus
- (ii) gur soláthraíodh an fhaisnéis a éilítear de réir mhír (a) den fho-alt seo,
- agus
- (c) go soláthróidh an duine atá i dteideal an leasa iomchuí i ndáil le caiteachas caipitiúil a tabhaíodh ar an dteach a fhoirgníú nó a athfheistiú tuarascáil bhliantúil i scríbhinn d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, lena tarchur ar aghaidh chuig an Aire Sláinte agus Leanaí agus chuig an Aire Airgeadais, faoi dheireadh gach bliana sa tréimhse 20 bliain dá dtagraítear in alt 272(4)(fa) (a cuireadh isteach leis an *Acht Airgeadais 2007*),
- (i) a dhearbhaíonn go leanann nó nach leanann an teach agus an fhorbairt ina bhfuil sé de na coinníollacha uile a luaitear i míreanna (a), (b), (c) agus (d) d'fho-alt (3A) a chomhlíonadh, agus
- (ii) a sholáthraíonn sonraí maidir le leibhéal áitithe an tí don bhliain roimhe sin lena n-áirítear aois na n-áititheoirí agus, de réir mar a bheidh, cineál éigléocht na n-áititheoirí.”
- (b) in alt 270 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (7):
- “(8) I gcás ina dtabhaítear caiteachas an 1 Bealtaine 2007 nó dá eis faoi chonradh nó comhaontú a dhéanfar an dáta sin nó dá eis chun aonad cónaithe cáilitheach dá dtagraítear i bhfo-alt (4)(i) a fhoirgníú, a athfheistiú nó a fhorbairt, ansin—
- (a) beidh feidhm ag fo-alt (4) amhail is dá mba thagairt do ‘31 Iúil 2010’ an tagairt do ‘31 Iúil 2008’,
- (b) beidh feidhm ag fo-alt (5) amhail is—

- (i) dá mba thagairt do ‘faoi réir fho-ailt (6) go (8)’ an tagairt do ‘faoi réir fho-alt (6) agus (7)’, agus
- (ii) dá gcuirfí na míreanna seo a leanas in ionad mhíreanna (a) agus (b):

‘(a) i gcás caiteachas a thabhoídh cuideachta (de réir bhrí alt 4(1)) sa tréimhse ón 1 Bealtaine 2007 go 30 Aibreán 2010, go dtí 75 faoin gcéad, agus

(b) i gcás caiteachas a thabhoídh duine seachas cuideachta (de réir bhrí alt 4(1)) sa tréimhse ón 1 Bealtaine 2007 go 30 Aibreán 2010, go dtí 50 faoin gcéad,’,”

(c) in alt 272(4)—

- (i) i mír (f), trí “faoi réir mhír (fa),” a chur isteach roimh “i ndáil le”, agus
- (ii) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (f):

“(fa) i gcás ina mbeidh feidhm ag fo-alt (8) d’alt 270 i ndáil le haonad cónaithe cáilitheach dá dtagraítear i bhfo-alt (4)(i) den alt sin—

- (i) 20 bliain dar tosach an tráth ar úsáideadh an t-aonad i gcéaduaire, nó
- (ii) i gcás ina dtabhaítear caiteachas caipitiúil ar an aonad a athfheistiú, 20 bliain dar tosach an tráth ar úsáideadh an t-aonad i gcéaduaire tar éis gur tabhaíodh an caiteachas sin,”

(d) in alt 274(1)(b)—

- (i) i bhfomhír (iia), trí “faoi réir fhomhír (iib) a chur isteach roimh “i ndáil le”, agus
- (ii) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (iia):

“(iib) i gcás ina mbeidh feidhm ag fo-alt (8) d’alt 270 i ndáil le haonad cónaithe cáilitheach dá dtagraítear i bhfo-alt (4)(i) den alt sin—

- (I) 20 bliain tar éis gur úsáideadh an t-aonad i gcéaduaire, nó
- (II) i gcás ina dtabhaítear caiteachas caipitiúil ar an aonad a athfheistiú, 20 bliain dar tosach an tráth ar úsáideadh an t-aonad i gcéaduaire tar éis gur tabhaíodh an caiteachas sin,”

agus

(e) in alt 316(2B)—

(i) trí “nó” a scriosadh i ndeireadh mhír (b) agus “31 Iúil 2008, nó” a chur in ionad “31 Iúil 2008,” i mír (c), agus

(ii) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (c):

“(d) i gcás ina mbeidh feidhm ag fo-alt (8) d’alt 270 i ndáil le haonad cónaithe cáilitheach dá dtagraítear i bhfo-alt (4)(i) den alt sin, an tréimhse ón 1 Bealtaine 2007 go 30 Aibreán 2010.”.

(2) Tá feidhm ag *fo-alt (1)* den alt seo maidir le caiteachas caipitiúil arna thabhu an 1 Bealtaine 2007 nó dá éis faoi chonradh nó faoi chomhaontú a dhéantar an dáta sin nó dá éis chun aonad cónaithe cáilitheach (de réir bhrí alt 268(3A) den Phríomh-Acht) a fhoirgniú, a athfheistiú nó a fhorbairt.”.

Scéim infheistíochta
bonneagair
turasóireachta
chonair na
Sionainne Láir.

29.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht—

(a) i gCuid 10, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Chaibidil 11:

“CAIBIDIL 12

Scéim Infheistíochta Bonneagair Turasóireachta Chonair na Sionainne Láir

Léiriú,
iarratais ar
cheadú agus ar
dheimhniú.

372AW.—(1) Sa Chaibidil seo—

ciallaíonn ‘foirgneamh cóiríochta’, i ndáil le tionscadal, foirgneamh nó déanamhas, nó cuid d’foirgneamh nó de dhéanamhas, arb é atá ann saoráidí cóiríochta nó atá le húsáid, nó atá oiriúnach lena úsáid, chun saoráidí den sórt sin a sholáthar;

ciallaíonn ‘margadhluach’, i ndáil le foirgneamh nó le déanamhas, an praghas a gheofaí ar fheo simplí neamhualaithe an fhoirgnimh nó an déanmhais dá ndíolfaí é ar an margadh oscailte ar cibé modh agus faoi réir cibé coinníollacha ba dhóigh le réasún a tharraingeodh an praghas ab fhearr ar an bhfoirgneamh nó ar an déanamhas don díoltóir, lúide an chuid den praghas sin ab inchurtha i leith fháil na talún, nó fháil ceart sa talamh nó thar an talamh, ar a bhfoirgnítear an foirgneamh nó an déanamhas;

ciallaíonn ‘chonair na Sionainne Láir’ an chonair talún arb é atá inti limistéir cháilitheacha uile na Sionainne Láir;

ciallaíonn ‘Bord Bonneagair Turasóireachta na Sionainne Láir’ bord

nach mó ná 5 an líon duine atá air ar daoine iad a roghnóidh an tAire i gcomhairle leis an Aire Airgeadais chun críocha na Caibidle seo;

ciallaíonn ‘Aire’ an tAire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta;

ciallaíonn ‘tionscadal’ foirgniú nó athfheistiú foirgneamh agus déanmhas arb é atá iontu—

(a) campa saoire den chineál dá dtagraítear in alt 372AX(1)(b), nó

(b) saoráid cháilitheach bonneagair turasóireachta amháin nó níos mó,

a bhfuil a suíomh nó a suíomh nó a súmh go hiomlán laistigh de limistéar cáilitheach de chuid na Sionainne Láir;

ciallaíonn ‘forbróir maoiné’ duine a sheolann trádáil arb é atá inti, go hiomlán nó go formhór, foirgnimh nó déanmhais a fhoirgniú nó a athfheistiú d’fhonn iad a dhíol;

ciallaíonn ‘limistéar cáilitheach de chuid na Sionainne Láir’ aon limistéar a thairiscítear i Sceideal 8B;

ciallaíonn ‘tréimhse cháilitheach’ tréimhse 3 bliana dar tosach an dáta a thagann an Chaibidil seo in éifeacht;

ciallaíonn ‘saoráidí cáilitheacha bonneagair turasóireachta’ cibé aicme nó aicmí saoráidí, nach bhfuil iontu ach ach foirgnimh agus déanmhais, de réir mar a cheadóidh an tAire, i gcomhairle leis an Aire Airgeadais, chun críocha na Caibidle seo agus a fhoilseofar sna treoirlínte iomchuí;

ciallaíonn ‘athfheistiú’, i ndáil le foirgneamh nó le déanmhas, aon obair foirgníochta, athfhoirgníochta, deisiúcháin nó athnuachana, lena n-áirítear saoráidí uisce, séarachais nó téacháin a sholáthar nó a fheabhsú, ar nithe iad a dhéantar—

(a) le linn deisiú nó a athréiteach a dhéanamh, nó

(b) le linn cothabháil, de chineál deisithe nó athréitigh, a dhéanamh,

ar an bhfoirgneamh nó ar an déanmhas;

ciallaíonn ‘treoirínte iomchuí’ treoirínte arna n-eisiúint de réir fho-alt (3) den alt seo nó aon treoirínte a eiseofar de réir an fho-alt sin agus lena leasófar na treoirínte céadluaite nó a chuirfear in ionad na dtreoirínte céadluaite.

(2) (a) D’ainneoin ailt 372AX agus 372AY, ach faoi réir na bhforálacha sin ina dhiaidh seo den alt seo agus faoi réir alt 372AZ, ní fhéadfar aon fhaoiseamh ó cháin ioncain nó ó cháin chorparáide, de réir mar a bheidh, a dheonú de bhua na Caibidle seo i leith caiteachais chaipitiúil a thabhfófar sa thréimhse cháilitheach ar fhoirgníú nó ar athfheistiú foirgnimh nó déanmhais, mura rud é, maidir le Bord Bonneagair Turasóireachta na Sionainne Láir—

(i) gur dheonaigh sé ceadú i bprionsabal i ndáil le foirgníú nó athfheistiú an fhoirgnimh nó an déanmhais roimh an gcaiteachas sin a thabhú, ach sin faoi réir mhír (b), agus

(ii) go ndearna sé, tar éis an caiteachas a thabhú, a dheimhniú i scríbhinn, maidir leis an bhfoirgníú nó leis an athfheistiú a rinneadh, go bhfuil sé de réir na gcritéar a shonraítear sna treoirínte iomchuí, ag féachaint d’aon choinníollacha agus ceanglais iomchuí arna bhforchur ag an mBord sa cheadú arna dheonú faoi fhomhír (i).

(b) Ní dhéanfar ceadú i bprionsabal a dheonú de réir mhír (a)(i) mura rud é go mbeidh iarratas ar cheadú den sórt sin, ina mbeidh an fhaisnéis agus na sonraí is gá de réir fho-alt (3)(h), faighte ag Bord Bonneagair Turasóireachta na Sionainne Láir laistigh de thréimhse bliana dar tosach an dáta a thagann an Chaibidil seo in éifeacht.

(3) Faoi réir fho-alt (4), chun críocha ceadaithe agus deimhnithe de réir fho-alt

(2) agus, de réir mar a bheidh, chun críocha deimhnithe de réir fho-alt 372AX(1)(d) nó 372AY(1)(g), déanfaidh an tAire, i gcomhairle leis an Aire Airgeadais, treoirlínte a eisiúint ar a dtabharfaidh Bord Bonneagair Turasóireachta na Sionainne Láir aird le linn dó cinneadh a dhéanamh i dtaobh ceadú i bprionsabal a dheonú nó deimhniú a eisiúint i ndáil le haon fhoirgneamh nó déanmhas agus féadfaidh critéir a bheith san áireamh sna treoirlínte sin i ndáil le gach ceann nó aon cheann áirithe nó níos mó de na nithe seo a leanas—

- (a) an chaoi agus an méid a théann an tionscadal, a bhfuil an foirgneamh nó an déanmhas san áireamh ann, chun tairbhe d'fhorbairt na turasóireachta i gconair na Sionainne Láir nó sa limistéar cáilitheach de chuid na Sionainne Láir;
- (b) comhréireacht leis an straitéis turasóireachta náisiúnta;
- (c) íogaireacht maidir leis an gcomhshaol, ag féachaint go háirithe d'aon limistéar arb é atá ann—
 - (i) láithreán Eorpach de réir bhí Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnáthóga Nádúrtha) 1997 (I.R. Uimh. 94 de 1997), nó
 - (ii) limistéar oidhreacht nádúrtha, anaclann dúlra nó tearmann fauna chun críocha na nAchtanna um Fhiadhúlra 1976 agus 2000;
- (d) na taitneamhachtaí agus na saoráidí is gá a sholáthar i ngach cineál tionscadail;
- (e) an cineál foirgneamh cóiríochta (más ann), agus a mhéid ar fad is inlamháilte iad i ngach cineál tionscadail;
- (f) caighdeáin shonracha deartha agus foirgníochta i ndáil le foirgnimh agus déanmhais a d'fhéadfadh cáiliú le haghaidh faoisimh faoin gCaibidil seo;
- (g) nithe iomchuí a bhaineann le pleanáil, lena n-áirítear an gá le comhréireacht i ndáil le ceanglais plean forbartha nó

plean limistéir áitiúil de réir bhrí na dtéarmaí sin san Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000;

- (h) na sonraí agus an fhaisnéis is gá a sholáthar in iarratas ar cheadú nó ar dheimhniú de réir alt 372AW(2) agus, de réir mar a bheidh, in iarratas ar dheimhniú de réir alt 372AX(1)(d) nó 372AY(1)(g); agus
- (i) nithe a bhaineann le soláthar faisnéise de réir ailt 372AX(1)(c) agus 372AY(1)(f),

mar aon le cibé nithe eile a mheasfaidh an tAire, i gcomhairle leis an Aire Airgeadais, is gá a chur ar áireamh.

- (4) (a) Faoi réir mhíreanna (b) agus (c), ní dheonóidh ná ní eiseoidh Bord Bonneagair Turasóireachta na Sionainne Láir ceadú ná deimhniú de réir fho-alt (2) i ndáil le caiteachas caipitiúil arna thabhtú sa tréimhse cháilitheach ar fhoirgníú nó ar athfheistiú foirgnimh cóiríochta amháin nó níos mó atá ar áireamh i dtionscadal a mhéid atá an caiteachas sin (nó, i gcás iarratas ar cheadú a bheith i gceist, a mhéid a mheasfar roimh ré go bhfuil an caiteachas sin) níos mó ná méid (dá ngairtear ‘an méid teorann’ san fho-alt seo) atá comhionann leis an méid is lú díobh seo a leanas—
 - (i) 50 faoin gcéad, nó cibé céatadán is ísle a shonrófar (de réir fho-alt (3)(e)) sna treoirlínte iomchuí don chineál tionscadail atá i gceist, de mhéid iomlán an chaiteachais chaipitiúil arna thabhtú sa tréimhse cháilitheach ar na foirgnimh nó ar na déanmhais uile a áirítear sa tionscadal a fhoirgníú nó a athfheistiú, agus
 - (ii) méid an chaiteachais chaipitiúil arna thabhtú sa tréimhse cháilitheach ar fhoirgníú nó ar athfheistiú foirgneamh agus déanmhais a áirítear sa tionscadal, ar foirgnimh agus déanmhais

iad seachas foirgnimh
chóiríochta.

(b) In aon chás—

- (i) ina n-áirítear níos mó ná foirgneamh cóiríochta amháin i dtionscadal, agus
- (ii) inar mó ná an méid teorann comhiomlán na méideanna caiteachais chaipitiúil arna thabhtú sa tréimhse cháilitheach ar gach foirgneamh cóiríochta a fhoirgniú nó a athfheistiú,

ansin, déanfar an comhiomlán sin, chun críocha iarratais ar cheadú nó ar dheimhniú de réir fho-alt (2), a laghdú go méid atá ar cóimhéid leis an méid teorann agus déanfar an cóimhéid sin a chionroinnt ar bhonn cóir réasúnach idir na foirgnimh chóiríochta go léir a áirítear sa tionscadal.

(c) Faoi réir na gcritéar sna treoirlínte iomchuí a chomhlíonadh, ní fhéadfaidh Bord Bonneagair Thurasóireacht na Sionna láir ceadú a dheonú nó deimhniú a eisiúint de réir fho-alt (2) i ndáil le foirgneamh cóiríochta—

- (i) i gcás ina bhfuil foirgneamh cóiríochta amháin san áireamh i dtionscadal, ach amháin i ndáil leis an méid den chaiteachas caipitiúil, arna thabhtú ar fhoirgniú nó ar athfheistiú an fhoirgnimh sa tréimhse cháilitheach, nach mó ná an méid teorann, agus
- (ii) i gcás ina bhfuil feidhm ag mír (b), ar choinníoll go mbeidh sé sásta leis an mbonn ar a ndearnadh an chionroinnt, ach amháin i ndáil leis an gcuid sin den chóiméid (dá dtagraítear i mír (b)) is inchurtha i leith an fhoirgnimh tar éis an chionroinnt a bheith déanta de réir na míre sin.

Liúntais
chaipitiúla
luathaithe i
ndáil le
foirgniú nó
athfheistiú
campaí saoire
cláraithe
áirithe.

372AX.—(1) San alt seo ciallaíonn ‘foirgneamh nó déanmhas lena mbaineann an t-alt seo’ foirgneamh nó déanmhas—

- (a) a bhfuil a shuíomh go hiomlán laistigh de limistéar cáilitheach de chuid na Sionainne Láir,
- (b) atá á úsáid mar champa saoire—
 - (i) atá cláraithe sa chlár de champaí saoire arna choimeád faoi na hAchtanna um Thrácht Cuartaíochta 1939 go 2003, agus
 - (ii) a chomhlíonann ceanglais na dtreoirlínte iomchuí i ndáil leis na cineálacha taitneamhachtaí agus saoráidí is gá a sholáthar i gcampa saoire chun críocha na Caibidle seo,
- (c) ar ina leith a bheifear tar éis na sonraí seo a leanas a sholáthar do Bhord Bonneagair Thurasóireachta na Sionainne Láir lena gcur ar aghaidh chuig an Aire agus chuig an Aire Airgeadais:
 - (i) (I) méid an chaiteachais chaipitiúil arna thabhtú iarbhr sa tréimhse cháilitheach ar fhoirgniú nó ar athfheistiú an fhoirgnimh nó an déanmhais, agus
 - (II) i gcás ina bhfuil feidhm ag fo-alt (4) d’alt 372WA i ndáil le foirgneamh cóiríochta, méid an chaiteachais sin atá cáilithe lena dheimhniú de réir an ailt sin,
 - (ii) líon agus cineál na n-infheisteoirí atá ag infheistiú san fhoirgneamh nó sa déanmhas,
 - (iii) an méid atá le hinfheistiú ag gach infheisteoir, agus
 - (iv) cineál na struchtúr atá á gcur ar bun chun an infheistíocht san

fhoirgneamh nó sa
déanmhas a éascú,

mar aon le cibé faisnéis eile a
sonrófar sna treoirlínte iomchuí
mar ní a bheadh ina chabhair
don Aire Airgeadais le linn
measúnú a dhéanamh ar na
costais, lena n-áirítear costais
stáitchiste ach gan a bheith
teoranta do na costais sin, agus
na sochair a éiríonn as oibriú
faoisimh cánach i gcomhair
fhoirgneamh agus déanmhas
faoin gCaibidil seo, agus

- (d) ar ina leith a thugann Bord
Bonneagair Turasóireachta
Limistéar na Sionnainne Láir
deimhniú i scríbhinn tar éis an
fhoirgneamh nó an déanmhas a
úsáid den chéad uair nó, i gcás
ina dtabhaítear caiteachas
caipitiúil ar athfheistiú
foirgnimh nó déanmhais, tar éis
é a úsáid den chéad uair tar éis
an caiteachas sin a thabú, ar
deimhniú é—
- (i) ina luaitear gur deimhin leis
gur comhlíonadh na
coinníollacha i míreanna
(a), (b) agus (c),
- (ii) ina ndaingnítear dáta na
céadúsáide nó, de réir mar
a bheidh, dáta na
céadúsáide tar éis an
athfheistithe, agus
- (iii) ina n-áirítear deimhniúchán
de réir alt 372AW(2)(a)(ii)
nó cóip den deimhniúchán
sin (más roimhe sin a
eisíodh é).

(2) Faoi réir fho-ailt (3) agus (4) agus alt
372AZ, tá feidhm ag Caibidil 1 de Chuid 9
i ndáil le caiteachas caipitiúil arna thabú
sa tréimhse cháilitheach ar fhoirgníú nó ar
athfheistiú foirgnimh nó déanmhais lena
mbaineann an t-alt seo amhail is dá
ndéanfaí—

(a) in alt 272

- (i) i bhfo-alt (3), an méid seo a
leanas a chur in ionad
mhír (c):

‘(c) i ndáil le fhoirgneamh nó le
déanmhas lena mbaineann alt
372AX, 15 faoin gcéad den

chaiteachas caipitiúil dá dtagraítear i bhfo-alt (2) den alt sin,’

agus

- (ii) i bhfo-alt (4), an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (c):

‘(c) i ndáil le foirgneamh nó déanmhas lena mbaineann alt 372AX, 15 bliana dar tosach an tráth a úsáideadh an foirgneamh nó an déanmhas den chéad uair nó, i gcás caiteachas caipitiúil a bheith tabhaithe ar athfheistiú an fhoirgnimh nó an déanmhais, 15 bliana dar tosach an tráth a úsáideadh an foirgneamh nó an déanmhas den chéad uair tar éis an caiteachas sin a thabhtú,’

agus

- (b) in alt 274(1)(b), an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (iii):

‘(iii) i ndáil le foirgneamh nó déanmhas lena mbaineann alt 372AX, 15 bliana tar éis an foirgneamh nó an déanmhas a úsáid den chéad uair nó, i gcás caiteachas caipitiúil a bheith tabhaithe ar athfheistiú an fhoirgnimh nó an déanmhais, 15 bliana tar éis an foirgneamh nó an déanmhas a úsáid den chéad uair tar éis an caiteachas sin a thabhtú,’

(3) Sa chás ina dtabhaítear caiteachas caipitiúil sa tréimhse cháilitheach ar athfheistiú foirgnimh nó déanmhais lena mbaineann an t-alt seo, ní bheidh feidhm ag fo-alt (2) ach amháin más rud é nach lú méid iomlán an chaiteachais chaipitiúil arna thabhtú amhlaidh ná méid atá comhionann le 20 faoin gcéad de mhargadhluach an fhoirgnimh nó an déanmhais díreach sular tabhaíodh an caiteachas sin.

(4) Le linn cinneadh a dhéanamh, chun críocha na Caibidle seo, i dtaobh cibé acu, agus a mhéid, a dhéantar nó nach ndéantar caiteachas caipitiúil arna thabhtú ar fhoirgníú nó ar athfheistiú foirgnimh nó déanmhais lena mbaineann an t-alt seo a thabhtú sa tréimhse cháilitheach, déileálfar le cibé méid den chaiteachas caipitiúil sin is inchurtha go cuí i leith oibre ar fhoirgníú nó, de réir mar a bheidh, ar athfheistiú an fhoirgnimh nó an déanmhais (d'ainneoin aon fhorála eile de na hAchtanna Cánach maidir leis an tráth a dhéileáiltear nó a dhéileálfar le haon chaiteachas caipitiúil mar chaiteachas a tabhaíodh), ar obair í a rinneadh iarbhrí le linn na tréimhse cáilithí, mar chaiteachas a tabhaíodh sa tréimhse sin.

Liúntais chaipitiúla i ndáil le saoráidí bonneagair turasóireachta áirithe a fhoirgníú nó a athfheistiú.

372AY.—(1) San alt seo, ciallaíonn ‘áitreabh cáilitheach’ foirgneamh nó déanmhas—

- (a) a bhfuil a shuíomh go hiomlán laistigh de limistéar cáilitheach de chuid na Sionainne Láir,
- (b) nach foirgneamh nó déanmhas tionscail é, ar leith ón alt seo, de réir bhrí alt 268, nó nach meastar gur foirgneamh nó déanmhas den sórt sin é,
- (c) atá in úsáid chun críocha oibriú saoráide cáilithí bonneagair turasóireachta amháin nó níos mó,
- (d) (i) faoi réir fhomhír (ii), nach bhfuil foirgneamh nó déanmhas nó cuid d'fhoirgneamh nó de dhéanmhas ar áitreabh ceadúnaithe é (arna mhíniú in alt 2 den Acht Deochanna Meisciúla 1988) ar áireamh inti, ach
 - (ii) a fhéadfaidh foirgneamh nó déanmhas nó cuid d'fhoirgneamh nó de dhéanmhas ar bialann í (arna mhíniú in alt 6 den Acht Deochanna Meisciúla 1988) a bheith ar áireamh ann, agus ar bialann í—
 - (I) a bhfuil ar-cheadúnas miondfoltóra fíona, de réir bhrí an *Finance (1909-10) Act* 1910, i bhfeidhm de thuras na huairé i ndáil léi, nó

- (II) a ndearnadh ceadúnas bialainne speisialta, de réir bhrí an Achta Deochanna Meisciúla 1988, a dheonú i ndáil léi faoi alt 9 den Acht sin,
- (e) nach bhfuil foirgneamh nó déanamhas nó cuid d'fhoirgneamh nó de dhéanamhas ar áireamh ann agus é in úsáid mar shaoráid ina seoltar cearrbhachas nó geallchur d'aon saghas ar chomaoin luachmhar nó a thugann tacaíocht do sheoladh gníomhaíochtaí den sórt sin,
- (f) ar i ndáil leis a bheifear tar éis na sonraí seo a leanas a sholáthar do Bhord Bonneagair Thurasóireachta na Sionainne Láir lena gcur ar aghaidh chuig an Aire agus an Aire Airgeadais:
- (i) (I) méid an chaiteachais chaipitiúil arna thabhtú iarbhrí sa tréimhse cháilitheach ar fhoirgniú nó ar athfheistiú an fhoirgnimh nó an déanamhas; agus
- (II) i gcás ina bhfuil feidhm ag fo-alt (4) d'alt 372AW i ndáil le foirgneamh cóiríochta, méid an chaiteachais sin atá cáilithe lena dheimhniú de réir an ailt sin;
- (ii) líon agus cineál na n-infheisteoirí atá ag infheistiú san fhoirgneamh nó sa déanamhas;
- (iii) an méid atá le hinfheistiú ag gach infheisteoir; agus
- (iv) cineál na struchtúr atá á gcur ar bun chun an infheistiú san fhoirgneamh nó sa déanamhas a éascú;

mar aon le cibé faisnéis eile a sonrúfar sna treoirlínte iomchuí mar ní a bheadh ina chabhair don Aire Airgeadais le linn

measúnú a dhéanamh ar na costais, lena n-áirítear costais státchiste ach gan a bheith teoranta do na costais sin, agus na sochair a éiríonn as oibriú faoisimh cánach i gcomhair foirgneamh agus déanmhas faoin gCaibidil seo, agus

- (g) ar ina leith a thugann Bord Bonneagair Turasóireachta Limistéar na Sionnainne Láir deimhniú i scríbhinn tar éis an foirgneamh nó an déanmhas a úsáid den chéad uair nó, i gcás ina dtabhaítear caiteachas caipitiúil ar athfheistiú foirgnimh nó déanmhais, tar éis é a úsáid den chéad uair tar éis an caiteachas sin a thabú, ar deimhniú é—
- (i) ina luaitear gur deimhin leis gur comhlíonadh na coinníollacha i míreanna (a), (b), (c), (d), (e) agus (f),
- (ii) ina ndaingnítear dáta na céadúsáide nó, de réir mar a bheidh, dáta na céadúsáide tar éis an athfheistithe, agus
- (iii) ina n-áirítear deimhniúchán de réir alt 372AW(2)(a)(ii) nó cóip den deimhniúchán sin (más roimhe sin a eisíodh é).
- (2) (a) Faoi réir mhír (b), fho-ailt (3) go (5) agus alt 372AZ, maidir leis na forálacha de na nAchtanna Cánach a bhaineann le liúntais a thabhairt agus muirir a ghearradh i leith caiteachais chaipitiúil arna thabú ar fhoirgníú nó ar athfheistiú foirgnimh nó déanmhais tionscail, beidh feidhm acu, d'ainneoin aon ní dá mhalairt sna forálacha sin—
- (i) amhail is dá mba é a bheadh in áitreabh cáilitheach, gach tráth ar áitreabh cáilitheach é, ná foirgneamh nó déanmhas a bhfuil liúntas le tabhairt ina leith chun críocha cánach ioncaim nó cánach corparáide, de réir mar a bheidh, faoi Chaibidil 1 de

Chuid 9 mar gheall ar é a úsáid chun críche a shonraítear in alt 268(1)(a), agus

(ii) i gcás nach trádáil aon ghníomhaíocht a sheoltar san áitreabh cáilitheach, amhail is (d'aon toisc chun liúntais a thabhairt nó muirir a ghearradh de bhua fhomhír (i)) dá mba thrádáil í.

(b) Ní thabharfar liúntas de bhua an fho-ailt seo i leith aon chaiteachais chaipitiúil arna thabhtú ar fhoirgníú nó ar athfheistiú áitribh cháilithigh ach amháin a mhéid a thabhaítear an caiteachas sin sa tréimhse cháilitheach.

(3) Sa chás ina dtabhaítear caiteachas caipitiúil sa tréimhse cháilitheach ar athfheistiú áitribh cháilithigh, ní bheidh feidhm ag fo-alt (2) ach amháin más rud é nach lú méid iomlán an chaiteachais chaipitiúil arna thabhtú amhlaidh ná méid atá comhionann le 20 faoin gcéad de mhargadhluach an fhoirgnimh nó an déanmhais díreach sular tabhaíodh an caiteachas sin.

(4) Chun críocha fheidhmiú Chaibidil 1 de Chuid 9 le fo-alt (2), i ndáil le caiteachas caipitiúil arna thabhtú sa tréimhse cháilitheach ar fhoirgníú nó ar athfheistiú áitribh cháilithigh—

(a) beidh feidhm ag alt 272 amhail is dá mba rud é—

(i) go gcuirfí an méid seo a leanas in ionad mhír (a) i bhfo-alt (3):

'(a) i ndáil le foirgneamh nó déanmhais lena mbaineann alt 372AY, 15 faoin gcéad den chaiteachas caipitiúil dá dtagraítear i bhfo-alt (2)(b) den alt sin,'

agus

(ii) go gcuirfí an méid seo a leanas in ionad mhír (a) i bhfo-alt (4):

‘(a) i ndáil le foirgneamh nó déanmhas lena mbaineann alt 372AY, 15 bliana dar tosach an tráth a úsáideadh an foirgneamh nó an déanmhas den chéad uair nó, i gcás ina dtabhaítear caiteachas caipitiúil ar athfheistiú an fhoirgnimh nó an déanmhais, 15 bliana dar tosach an tráth a úsáideadh an foirgneamh nó an déanmhas den chéad uair tar éis an caiteachas sin a thabhu,’

agus

- (b) beidh feidhm ag alt 274(1)(b) amhail is dá mba rud é go gcuirfí an méid seo a leanas in ionad fhomhír (i):

‘(i) i ndáil le foirgneamh nó déanmhas lena mbaineann alt 372AY, 15 bliana tar éis an fhoirgneamh nó an déanmhas a úsáid den chéad uair nó, i gcás ina dtabhaítear caiteachas caipitiúil ar athfheistiú an fhoirgnimh nó an déanmhais, 15 bliana tar éis an fhoirgneamh nó an déanmhas a úsáid den chéad uair tar éis an caiteachas sin a thabhu.’

(5) Le linn cinneadh a dhéanamh, chun críocha na Caibidle seo, i dtaobh cibé acu, agus a mhéid, a dhéantar nó nach ndéantar caiteachas caipitiúil arna thabhu ar fhoirgníú nó ar athfheistiú áitribh cháilithigh a thabhu sa tréimhse cháilitheach, déileálfar le cibé méid den chaiteachas caipitiúil sin is inchurtha go cuí i leith oibre ar fhoirgníú nó, de réir mar a bheidh, ar athfheistiú an áitribh (d’ainneoin aon fhorála eile de na hAchtanna Cánach maidir leis an tráth a dhéileáiltear nó a dhéileálfar le haon chaiteachas caipitiúil mar chaiteachas a tabhaíodh), ar obair í a rinneadh iarbhír le linn na tréimhse cáilithí, mar chaiteachas a tabhaíodh sa tréimhse sin.

Srianta maidir le faoiseamh, gan feidhm a bheith ag faoiseamh i gcásanna áirithe agus foráil in aghaidh faoisimh dhúbailte.

372AZ.—(1) D'ainneoin aon fhorála eile den Chaibidil seo, ní bheidh feidhm ag ailt 372AX agus 372AY i leith caiteachais arna thabhtú ar fhoirgníú nó ar athfheistiú foirgnimh nó déanmhais—

(a) (i) i gcás ina bhfuil forbróir maoiné i dteideal an leasa iomchuí, de réir bhrí alt 269, i ndáil leis an gcaiteachas sin, agus

(ii) i gcás inar thabhaigh an duine dá dtagraítear i bhfomhír (i) nó duine atá bainteach (de réir bhrí alt 10) leis an duine sin an caiteachas ar fhoirgníú nó ar athfheistiú an fhoirgnimh nó an déanmhais lena mbaineann,

(b) i gcás ina bhfuil aon chuid den chaiteachas sin íoctha nó le híoc, go díreach nó go neamhdhíreach, trí chúnamh deontais nó trí aon chúnamh eile arna dheonú ag an Stát nó tríd an Stát, ag aon bhord, nó trí aon bhord, arna bhunú le reacht, ag aon údarás poiblí nó áitiúil, nó trí aon údarás poiblí nó áitiúil, nó ag aon ghníomhaireacht eile de chuid an Stáit nó trí aon ghníomhaireacht eile de chuid an Stáit,

(c) mura rud é go bhfuil na líuntais chaipitiúla ionchasacha i ndáil leis an bhfoirgneamh nó an déanmhas lena mbaineann agus an tionscadal a bhfuil sé ar aireamh ann de réir cheanglais Rialachán (CE) Uimh No 1628/2006 an 24 Deireadh Fómhair 2006 ón gCoimisiún i dtaobh fheidhm Airteagail 87 agus 88 de Chonradh na gComhphobal Eorpach maidir le cúnamh infheistíochta náisiúnta réigiúnach⁵.

(2) I gcás ina dtabharfar faoiseamh de bhua alt 372AX nó 372AY i ndáil le caiteachas caipitiúil arna thabhtú ar fhoirgníú nó ar athfheistiú foirgnimh nó déanmhais, ní thabharfar faoiseamh i leith an chaiteachais sin faoi aon fhoráil eile de na hAchtanna Cánach.

(3) Más rud é—

⁵IO Uimh. L 302 an 1.11.2006 lch.29

- (a) go dtabhófar caiteachas caipitiúil sa tréimhse cháilitheach ar fhoirgníú nó ar athfheistiú foirgnimh cóiríochta, agus
- (b) go bhfuil feidhm ag fo-alt (4) d'alt 372AW d'fhonn an méid den chaiteachas sin atá cáilithe lena dheimhniú de réir an ailt sin ag Bord Bonneagair Turasóireachta na Sionainne Láir a laghdú,

ansin déanfar an méid den chaiteachas caipitiúil, arna thabhtú iarbhr sa tréimhse cháilitheach ar fhoirgníú nó ar athfheistiú an fhoirgnimh cóiríochta, atá le háireamh mar chaiteachas a tabhaíodh—

- (i) chun liúntais a thabhairt agus muirir a ghearradh faoi Chaibidil 1 de Chuid 9, de bhua alt 372AX nó 372AY, (lenan-áirítear liúntais chothromaíochta a thabhairt agus muirir chothromaíochta a ghearradh faoi alt 274 agus iarmhar an chaiteachais a ríomh faoi alt 277), ach
- (ii) roimh oibriú fho-alt (4),

a laghdú go dtí méid an chaiteachais chaipitiúil a bhí cáilithe lena dheimhniú ag Bord Bonneagair Turasóireachta na Sionainne Láir i ndáil leis an bhfoirgneamh sin.

(4) I gcás feidhm le bheith ag faoiseamh faoi Chaibidil 1 de Chuid 9, de bhua alt 372AX nó 372AY, i ndáil le caiteachas caipitiúil arna thabhtú sa tréimhse cháilitheach ar fhoirgníú nó ar athfheistiú foirgnimh nó déanmhais a bhfuil a shuíomh go hiomlán laistigh de limistéar de chuid na Sionainne Láir arna thuairisciú i gCuid 1 nó i gCuid 5 de Sceideal 8B (arna chur isteach leis an *Acht Airgeadais 2007*), ansin déanfar an méid den chaiteachas caipitiúil sin a bhfuiltear chun déileáil leis mar chaiteachas arna thabhtú chun liúntais a thabhairt agus muirir a ghearradh faoin gCaibidil sin (lena n-áirítear liúntais chothromaíochta a thabhairt agus muirir chothromaíochta a ghearradh faoi alt 274 agus iarmhar an chaiteachais a ríomh faoi alt 277) a laghdú go dtí 80 faoin gcéad den mhéid a ndéileálfá leis amhlaidh thairis sin, ar leith ón bhfo-alt seo.

- (5) (a) Chun liúntais a thabhairt nó muirir a ghearradh faoi Chaibidil 1 de Chuid 9, de réir mar a dhéantar tagairt dó sin i

bhfo-alt (3) agus (4), déanfar tagairtí sna hAchtanna Cánach, seachas na tagairtí in alt 279 arna chur chun feidhme le mír (b), do chaiteachas arna thabhtú ar fhoirgniú nó, de réir mar a bheidh, ar athfheistiú foirgnimh nó déanmhais a fhorléiriú mar thagairt don chaiteachas sin arna laghdú de réir ceachtar den dá fho-alt sin nó de réir an dá fho-alt sin.

- (b) Beidh feidhm ag alt 279 i ndáil le foirgneamh nó déanmhais a bhfuil feidhm ag fo-alt (3) nó (4), nó ag an dá fho-alt sin, maidir leis amhail is dá mba rud é—

- (i) go gcuirfí an méid seo a leanas in ionad an mhínithe ar ‘glanphraghas arna íoc’ i bhfo-alt (1) den alt sin:

‘ciallaíonn “glanphraghas arna íoc” an méid dá bhfreagraíonn A sa chothromóid—

$$A = B \times \frac{C}{D + E}$$

más rud é—

gurb é B an méid a d’íoc duine chun an leas iomchuí san fhoirgneamh nó sa déanmhais a cheannach,

gurb é C méid an chaiteachais a tabhaíodh iarbhír ar fhoirgniú an fhoirgnimh nó an déanmhais arna laghdú de réir fho-alt (3) nó (4) d’alt 372AZ nó de réir an dá fho-alt sin,

gurb é D méid an chaiteachais a tabhaíodh iarbhír ar fhoirgniú an fhoirgnimh nó an déanmhais, agus

gurb é E méid aon chaiteachais a tabhaíodh iarbhír ar caiteachas é chun críocha mhír (a), (b) nó (c) d’alt 270(2) .’,

- (ii) go gcuirfí an méid seo a leanas in ionad mhír (b) i bhfo-alt (2) den alt sin:

‘(b) maidir leis an duine a cheannóidh an leas sin, measfar ina leith, chun na gcríoch sin, gur thabhaigh sé nó sí, ar an dáta a tháinig an praghas ceannaigh chun bheith iníoctha, caiteachas ag foirgniú an fhoirgnimh nó an déanmhais ar caiteachas é atá combhionann leis an gcaiteachas sin arna laghdú de réir fho-alt (3) nó (4) d’alt 372AZ nó de réir an dá fho-alt sin nó leis an nglanphraghas arna íoc (de réir bhrí an téarma sin arna chur chun feidhme le halt 372AZ(5)) ag an duine sin ar an leas sin, cibé acu is lú;’

agus

(iii) i bhfo-alt (3) den alt sin, gur thagairt do ‘leis an gcaiteachas sin, arna laghdú de réir fho-alt (3) nó (4) d’alt 372AZ nó de réir an dá fho-alt sin, nó leis’ an tagairt do ‘leis an gcaiteachas sin nó leis.’.

(b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Sceideal 8A:

“Alt 372AW.

SCEIDEAL 8B

TUAIRISC LIMISTÉAR CÁILITHEACH NA
SIONAINNE LÁIR

CUID 1

*Tuairisc limistéir cháilitheacha na
Sionainne Láir i gContae an Chláir*

Na Toghranna Ceantair seo a leanas: an Aill, Baile na hInse, Bóthar Glas, Cathair Urthaille, an Ceapach Bán, an Cheathrú Bhán, Cluain Oscair, Cúil Riabhach, Corr Liath, Doire na gCiotach, Drom Meadhoin, Faiche Mhór, an Fhiacail, Inis Cealltrach Thuaidh, Inis Cealltrach Theas, Cill Dalua, Cill Ó gCinnéide, Cill Iubhran, Cill Soidle, Leaca Riabhach, Loch Éa, Baile Uí Bheoláin, Droichead Uí Bhriain, Tuath Ó gConaile agus an Scairbh.

CUID 2

*Tuairisc limistéir cháilitheacha na
Sionainne Láir i gContae na Gaillimhe*

Na Toghanna Ceantair seo a leanas: Mainistir Uí Ghormacáin, Rann na Mainistreach, Béal Átha na Sluaighe (Tuath), Béal Átha na Sluaighe (Uirbeach), An Baile Glas, Baile na gCearr, Breaclach, Cluain Fearta, Cluain Tuaiscirt, an Cuas, Darú, Droim Caora, Droman, Dún an Uchta, Baile an Ruáin, Cill Íomair (limistéar tuaithe Phort Omna), Cill Mac Seáin, Cill Molingóg, Cill Cuán, Cill Tormóir, an Choill Mhór, an Baile Mór, Liatroim, Lios Maine, Loch an Tóraic, an Creigín, Míleac, an Móta, Pailís, Port Omna, Tír Chinn Eascrach, Tíne agus an Ghráig.

CUID 3

*Tuairisc limistéir cháilitheacha na
Sionainne Láir i gContae Uíbh Fhailí*

Na Toghanna Ceantair seo a leanas: Béal Átha Chomair, Beannchar, Biorra (Tuath), Biorra (Uirbeach), Brothlach, an Clochán, Cluain Mhic Nóis, Doire Fhada, an Dún, Droim Cuilinn, an Eaglais, an Féar Bán, Gailinne, Sráid Uí Eidhin, Baile Hunstain, Cill Liaine, Lomchluain, Lusmhaigh, Bealach an Fhothair, Maigh Cláir, Droichead na Sionainne, Caladh na Sionainne, an tSraith agus Tigh na Muc.

CUID 4

*Tuairisc limistéir cháilitheacha na
Sionainne Láir i gContae Ros Comáin*

Na Toghanna Ceantair seo a leanas: Áth Liag Thoir, Áth Liag Thiar, Áth Luain Thiar (Tuath), Baile Daighean, Baile na Móna, Caisleán Samsún, Cealltrach, Camach, Carnach, Ceathrú Riabhach, Cluain Bheirn, Cluain Eóin, Crannach, Críoch, Cúil Luachra, Drom Lois, Díseart Maoltuille, Fiodharta, Cill Gharadh, Cill Tuama, Leacain, Leithcheathramha, Lios Macha, Múr, Móta, Cnoc na Creige, Ros Comáin (Tuath), Ros Comáin (Uirbeach), Screig, Teach mac Conaill, Baile Thomáis agus an Turrac.

CUID 5

*Tuairisc ar limistéir cháilitheacha na
Sionainne Láir i gContae Thiobraid
Árann*

Na Toghranna Ceantair seo a leanas: Eaglais Chlocháin, Ard Cróine, Béal an Átha, Baile an Gharraí (i dtuathcheantar Bhuiríos uí Chéin), Baile Ghiobúin, Baile an Lusca, Baile mhic Aodha, Baile na Cloiche, Cnocán an Éinfhinn, Buiríos uí Chéin, Buiríos Bheag, Carraig an Tóchair, Baile an Chaisleáin, Cloch Prior, Cloch Sheascain, Cloch Shiurdáin, Doire an Chaisleáin, Fionn Mhagh, an Ghráig (i dtuathcheantar Bhuiríos uí Chéin), Greenhall, Cill Bairrfhinn, Cill Coimínte, Cill Ó Scolaí, Cill Céire, Cill Mhór, Cill na Rátha, Cnaoi, Leacach, Lothra Thoir, Lothra Thiar, Cloch an Cheitinnigh, Muing Suí, Aonach Urmhumhan Thoir Uirbeach, Aonach Urmhumhan Tuath, Aonach Urmhumhan Thiar Uirbeach, Tulach Sheasta, Ráth Cabáin, Áth Coille Ruaidhe, Baile uí Lachnáin, Tír dá Ghlas, Uscán agus Eochail Ára.

CUID 6

*Tuairisc ar limistéir cháilitheacha na
Sionainne Láir i gContae na hIarmhí*

Na Toghranna Ceantair seo a leanas: Áth Luain Thoir (Tuath), Áth Luain Thoir (Baile), Áth Luain Thiar (Baile), Ard na gCreach, Achadh na Gréine, An Baile Mór, Béal Átha na Leac, Carn, Caisleán uí Dhálaigh, Duibhinis, Drumraney, Glasán, Cill Fhionnabhrach, Móta, An Grianán, Mágh Droma, Muicineach, Nuachongbháil, Teampall Pádraig, Tiobraid, Móin na Manach agus Baile na Gaoithe”,

agus

- (c) i Sceideal 25B, tríd an méid seo a chur isteach i ndiaidh an ábhair atá leagtha amach os coinne uimhir thagartha 36:

“

36A.	Alt 372AX (líontais chaipitiúla luathaithe i ndáil le foirgníú nó athfheistiú campaí saoire cláraithe áirithe).	Méid atá comhionann— (a) le méid comhiomlán na líuntas (lena n-áirítear líontais chothromaíochta) a rinneadh leis an bpearsa aonair don bhliain chánach faoi Chaibidil 1 de Chuid 9 mar a chuirtear an Chaibidil sin chun feidhme le halt 372AX, lena n-áirítear aon líontais den sórt sin, nó aon chuid d'aon líontais den sórt sin, a rinneadh leis an bpearsa aonair do bhliain chánach roimhe sin agus a tugadh ar aghaidh ón mbliain chánach sin roimhe sin de réir Chuid 9, nó
------	---	---

		(b) i gcás nár tugadh éifeacht iomlán i leith an chomhiomláin sin don bhliain chánach sin, leis an gcuid den chomhiomlán sin a mbeidh éifeacht iomlán tugtha dó don bhliain chánach de réir alt 278 agus alt 304 nó 305, de réir mar a bheidh, nó de réir aon cheann de na hailt sin arna chur chun feidhme nó arna mhodhnú le haon fhoráil eile de na hAchtanna Cánach.
36B.	Alt 372AY (liúntais chaipitiúla i ndáil le foirgniú nó athfheistiú saoráidí bonneagair turasóireachta áirithe).	Méid atá comhionann— (a) méid comhiomlán na liúntas (lena n-áirítear liúntais chothromaíochta) a rinneadh leis an bpearsa aonair don bhliain chánach faoi Chaibidil 1 de Chuid 9 mar a chuirtear an Chaibidil sin chun feidhme le halt 372AY, lena n-áirítear aon liúntais den sórt sin, nó aon chuid d'aon liúntais den sórt sin, a rinneadh leis an bpearsa aonair do bhliain chánach roimhe sin agus a tugadh ar aghaidh ón mbliain chánach sin roimhe sin de réir Chuid 9, nó (b) i gcás nár tugadh éifeacht iomlán i leith an chomhiomláin sin don bhliain chánach sin, leis an gcuid den chomhiomlán sin a mbeidh éifeacht iomlán tugtha dó don bhliain chánach de réir alt 278 agus alt 304 nó 305, de réir mar a bheidh, nó de réir aon cheann de na hailt sin arna chur chun feidhme nó arna mhodhnú le haon fhoráil eile de na hAchtanna Cánach.

”.

(2) Tagann an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Airgeadais le hordú agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

Leasú ar alt 1008 (measúnacht ar leithligh ar chomhpháirtithe) den Phríomh-Acht.

30.—(1) Leasaítear alt 1008 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (2)(a)—

(i) tríd an téacs láithreach a athuimhriú mar fhomhír (i), agus

(ii) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (i):

“(ii) Más rud é, maidir le haon bhliain nó tréimhse laistigh den tréimhse iomchuí, go mbeidh comhiomlán mhéideanna na mbrabús nó na ngnóchan faoi seach (dá ngairtear ‘an chomhiomlán’ san fhomhír seo) a mheastar, faoi fhomhír (i), a bheith ag eascairt chuig gach comhpháirtí sa chomhpháirtíocht, níos lú ná méid iomlán bhrabúis nó ghnóchain thrádáil na comhpháirtíochta maidir leis an mbliain sin nó leis an tréimhse sin, ansin déanfar méid na difríochta (dá ngairtear ‘an t-iarmhéid’ san fhomhír seo) idir an méid iomlán sin

agus an comhiomlán a chionroinnt go hiomlán, chun críocha fho-alt (1), idir na comhpháirtithe—

- (I) de réir an chóimheasa a bheidh sainráite idir na comhpháirtithe i ndáil le cionroinnt an iarmhéid, nó
- (II) i gcás nach mbeidh aon chóimheas den sórt sin sainráite—
 - (A) de réir an chóimheasa chéanna leis an gcóimheas a bhfuil feidhm aige idir méideanna na mbrabús nó na ngnóchan faoi seach, a measadh, faoi fhomhír (i), a bheith ag eascairt chuig gach comhpháirtí, nó
 - (B) i gcás nár measadh faoi fhomhír (i) méid ar bith brabús nó ngnóchan a bheith ag eascairt chuig aon chomhpháirtí ar leithligh, i sciartha comhionanna.”,

agus

(b) trí fho-alt (4) a scriosadh.

(2) Tá feidhm ag *fo-alt (1)* den alt seo maidir le méid iomlán brabús nó ngnóchan trádála comhpháirtíochta (dá bhforáiltear i bhfo-alt (3)(a) d’alt 1008 den Phríomh-Acht chun críocha fho-alt (2) den alt sin) d’aon bhliain nó tréimhse dar críoch an 1 Eanáir 2007 nó dá éis.

31.—(1) Leasaítear Caibidil 2 de Chuid 18 den Phríomh-Acht—

Leasú ar Chaibidil 2 (focailochtaí le fochonraitheoirí i dtionscail áirithe) de Chuid 18 den Phríomh-Acht.

(a) in alt 530(1), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (c) den mhíniú ar “oibríochtaí foirgníochta”:

“(ca) córais teileachumarsáide a shuiteáil in aon fhoirgneamh nó déanmhas, nó ar aon fhoirgneamh nó déanmhas,”,

agus

(b) in alt 531—

(i) i bhfo-alt (1)—

(I) i mír (b)(i), trí “talamh a fhorbairt (de réir bhrí alt 639 (1)) nó” a chur isteach i ndiaidh “foirgnimh a thógáil nó”, agus

(II) i mír (f), trí “nó aon bhord nó comhlacht arna bhunú le cairt ríoga nó faoi chairt ríoga agus arna mhaoiniú go hiomlán nó go formhór as airgead arna sholáthar ag an Oireachtas” a chur isteach i ndiaidh “faoi reacht”,

(ii) i bhfo-alt (2), trí “nó talamh a fhorbairt” a chur isteach i ndiaidh “foirgnimh a thógáil”,

(iii) i bhfo-alt (6)

(I) i mír (b)(ii), trí “agus” a scriosadh agus i mír (b)(iii) trí “dearbhu den sórt sin a iniúchadh, agus” a chur in ionad “dearbhu den sórt sin a iniúchadh”, agus

(II) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (b)(iii):

“(iv) príomhaithe do sheachadadh aon dearbhú nó gach dearbhú den sórt sin ar na Coimisinéirí Ioncaim;”,

agus

(iv) i bhfo-alt (14)—

(I) i mír (c)(iv)(II), trí “nó” a scriosadh agus, i mír (c)(iv)(III), trí “a thabhairt ar aird, nó” a chur in ionad “a thabhairt ar aird,”, agus

(II) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (c)(iv)(III):

“(IV) dearbhuithe a sheachadadh ar na Coimisinéirí Ioncaim.”.

(2) (a) Faoi réir mhír (b), tá éifeacht le fo-alt (1) amhail ar agus ó dháta rite an Achta seo.

(b) Tá éifeacht le míreanna (a), (b)(i) agus (b)(ii) d’fho-alt (1) maidir le conarthaí iomchuí arna ndéanamh an 1 Bealtaine 2007 nó dá éis.

Leasú ar Chuid 36A (cuntais dreasachta coigiltis speisialta) den Phríomh-Acht.

32.—Leasaítear an Príomh-Acht i gCuid 36A tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 848Q:

“Tuairisceáin eile.

848QA.—Déanfaidh bainisteoir cáilitheach coigiltis, atá nó a bhí cláraithe de réir alt 848R, nuair a cheanglóidh na Coimisinéirí Ioncaim air nó uirthi déanamh amhlaidh, tuairisceán a thabhairt dóibh i bhformáid leictreonach a shonróidh siad, ar tuairisceán é ina leagfar amach, i ndáil le gach ceann de na cuntais dreasachta coigiltis speisialta atá á bhainistiú ag an mbainisteoir cáilitheach coigiltis, nó i ndáil le cibé earnáil de na cuntais sin a shonróidh na Coimisinéirí Ioncaim, cibé sonraí i ndáil le gach cuntas a shonróidh na Coimisinéirí Ioncaim.”.

Leasú ar Chuid 36B (pínsín: creidmheasanna cánach dreasachta) den Phríomh-Acht.

33.—Leasaítear an Príomh-Acht i gCuid 36B tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 848AB:

“Creidmheasanna cánach a tharraingt siar.

848ABA.—(1) San alt seo— tá le ‘méid arna iarraidh’ an bhrí a shanntar dó i bhfo-alt (2);

ciallaíonn ‘méid arna choimeád’, i ndáil le méid arna iarraidh agus faoi réir fho-alt (4), an méid a chinnfear de réir na foirmle—

$$R \times \frac{C}{S + C}$$

más rud é—

gurb é R an méid arna iarraidh,

gurb é C comhiomlán an chreidmheasa cánach agus an chreidmheasa cánach breise, i ndáil leis an suibscríobh pinsin arna dhéanamh ag an bpearsa aonair, agus

gurb é S méid an tsuibscríofa pinsin;

ciallaíonn ‘lá dílseacháin’, i ndáil le táirge pinsin pearsan aonair, an lá a dhéileáilann riarthóir, de réir alt 848AA, le creidmheasanna cánach mar ranníoc saorálach breise, mar ranníoc CCSP, nó de réir mar a bheidh, mar phréimh faoi chonradh blianachta, arna dhéanamh ag an bpearsa aonair.

(2) Más rud é gurb é an 29 Meán Fómhair 2006 nó aon lá dá éis an lá dílseacháin i ndáil le táirge pinsin pearsan aonair, agus go ndéanann an phearsa aonair, laistigh de thréimhse 1 bhliain dar tosach an lá dílseacháin, a cheangal ar an riarthóir méid (dá ngairtear ‘méid arna iarraidh’ san alt seo) a íoc leis nó léi—

(a) i gcás ina bhfuil íocaíocht le déanamh an 10 Aibreán 2007 nó dá éis, déanfaidh an riarthóir an méid arna choimeád i ndáil leis an méid arna iarraidh a asbhaint ón méid arna iarraidh, agus

(b) i gcás ina ndéantar íocaíocht roimh an 10 Aibreán 2007, measúnófar an phearsa pearsa aonair i leith cánach ioncaim don bhliain mheasúnachta 2007 i cibé méid a chinnteodh go bhfuil an phearsa aonair faoi dhliteanas méid atá comhionann leis an méid arna choimeád, i ndáil leis an méid arna iarraidh, a íoc leis na Coimisinéirí Ioncaim .

(3) Más rud é, de réir fho-alt (2)(a), go ndéanann riarthóir méid arna choimeád a asbhaint, tá an riarthóir faoi dhliteanas an méid sin a íoc leis na Coimisinéirí Ioncaim de réir socruithe a chinnfidh siad.

(4) Is méid nialais an méid arna choimeád i ndáil le haon chuid de mhéid arna iarraidh nó de chomhiomlán méideanna arna n-iarradh atá níos mó ná comhiomlán an chreidmheasa cánach, an chreidmheasa cánach breise agus an tsuibscríofa pinsin.

(5) Déanfaidh riarthóir, nuair a iarrfaidh na Coimisinéirí Ioncaim air nó uirthi déanamh amhlaidh, an fhaisnéis seo a leanas a thabhairt dóibh maidir le gach pearsa aonair a cheangail ar an riarthóir méid arna iarraidh a íoc—

- (a) ainm na pearsan aonair,
- (b) seoladh na pearsan aonair,
- (c) Uimhir PSP na pearsan aonair,
- (d) i ndáil leis an suibscríobh pinsin a rinne an phearsa aonair, méid an chreidmheasa cánach a éilíodh agus a íocadh,
- (e) méid an chreidmheasa cánach breise a éilíodh agus a íocadh,
- (f) an méid arna iarraidh,
- (g) an méid a d'asbhain an riarthóir ón méid arna iarraidh,
- (h) an dáta a rinneadh íocaíocht leis an bpearsa aonair, agus
- (i) cibé faisnéis eile a éileoidh ó na Coimisinéirí Ioncaim.”.

Íocaíochtaí áirithe úis ag glacadóirí taisce.

34.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht—

(a) in alt 256(1)—

(i) sa mhíniú ar “taisce iomchuí”—

(I) i mír (g)(ii), trí “nó” a scriosadh agus, i mír (h)(ii), trí “an uimhir charthanais (CHY),” a chur in ionad “an uimhir charthanais (CHY);”, agus

(II) trí na míreanna seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (h):

“(i) ar taisce í dá dtagraítear i bhfo-alt (1A), nó

(j) ar taisce í dá dtagraítear i bhfo-alt (1B);”,

(ii) sa mhíniú ar “glacadóir taisce iomchuí” tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (ca):

“(cb) idirghabhálaí sonraithe ach sin i ndáil le taisce shonraithe agus le taisce den sórt sin amháin,”

(iii) sa mhíniú ar “cuntas scaireanna téarma speisialta” trí “alt 267A;” a chur in ionad “alt 267A.”, agus

- (iv) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar “cuntas scaireanna téarma speisialta”:

“ciallaíonn ‘taisce shonraithe’ taisce d’aicme arna hainmniú ag an Aire chun críocha an mhínithe seo;

ciallaíonn ‘idirghabhálaí sonraithe’ duine arna cheapadh nó arna ceapadh ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta chun taiscí sonraithe a ghlacadh agus chuige sin amháin.”

- (b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 256(1):

“(1A) Is taisce lena mbaineann an fo-alt seo í taisce, maidir le haon bhliain mheasúnachta, más rud é—

- (a) (i) aon tráth sa bhliain mheasúnachta sin go mbeidh 65 bliana d’aois slánaithe ag an bpearsa aonair ag a bhfuil teideal tairbhiúil chun an úis nó ag céile na pearsan aonair, agus

- (ii) nach mó ioncam iomlán na pearsan aonair don bhliain mheasúnachta sin ná an méid sonraithe (de réir bhrí alt 188(2)) is infheidhme i leith na pearsan aonair sin,

agus

- (b) gur mbeifear tar éis dearbhú den chineál a luaitear in alt 263A a thabhairt don ghlacadóir taisce iomchuí.

(1B) Is taisce lena mbaineann an fo-alt seo í taisce, maidir le haon bhliain mheasúnachta, más rud é—

- (a) (i) gur duine iomchuí (de réir bhrí alt 267(1)(b)) an phearsa aonair, nó céile na pearsan aonair, ag a bhfuil teideal tairbhiúil chun aon úis arna íoc i leith na taisce sin sa bhliain mheasúnachta sin agus go mbeadh an phearsa aonair, de réir alt 267(3), i dteideal go n-aisíocfaí leis nó léi iomlán aon chánach cuí dá mba rud é gur asbhaineadh í ón ús sin, nó

- (ii) gur duine atá díolmhaithe ó cháin ioncain de bhua alt 189A(2) an duine atá i dteideal aon úis arna íoc i leith na taisce sin sa bhliain mheasúnachta sin agus go mbeadh an duine sin, de réir alt 267(2), i dteideal go n-aisíocfaí leis nó léi iomlán aon chánach cuí dá mba rud é gur asbhaineadh í ón ús sin,

- (b) go mbeifear tar éis dearbhú den chineál a luaitear in alt 263B a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncain,

- (c) go mbeidh fógra den chineál a luaitear in alt 263C eisithe ag na Coimisinéirí Ioncain chuig an nglacadóir taisce iomchuí á rá gur taisce iomchuí lena mbaineann an fo-alt seo an taisce

agus nach ndéantar an fógra sin a chealú de réir alt 263C(2), agus

- (d) nach pearsa aonair dá dtagraítear i bhfo-alt (1A), seachas pearsa aonair is duine iomchuí de réir bhrí alt 267(1)(b), an phearsa aonair ag a bhfuil teideal tairbhiúil chuig an ús,

agus más rud é, de bhua alt 263C(2), nach taisce lena mbaineann an fo-alt seo, i leith aon bhliana measúnachta, an taisce, ansin déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim, dá réir sin, an méid sin in iúl don ghlacadóir taisce agus más rud é, aon tráth, go mbeidh na Coimisinéirí Ioncaim tar éis an méid sin a chur in iúl don ghlacadóir taisce amhlaidh, ní taisce lena mbaineann an fo-alt seo an taisce ón tráth sin amach.”,

- (c) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 261A:

“Cánachas ar ús sonraithe.

261B.—(1) San alt seo ciallaíonn ‘ús sonraithe’ ús a eascraíonn chuig duine i leith taisce ar maidir léi a bheidh dearbhú déanta ag an duine faoi fho-alt (1A) nó (1B) d’alt 256 agus ar taiscí í nach bhfuil san áireamh san ús iomchuí chun críocha mhír (c)(i)(II) d’alt 261.

(2) D’ainneoin aon fhorála eile de na hAchtanna Cánach Ioncaim, déanfar méid an ioncaim inchánach ar a ndéanfar cáin ioncaim a mhuirearú ar dhuine de réir an ráta chaighdeánaigh d’aon bhliain mheasúnachta a mhéadú de mhéid atá comhionann le méid ús sonraithe an duine sin ar a mbeidh cáin ioncaim don bhliain sin le ríomh.

(3) Níl feidhm ag alt 246(2) maidir le híocaíocht úis shonraithe más rud é go mbeadh feidhm aige thairis sin.”,

- (d) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 263:

“Dearbhuithe chuig glacadóir taisce iomchuí i ndáil le taiscí daoine áirithe.

263A.—(1) Maidir leis an dearbhú dá dtagraítear in alt 256(1A), is dearbhú i scríbhinn chuig glacadóir taisce iomchuí é—

- (a) a dhéanann pearsa aonair (dá ngairtear ‘an dearbhóir’ san alt seo) a mbeidh aon ús ar an taisce a bhfuil an dearbhú á dhéanamh ina leith iníoctha ag an nglacadóir taisce iomchuí leis nó léi, agus é sínithe ag an dearbhóir,

- (b) a dhéantar i cibé foirm a fhorordóidh, a údaróidh nó a cheadóidh na Coimisinéirí Ioncaim,

- (c) lena ndearbhaítear gurb amhlaidh, an tráth a dhéantar an dearbhú—
- (i) go bhfuil 65 bliana d'aois slánaithe ag an bpearsa aonair a bhfuil teideal tairbhiúil aige nó aici, nó ag a chéile nó a céile, chuig an ús i ndáil leis an taise, agus
- (ii) nach mbeidh ioncam iomlán na pearsan aonair don bhliain mheasúnachta ina ndéantar an dearbhú níos mó ná an méid sonraithe (de réir bhrí alt 188(2)) is infheidhme i leith na pearsan aonair sin,
- (d) ina mbeidh, maidir leis an bpearsa aonair, nó de réir mar a bheidh, maidir le gach duine de na pearsana aonair, a luaitear i mír (c)—
- (i) ainm agus seoladh na pearsan aonair,
- (ii) dáta breithe na pearsan aonair a bhfuil 65 bliana d'aois slánaithe aige nó aici, agus
- (iii) Uimhir PSP (de réir bhrí alt 891B) na pearsan aonair,
- (e) ina mbeidh gealltanais ón dearbhóir go ndéanfaidh sé nó sí, más rud é nach bhfuil na coinníollacha atá leagtha amach i mír (a) d'alt 256(1A) á gcomhlíonadh ag an bpearsa aonair nó, de réir mar a bheidh, ag aon duine de na pearsana aonair, a luaitear i mír (d), an méid sin a chur in iúl don ghlacadóir taise iomchuí, agus
- (f) ina mbeidh cibé faisnéis eile a éileoidh na Coimisinéirí Ioncaim le réasún chun críocha na Caibidle seo.

(2) Tá feidhm ag alt 263(2) maidir le dearbhuithe den chineál a luaitear san alt seo mar atá feidhm aige maidir le dearbhuithe den chineál a luaitear san alt sin.

Dearbhuithe chuig na Coimisinéirí Ioncaim i ndáil le taise daoine áirithe.

263B.—Maidir leis an dearbhú dá dtagraítear in alt 256(1B), is dearbhú i scríbhinn chuig na Coimisinéirí Ioncaim é—

- (a) a dhéanann pearsa aonair (dá ngairtear ‘an dearbhóir’ san alt seo) a mbeidh aon ús ar an taisce a bhfuil an dearbhú á dhéanamh ina leith iníoctha ag an nglacadóir taisce iomchuí leis nó léi, agus é sínithe ag an dearbhóir,
- (b) a dhéantar i cibé foirm a fhorordóidh, a údaróidh nó a cheadóidh na Coimisinéirí Ioncaim,
- (c) lena ndearbhaítear gurb amhlaidh, an tráth a dhéantar an dearbhú—
- (i) (I) go bhfuil an phearsa aonair a bhfuil teideal tairbhiúil aige nó aici chuig an ús i ndáil leis an taisce, nó a chéile nó a céile, buanéagumasaithe mar gheall ar éigléocht mheabhreach nó choirp ar é féin nó í féin a chothabháil, agus
- (II) gur duine iomchuí (de réir bhrí alt 267) an phearsa aonair a bhfuil teideal tairbhiúil aige nó aici chuig aon ús i leith na taisce sin in aon bhliain mheasúnachta, nó a chéile nó a céile, agus go mbeadh an phearsa aonair, de réir alt 267(3), i dteideal go n-aisíocfaí leis nó léi iomlán aon chánach cuí dá mba rud é gur asbhaineadh í ón ús sin,
- nó
- (ii) (I) go bhfuil an duine a bhfuil teideal aige nó aici chuig an ús i ndáil leis an taisce díolmhaithe ó cháin ioncaim de bhua alt 189A(2), agus
- (II) gur duine dá dtagraítear in alt 189A(2) an duine a bhfuil teideal aige nó aici chuig aon ús arna íoc i leith na

taisce sin in aon bhliain mheasúnachta agus go mbeadh sé nó sí, de réir alt 267(2), i dteideal go n-aisíocfaí leis nó léi iomlán aon chánach cuí dá mba rud é gur asbhaineadh í ón ús sin,

- (d) ina mbeidh, maidir leis an duine nó, de réir mar a bheidh, maidir le gach duine de na daoine, a luaitear i mír (c)—
- (i) ainm agus seoladh an duine,
 - (ii) Uimhir PSP an duine (de réir bhrí alt 891B) nó, i gcás nach pearsa aonair an duine, uimhir thagartha cánach an duine (de réir bhrí mhíreanna (b) agus (c) den mhíniú ar ‘uimhir thagartha cánach’ in alt 885),
 - (iii) ainm agus seoladh an ghlacadóra taisce (lena n-áirítear ainm agus seoladh bhraíne an ghlacadóra taisce, más ann) a shealbhaíonn an taisce a bhfuil an dearbhú á dhéanamh ina leith, agus
 - (iv) uimhir chuntais nó uimhir chomhaltais na taisce, de réir mar a bheidh, a bhfuil an dearbhú á dhéanamh ina leith,
- (e) ina mbeidh gealltanas ón dearbhóir go ndéanfaidh sé nó sí, más rud é nach bhfuil na coinníollacha atá leagtha amach i mír (a) d’alt 256(1B) á gcomhlíonadh ag an duine nó, de réir mar a bheidh, ag aon duine de na daoine, a luaitear i mír (d), an méid sin a chur in iúl do na Coimisinéirí Ioncaim, agus
- (f) ina mbeidh cibé faisnéis eile a éileoidh na Coimisinéirí Ioncaim Ioncaim chun críocha na Caibidle seo.

- (a) is fógra i scríbhinn é ó na Coimisinéirí Ioncaim chuig glacadóir taise iomchuí á dhaingniú go measfar nach taise iomchuí an cuntas a shaináithnítear san fhógra mura rud é go ndéanfar, agus go dtí go ndéanfar, an fógra a chealú de réir fho-alt (2),
- (b) is fógra é ina mbeidh an fhaisnéis seo a leanas maidir leis an duine a bhfuil teideal tairbhiúil aige nó aici, nó maidir leis an duine (ar iontaobhaí amháin nó níos mó é nó í) dá dtagraítear on alt 189A(2) agus a bhfuil teideal aige nó aici, chuig an ús i ndáil leis an taise a luaitear i mír (a)—
- (i) ainm agus seoladh an duine,
- (ii) Uimhir PSP an duine (de réir bhrí alt 891B) nó, i gcás nach pearsa aonair an duine, uimhir thagartha cánach an duine (de réir bhrí mhíreanna (b) agus (c) den mhíniú ar ‘uimhir thagartha cánach’ in alt 885), agus
- (iii) uimhir chuntais na taise,
- agus
- (c) is fógra é ina mbeidh cibé faisnéis eile a chinnfidh na Coimisinéirí Ioncaim chun críocha na Caibidle seo.

(2) Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim an fógra a chealú aon tráth agus fógra i scríbhinn á rá sin a thabhairt don ghlacadóir taise iomchuí agus don duine nó do na daoine a luaitear i bhfo-alt (1)(b). I gcás ina mbeidh na Coimisinéirí Ioncaim tar éis fógra a thabhairt amhlaidh aon tráth don ghlacadóir taise iomchuí, ní bheidh an taise ina taise a bhfuil feidhm ag an alt seo maidir léi ón tráth sin amach.”

(e) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 265:

“Taiscí daoine áirithe.

265A.—I gcás ina gceanglaítear ar ghlacadóir taise iomchuí tuairisceán a thabhairt faoi alt 891 i leith úis ar thaise is taise de chineál dá dtagraítear i bhfo-alt (1A) nó (1B) d’alt 256, ansin beidh an méid seo san áireamh sa tuairisceán sin, i dteannta na nithe a chuirfear san áireamh sa tuairisceán de bhua alt 891—

(a) Uimhir PSP (de réir bhrí alt 891B) an duine, nó

(b) i gcás nach pearsa aonair an duine, uimhir thagartha cánach an duine (de réir bhrí mhíreanna (b) agus (c) d'alt 885).”,

(f) in alt 267(3) trí “alt 189A(4)” a chur in ionad “alt 189(3)”,

(g) in alt 891(1A) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

“(b) Ní bheidh feidhm ag an alt seo i ndáil le haon ús arna íoc nó arna chreidiúnú ag comhar creidmheasa i leith airgid a fhaigheann nó a choimeádann sé, seachas ús arna íoc nó arna chreidiúnú aige i leith taise lena mbaineann fo-alt (1A) nó (1B) d'alt 256.”,

agus

(h) in alt 904A(3)(b)(ii)(I) trí “alt 246A(3)(b)(ii)(III), 263 nó 263A,” a chur in ionad “alt 246A(3)(b)(ii)(III) nó 263.”.

(2) Tá feidhm ag an alt seo amhail ar agus ó dháta rite an Achta seo.

35.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht—

Faoiseamh ó chánachas dúbailte.

(a) in alt 826, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Más rud é—

(a) go ndearbhóidh an Rialtas, le hordú, go ndearnadh socruithe, arna sonrú san ordú, le rialtas aon chríche lasmuigh den Stát i ndáil leis na nithe seo a leanas—

(i) faoiseamh a thabhairt ó chánachas dúbailte i leith na nithe seo a leanas—

(I) cáin ioncaim,

(II) cáin chorparáide i leith ioncaim agus gnóchan inmhuirearaithe (nó, i gcás socruithe arna ndéanamh roimh achtú an Achta Cánach Corparáide 1976, cáin bhrabús corparáide),

(III) cáin ghnóchan caipitiúil,

(IV) aon chánacha de chineál den tsamhail chéanna,

arna forchur le dlíthe an Stáit nó le dlíthe na críche sin, agus

(ii) i gcás cánacha d'aon chineál nó tuairisc arna bhforchur le dlíthe an Stáit nó le dlíthe na críche sin—

(I) malartú faisnéise d'fhonn imghabháil cánach a chosc agus a bhrath, nó

(II) faoiseamh a dheonú ó chánachas, faoi dhlíthe na críche sin, do dhaoine a bhfuil cónaí orthu sa Stáit chun críocha cánach,

agus gur fóirsteanach feidhm dlí a bheith ag na socruithe sin, agus

(b) go ndéantar tagairt don ordú arna dhéanamh amhlaidh i gCuid 1 de Sceideal 24A,

ansin, faoi réir an ailt seo agus a mhéid a fhoráiltear san alt seo, beidh feidhm dlí ag na socruithe, d'ainneoin aon achtacháin, amhail is dá mba rud é gurbh Acht de chuid an Oireachtais gach ordú den sórt sin amhail ar an agus ón dáta a dhéantar na nithe seo a leanas—

(A) Sceideal 24A a chur isteach sa Phríomh-Acht le mír (b), nó

(B) tagairt don ordú a chur isteach i gCuid 1 de Sceideal 24A,

cibé acu is déanaí.

(1A) Más rud é—

(a) go ndearbhóidh an Rialtas, le hordú, go ndearnadh socruithe, arna sonrú san ordú, le rialtas aon chríche lasmuigh den Stát i ndáil le faoiseamh a thabhairt ó chánachas dúbailte ar ghnóthas aeriompair agus ar a gcuid fostaithe i leith na gcánacha go léir atá, nó a d'fhéadfadh teacht chun bheith, inmhuirearaithe ar bhrabúis, ar ioncam agus ar ghnóchain chaipitiúla arna bhforchur le dlíthe an Stáit nó le dlíthe na críche sin, agus gur fóirsteanach feidhm slí a bheith ag na socruithe sin

(b) go ndéantar tagairt don ordú arna dhéanamh amhlaidh i gCuid 2 de Sceideal 24A,

ansin, faoi réir an ailt seo agus a mhéid a fhoráiltear san alt seo, beidh feidhm dlí ag na socruithe, d'ainneoin aon achtacháin, amhail is dá mba rud é gurbh Acht de chuid an Oireachtais gach ordú den sórt sin amhail ar an agus ón dáta a dhéantar na nithe seo a leanas—

(i) Sceideal 24A a chur isteach sa Phríomh-Acht le mír (b), nó

(ii) tagairt don ordú a chur isteach i gCuid 2 de Sceideal 24A,

cibé acu is déanaí.

(1B) Más rud é—

(a) go ndearbhóidh an Rialtas, le hordú, go ndearnadh socrúithe, arna sonrú san ordú, le rialtas aon chríche lasmuigh den Stát i ndáil leis na nithe seo a leanas—

(i) malartú faisnéise d'fhonn imghabháil cánach a chosc agus a bhrath i gcás cánacha d'aon chineál nó tuairisc arna bhforchur le dlíthe an Stáit nó le dlíthe na críche sin,

(ii) cibé nithe eile a bhaineann le faoiseamh ó chánachas dúbailte de réir mar is cuí leis an Rialtas,

agus gur fóirsteanach feidhm slí a bheith ag na socrúithe sin, agus

(b) go ndéantar tagairt don ordú arna dhéanamh amhlaidh i gCuid 3 de Sceideal 24A,

ansin, faoi réir an ailt seo, beidh feidhm dlí ag na socrúithe, d'ainneoin aon achtacháin, amhail is dá mba rud é gurbh Acht de chuid an Oireachtais gach ordú den sórt sin amhail ar an agus ón dáta a dhéantar tagairt don ordú a chur isteach i gCuid 3 de Sceideal 24A.”,

agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Sceideal 24:

“SCEIDEAL 24A

COMHSHOCRAÍOCHTAÍ ARNA NDÉANAMH AG AN RIALTAS LE RIALTAS AON CHRÍCHE LASMUIGH DEN STÁT I NDÁIL LE FAOISEAMH Ó CHÁNACHAS DÚBAILTE A THABHAIRT AGUS FAISNÉIS A MHALARTÚ I NDÁIL LE CÁIN.

CUID 1

COMHSHOCRAÍOCHTAÍ I NDÁIL LE FAOISEAMH A THABHAIRT Ó CHÁNACHAS DÚBAILTE I LEITH NA GCÁNACHA DÁ DTAGRAÍTEAR IN ALT 826(1), ARNA NDÉANAMH AG AN RIALTAS AGUS ARNA SONRÚ IN ORDUITHE ARNA NDÉANAMH AG AN RIALTAS

1. An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam agus Gnóchain Chaipitiúla) (An Astráil) 1983 (I.R. Uimh. 406 de 1983).

2. An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam) (Poblacht na hOstaire) 1967 (I.R. Uimh. 250 de 1967) agus an tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam agus Gnóchain Chaipitiúla) (Poblacht na hOstaire) 1988 (I.R. Uimh. 29 de 1988).

3. An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam) (Ríocht na Beilge) 1973 (I.R. Uimh. 66 de 1973),

4. An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam agus Gnóchain Chaipitiúla) (Poblacht na Bulgáire) 2000 (I.R. Uimh. 372 de 2000).

5. An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam agus Gnóchain Chaipitiúla) (Rialtas Cheanada) 2004 (I.R. Uimh. 773 de 2004).

6. An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam) (Daon-Phoblacht na Síne) 2000 (I.R. Uimh. 373 de 2000).

7. An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam agus Gnóchain Chaipitiúla) (Poblacht na Cróite) 2002 (I.R. Uimh. 574 de 2002).

8. An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam) (An Chipir) 1970 (I.R. Uimh. 79 de 1970).

9. An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam agus Gnóchain Chaipitiúla) (Poblacht na Seice) 1995 (I.R. Uimh. 321 de 1995).

10. An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam) (Ríocht na Danmhairge) 1993 (I.R. Uimh. 286 de 1993).

11. An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam agus Gnóchain Chaipitiúla) (Poblacht na hEastóine) 1998 (I.R. Uimh. 496 de 1998) .

12. An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam agus Gnóchain Chaipitiúla) (Poblacht na Fionlainne) 1993 (I.R. Uimh. 289 de 1993).

13. An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam) (Poblacht na Fraince) 1970 (I.R. Uimh. 162 de 1970).

14. An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam agus Gnóchain Chaipitiúla agus *Gewerbesteuer* (Cáin Trádála)) (Poblacht Chónaidhme na Gearmáine) 1962 (I.R. Uimh. 212 de 1962).

15. An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam agus Gnóchain Chaipitiúla) (Rialtas na Poblachta Heilléanaí) 2004 (I.R. Uimh. 774 de 2004).

16. An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam) (Poblacht na hUngáire) 1995 (I. R. Uimh. 301 de 1995).

17. An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam agus Gnóchain Chaipitiúla) (Poblacht na hÍoslainne) 2004 (I.R. Uimh. 775 de 2004).

18. An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam agus Gnóchain Chaipitiúla) (Poblacht na hIndia) 2001 (I.R. Uimh. 521 de 2001).

19. An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam) (An Iodáil) 1973 (I.R. Uimh. 64 de 1973).

20. An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam) (Stát Iosrael) 1995 (I.R. Uimh. 323 de 1995).

21. An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam) (An tSeapáin) 1974 (I.R. Uimh. 259 de 1974).

22. An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam agus Gnóchain Chaipitiúla) (Poblacht na Cóiré) 1991 (I.R. Uimh. 290 de 1991).

23. An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam agus Gnóchain Chaipitiúla) (Poblacht na Laitvia) 1997 (I.R. Uimh. 504 de 1997).

24. An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam agus Gnóchain Chaipitiúla) (Poblacht na Liotuáine) 1997 (I.R. Uimh. 503 de 1997).

25. An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam agus Gnóchain Chaipitiúla) (Ard-Diúcacht Lucsamburg) 1973 (I.R. Uimh. 65 de 1973).

26. An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam) (An Mhalaeisia) 1998 (I.R. Uimh. 495 de 1998).

27. An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam agus Gnóchain Chaipitiúla) (Stáit Aontaithe Mheicsiceo) 1998 (I.R. Uimh. 497 de 1998).

28. An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam agus Gnóchain Chaipitiúla) (Ríocht na hÍsiltíre) 1970 (I.R. Uimh. 22 de 1970).

29. An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam agus Gnóchain Chaipitiúla) (An Nua-Shéalainn) 1988 (I.R. Uimh. 30 de 1988).

30. An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam agus Gnóchain Chaipitiúla) (Ríocht na hIorua) 2001 (I.R. Uimh. 520 de 2001).

31. An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam) (An Phacastáin) 1974 (I.R. Uimh. 260 de 1974).

32. An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam) (Poblacht na Polainne) 1995 (I.R. Uimh. 322 de 1995).

33. An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam) (Poblacht na Portaingéile) 1994 (I.R. Uimh. 102 de 1994) agus an tOrdú um Fhaoiseamh ó

Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam) (Poblacht na Portaingéile) 2005 (I.R. Uimh. 816 de 2005).

34. An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam agus Gnóchain Chaipitiúla) (An iomáin) 1999 (I.R. Uimh. 427 de 1999).

35. An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam) (Cónaidhm na Rúise) 1994 (I.R. Uimh. 428 de 1994).

36. An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam agus Gnóchain Chaipitiúla) (Poblacht na Slóvaice) 1999 (I.R. Uimh. 426 de 1999).

37. An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam agus Gnóchain Chaipitiúla) (Poblacht na Slóivéine) 2002 (I.R. Uimh. 573 de 2002).

38. An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam agus Gnóchain Chaipitiúla) (Poblacht na hAfraice Theas) 1997 (I.R. Uimh. 478 de 1997).

39. An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam agus Gnóchain Chaipitiúla) (Ríocht na Spáinne) 1994 (I.R. Uimh. 308 de 1994).

40. An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam agus Gnóchain Chaipitiúla) (An tSualainn) 1987 (I.R. Uimh. 348 de 1987) agus an tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam agus Gnóchain Chaipitiúla) (An tSualainn) 1993 (I.R. Uimh. 398 de 1993).

41. An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam agus Gnóchain Chaipitiúla) (Cónaidhm na hEilvéise) 1967 (I.R. Uimh. 240 de 1967) agus an tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam agus Gnóchain Chaipitiúla) (Cónaidhm na hEilvéise) 1984 (I.R. Uimh. 76 de 1984).

42. An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam agus Gnóchain Chaipitiúla) (An Ríocht Aontaithe) 1976 (I.R. Uimh. 319 de 1976), an tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam agus Gnóchain Chaipitiúla) (An Ríocht Aontaithe) 1995 (I.R. Uimh. 209 de 1995) agus an tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam agus Gnóchain Chaipitiúla) (Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann) 1998 (I.R. Uimh. 494 de 1998)

43. An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam agus Gnóchain Chaipitiúla) (Stáit Aontaithe Mheiriceá) 1997 (I.R. Uimh. 477 de 1997) agus an tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam agus Gnóchain Chaipitiúla) (Stáit Aontaithe Mheiriceá) 1999 (I.R. Uimh. 425 de 1999).

44. An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam) (Poblacht na Saimbia) 1973 (I.R. Uimh. 130 de 1973).

45. An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam) (Coigeartú Brabús Fiontar Comhlachaithe) (An Comhphobal Eorpach) 1994 (I.R. Uimh. 88 de 1994) arna leasú leis an Ordú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam) (Coigeartú Brabús Fiontar Comhlachaithe) (Na Comhphobail Eorpacha) 2004 (I.R. Uimh. 40 de 2004), an Ordú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam) (Coigeartú Brabús Fiontar Comhlachaithe) (Poblacht na hOstaire, Poblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne) 2004 (I.R. Uimh. 41 de 2004) agus an Ordú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam) (Coigeartú Brabús Fiontar Comhlachaithe) (Stáit Aontachais) 2006 (I.R. Uimh. 112 de 2006).

CUID 2

COMHSHOCRAÍOCHTAÍ, DE BHUN ALT 826 (1A) I NDÁIL LE FAOISEAMH A THABHAIRT Ó CHÁNACHAS DÚBAILTE AR GHNÓTHAIS AERIOMPAIR AGUS A bhFOSTAITHE, ARNA NDÉANAMH AG AN RIALTAS AGUS ARNA SONRÚ IN ORDUITHE ARNA NDÉANAMH AG AN RIALTAS.

An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Gnóthais Aeriompair agus a bhFostaithe) (Aontas na bPoblachtaí Sóivéadacha Sóisialacha) 1987 (I.R. Uimh. 349 de 1987).

CUID 3

COMHSHOCRAÍOCHTAÍ, DE BHUN ALT 826 (1B) I NDÁIL LE MALARTÚ FAISNÉISE A BHAINNEANN LE CÁIN AGUS I NDÁIL LE NITHE EILE A BHAINNEANN LE CÁIN”.

(2) Tá feidhm ag *Scideal 2* chun *fo-alt (1)* a fhorlíonadh.

(3) Tá éifeacht leis an alt seo amhail ar agus ó dháta rithe an Achta seo.

36.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht—

Faoiseamh aontaobhach ó chánachas dúbailte.

(a) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 826:

“Faoiseamh aontaobhach ó chánachas dúbailte. 826A.—I gcás nach ndéantar faoiseamh ó chánachas dúbailte a thabhairt de bhua alt 826, déanfar faoiseamh (ar a dtugtar ‘faoiseamh aontaobhach’) a thabhairt ó cháin i leith cánach arna híoc faoi dhlíthe críche seachas an Stát de réir *Scideal 24*.”

agus

(b) i *Scideal 24*—

(i) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 9D:

“Faoiseamh Aontaobhach (brabúis bhraínse)”

9DA.—(1) A mhéid is léir ó na forálacha sin ina dhiaidh seo a leanas den mhír seo, déanfar faoiseamh (dá ngairtear ‘faoiseamh aontaobhach’ sa mhír seo) ó cháin chorparáide, i leith brabús cuideachta ó thrádáil arna seoladh ag an gcuideachta trí bhraínse nó trí ghníomhaireacht i gcríoch seachas an Stát, a thabhairt i leith cánach is iníoctha faoi dhlí aon chríche seachas an Stát tríd an gcáin sin a lamháil mar chreidmheas in aghaidh cánach corparáide, d’ainneoin nach bhfuil aon socrúithe i bhfeidhm de thuras na huairé lena ndéantar foráil maidir le faoiseamh den sórt sin.

(2) Is é a bheidh i bhfaoiseamh aontaobhach ná cibé faoiseamh a bheadh le tabhairt faoin Sceideal seo dá mbeadh socrúithe, ina bhfuil na forálacha atá i bhfomhíreanna (3) go (5), i bhfeidhm le rialtas na críche atá i gceist, agus déanfar tagairt sa Sceideal seo do chreidmheas faoi socrúithe a fhorléiriú mar thagairt a fholaíonn tagairt d’fhaoiseamh aontaobhach.

(3) Faoi réir Chuid 1 agus fhomhír (5), déanfar creidmheas i leith cánach arna híoc faoi dhlí críche seachas an Stát agus arna ríomh faoi threoir ioncaim cuideachta, ar cuideachta í a thagann faoi réim fhomhír (4), ó thrádáil arna seoladh trí bhraínse nó trí ghníomhaireacht sa chríoch sin, a lamháil in aghaidh cánach corparáide sa Stát arna ríomh faoi threoir an ioncaim sin.

(4) (a) Tagann cuideachta faoi réim na fomhíre seo más rud é—

(i) go bhfuil cónaí uirthi sa Stát, nó

(ii) go bhfuil, de bhua dlí Ballstáit iomchuí seachas an Stát, cónaí uirthi chun críocha cánach i mBallstát den sórt sin agus gur cuid d’ioncam brainse nó gníomhaireachta de chuid na cuideachta sa Stát an t-ioncam dá dtagraítear i bhfomhír (3).

(b) Chun críocha fhomhír (a)(ii), ciallaíonn ‘cáin, i ndáil le Ballstát iomchuí seachas an Stát, aon cháin a fhorchuirtear sa Bhallstát agus a fhreagraíonn do cháin chorparáide sa Stát.

(5) Ní lamhálfar creidmheas de bhua fhomhír (3)—

(a) i leith cánach arna híoc faoi dhlí críche i gcás ina bhfuil socrúithe ann le rialtas na críche ach amháin a mhéid nach bhféadfar creidmheas a thabhairt i leith na cánach sin faoi na socrúithe sin, nó

(b) i leith aon chánach ar cáin choigríche iomchuí í de réir bhrí alt 449 nó mír 9D.

(6) Más rud é—

- (a) go bhféadfar faoiseamh aontaobhach a thabhairt i leith aon bhrabús, agus
- (b) gur dealraitheach, maidir leis an measúnacht i leith cánach corparáide arna déanamh i leith na mbrabús, nach ndéantar í i leith mhéid iomlán an chéanna, nó go bhfuil sí mícheart ag féachaint don chreidmheas, más ann, atá le tabhairt ar mhodh faoisimh aontaobhaigh,

ansin, féadfar aon mheasúnacht den sórt sin a dhéanamh nó a leasú de réir mar is gá chun a chinntiú go measúnófar méid iomlán na mbrabús agus go dtabharfar an creidmheas cuí, más ann, ina leith.

(7) Sa Sceideal seo, i dtaca leis an bhfeidhm atá aige maidir le faoiseamh aontaobhach, ní fholáíonn tagairtí do cháin is iníoctha nó arna híoc faoi dhlí críche lasmuigh den Stát ach tagairtí do chánacha a mhuirearaítear ar ioncam nó ar ghnóchain chaipitiúla agus a fhreagraíonn do cháin chorparáide agus do cháin ghnóchan caipitiúil.”

agus

- (ii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 9F:

“9FA.—(1) Sa mhír seo—

ciallaíonn ‘méid comhiomlán na cánach corparáide is iníoctha ag cuideachta do thréimhse chuntasaíochta i leith ioncaim brainse coigríche de chuid na cuideachta don tréimhse chuntasaíochta’ an méid sin den cháin chorparáideach a bheadh, ar leith ón mír seo, iníoctha ag an gcuideachta don tréimhse chuntasaíochta sin, ar méid nach mbeadh iníoctha dá mba rud é go ndéanfaí neamhshuim d’ioncam an bhrainse coigríche chun críocha cánach;

ciallaíonn ‘brainse coigríche’, i ndáil le cuideachta, brainse nó gníomhaireacht de chuid na cuideachta i gcríoch seachas an Stát trína seolann an chuideachta trádáil sa chríoch sin;

ciallaíonn ‘ioncam brainse coigríche’, i ndáil le cuideachta, an méid sin d’ioncam na cuideachta is inchurtha i leith brainse coigríche;

ciallaíonn ‘cáin choigríche’, i ndáil le hioncam brainse coigríche de chuid cuideachta, cáin—

- (a) a íoctar, faoi dhlíthe na críche ina bhfuil an brainse coigríche suite, ar ioncam is inchurtha i leith an bhrainse sin, agus
- (b) a fhreagraíonn do cháin chorparáide.

(2) Más rud é, maidir le haon ioncam brainse coigríche de chuid cuideachta do thréimhse chuntasaíochta, nach féidir, ar leith ón mír seo, aon

chuid den cháin choigríche a lamháil mar chreidmheas in aghaidh cánach corparáide agus, dá réir sin, go ndéanfar méid an ioncaim a áireamh, faoi mhír 7(3)(c), mar mhéid arna laghdú den chuid sin den cháin choigríche, ansin déanfar méid atá comhionann le comhiomlán na méideanna seo a leanas—

- (a) i gcás ina ndéantar ioncam atá inmhuirearaithe i leith cánach de réir an ráta a shonraítear in alt 21(1) don tréimhse chuntasaíochta a áireamh, faoi mhír 7(3)(c), mar ioncam arna laghdú, méid a chinnfear de réir na foirmle—

$$\frac{100 - R}{100} \times D$$

más rud é—

gurb é R an ráta faoin gcéad a shonraítear in alt 21(1), agus

gurb é D an méid ar dá réir a áirítear an t-ioncam sin a bheith laghdaithe,

agus

- (b) i gcás ina ndéantar ioncam atá inmhuirearaithe i leith cánach de réir an ráta a shonraítear in alt 21A(3) don tréimhse chuntasaíochta a áireamh, faoi mhír 7(3)(c), mar ioncam arna laghdú, méid a chinnfear de réir na foirmle—

$$\frac{100 - R}{100} \times D$$

más rud é—

gurb é R an ráta faoin gcéad a shonraítear in alt 21A(3), agus

gurb é D an méid ar dá réir a áirítear an t-ioncam sin a bheith laghdaithe,

a áireamh, chun críocha fhomhír (3), mar cháin choigríche neamhfhaoisimh de chuid na tréimhse cuntasaíochta sin.

(3) Déanfar an méid comhiomlán cánach corparáide is iníochta ag cuideachta do thréimhse chuntasaíochta i leith ioncaim brainse coigríche de chuid na cuideachta don tréimhse chuntasaíochta a laghdú de mhéid na cánach coigríche neamhfhaoisimh le haghaidh na tréimhse cuntasaíochta sin.

Faoiseamh Aontaobhach (gnóchain chaipitiúla)

9FB.—(1) A mhéid is léir ó na forálacha sin ina dhiaidh seo den mhír seo, déanfar faoiseamh (dá ngairtear ‘faoiseamh aontaobhach’ sa mhír seo) ó cháin ghnóchan caipitiúil (lena n-áirítear cáin chorparáide i leith gnóchan inmhuirearaithe) i leith gnóchan inmhuirearaithe a fhabhraíonn chuig duine

as sócmhainn a dhiúscairt (dá ngairtear ‘sócmhainn shonraithe’ sa mhír seo) atá suite i gcríoch seachas an Stát, a thabhairt i leith cánach is iníoctha faoi dhlí aon chríche sonraithe tríd an gcáin sin a lamháil mar chreidmheas in aghaidh cánach gnóchan caipitiúil (nó de réir mar a bheidh, in aghaidh cánach corparáide i leith gnóchan inmhuirearaithe), d’ainneoin nach bhfuil aon socrúithe i bhfeidhm de thuras na huaire lena ndéantar foráil maidir le faoiseamh den sórt sin.

(2) Is é a bheidh i bhfaoiseamh aontaobhach ná cibé faoiseamh a bheadh le tabhairt faoin Sceideal seo dá mbeadh na forálacha atá i bhfomhíreanna (3) agus (4) ar áireamh i socrúithe le rialtas na críche sonraithe atá i gceist, agus déanfar tagairt sa Sceideal seo do chreidmheas faoi shocrúithe a fhorléiriú mar thagairt a fholaíonn tagairt d’fhaoiseamh aontaobhach.

(3) Faoi réir Chuid 1 agus fhomhír (5), déanfar creidmheas i leith cánach arna híoc faoi dhlí críche sonraithe agus arna ríomh faoi threoir gnóchain chaipitiúil de chuid duine ó dhiúscairt sócmhainne sonraithe ag an duine, a lamháil in aghaidh cánach gnóchan caipitiúil (nó de réir mar a bheidh in aghaidh cánach corparáide i leith gnóchan inmhuirearaithe) sa Stát arna ríomh faoi threoir an ghnóchain chaipitiúil sin.

(4) Ní lamhálfar creidmheas de bhua fhomhír (3) i leith cánach arna híoc faoi dhlí críche sonraithe a mhéid a fhéadfar creidmheas a thabhairt i leith na cánach sin—

(a) faoi shocrúithe le rialtas na críche, nó

(b) faoi aon fhoráil eile den Sceideal seo.

(5) Más rud é—

(a) go bhféadfar faoiseamh aontaobhach a thabhairt i leith aon ghnóchain inmhuirearaithe, agus

(b) gur dealraitheach, maidir le haon mheasúnacht arna déanamh i leith an ghnóchain inmhuirearaithe, nach ndéantar í i leith mhéid iomlán an chéanna, nó go bhfuil sí mícheart ag féachaint don chreidmheas, más ann, atá le tabhairt ar mhodh faoisimh aontaobhaigh,

ansin féadfar aon mheasúnacht den sórt sin a dhéanamh nó a leasú de réir mar is gá chun a chinntiú go measúnaítear méid iomlán an ghnóchain inmhuirearaithe, agus go dtugtar an creidmheas cuí, más ann, ina leith.

(6) Sa Sceideal seo, i dtaca leis an bhfeidhm atá aige maidir le faoiseamh aontaobhach, ní fholaíonn tagairtí do cháin is iníoctha, nó atá arna híoc, faoi dhlí críche lasmuigh den Stát ach tagairtí do chánacha a mhuirearaítear ar ghnóchain chaipitiúla agus a

fhreagraíonn do cháin ioncaim, do cháin chorparáide nó do cháin ghnóchan caipitiúil.

(7) Sa mhír seo ciallaíonn ‘críoch shonraithe’ aon cheann de na críocha seo a leanas a bhfuil socrúithe déanta lena rialtas, is é sin le rá, Ríocht na Beilge, an Chipir, Poblacht na Fraince, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, Poblacht na hIodáile, an tSeapáin, Ard-Diúcacht Lucsamburg, Ríocht na hÍsiltíre, an Phacastáin nó an tSaimbia.”.

(2) Tá feidhm ag an alt seo—

- (a) i gcás faoisimh ó cháin chorparáide, maidir le tréimhse chuntasaíochta dar críoch an 1 Eanáir 2007, nó dá éis, agus
- (b) in aon chás eile, don bhliain mheasúnachta 2007 agus do bhlianta dá héis.

Leasú ar alt 81 (riail ghinearálta maidir le hasbhaintí) den Phríomh-Acht.

37.—(1) Leasaítear alt 81 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (2)(n)—

- (a) i bhfomhír (i), trí “nó” a scriosadh agus i bhfomhír (ii) trí “neamhthuilleamaí, nó” a chur in ionad “neamhthuilleamaí.”, agus
- (b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (ii):

“(iii) na nithe eile seo a leanas—

(I) caiteachas arna thabhú, nó

(II) íocaíocht arna déanamh leis an gcuideachta bhainteach,

ag an gcuideachta i dtaca leis an gceart chun scaireanna den sórt sin a fháil ar caiteachas é nó ar íocaíocht í arna thabhú nó arna tabhú nó, de réir mar a bheidh, arna dhéanamh nó arna déanamh chun críocha tráchtála *bona fide* agus nach cuid é nó í d’aon scéim nó socrúithe arb é a príomhchuspóir nó a bpríomhchuspóir, nó a áirítear i measc a príomhchuspóirí nó a bpríomhchuspóirí, dliteanas i leith cánach ioncaim, cánach corparáide nó cánach gnóchan caipitiúil a sheachaint.”.

(2) Tá feidhm ag an alt seo maidir le tréimhsí cuntasaíochta dar críoch an 1 Feabhra 2007 nó dá éis.

Cáin iarchoimeádta díbhinne.

38.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht—

(a) in alt 172A(1)(a)—

- (i) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhíneithe ar “cáin iarchoimeádta díbhinne”:

“ciallaíonn ‘dearbhán leictreonach díbhinne’ ráiteas i bhformáid leictreonach a chomhlíonann ceanglais alt 172I(1A)(a);

ciallaíonn ‘uimhir leictreonach’ uimhir uathúil ar dhearbhán leictreonach díbhinne;”,

- (ii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínte ar “idirghabhálaí”:

“ciallaíonn ‘Uimhir AUI’, i ndáil le hurrús arna eisiúint ag cuideachta, Uimhir uathúil Aitheantais Urrús Idirnáisiúnta (UAUI) an urrúis sin ar uimhir uathúil í arna heisiúint ag Stocmhalartán na hÉireann Teoranta nó ag údarás coibhéiseach i gcóir iomchuí;”,

agus

- (iii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínte ar “bainisteoir coigiltis cháilithigh”:

“ciallaíonn ‘cód aitheantais faighteora’, i ndáil le faighteoir díbhinne, an cód uathúil ar dhearbhán leictreonach díbhinne ar cod é lena saináithnítear an faighteoir sin;”,

- (b) in alt 172D(3)(b)(iii), trí “a thrádáil go substaintiúil agus go rialta ar stocmhalartán sa Stát, ar” a chur in ionad “a thrádáil go substaintiúil agus go rialta ar”,

- (c) in alt 172I tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) Beidh ráiteas arna sheachadadh trí chumarsáid leictreonach ar idirghabhálaí de réir cheanglais fho-alt (1) más rud é—

- (a) go bhfuil na nithe seo ar leanas sa ráiteas—

(i) Uimhir AUI,

(ii) cód aitheantais faighteora,

(iii) an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna (c) go (e) d’fho-alt (1), agus

(iv) uimhir leictreonach,

(b) go mbeidh an t-idirghabhálaí tar éis toiliú leis an ráiteas a sheachadadh trí chumarsáid leictreonach agus nach mbeidh an toiliú sin tarraingthe siar aige nó aici, agus

(c) go mbeidh na Coimisinéirí Ioncaim tar éis aontú glacadh leis an ráiteas chun críocha na Caibidle seo.”

- (d) in alt 172J(3) trí “Más rud é, i mbliain mheasúnachta nó i dtréimhse chuntasáochta de chuid cuideachta (de réir mar is cuí),” a chur in ionad “Más rud é”, agus

- (e) i mír 9(f)(iii) de Sceideal 2A, trí “a thrádáil go substaintiúil agus go rialta ar stocmhalartán sa Stát, ar” a chur in ionad “a thrádáil go substaintiúil agus go rialta ar ”.
- (2) (a) Tá feidhm ag míreanna (a), (b), (c) agus (e) d’fho-alt (1) maidir le haon dáileadh iomchuí (de réir bhrí alt 172A den Phríomh-Acht) arna dhéanamh an 1 Feabhra 2007 nó dá éis.
- (b) Tá feidhm ag mír (d) d’fho-alt (1) maidir le haon tréimhse innhuirearaithe (de réir bhrí alt 321(2) den Phríomh-Acht) dar críoch an 1 Feabhra 2007 nó dá éis.

Leasú ar Chuid 27
(iontaobhais aonad
agus cistí eischósta)
den Phríomh-Acht.

39.—(1) Leasaítear Cuid 27 den Phríomh-Acht—

(a) in alt 747B—

- (i) i bhfo-alt (2), trí “Faoi réir fho-alt (2A), beidh feidhm ag an gCaibidil seo” a chur in ionad “Beidh feidhm ag an gCaibidil seo”, agus
- (ii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) Níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir le ciste eischósta seachas ciste eischósta—

(a) (i) ar gnóthas é le haghaidh comhinfheistíochta a foirmíodh faoi dhlí stáit eischósta,

(ii) atá comhchosúil, ar gach slí ábhartha, le comhpháirtíocht teoranta infheistíochta (de réir bhrí an Achta um Chomhpháirtíochtaí Teoranta Infheistíochta 1994), agus

(iii) a shealbhaíonn deimhniú á údarú dó gníomhú mar ghnóthas den sórt sin, ar deimhniú é arna eisiúint ag údaráis an stáit sin faoi dhlíthe lena ndéantar socrú maidir le rialáil chuí ordúil gnóthas den sórt sin,

(b) atá údaraithe le haon bhearta, nó faoi aon bhearta, arna ndéanamh go cuí ag Ballstát chun éifeacht a thabhairt do na nithe seo a leanas—

(i) Treoir 85/611/CEE ón gComhairle maidir le comhordú dlíthe, rialachán agus forálacha riaracháin a bhaineann le gnóthais le haghaidh comhinfheistíochta in urrúis inaistrithe (UCITS), nó

(ii) aon leasú ar an Treoir sin,

(c) (i) ar cuideachtaí í arna foirmiú faoi dhlí stáit eischósta,

- (ii) atá comhchosúil, ar gach slí ábhartha, le cuideachta infheistíochta údaraithe (de réir bhrí Chuid XIII d'Acht na gCuideachtaí 1990),
 - (iii) a shealbhaíonn údarú arna eisiúint ag údaráis an stáit sin faoi dhlíthe lena ndéantar socrú maidir le rialáil chuí ordúil cuideachtaí den sórt sin, gan an t-údarú sin a bheith tar éis scor d'éifeacht a bheith leis, agus
 - (iv) ar cuideachta infheistíochta í—
 - (I) a chruinníonn caipiteal trí dhíol a cuid scaireanna leis an bpobal a chur chun cinn, nó
 - (II) ar infheisteoir gach scairshealbhóir dá cuid ar infheisteoir é a bheadh, dá mba chuideachta infheistíochta údaraithe an chuideachta de réir bhrí Chuid XIII d'Acht na gCuideachtaí 1990, ina chomhinfeisteoir de réir bhrí alt 739B,
- nó
- (d) (i) ar scéim iontaobhais aonad é, nach bhfuil cónaí ar a cuid iontaobhaithe sa Stát,
 - (ii) atá comhchosúil, ar gach slí ábhartha, le scéim údaraithe iontaobhais aonad (de réir bhrí an Achta um Ionntaobhais Aonad 1990,
 - (iii) a shealbhaíonn údarú arna eisiúint ag údaráis an stáit eischósta sin faoi dhlíthe lena ndéantar socrú maidir le rialáil chuí ordúil scéimeanna den sórt sin agus gan an t-údarú sin a bheith tar éis scor d'éifeacht a bheith leis, agus
 - (iv) a sholáthraíonn saoráidí le haghaidh páirteachais ag an bpobal, mar thairbhithe faoin iontaobhas, sna brabúis nó san ioncam a éiríonn as urrúis nó aon mhaoin eile d'aon chineál a fháil, a shealbhú, a bhainistiú nó a dhiúscairt.”,

agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 747A:

“Mar a dhéileálfar le cistí eischósta airithe.

747AA.—Gan dochar don bhrí a shanntar do ‘ciste eischósta’ le halt 743 chun críocha Chaibidil 4, i gcás nach bhfuil feidhm ag an gCaibidil sin maidir le ciste

eischósta de bhua fho-alt (2A) d'alt 747B, ansin ní bheidh feidhm ag Caibidil 2 agus ag alt 747A i leith an chiste eischósta sin.”.

- (2) (a) Faoi réir *mhír* (b), tá feidhm ag *fo-alt* (1) maidir le hioncam a éiríonn, nó maidir le gnóchain a fhabhraíonn, an 20 Feabhra 2007 nó dá éis.
- (b) Más rud é, an 20 Feabhra 2007, go raibh leas ábhartha ag duine i gciste eischósta, ar ciste eischósta é a raibh feidhm ag Caibidil 4 de Chuid 27 maidir leis roimh dháta rithe an Achta seo, agus maidir leis an gciste sin—
- (i) nach ciste eischósta é lena mbaineann Caibidil 4 de Chuid 27 tar éis dháta rithe an Achta seo, agus
- (ii) nach mbeadh ina ghnóthas infheistíochta punainne pearsanta (de réir bhrí alt 739BA den Phríomh-Acht) dá measfaí ina leith gur ciste é a raibh feidhm ag an gCaibidil sin maidir leis tar éis dháta rite an Achta seo,

ansin níl feidhm ag *fo-alt* (1) maidir le hioncam a éiríonn, agus gnóchain a fhabhraíonn, i leith an leasa ábhartha a bhí ag an duine an 20 Feabhra 2007.

Gnóthais infheistíochta agus cistí eischósta áirithe: cánachas ar ghnóthais infheistíochta punainne pearsanta.

40.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht—

- (a) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 739B:

“Gnóthas infheistíochta punainne pearsanta. 739BA.—(1) San alt seo ciallaíonn ‘infheisteoir’—

- (a) i ndáil le gnóthas infheistíochta, sealbhóir aonaid sa gnóthas infheistíochta ar pearsa aonair é nó í, agus
- (b) i ndáil le ciste eischósta lena mbaineann Caibidil 4, pearsa aonair ag a bhfuil leas ábhartha sa chiste eischósta;

tá le ‘talamh’ an bhrí chéanna atá leis in alt 730BA;

forléireofar ‘leas ábhartha’ de réir alt 743;

tá le ‘ciste eischósta’ a bhrí a shanntar dó le halt 743;

tá le ‘poiblí’ an bhrí chéanna atá leis in alt 730BA.

(2) Sa Chaibidil seo agus i gCaibidil 4 den Chuid seo, ciallaíonn ‘gnóthas infheistíochta punainne pearsanta’—

- (a) i ndáil le hinfeisteoir i ngnóthas infheistíochta, gnóthas infheistíochta, agus

- (b) i ndáil le hinfheisteoir i gciste eischósta lena mbaineann Caibidil 4, ciste eischósta den sórt sin,

ar faoina théarmaí a fhéadfaidh duine díobh seo a leanas, nó a rinne duine díobh seo a leanas, cuid de mhaoin, nó maoin uile, an ghnóthais nó, de réir mar a bheidh, an chiste eischósta a roghnú nó a d'fhéadfadh roghnú cuid den mhaoin nó na maoine uile teacht faoi thionchar duine díobh seo a leanas—

- (i) an t-infheisteoir,
- (ii) duine atá ag gníomhú thar ceann an infheisteora,
- (iii) duine atá bainteach leis an infheisteoir,
- (iv) duine atá bainteach le duine atá ag gníomhú thar ceann an infheisteora,
- (v) an t-infheisteoir agus duine atá bainteach leis an infheisteoir, nó
- (vi) duine atá ag gníomhú thar ceann an infheisteora agus thar ceann duine atá bainteach leis an infheisteoir,

i gcás ina gciallaíonn ‘duine atá bainteach’ san fho-alt seo duine atá bainteach de réir bhrí alt 10.

(3) Chun críocha fho-alt (2) agus gan dochar d'fheidhm an fho-ailt sin, déileálfar le téarmaí gnóthais infheistíochta nó ciste eischósta, de réir mar a bheidh, mar théarmaí lena gceadaítear an roghnú dá dtagraítear san fho-alt sin más rud é—

- (a) go ndéantar le téarmaí an ghnóthais infheistíochta nó an chiste eischósta sin, nó le téarmaí aon chomhaontaithe eile idir aon duine dá dtagraítear san fho-alt sin agus an gnóthas sin nó an ciste eischósta sin lena mbaineann—
 - (i) cead a thabhairt d'aon duine dá dtagraítear san fho-alt sin an roghnú dá dtagraítear san fho-alt sin a dhéanamh,
 - (ii) discríd a thabhairt don ghnóthas nó don chiste eischósta sin chun an ceart

a thairiscint d'aon duine dá dtagraítear san fho-alt sin an roghnú dá dtagraítear san fho-alt sin a dhéanamh, nó

- (iii) an ceart a cheadú d'aon duine de na daoine dá dtagraítear san fho-alt sin a iarraidh, faoi réir aontú an ghnóthais sin nó an chiste eischósta sin, go ndéanfar athrú ar na téarmaí sin sa chaoi go bhféadfaidh aon duine de na daoine sin an roghnú dá dtagraítear san fho-alt sin a dhéanamh,

nó

- (b) nach bhfuil an t-infheisteoir ábalta, faoi na téarmaí sin, aon chuid den mhaoín a roghnú ach go bhfuil, nó go raibh, an rogha ag aon duine de na daoine dá dtagraítear san fho-alt sin chun a cheangal ar an ngnóthas sin nó ar an gciste eischósta sin comhairleoir infheistíochta a cheapadh (is cuma cén tuairisc a thabharfar ar an duine sin) i ndáil le roghnú na maoine.

(4) Ní gnóthas infheistíochta punainne pearsanta é gnóthas infheistíochta nó ciste eischósta, de réir mar a bheidh, más rud é—

- (a) go bhfuil an t-aon mhaoín a fhéadfar a roghnú, nó a roghnaíodh, de réir an choinníll a shonraítear i bhfo-alt (5), agus
- (b) go bhfuil na téarmaí faoina dtairgtear gnóthas den sórt sin nó ciste eischósta den sórt sin de réir cheanglais fho-alt (6).

(5) Is é atá sa choinníoll a shonraítear san fho-alt seo ná, an tráth atá nó a bhí an mhaoín ar fáil lena roghnú, go bhfuil nó go raibh deis chun—

- (a) i gcás talún, an mhaoín sin, agus
- (b) in aon chás eile, maoín den tuairisc chéanna leis an maoín chéadluaite,

a roghnú ar fáil don phobal de réir téarmaí lena bhforáiltear nó lena foráladh go bhfuil nó go raibh an deis chun an mhaoín a roghnú ar fáil d'aon duine atá faoi réim téarmaí na deise agus go ndéantar nó go

ndearnadh an deis sin a shainathint go soiléir don phobal i litríocht mhargaíochta nó i litríocht phoiblíochta eile arna foilsiú an tráth sin ag an ngnóthas infheistíochta nó ag an gciste eischósta lena mbaineann agus í ar fáil i gcoitinne d'aon duine a thagann faoi réim théarmaí na deise.

(6) Is iad seo a leanas ceanglais an fho-ailt seo—

- (a) nach gcaithfidh an gnóthas infheistíochta nó an ciste eischósta lena mbaineann le haon duine i dtaca leis an deis ar mhodh atá éagsúil le haon mhodh ar a gcaithfear nó ar a gcaithfí le haon duine eile nó a bheidh níos déine ná aon mhodh ar a gcaithfear nó ar a gcaithfí le haon duine eile, agus
- (b) más rud é, maidir le téarmaí na deise dá dtagraítear i bhfo-alt (5), go n-áirítear téarmaí iontu—
 - (i) ina leagtar amach ceanglas caipitiúil na deise agus ina sainathnítear an ceanglas don phobal san ábhar margaíochta nó san ábhar eile poiblíochta arna foilsiú ag an ngnóthas infheistíochta nó ag an gciste eischósta an tráth atá an mhaoin ar fáil lena roghnú, agus
 - (ii) ina léirítear gur talamh é 50 faoin gcéad nó níos mó, de réir luacha, den mhaoin dá dtagraítear san fho-alt sin nó go mbeartaítear gur talamh a bheidh ann,

ansin ní mó ná 1 faoin gcéad den cheanglas caipitiúil (gan aon iasachtaí a áireamh) den deis arna sainathint amhlaidh an méid a fhéadfaidh aon duine amháin a infheistiú sa ghnóthas infheistíochta nó sa chiste eischósta .”,

(b) in alt 739E, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhíreanna (a) agus (b) d'fho-alt (1):

“(a) faoi réir mhír (ba), i gcás ina bhfaightear méid an ghnóchain trí bhíthin alt 739D(2)(a), de réir an ráta chaighdeánaigh don bhliain mheasúnachta ina n-éiríonn an gnóchan,

- (b) faoi réir mhír (ba), i gcás ina dtarlaíonn an teagmhas inmhuirearaithe an 1 Eanáir 2001 nó dá éis agus ina bhfaightear méid an ghnóchain le mír (b), (c), (d), (dd) nó (ddd) d'alt 739D(2), de réir ráta a chinnfear de réir na foirmle—

(S + 3) faoin gcéad,

i gcás inarb é S an ráta caighdeánach faoin gcéad (de réir bhrí alt 4),

- (ba) más rud é, i gcás gnóthais infheistíochta punainne pearsanta, go dtarlaíonn an teagmhas inmhuirearaithe an 20 Feabhra 2007 nó dá éis, de réir ráta a chinnfear de réir na foirmle—

(S + 23) faoin gcéad,

i gcás inarb é S an ráta caighdeánach faoin gcéad (de réir bhrí alt 4), agus”,

- (c) in alt 747D, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) i gcás nach cuideachta an duine, agus—

- (i) ina bhfuil an t-ioncam arb ionannas dó an íocaíocht ar áireamh i gceart i dtuairisceán arna thabhairt ag an duine, ansin d'ainneoin alt 15, beidh an ráta cánach ioncaim a mhuirearófar ar an ioncam—

- (I) i gcás inar íocaíocht iomchuí an íocaíocht—

- (A) i gcás ciste eischósta is gnóthas infheistíochta punainne pearsanta, de réir an ráta a chinnfear de réir na foirmle—

(S + 23) faoin gcéad,

i gcás inarb é S an ráta caighdeánach faoin gcéad don bhliain mheasúnachta ina ndéantar an íocaíocht, agus

- (B) in aon chás eile, an ráta caighdeánach faoin gcéad,

agus

- (II) i gcás nach íocaíocht iomchuí an íocaíocht agus nach ndéantar í ar chomaoin diúscartha leasa sa chiste eischósta—

- (A) i gcás ciste eischósta is gnóthas infheistíochta punainne pearsanta, de réir an ráta a chinnfear de réir na foirmle—

(S + 23) faoin gcéad,

i gcás inarb é S an ráta caighdeánach faoin gcéad don bhliain mheasúnachta ina ndéantar an íocaíocht, agus

(B) in aon chás eile, de réir an ráta a chinnfear de réir na foirmle—

(S + 3) faoin gcéad,

i gcás inarb é S an ráta caighdeánach faoin gcéad,

agus

(ii) i gcás nach bhfuil an t-ioncam arb ionannas dó an íocaíocht ar áireamh i gceart i dtuairisceán arna thabhairt ag an duine, muirearófar cáin ioncaim ar an ioncam—

(I) i gcás ciste eischósta is gnóthas infheistíochta punainne pearsanta, de réir an ráta a chinnfear de réir na foirmle—

(H + 20) faoin gcéad,

i gcás inarb é H an ráta faoin gcéad a chinnfear i ndáil leis an duine le halt 15 don bhliain mheasúnachta ina ndéantar an íocaíocht, agus

(II) in aon chás eile, de réir ráta a chinnfear le halt 15,”

agus

(d) in alt 747E, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Más rud é, an 1 Eanáir 2001 nó dá éis, go ndéanfaidh duine ag a bhfuil leas ábhartha i gciste eischósta, leas sa chiste eischósta a dhiúscairt agus go bhfuil an diúscairt ina cúis le gnóchan arna ríomh de réir fho-alt (2) ansin, d’ainneoin ailt 745 agus 747, i gcás nach gcuirtear an gnóchan i gcuntas le linn brabúis nó gnóchain trádála a sheolann cuideachta a bheith á ríomh, déileálfar le méid an ghnóchain sin mar mhéid ioncaim a bhfuil cáin inmhuirearaithe air faoi Chás IV de Sceideal D, agus—

(a) i gcás inar cuideachta an duine, is é a bheidh sa ráta cánach corparáide a mhuirearófar ar an ioncam sin, d’ainneoin alt 21A(3), ná an ráta cánach ioncaim is inmhuirearaithe ar ioncam dá dtagraítear i bhfomhír (ii) de mhír (b), agus

(b) i gcás nach cuideachta an duine, agus ina mbeidh an duine tar éis sonraí na diúscairthe a chur san áireamh i gceart i dtuairisceán arna thabhairt ag an duine, is é a bheidh sa ráta cánach ioncaim a mhuirearófar ar an ioncam sin, d’ainneoin alt 15, ná an ráta a chinnfear—

- (i) i gcás ciste eischósta ar gnóthas infheistíochta punainne pearsanta é, de réir na foirmle—

(S + 23) faoin gcéad,

i gcás inarb é S an ráta caighdeánach faoin gcéad don bhliain mheasúnachta ina ndéantar an íocaíocht, agus

- (ii) in aon chás eile, de réir na foirmle—

(S + 3) faoin gcéad,

i gcás gurb é S an ráta caighdeánach faoin gcéad.”.

- (2) Tá feidhm ag *fo-alt (1)* maidir leis na nithe seo a leanas—

- (a) teagmhas inmhuirearaithe do tharlú i ndáil le gnóthas infheistíochta (de réir bhrí Chaibidil 1A de Chuid 27 den Phríomh-Acht),
- (b) duine d’fháil íocaíochta maidir le leas ábhartha i gciste eischósta (de réir bhrí Chaibidil 4 de Chuid 27 den Phríomh-Acht), agus
- (c) leas ábhartha i gciste eischósta (de réir na brí sin) a dhiúscairt go hiomlán nó go páirteach,

an 20 Feabhra 2007 nó dá éis.

Leasú ar alt 739D
(gnóchan a éiríonn
as teagmhas
inmhuirearaithe)
den Phríomh-Acht.

- 41.**—Leasaítear alt 739D den Phríomh-Acht i bhfo-alt (6)—

- (a) i mír (j) trí “nó” a scriosadh,
- (b) i mír (k) trí “nó 110(2)” a scriosadh, agus
- (c) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (k):

“(l) gurb é atá ann ná Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean agus gur thug an sealbhóir aonad dearbhú chuige sin don ghnóthas infheistíochta, nó

(m) gurb é atá ann ná cuideachta—

- (i) a thagann nó a thiofáidh faoi réim mhuirir i leith cánach corparáide de réir alt 110(2), i leith íocaíochtaí arna ndéanamh léi ag an ngnóthas infheistíochta, agus
- (ii) a bhfuil dearbhú chuige sin déanta aici agus a rinne uimhir thagartha cánach na cuideachta (de réir bhrí alt 885) a sholáthar don ghnóthas infheistíochta,”.

Leasú ar alt 730H
(léiriú agus feidhm)
den Phríomh-Acht.

- 42.**—(1) Leasaítear alt 730H den Phríomh-Acht i bhfo-alt (1)—

- (a) sa mhíniú ar “teagmhas iomchuí” trí “iomchuí;” a chur in ionad na bhfocal go léir ó “iomchuí, i gcás” síos go dtí

“tagairt do 8 mbliana;” agus na focail deiridh sin san áireamh, agus

- (b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínte ar “tréimhse iomchuí”:

“ciallaíonn ‘tréimhse iomchuí’, i ndáil le polasaí saoil coigríche, tréimhse 8 mbliana dar tosach tráth tionscanta an pholasaí agus gach tréimhse 8 mbliana dá éis sin dar tosach díreach tar éis na tréimhse iomchuí roimhe sin;”.

(2) Tá feidhm ag an alt seo maidir le haon teagmhas iomchuí (de réir bhrí alt 730H(1) den Phríomh-Acht) a tharlaíonn ar dháta rite an Achta seo nó dá éis maidir le polasaí saoil coigríche (de réir bhrí alt 730H(1) den Phríomh-Acht) arna thógáil amach an 1 Eanáir 2001 nó dá éis.

43.—(1) Leasaítear Caibidil 5 de Chuid 26 den Phríomh-Acht—

Leasú ar Chaibidil 5 (sealbhóirí polasaíthe — bonn nua) de Chuid 26 den Phríomh-Acht.

- (a) in alt 730C(1)(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (iv):

“(iv) deireadh tréimhse iomchuí, i gcás nach teagmhas inmhuirearaithe de réir bhrí an ailt seo an deireadh sin ar shlí eile, agus chun críocha na fomhíre seo ciallaíonn ‘tréimhse iomchuí’, i ndáil le polasaí saoil, tréimhse 8 mbliana dar tosach tráth tionscanta an pholasaí agus gach tréimhse 8 mbliana dá éis sin dar tosach díreach tar éis na tréimhse iomchuí roimhe sin,”

- (b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 730D(1A):

“730D.—(1A) (a) Más rud é—

- (i) go dtarlaíonn teagmhas inmhuirearaithe i ndáil le polasaí saoil, agus
- (ii) gur tharla teagmhas inmhuirearaithe de réir bhrí alt 730C(1)(a)(iv) roimhe sin i ndáil leis an bpolasaí sin,

ansin déanfar an gnóchan a éireoidh ar an teagmhas inmhuirearaithe dá dtagraítear i bhfomhír (i) a chinneadh amháil is dá mba rud é nár achtaíodh alt 730C(1)(a)(iv).

- (b) I gcás ina bhfuil feidhm ag mír (a) agus nach é atá sa teagmhas inmhuirearaithe dá dtagraítear i bhfomhír (i) den mhír sin tabhairt suas nó sannadh cuid de na cearta a thugtar leis an bpolasaí saoil, déanfar aon chéad cháin (de réir bhrí alt 730F(1A)), chun críocha fho-alt (3), a chur le luach na gceart nó na sochar eile a thugtar leis an bpolasaí sin díreach roimh an teagmhas inmhuirearaithe.
- (c) I gcás ina bhfuil feidhm ag mír (a) agus gurb é atá sa teagmhas inmhuirearaithe dá dtagraítear i bhfomhír (i) den mhír sin tabhairt suas nó sannadh cuid de na cearta a thugtar leis an

bpolasaí saoil, déanfar aon chéad cháin (de réir bhrí alt 730F(1A)), chun críocha fho-alt (3), a asbhaint ó mhéid na bpréimheanna a chuirtear i gcuntas le linn an gnóchan mar gheall ar tharlú an teagmhais inmhuirearaithe a chinneadh.”,

(c) in alt 730D(3), san fhorléiriú ar P, trí “an tráth a tharla teagmhas inmhuirearaithe roimhe sin (nach teagmhas inmhuirearaithe de réir bhrí alt 730C(1)(a)(iv)),” a chur in ionad “an tráth a tharla teagmhas inmhuirearaithe roimhe sin,” agus

(d) in alt 730F(1A)—

(i) sa mhíniú ar “an chéad cháin” trí “de réir bhrí alt 730C(1)(a)(iv) i ndáil leis an bpolasaí saoil agus nach bhfuil aisíoctha;” a chur in ionad “dá dtagraítear i bhfo-alt 730D(1A)(b) i ndáil leis an bpolasaí saoil;”,

(ii) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “gnóchan nua”:

“ciallaíonn ‘gnóchan nua’, i ndáil le polasaí saoil, gnóchan dá dtagraítear in alt 730D(1A)(a) arna chinneadh de réir alt 730D i ndáil leis an bpolasaí saoil;”,

(iii) i mír (b)(i) trí “alt 730D(1A)(a)” a chur in ionad “fo-alt 730D(1A)”,

(iv) i mír (b)(ii) trí “, faoi réir fhomhír (iii)”, a scriosadh, agus

(v) trí fhomhír (iii) de mhír (b) a scriosadh.

(2) Tá feidhm ag an alt seo, agus tá éifeacht leis, maidir le haon teagmhas inmhuirearaithe (de réir bhrí alt 730C(1)(a)(iv) den Phríomh-Acht) a tharlaíonn ar dháta rite an Achta seo nó dá éis.

Leasú ar Chaibidil 1 (sócmhainní a aistriú as an Stát) de Chuid 33 den Phríomh-Acht.

44.—(1) Leasaítear Caibidil 1 de Chuid 33 den Phríomh-Acht—

(a) in alt 806—

(i) i bhfo-alt (1), sa mhíniú ar “oibríocht ghaolmhar” trí “agus chun críocha an mhínithe seo, ní bhaineann sé le hábhar cibé acu a dhéantar an oibríocht roimh an aistriú, dá éis nó an tráth céanna leis;” a chur isteach i ndiaidh “aon sócmhainní den sórt sin;”,

(ii) i bhfo-alt (2)—

(I) trí “agus” a scriosadh ag deireadh mhír (b) agus trí “a aistriú,” a chur in ionad “a aistriú.” ag deireadh mhír (c), agus

(II) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (c):

“(d) foláíonn an t-ioncam a thagann chun bheith infoctha le duine, nó atá tagtha chun bheith ina ioncam de chuid

duine, ar a bhfuil cónaí nó sainchónaí lasmuigh den Stát agus dá dtagraítear i bhfo-alt (3) nó (5) nó in alt 807A(1) aon ioncam a thagann chun bheith infoctha leis an duine, nó atá tagtha chun bheith ina ioncam de chuid an duine, de bhua nó de dhroim aon cheann de na nithe seo a leanas—

- (i) an t-aistriú,
- (ii) oibríocht ghaolmhar amháin nó níos mó, nó
- (iii) an t-aistriú agus oibríocht ghaolmhar amháin nó níos mó,

agus

- (e) foláionn an t-ioncam ag a bhfuil cumhacht ag pearsa aonair a theachtadh, dá dtagraítear i bhfo-alt (4), aon ioncam a bhfuil cumhacht ag an bpearsa aonair sin é a theachtadh de bhua nó de dhroim aon cheann de na nithe seo a leanas—

- (i) an t-aistriú,
- (ii) oibríocht ghaolmhar amháin nó níos mó, nó
- (iii) an t-aistriú agus oibríocht ghaolmhar amháin nó níos mó.”,

- (iii) i bhfo-alt (8) trí “Faoi réir alt 807B, ní bheidh feidhm ag fo-ailt (4) agus (5)” a chur in ionad “Ní bheidh feidhm ag fo-ailt (4) agus (5)”,

- (iv) i bhfo-alt (9), trí “fho-alt (8) nó (10) nó alt 807B nó 807C” a chur in ionad “fho-alt (8)”,

agus

- (v) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (9):

“(10) (a) San fho-alt seo—

ní fholaíonn ‘idirbheart tráchtála’—

- (i) idirbheart ar théarmaí seachas iad siúd a dhéanfaí idir daoine neamhspleácha agus iad ag déileáil ar neamhthuilleamaí, nó
- (ii) idirbheart nach ndéanfadh daoine neamhspleácha agus iad ag déileáil ar neamhthuilleamaí;

ciallaíonn ‘daoine neamhspleácha’ daoine nach bhfuil bainteach lena chéile (de réir bhrí alt 10);

ciallaíonn ‘idirbhearta iomchuí’—

- (i) an t-aistriú, agus
 - (ii) aon oibríochtaí gaolmhara.
- (b) Faoi réir alt 807B, ní bheidh feidhm ag fo-ailt (4) agus (5) faoi threoir na n-idirbheart iomchuí i gcás ina suíonn an phearsa aonair i scríbhinn nó ar shlí eile chun sástacht na gCoimisinéirí Ioncaim—
- (i) nach mbeadh sé réasúnach an tátal a bhaint as imthosca uile an cháis, maidir leis an gcuspóir arb éard é dliteanas cánachais a sheachaint, gurbh é an cuspóir, nó gur áiríodh i measc na gcuspóirí, a bhí leis na hidirbhearta iomchuí, nó le haon cheann díobh, a dhéanamh, nó
 - (ii) i gcás nach ndéantar an coinníoll i bhfomhír (i) a chomhlíonadh—
 - (I) gurbh idirbhearta tráchtála fíorchearta na hidirbhearta iomchuí go léir, agus
 - (II) nach mbeadh sé réasúnach an tátal a bhaint as imthosca uile an cháis gur chun dliteanas cánachais a sheachaint ar bhonn seachas ar bhonn teagmhasach a ceapadh aon cheann amháin, nó níos mó ná aon cheann amháin, de na hidirbhearta sin.
- (c) Tá intinn agus cuspóirí aon duine a dhéanann, cibé acu ar chomaoin nó nach ea—
- (i) na hidirbhearta iomchuí nó aon cheann díobh a dhearadh nó a chur i gcrích, nó
 - (ii) comhairle a sholáthar i ndáil leis na hidirbhearta iomchuí nó le haon cheann díobh,
- le cur i gcuntas le linn na cuspóirí ar chucu a rinneadh na hidirbhearta sin nó aon cheann díobh a chur i gcrích.
- (d) Ní idirbheart tráchtála é idirbheart iomchuí ach amháin má chuirtear i gcrích é—
- (i) i gcúrsa trádála nó gnó, nó
 - (ii) d’fhonn trádáil nó gnó a chur ar bun agus a thosú,
- agus, i gceachtar de na cásanna, chun críocha na trádála nó an ghnó sin.

(e) Chun críocha mhír (d), ní trádáil nó gnó é infheistíochtaí a dhéanamh agus a bhainistiú, nó infheistíochtaí a dhéanamh nó a bhainistiú, ach amháin a mhéid, maidir leis na daoine seo a leanas—

(i) an duine a dhéanann é, agus

(ii) an duine dá ndéantar é,

gur daoine neamhspleácha iad agus iad ag déileáil ar neamhthuilleamaí.

(f) Déanfar aon oibríocht ghaolmhar nach mbeadh (ar leith ón mír seo) le cur i gcuntas chun críocha an fho-ailt seo, a chur i gcuntas chun na gcríoch sin más rud é, dá ndéanfaí í a chur i gcuntas amhlaidh, go ndéanfaí mainneachtain i leith na gcoinníollacha i mír (b) faoi threoir na nithe seo a leanas—

(i) an oibríocht ghaolmhar sin, nó

(ii) an oibríocht ghaolmhar sin in éineacht leis an aistriú nó le haon oibríocht ghaolmhar amháin eile nó níos mó.”,

(b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 807A:

“Socrúithe idirthréimhseacha áirithe i ndáil le sócmhainní a aistriú as an Stát. 807B.—(1) San alt seo—
ciallaíonn ‘idirbheart nua’ idirbheart iomchuí arna chur i gcrích an dáta iomchuí nó dá éis;

ciallaíonn ‘sean-idirbheart’ idirbheart iomchuí arna chur i gcrích roimh an dáta iomchuí;

ciallaíonn ‘dáta iomchuí’ an 1 Feabhra 2007;

tá le ‘idirbhearta iomchuí’ an bhrí a shanntar dó le halt 806(10).

(2) D’fhonn fo-alt (3) den alt seo agus fo-ailt (8) agus (10) d’alt 806 a chur chun feidhme—

(a) más sean-idirbhearta na hidirbhearta iomchuí go léir, beidh feidhm ag alt 806(8),

(b) más idirbhearta nua na hidirbhearta iomchuí go léir, beidh feidhm ag alt 806(10),

(c) más sean-idirbhearta aon cheann amháin nó níos mó de na hidirbhearta iomchuí agus más idirbhearta nua aon cheann amháin nó níos mó de na

hidirbhearta iomchuí, beidh feidhm ag ailt 806 agus 807A faoi réir fho-alt (3).

(3) (a) Más rud é—

- (i) go ndéantar mainneachtain i leith na gcoinníollacha in alt 806(8) faoi threoir na sean-idirbheart nó aon cheann díobh, nó
- (ii) go ndéantar mainneachtain i leith na gcoinníollacha in alt 806(10)(b) faoi threoir na n-idirbheart nua nó aon cheann díobh,

ansin, faoi réir mhír (b), tá feidhm ag ailt 806 agus 807A amhail mar a bheadh feidhm acu ar leith ó aon díolúine de bhua an ailt seo nó de bhua alt 806(8) nó alt 806(10).

(b) I gcás ina bhfuil feidhm ag mír (a) de bhua fhomhír (ii) den mhír sin agus dá bhua sin amháin—

- (i) chun críocha fho-alt (4) nó (5)(b) d'alt 806, ní dhéanfar aon ioncam a éireoidh roimh an dáta iomchuí a thabhairt i gcuntas mar ioncam de chuid an duine a bhfuil cónaí nó sainchónaí air nó uirthi lasmuigh den Stát,

(ii) chun críocha alt 807A—

(I) (A) i gcás ina bhfaigheann pearsa aonair sochar i mbliain mheasúnachta dar críoch dáta tar éis an dáta iomchuí, agus

(B) go bhfuil ioncam iomchuí (de réir bhrí alt 807A(3)) de chuid blianta measúnachta anuas go dtí an bhliain sin, agus an bhliain sin san áireamh, le cinneadh,

ansin tá blianta measúnachta dar críoch dáta roimh an dáta iomchuí le tabhairt i gcuntas chomh maith le blianta measúnachta dar críoch dáta tar éis an dáta sin, agus

- (II) tá sochar a fhaigheann pearsa aonair sa bhliain mheasúnachta 2007 le fágáil as an gcuntas a mhéid a bhí sé, ar bhonn cionroinnte ama, le teachtadh in aon chuid den bhliain a thiteann roimh an dáta iomchuí.

Forálacha forlíontacha i ndáil le halt 806 — cionroinnt i gcásanna áirithe.

807C.—(1) San alt seo—

ciallaíonn ‘díolúine chuif’ díolúine de bhua fho-alt (8)(b) nó (10)(b)(ii) d’alt 806;

ciallaíonn ‘bliain mheasúnachta dhíolmhaithe’ bliain mheasúnachta dá dtagraítear i bhfo-alt (2)(b) ar ina leith nach raibh aon bhliain mheasúnachta níos luaithe ann—

- (a) ina raibh an phearsa aonair faoi dhliteanas cánach de bhua alt 806, nó
- (b) ina mbeadh an phearsa aonair faoi dhliteanas cánach de bhua alt 806 dá mba ann d’aon ioncam measta de chuid na pearsan aonair sin faoin alt sin;

tá le ‘idirbhearta iomchuí’ an bhrí a shanntar dó le halt 806(10).

(2) Tá feidhm ag an alt seo i gcás ina bhfuil pearsa aonair faoi dhliteanas cánach ioncaim de bhua alt 806 do bhliain mheasúnachta agus—

- (a) i gcás ina bhfuil an phearsa aonair faoi dhliteanas amhlaidh de bhua na gcoinníollacha in alt 806(10)(b)(ii) a bheith gan chomhlíonadh,
- (b) i gcás ina raibh bliain mheasúnachta amháin nó níos mó ann, ó rinneadh an t-aistriú, inarbh amhlaidh do na himthosca, maidir leis an bpearsa aonair, a mhéid a

bhaineann le cibé idirbhearta de na hidirbhearta iomchuí a rinneadh roimh dheireadh na bliana measúnachta lena mbaineann—

- (i) nach raibh sé nó sí faoi dhliteanas cánach de bhua alt 806 mar go raibh feidhm ag díolúine chuí, nó
- (ii) nach mbeadh sé nó sí faoi dhliteanas cánach de bhua alt 806 dá mba ann d'aon ioncam measta de chuid na pearsan aonair sin faoin alt sin mar go mbeadh feidhm ag díolúine chuí, agus

agus

- (c) i gcás ina bhfuil an t-ioncam ar faoina threoir atá an phearsa aonair faoi dhliteanas amhlaidh inchurtha go páirteach i leith na nithe seo a leanas—
 - (i) idirbhearta iomchuí ar faoina dtreoir a bhí feidhm ag an díolúine chuí don bhliain mheasúnachta dhíolmhaithe dheireanach, agus
 - (ii) oibríochtaí gaolmhara nach dtagann faoi réim mhír (i) (dá ngairtear 'oibríochtaí inmhuirearaithe' san alt seo).

(3) I gcás feidhm a bheith ag an alt seo, déanfar dliteanas na pearsan aonair a laghdú amháil is go raibh sé le cinneadh faoi threoir cibé méid den ioncam a measfaidh na Coimisinéirí Ioncaim, nó cibé oifigeach a cheapfaidh na Coimisinéirí Ioncaim, ina leith gur cóir agus gur réasúnach é a bheith inchurtha i leith oibríochtaí inmhuirearaithe in imthosca uile an cháis.

(4) Maidir leis na fíorais agus na nithe a fhéadfar a chur i gcuntas le linn a chinneadh, chun críocha fho-alt (3), an bhféadfar ioncam a bheas mar ioncam atá inchurtha go ceart agus go réasúnach i leith oibríochtaí inmhuirearaithe, lena n-áirítear an ndéanann, agus a mhéid a dhéanann, na hoibríochtaí inmhuirearaithe, nó aon cheann díobh, difear go díreach nó go neamhdhíreach—

- (a) do charachtar, tuairisc nó méid aon ioncaim de chuid aon duine,
- (b) do chumhacht aon duine aon ioncam a theachtadh, nó
- (c) do charachtar, tuairisc nó méid aon ioncaim a bhfuil cumhacht ag duine é a theachtadh.”,
- (c) in alt 807A(7), trí “fo-ailt (8), (9) agus (10)” a chur in ionad “fo-ailt (8) agus (9)”, agus
- (d) in alt 808, i bhfo-ailt (2) agus (3)(b), trí “ailt 806, 807, 807(A), 807(B), 807(C) agus 809” a chur in ionad “ailt 806, 807, 807A agus 809” i ngach áit a bhfuil sé.

(2) Tá éifeacht leis an alt seo maidir le hidirbhearta iomchuí (de réir bhrí alt 806(10)(a) den Phríomh-Acht) an 1 Feabhra 2007 nó dá éis.

45.—(1) Leasaítear alt 234 den Phríomh-Acht—

Leasú ar alt 234
(ioncam áirithe ó
ríchíosanna
paitinne) den
Phríomh-Acht.

(a) i bhfo-alt (1)—

- (i) tríd an méid seo a leanas a chur isteach roimh an míniú ar “ioncam as paitinn cháilitheach”:

“ciallaíonn ‘Comhaontú LEE’ an Comhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch a síníodh in Porto an 2 Bealtaine 1992, arna choigeartú leis an bPrótacal a síníodh sa Bhruiséil an 17 Márta 1993;

ciallaíonn ‘stát LEE’ stát is Páirtí Conarthach i gComhaontú LEE;”,

- (ii) sa mhíniú ar “paitinn cháilitheach” trí “i stát LEE;” a chur in ionad “sa Stát;”,

- (b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(3A) (a) D’ainneoin fho-alt (2) ach faoi réir mhíreanna (b) go (d), maidir leis an méid sin de chomhiomlán méideanna aon ioncaim as paitinní cáilitheacha a eascraíonn chuig duine i dtréimhse iomchuí agus a ndéanfaí neamhshuim de, ar leith ón bhfo-alt seo, faoi fho-alt (2) chun críocha cánach ioncaim nó cánach corparáide ar méid é atá níos mó ná €5,000,000, ní dhéanfar neamhshuim de amhlaidh.

(b) Más rud é—

- (i) i ndáil le cuideachta, go ndéanfaí neamhshuim, ar leith ón mír seo, d’ioncam as paitinní cáilitheacha a éiríonn i dtréimhse iomchuí, agus

- (ii) i ndáil le haon duine amháin nó níos mó atá bainteach (de réir bhrí alt 10) leis an gcuideachta dá dtagraítear i bhfómhír (i), go ndéanfaí neamhshuim, ar leith ón mír seo, d'ioncam as paitinní cáilitheacha a éiríonn sa tréimhse iomchuí sin,

ansin ní mó ná €5,000,000 comhiomlán na méideanna ioncaim as paitinní cáilitheacha, a ndéanfar neamhshuim de faoi fho-alt (2), ar méideanna iad a eascraíonn chuig an gcuideachta agus chuig na daoine sin go léir sa tréimhse iomchuí.

- (c) Más rud é gur mó ná €5,000,000 comhiomlán na méideanna ioncaim as paitinní cáilitheacha i dtréimhse iomchuí ar méideanna iad a eascraíonn chuig cuideachta agus chuig na daoine go léir dá dtagraítear i mír (b) agus a ndéanfaí neamhshuim díobh, ar leith ó mhír (b), faoi fho-alt (2), is é a bheidh i méid aon ioncaim as paitinní cáilitheacha a ndéanfar neamhshuim de amhlaidh i leith na tréimhse iomchuí i ndáil leis an gcuideachta nó i ndáil le haon duine dá dtagraítear i mír (b) ná—

- (i) cibé méid de €5,000,000 a leithroinntear ar an gcuideachta nó ar an duine sin ar an modh a shonraítear i bhfógra arna dhéanamh i scríbhinn ag an gcuideachta agus ag na daoine bainteacha i gcomhpháirt chuig an gcigire cuí an tráth, nó roimh an tráth, a bhfuil tuairisceán faoi alt 951 le déanamh i gcomhair na tréimhse inmhuirearaithe is déanaí (de réir bhrí alt 321(2))—

(I) de chuid na cuideachta, nó

(II) de chuid aon duine de na daoine sin,

ar tréimhse í atá go hiomlán nó go páirteach sa tréimhse iomchuí: ach ní bheidh comhiomlán na méideanna arna leithroinnt ar an gcuideachta agus ar na daoine go léir eile dá dtagraítear i mír (b) i ndáil leis an tréimhse iomchuí níos mó ná €5,000,000, agus

- (ii) i gcás nach dtugtar aon fhógra den sórt sin, méid a chinnfear de réir na foirmle seo a leanas—

$$€5,000,000 \times \frac{P}{T}$$

más rud é—

gurb é P comhiomlán na méideanna ioncaim ó phaitinní cáilitheacha a eascraíonn chuig an gcuideachta, nó de réir

mar a bheidh chuig an duine, sa tréimhse iomchuí, agus

gurb é T comhiomlán na méideanna ioncaim ó phaitinní cáilitheacha a eascraíonn chuig an gcuideachta agus chuig na daoine go léir dá dtagraítear i mír (b) sa tréimhse iomchuí.

(d) Chun críocha an fho-alt seo, i gcás nach comhthráthach do thréimhse iomchuí agus do thréimhse chuntasaíochta cuideachta—

(i) is é a bheidh sa mhéid ioncaim as paitinní cáilitheacha a eascraíonn chuig an gcuideachta sa tréimhse iomchuí ná comhiomlán na méideanna ioncaim as paitinní cáilitheacha a eascraíonn chuig an gcuideachta in aon tréimhse chuntasaíochta nó i gcuid de thréimhse chuntasaíochta a thiteann laistigh den tréimhse iomchuí,

(ii) maidir le hioncam as paitinní cáilitheacha a eascraíonn chuig cuideachta i dtréimhse chuntasaíochta, déileálfar leis mar ioncam a eascraíonn i gcuid den tréimhse chuntasaíochta sin ar bhonn ama de réir fhad an chuid den tréimhse chuntasaíochta agus fhad iomlán na tréimhse cuntasíochta, faoi seach, agus

(iii) faoi réir na bhforálacha roimhe seo den mhír seo, maidir le hioncam a eascraíonn i dtréimhse iomchuí, ar ioncam é a bhfuil neamhshuim le déanamh de faoi fho-alt (2), ní dhéileálfar leis mar ioncam in ionannas ioncaim tréimhse cuntasíochta ach amháin a mhéid nach féidir déileáil leis mar ioncam in ionannas ioncaim de chuid tréimhse níos luaithe, nó de chuid cuid de thréimhse den sórt sin.

(e) San fho-alt seo—

ciallaíonn ‘ioncam as paitinní cáilitheacha’ ioncam as paitinn cháilitheach nó as níos mó ná paitinn amháin den sórt sin;

ciallaíonn ‘tréimhse iomchuí’ an tréimhse 12 mhí dar tosach an 1 Eanáir 2008 agus gach tréimhse 12 mhí dá héis.”.

(2) (a) Tá feidhm ag *fo-alt (1)(a)* maidir le hioncam as paitinn ar maidir léi a dhéantar an taighde, an phleanáil, an phróiseáil, an turgnamh, an tástáil, an seiftiú, an dearadh, an fhorbairt nó aon ghníomhaíocht eile den sórt sin is réamhshaothar i leith an aireagáin is ábhar don phaitinn a sheoladh an 1 Eanáir 2008 nó dá éis.

(b) Tá feidhm ag *fo-alt (1)(b)* maidir le tréimhse iomchuí dar tosach an 1 Eanáir 2008 nó dá éis.

CAIBIDIL 4

Cáin Chorparáide

Leasú ar alt 766
(creidmheas cánach
le haghaidh
caiteachais taighde
agus forbartha) den
Phríomh-Acht.

46.—(1) Leasaítear alt 766 den Phríomh-Acht i bhfo-alt (1)—

(a) i mír (a), i mír (i) den mhíniú ar “méid tairisí” trí “1 Eanáir 2010” a chur in ionad “1 Eanáir 2007”, agus

(b) i mír (b)—

(i) trí “á seoladh aici;” a chur in ionad “á seoladh aici.” i bhfomhír (vii), agus

(ii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (vii):

“(viii) más rud é, in aon tréimhse, maidir le cuideachta—

(I) go dtaobhaíonn sí caiteachas ar thaighde agus ar fhorbairt, agus

(II) go n-íocann sí suim (nach suim dá dtagraítear i bhfomhír (vii)(II)) le duine, seachas le duine atá bainteach (de réir bhrí alt 10) leis an gcuideachta, chun go seolfadh an duine sin gníomhaíochtaí taighde agus forbartha, agus nach n-éilíonn an duine sin faoiseamh faoin alt seo i leith an chaiteachais sin ar thaighde agus ar fhorbairt,

déileálfar le cibé méid den tsuim a íoctar amhlaidh nach bhfuil níos mó ná 10 faoin gcéad den chaiteachas sin arna thabú ag an gcuideachta ar thaighde agus ar fhorbairt amhail is dá mba chaiteachas é arna thabú ag an gcuideachta ar ghníomhaíochtaí taighde agus forbartha a bheith á seoladh aici.”.

(2) (a) Faoi réir mhír (b), tá feidhm ag an alt seo maidir le tréimhsí cuntasáíochta dar tosach an 1 Eanáir 2007 nó dá éis.

(b) Tá feidhm ag fo-alt (1)(b) maidir le tréimhsí cuntasáíochta dar críoch an 1 Eanáir 2007 nó dá éis i leith caiteachais arna thabú an 1 Eanáir 2007 nó dá éis.

Leasú ar alt 958
(dáta le cáin a íoc)
den Phríomh-Acht.

47.—(1) Leasaítear alt 958 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (1)(a), sa mhíniú ar “teorainn iomchuí”, trí “€150,000” a chur in ionad “€50,000”,

(b) i bhfo-alt (2B), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (b):

“(c) Más rud é, i ndáil le tréimhse inmhuirearaithe ar tréimhse chuntasáochta de chuid cuideachta í—

(i) nach bhfuil an cháin is iníoctha ag duine inmhuirearaithe (ar cuideachta é) don tréimhse inmhuirearaithe níos mó ná an teorainn iomchuí, agus

(ii) gur thosaigh an tréimhse inmhuirearaithe tar éis don chuideachta teacht laistigh de réim cánach corparáide,

ansin measfar gur neamhní an réamhcháin is cuí don tréimhse inmhuirearaithe agus ní bheidh feidhm ag fo-ailt (4C) agus (4E).”

(c) i bhfo-alt (4C)—

(i) trí “Faoi réir fho-ailt (2B)(c), (4E) agus (11)” a chur in ionad “Faoi réir fho-alt (4E)”, agus

(ii) i mír (b)(ii), trí “nó nach cuideachta í ar neamhní a dliteanas réamhchánach de bhua fho-alt (2B)(c)”, a chur isteach i ndiaidh “tréimhse chuntasáochta,”

agus

(d) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (10):

“(11) (a) San fho-alt seo,

ciallaíonn ‘iarmhéid’ an méid arb ionannas dó an fhoirmle A—B, más rud é—

gurb é A an méid réamhchánach arna híoc ag an gcuideachta ghéillte de réir fho-alt (2B) don tréimhse iomchuí, agus

gurb é B 90 faoin gcéad den cháin is iníoctha ag an gcuideachta ghéillte don tréimhse iomchuí sin;

ciallaíonn ‘iarmhéid iomchuí’ an chuid sin d’iarmhéid a shonraítear i bhfógra arna thabhairt de réir mhír (c).

(b) Tá feidhm ag an bhfo-alt seo más rud é—

(i) go ndéanfaidh duine inmhuirearaithe is cuideachta (dá ngairtear ‘an chuideachta ghéillte’ san fho-alt seo) atá ina comhalta de ghrúpa méid réamhchánach a íoc do thréimhse inmhuirearaithe (dá ngairtear an ‘tréimhse iomchuí’ san fho-alt seo) de réir fho-alt (2B), ar méid é atá níos mó ná 90 faoin gcéad den cháin is iníoctha ag an gcuideachta ghéillte sin don tréimhse iomchuí,

(ii) go ndéanfaidh duine inmhuirearaithe eile is cuideachta (dá ngairtear ‘an chuideachta

éilimh' san fho-alt seo) atá ina chomhalta den ghrúpa méid réamhchánach a íoc do thréimhse inmhuirearaithe de réir fho-alt (2B), ar méid é atá níos lú ná 90 faoin gcéad den cháin is iníoctha ag an gcuideachta éilimh sin don tréimhse inmhuirearaithe,

- (iii) go bhfuil an tréimhse inmhuirearaithe dá dtagraítear i bhfomhír (ii) comhthráthach leis an tréimhse iomchuí, agus
 - (iv) nach cuideachta bheag an chuideachta éilimh i ndáil leis an tréimhse iomchuí.
- (c) I gcás ina bhfuil feidhm ag an bhfo-alt seo, féadfaidh an 2 chuideachta, aon tráth ar an dáta tuairisceáin sonraithe do thréimhse inmhuirearaithe na cuideachta géillte nó roimhe, fógra a thabhairt i gcomhpháirt don Ard-Bhailitheoir i cibé foirm a éileoidh na Coimisinéirí Ioncaim á rá go bhfuil éifeacht le bheith le mír (d) i ndáil leis an iarmhéid iomchuí arna shonrú san fhógra.
- (d) I gcás ina bhfuil éifeacht leis an mír seo i ndáil le haon iarmhéid iomchuí—
- (i) measfar, chun críocha fho-alt (4C)(b)(ii), méid breise réamhchánach atá combhionann leis an iarmhéid iomchuí a bheith íoctha ag an gcuideachta éilimh ar an dáta a ndlítear réamhcháin na cuideachta sin a íoc don tréimhse iomchuí más rud é go ndéantar 100 faoin gcéad den cháin is iníoctha ag an gcuideachta éilimh don tréimhse iomchuí, gan aird a thabhairt ar an bhfomhír seo, a íoc ar an dáta tuairisceáin sonraithe don tréimhse iomchuí nó roimhe, agus
 - (ii) déileálfar leis an gcuideachta ghéillte chun críocha an fho-alt seo mar chuideachta a ghéill an t-iarmhéid iomchuí don chuideachta éilimh agus ní bheidh an t-iarmhéid iomchuí sin ar fáil lena úsáid ag aon chuideachta eile faoin bhfo-alt seo.
- (e) Maidir le híocaíocht i leith iarmhéid iomchuí—
- (i) ní chuirfear i gcuntas í le linn brabúis nó cailteanais de chuid ceachtar cuideachta a ríomh chun críocha cánach corparáide, agus
 - (ii) ní mheasfar gur dáileadh nó muirear ar ioncam í chun aon cheann de chríocha na nAchtanna Cánach Corparáide,

agus, sa mhír seo, ciallaíonn 'íocaíocht i leith iarmhéid iomchuí' íocaíocht arna déanamh ag an gcuideachta éilimh leis an gcuideachta ghéillte de bhun comhaontaithe eatarthu

maidir le méid arna ghéilleadh de réir an fho-alt seo, ar íocaíocht í nach mó ná an méid sin.

(f) (i) Ní dhéanfaidh an fo-alt seo difear do dhliteanas aon chuideachta lena mbaineann an fo-alt i leith cáin chorparáide a íoc.

(ii) I gcás ina bhfuil feidhm ag an bhfo-alt seo, déanfar an méid ar ina leith atá dliteanas ar an gcuideachta éilimh, murach an fo-alt seo, ús a íoc de réir alt 1080 a laghdú d'aon iarmhéid iomchuí a mheasfar a bheith íoctha ag an gcuideachta sin de réir mhír (d)(i).

(g) Chun críocha an fho-alt seo, is comhaltaí den ghrúpa céanna 2 chuideachta más rud é, agus más rud é amháin, gur chomhaltaí den sórt sin iad chun críocha alt 411.”.

(2) (a) Tá éifeacht le míreanna (a), (b) agus (c) maidir le tréimhsí cuntasaíochta a bhfuil réamhcháin iníoctha ina leith tar éis an 6 Nollaig 2006.

(b) Tá éifeacht le mír (d) maidir le tréimhsí cuntasaíochta dar críoch an 1 Feabhra 2007 nó dá éis.

48.—(1) Leasaítear Caibidil 5 de Chuid 12 den Phríomh-Acht—

Grúpfhaoiseamh i leith cailteanas coigríche áirithe.

(a) in alt 411—

(i) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

“(2) Faoi réir fho-alt (2A), maidir le faoiseamh—

(a) i leith cailteanas trádála agus méideanna eile atá cáilithe le haghaidh faoisimh ó cháin chorparáide, agus

(b) i leith cailteanas trádála arna dtabhú ag cuideachtaí neamhchónaitheacha agus i leith méideanna eile nach bhfuil cáilithe ar shlí eile le haghaidh faoisimh ó cháin chorparáide,

féadfaidh cuideachta (dá ngairtear ‘an chuideachta ghéillte’ sa Chaibidil seo) atá ina comhalta de ghrúpa cuideachtaí é a ghéilleadh, de réir na Caibidle seo, agus, tar éis do chuideachta eile (dá ngairtear ‘an chuideachta éilimh’ sa Chaibidil seo) atá ina comhalta den ghrúpa céanna éileamh a dhéanamh, féadfar é a lamháil don chuideachta éilimh ar mhodh faoisimh ó cháin chorparáide (dá ngairtear ‘grúpfhaoiseamh’ sa Chaibidil seo).”,

agus

(ii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) Más rud é, maidir leis na cailteanais trádála nó na méideanna eile, gur den chineál iad dá dtagraítear i mír (b) d’fho-alt (2), ní bheidh grúpfhaoiseamh ar fáil de réir na Caibidle seo ach amháin más rud é—

(a) maidir leis an gcuideachta ghéillte—

(i) go bhfuil cónaí uirthi i mBallstát iomchuí, seachas an Stát, agus

(ii) gur fochuideachta 75 faoin gcéad de chuid na cuideachta éilimh í,

agus

(b) go bhfuil cónaí ar an gcuideachta éilimh sa Stát.”,

agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 420B:

“Grúpfhaoiseamh: 420C.—(1) San alt seo—

faoiseamh i

leith

cailteanas

áirithe de

chuid

cuideachtaí

neamh-

chónaitheacha.

ciallaíonn ‘cailteanas coigríche’ cailteanas nó méid eile atá cáilithe le haghaidh grúpfhaoisimh de réir alt 411(2A);

ciallaíonn ‘cailteanas coigríche iomchuí’ an méid de chailteanas coigríche—

(a) a fhreagraíonn do mhéid de shaghas a d’fhéadfadh, chun críocha alt 420 nó 420A, a bheith ar fáil lena ghéilleadh ar mhodh grúpfhaoisimh ag cuideachta a bhfuil cónaí uirthi sa Stát,

(b) a ríomhtar de réir na rialacha is infheidhme faoi dhlí an stáit géillte maidir le méid cailteanais nó méid eile atá cáilithe le haghaidh faoisimh ó cháin sa stát sin a chinneadh,

(c) nach inchurtha i leith trádála a sheoltar sa Stát trí bhainse nó trí ghníomhaireacht,

(d) nach bhfuil ar fáil ar shlí eile lena ghéilleadh, le faoiseamh a thabhairt ina leith nó lena fhritháireamh de réir aon fhorálacha de na nAchtanna Cánach,

(e) ar cailteanas sáinnithe é de réir bhrí fho-alt (2), agus

(f) nach bhfuil ar fáil lena ghéilleadh, le faoiseamh a

thabhairt ina leith nó lena fhritháireamh faoi dhlí aon Bhallstáit iomchuí, seachas an Stát nó an stát géillte;

ciallaíonn ‘stát géillte’ an Ballstát iomchuí ina bhfuil cónaí, chun críocha cánach, ar an gcuideachta ghéillte dá dtagraítear in alt 411(2A).

(2) Chun críocha an ailt seo ciallaíonn ‘caillteanas sáinnithe’, i ndáil le tréimhse chuntasaíochta cuideachta, caillteanas coigríche nach féidir (nó, dá ndéanfaí éileamh tráthuíl ar an bhfritháireamh nó ar an bhfaoiseamh sin, nárbh fhéidir), faoi dhlí an stáit géillte, é a fhritháireamh nó faoiseamh a thabhairt ina leith ar shlí eile chun críocha cánach in aghaidh brabús (cibé cineál iad) a bhaineann leis na tréimhsí seo a leanas—

- (a) an tréimhse chuntasaíochta sin de chuid na cuideachta,
- (b) aon tréimhse chuntasaíochta roimhe sin de chuid na cuideachta,
- (c) aon tréimhse chuntasaíochta níos déanaí ná sin de chuid na cuideachta, agus
- (d) aon tréimhse de chuid aon chuideachta eile a bhfuil cónaí uirthi sa stát géillte.

(3) (a) Faoi réir fho-alt (4), i gcás caillteanas coigríche iomchuí a bheith tabhaithe ag an gcuideachta ghéillte in aon tréimhse chuntasaíochta, ansin déileálfar le méid an chaillteanais (fara aon mhodhnuithe is gá), chun críocha ailt 420A agus 420B, mar chaillteanas trádála iomchuí arna thabhu ag an gcuideachta ghéillte sa tréimhse chuntasaíochta.

(b) Déanfar faoiseamh i leith caillteanais coigríche iomchuí a thabhairt tar éis faoisimh i leith aon chaillteanas (lena n-áirítear faoiseamh i leith caillteanas faoi alt 397) nach caillteanais choigríche iomchuí.

(4) Níl feidhm ag an alt seo i gcás inar éirigh an caillteanas coigríche iomchuí mar thoradh ar aon socrúithe ar bith arb é a bpríomhchuspóir, nó a áiríodh i measc a

bpríomhchuspóirí, a áirithiú go gcáileodh an cailteanas le haghaidh grúpfhaoisimh.

(5) Faoi réir fho-alt (6), déanfar éileamh faoi fho-alt (3) laistigh de 2 bhliain ó dheireadh na tréimhse cuntasáíochta ina dtabhaítear an cailteanas.

(6) Más rud é—

(a) aon tráth, nach bhféadfar faoiseamh faoi fho-alt (3) a thabhairt i leith cailteanais de bhua mhír (c) d'fho-alt (2) agus dá bhua sin amháin, agus

(b) aon tráth dá éis sin go gcruthóidh an chuideachta éilimh chun sástacht na gCoimisinéirí Ioncaim go bhfuil an coinníoll i bhfo-alt (2)(c) arna chomhlíonadh an tráth sin i ndáil leis an gcaillteanas,

féadfaidh an chuideachta éilimh éileamh a dhéanamh ar fhaoiseamh faoi fho-alt (3) i leith an chaillteanais agus déanfar aon éileamh den sórt sin laistigh de 2 bhliain ón tráth a chomhlíontar an coinníoll i bhfo-alt (2)(c) den chéad uair.

(7) D'fhonn éifeacht a thabhairt don alt seo ciallaíonn 'tréimhse chuntasáíochta', i ndáil le cuideachta ghéillte, tréimhse a bheadh ina tréimhse chuntasáíochta de chuid na cuideachta dá dtiocfadh an chuideachta chun bheith ina cónaí sa Stát, agus dá réir sin laistigh de réim cánach corparáide, an tráth ar tháinig sí chun bheith ina fochuideachta 75 faoin gcéad dá dtagraítear in alt 411(2A)(a)(ii).

(8) Féadfaidh an cigire, trí fhógra i scríbhinn, a cheangal ar chuideachta a bhfuil faoiseamh ó chárán á éileamh aici de bhua an ailt seo cibé faisnéis nó sonraí a thabhairt dó nó di is gá d'fhonn éifeacht a thabhairt don alt seo.”.

- (2) (a) Faoi réir *mhír (b)*, meastar go raibh feidhm ag *fo-alt (1)* maidir le tréimhse chuntasáíochta dar críoch an 1 Eanáir 2006, nó dá éis.
- (b) Chun críocha an fho-ailt seo, más rud é go dtosaíonn tréimhse chuntasáíochta cuideachta roimh an 1 Eanáir 2006 agus go gcríochnaíonn sí an dáta sin nó dá éis, déanfar í a roinnt ina dhá chuid, agus ceann amháin acu ag tosú an lá a thosaíonn an tréimhse chuntasáíochta agus ag críochnú an 31 Nollaig 2005 agus an ceann eile ag tosú an 1 Eanáir 2006 agus ag críochnú an lá a chríochnaíonn an tréimhse chuntasáíochta, agus déileálfar leis an dá chuid amhail is dá mba thréimhsí cuntasáíochta ar leithligh de chuid na cuideachta iad.

49.—(1) Leasaítear alt 79B den Phríomh-Acht—

Leasú ar alt 79B
(sócmhainní
airgeadra coigríche
a chomhoiriúnú le
scairchaipiteal
airgeadra coigríche
áirithe) den
Phríomh-Acht.

(a) i bhfo-alt (1)(a)—

(i) sa mhíniú ar “sócmhainn airgeadra coigríche” trí “airgeadra feidhme na cuideachta” a chur in ionad “airgeadra an Stáit”,

(ii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhíniú ar “sócmhainn airgeadra coigríche”:

“tá le ‘airgeadra feidhme’ an bhrí chéanna atá leis in alt 402;”,

agus

(iii) sa mhíniú ar “dliteanas airgeadra coigríche iomchuí” trí “airgeadra feidhme na cuideachta” a chur in ionad “airgeadra an Stáit”,

(b) i bhfo-alt (2), trí “airgeadra feidhme na cuideachta” a chur in ionad “airgeadra an Stáit”, agus

(c) i bhfo-alt (3)—

(i) trí “Más rud é, i ndáil le tréimhse chuntasaíochta cuideachta, go ndearna an chuideachta sócmhainn airgeadra coigríche a chomhoiriúnú” a chur in ionad “Más rud é, i dtréimhse chuntasaíochta, go ndiúscróidh cuideachta sócmhainn airgeadra coigríche a chomhoiriúnaigh an chuideachta”, agus

(ii) trí “don tréimhse chuntasaíochta sin” a chur isteach i ndiaidh “ioncam trádála na cuideachta”.

(2) Meastar feidhm a bheith ag an alt seo amhail ar an agus ón 1 Eanáir 2006.

50.—(1) Leasaítear alt 452 den Phríomh-Acht—

Leasú ar alt 452
(feidhm alt 130
maidir le hús
áirithe) den
Phríomh-Acht.

(a) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fo-alt (3):

“(3A) (a) Beidh feidhm ag an mír seo maidir le cibé méid d’aon ús bliantúil—

(i) ar dáileadh é de bhua alt 130(2)(d)(iv), agus dá bhua sin amháin,

(ii) is iníoctha ag cuideachta i ngnáthchúrsa trádála a sheolann an chuideachta sin agus a bheadh, murach alt 130(2)(d)(iv), inasbhainte mar chaiteachas trádála le linn méid ioncam na cuideachta ón trádáil a ríomh, agus

(iii) nach ús é lena mbaineann fo-alt (2)(a).

(b) I gcás ina gcruthóidh cuideachta go bhfuil feidhm ag mír (a) maidir le haon ús is iníoctha

aici do thréimhse chuntasaíochta agus go roghnóidh sí nach ndéileálfai leis an ús sin mar dháileadh chun críocha alt 130(2)(d)(iv), ansin ní bheidh feidhm ag alt 130(2)(d)(iv) maidir leis an ús sin.”,

agus

(b) i bhfo-alt (4), trí “faoi fho-alt (2)(b), (3)(b) nó (3A)(b)” a chur in ionad “faoi fho-alt (2)(b) nó (3)(b)”.

(2) Tá feidhm ag an alt seo maidir le hús arna íoc an 1 Feabhra 2007 nó dá éis.

Leasú ar alt 486B (faoiseamh i leith infheistíochta i nginiúint fuinnimh in-athnuaite) den Phríomh-Acht.

51.—(1) Leasaítear alt 486B den Phríomh-Acht i bhfo-alt (1) trí “31 Nollaig 2011” a chur in ionad “31 Nollaig 2006” sa mhíniú ar “tréimhse cháilitheach”.

(2) Tagann *fo-alt (1)* i ngníomh tar éis don Aire Airgeadais ordú chuige sin a dhéanamh.

CAIBIDIL 5

Cáin Ghnóchan Caipitiúil

Leasú ar Chaibidil 6 (aistrithe sócmhainní gnó) de Chuid 19 den Phríomh-Acht.

52.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht i gCaibidil 6 de Chuid 19—

(a) in alt 598 —

(i) i bhfo-alt (1)(a), sa mhíniú ar “sócmhainní cáilitheacha”—

(I) i mír (iii) trí “agus” a scriosadh agus i mír (iv)(II) trí “652(5)(a);” a scriosadh agus “652(5)(a), agus” a chur ina ionad, agus??

(II) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (iv):

“(v) talamh a bhí ligthe ag an bpearsa aonair aon tráth sa tréimhse 15 bliana dar críoch tráth an diúscartha, más rud é—

(I) díreach roimh an tráth a ligeadh an talamh den chéad uair sa tréimhse 15 bliana sin, go raibh an talamh ar úinéireacht ag an bpearsa aonair agus á húsáid chun críocha feirmeoireachta arna seoladh ag an bpearsa aonair ar feadh tréimhse nach giorra ná 10 mbliana dar críoch an tráth sin, agus

(II) go ndéantar an diúscairt chuig leanbh (de réir bhrí alt 599) de chuid na pearsan aonair;”,

agus

- (ii) i bhfo-alt (2)(a), trí “€750,000” a chur in ionad “€500,000” gach áit a bhfuil sé,

agus

(b) in alt 599—

- (i) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1)(a):

“(1) (a) San alt seo, folaíonn ‘leanbh’, i ndáil le diúscairt ar a n-éilítear faoiseamh faoin alt seo—

(i) leanbh de chuid linbh éagtha,

(ii) nia nó neacht a d’oibrigh go substainteach ar bhonn lánaimseartha, ar feadh na tréimhse 5 bliana dar críoch tráth na diúscairt agus é nó í ag seoladh, nó ag cabhrú le seoladh, na trádála, an ghnó nó na gairme lena mbaineann nó obair na hoifige nó na fostaíochta lena mbaineann nó oibre a bhfuil baint aici leis sin, agus

(iii) pearsa aonair (dá ngairtear ‘an phearsa aonair chéadluaite’ sa mhír seo) ar a raibh cónaí in éineacht leis an bpearsa aonair atá ag déanamh na diúscairt, a bhí faoi chúram na pearsan aonair agus a bhí á chothabháil nó á cothabháil ar chostas na pearsan aonair atá ag déanamh na diúscairt—

(I) i gcaitheamh tréimhse 5 bliana ar fad, nó

(II) i gcaitheamh tréimhsí arbh ionann a bhfad le chéile agus 5 bliana ar a laghad,

sula raibh 18 mbliana d’aois slánaithe ag an bpearsa aonair chéadluaite ach sin sa chás amháin nach bhfuil an t-éileamh sin bunaithe ar fhianaise neamh-chomhthacaithe aon fhinné amháin.”,

agus

- (ii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1)(c):

“(d) I gcás inarb é atá sa tsócmhainn cháilitheach ná talamh a úsáidtear chun críocha feirmeoireachta agus gurb é atá sa chomaoin i leith a diúscairt, go hiomlán nó go páirteach, ná talamh eile den sórt

sin, ní mheasfar gur éirigh gnóchan ar dhiúscairt na talún eile sin ag an leambh lena mbaineann ach déileálfar leis an talamh eile sin chun críocha na nAchtanna Cánach Gnóchan Caipitiúil mar thalamh a fuair an phearsa aonair an tráth céanna agus ar an luach céanna, agus a d'úsáid an phearsa aonair chun na gcríoch céanna a fuair agus a d'úsáid an leambh lena mbaineann é i gcéaduaire.”.

(2) (a) Faoi réir *mhír (b)*, tá feidhm ag *fo-alt (1)* maidir le diúscairtí arna ndéanamh ar dháta rite an Achta seo nó dá éis.

(b) Tá feidhm ag *mír (a)(ii) d'fho-alt (1)* maidir le diúscairtí arna ndéanamh an 1 Eanáir 2007 nó dá éis.

Leasú ar alt 603A (láithreán a dhiúscairt chuig leambh) den Phríomh-Acht.

53.—(1) Leasaítear alt 603A den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1A):

“(1A) Tá feidhm ag an alt seo maidir le diúscairt talún ar talamh é, ar dháta na diúscairthe—

(a) ar a bhfuil margadhluach nach mó ná €254,000, agus

(b) arb é atá inti—

(i) an limistéar talún a bhfuiltear chun teach cónaithe dá dtagraítear i bhfo-alt (2)(b) a fhoirgniú air, agus

(ii) limistéar talún atá le háitiú agus le teachtadh i dteannta an tí cónaithe sin mar ghairdín nó mar thailte a ghabhann leis, agus nach bhfuil, cé is moite den limistéar dá dtagraítear i bhfómhír (i), níos mó ná 0.4047 heicteár.”.

(2) Tá feidhm ag an alt seo maidir le diúscairtí arna ndéanamh an 1 Feabhra 2007 nó dá éis.

Leasú ar Sceideal 15 (liosta comhlachtaí chun críocha alt 610) a ghabhann leis an bPríomh-Acht.

54.—(1) Leasaítear Cuid 1 de Sceideal 15 a ghabhann leis an bPríomh-Acht i míreanna 3, 37 agus 38 trí “is bun leis an ngnóchan” a scriosadh agus “is bun leis an ngnóchan nó, más mó í, an chomaoin i leith na diúscairthe faoi na hAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil” a chur ina ionad.

(2) Tá feidhm ag an alt seo maidir le diúscairtí arna ndéanamh an 1 Feabhra 2007 nó dá éis.

Leasú ar alt 746 (gnóchain ioncain eischósta a fhabhraíonn chuig daoine a bhfuil cónaí nó sainchónaí orthu thar lear) den Phríomh-Acht.

55.—(1) Leasaítear alt 746 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (5), trí “cónaí nó gnáthchónaí” a chur in ionad “cónaí”, agus

(b) i bhfo-alt (5) agus (6), trí “ailt 806, 807, 807A, 807B agus 807C” a chur in ionad “ailt 806, 807 agus 807A” gach áit a bhfuil sé.

(2) Tá feidhm ag an alt seo amhail ar an agus ón 1 Feabhra 2007.

56.—(1) Leasaítear alt 980 den Phríomh-Acht—

Leasú ar alt 980
(asbhaint ón
gcomaoin i leith
sócmaoiní áirithe a
dhiúscairt) den
Phríomh-Acht.

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (5):

“(5) I gcás aon íocaíocht dá dtagraítear i bhfo-alt (4)(a) a bheith déanta ag aon duine nó thar ceann aon duine, déanfaidh an duine sin, laistigh de 30 lá ó dháta na híocaíochta, cuntas ar an íocaíocht agus ar an méid a asbhaineadh ón íocaíocht a sheachadadh ar na Coimisinéirí Ioncaim agus méid cánach gnóchan caipitiúil atá comhionann le 15 faoin gcéad de mhéid na híocaíochta a íoc leis an Ard-Bhailitheoir.

(5A) Maidir le cáin ghnóchan caipitiúil is iníoctha de bhua fho-alt (5) ag duine a dhéanann íocaíocht—

(a) beidh sí iníoctha ag an duine sin de bhreis ar aon cháin ghnóchan caipitiúil is iníoctha ag an duine sin de bhua aon fhorála eile de na hAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil,

(b) beidh sí dlite laistigh de 30 lá ón tráth a dhéantar an íocaíocht, agus

(c) beidh sí iníoctha ag an duine sin gan measúnacht a dhéanamh,

ach féadfar cáin atá tagtha chun bheith dlite amhlaidh a mheasúnú tar éis don duine an íocaíocht a dhéanamh (cibé acu a bheidh, nó nach mbeidh, an cháin íoctha an tráth a dhéanfar an mheasúnacht) más rud é nach ndéantar an cháin sin nó aon chuid den cháin sin a íoc ar an dáta dlite nó roimhe.”,

(b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (7):

“(7) Más rud é, maidir leis an méid cánach gnóchan caipitiúil duine atá tagtha, de bhua fho-alt (5A), chun bheith faoi dhliteanas é a íoc leis an Ard-Bhailitheoir, go mbeidh sé íoctha amhlaidh, déanfar, ar éileamh a bheith déanta chuige sin, faoiseamh cuí a thabhairt don duine atá innhuirearaithe i leith an ghnóchain ar an diúscairt, cibé acu trí urscaoileadh, trí aisíoc nó ar shlí eile.”,

agus

(c) trí fho-alt (10) a scriosadh.

(2) Tá feidhm ag an alt seo maidir le diúscairtí arna ndéanamh ar dháta rite an Achta seo nó dá éis.

CUID 2

MÁL

Leasú ar alt 144 (cumhacht chun déileáil le hurghabhálacha, roimh dhaoradh agus dá éis) den Acht Airgeadais 2001.

57.—Leasaítear alt 144 den Acht Airgeadais 2001 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt 3(b):

“(b) más dóigh leis na Coimisinéirí gur ní de chineál meatach nó guaiseach, nó gur táirgí tobac, atá sa ní a urghabhadh, é a dhíol nó a dhíothú.”.

Aisghairmeacha ilghnéitheacha maidir le mál.

58.—Le héifeacht ón 1 Iúil 2007 nó cibé dáta is luaithe ná sin a cheapfaidh an tAire Airgeadais le hordú, aisghairtear an *Liqueur Act* 1848 agus an *Bonded Warehouses Act* 1848

Rátaí cánach ola mianra.

59.—Leasaítear an tAcht Airgeadais 1999—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad Sceideal 2 a ghabhann leis an Acht sin, arna leasú le halt 79(a) den Acht Airgeadais 2006:

“SCEIDEAL 2

RÁTAÍ CÁNACH OLA MIANRA

(Le héifeacht amhail ar an agus ón 1 Eanáir 2007)

Tuairisc na hOla Mianra	An Ráta Cánach
<i>Ola éadrom:</i>	
Peitreal le luaidhe	€553.04 an 1,000 lítear
Peitreal díluaidhe	€442.68 an 1,000 lítear
Sárpeitreal díluaidhe	€547.79 an 1,000 lítear
Gásailín eitlíochta	€276.52 an 1,000 lítear
<i>Ola Throm:</i>	
A úsáidtear mar thiomántán ina bhfuil cion uasta sulfair 50 milleagram an cileagram	€368.05 an 1,000 lítear
Ola throm eile a úsáidtear mar thiomántán	€420.44 an 1,000 lítear
Ceirísín á úsáidtear ar shlí seachas mar thiomántán	€00.00
Ola bhreosla	€14.78 an 1,000 lítear
Ola throm eile	€47.36 an 1,000 lítear
<i>Gás Peitriam Leachtaithe:</i>	
A úsáidtear mar thiomántán	€63.59 an 1,000 lítear
Gás peitriam leachtaithe eile	€00.00
<i>Gual:</i>	
Le haghaidh úsáide gnó	€4.18 an tona
Le haghaidh úsáide eile	€8.36 an tona

”.

agus

- (b) le héifeacht amhail ar cibé lá, agus ó cibé lá, a cheapfaidh an tAire le hordú, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad Sceideal 2 (a cuireadh isteach le *mír (a)*) a ghabhann leis an Acht sin:

“SCEIDEAL 2

RÁTAÍ CÁNACH OLA MIANRA

(Le héifeacht amhail ar an agus ón 1 Eanáir 2007)

Tuairisc na hOla Mianra	An Ráta Cánach
<i>Ola éadrom:</i>	
Peitreal le luaidhe	€553.04 an 1,000 lítear
Peitreal díluaidhe ina bhfuil cion uasta sulfair 10 milleagram an cileagram	€442.68 an 1,000 lítear
Peitreal díluaidhe eile	€484.00 an 1,000 lítear
Sárpheitreal díluaidhe	€547.79 an 1,000 lítear
Gásailín eitlíochta	€276.52 an 1,000 lítear
<i>Ola Throm:</i>	
A úsáidtear mar thiomántán ina bhfuil cion uasta sulfair 10 milleagram an cileagram	€368.05 an 1,000 lítear
Ola throm eile a úsáidtear mar thiomántán	€420.44 an 1,000 lítear
Ceirísín á úsáidtear ar shlí seachas mar thiomántán	€00.00
Ola bhreosla	€14.78 an 1,000 lítear
Ola throm eile	€47.36 an 1,000 lítear
<i>Gás Peitriiliam Leachtaithe:</i>	
A úsáidtear mar thiomántán	€63.59 an 1,000 lítear
Gás peitriiliam leachtaithe eile	€00.00
<i>Gual:</i>	
Le haghaidh úsáide gnó	€4.18 an tona
Le haghaidh úsáide eile	€8.36 an tona

”.

60.—Leasaítear Caibidil 1 de Chuid 2 den Acht Airgeadais 1999—

Rátaí cánach ola mianra do bhreoslaí ionaid.

- (a) in alt 94(1) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “breosla ionaid”:

“ciallaíonn ‘breosla ionaid’ aon táirge i bhfoirm leachtach, seachas ola mhianra de thuairisc a bhfuil ráta sonraithe ina leith i Sceideal 2, agus ar táirge é a úsáidtear, atá beartaithe lena úsáid nó atá oiriúnach lena úsáid, mar mhótarbhreosla nó mar bhreosla téimh, agus foláíonn sé bithbhreosla ach ní fholaíonn sé breiseáin;”,

(b) in alt 96, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) (a) Aon bhreosla ionaid a úsáidtear, atá beartaithe lena úsáid, nó atá oiriúnach lena úsáid mar thiomántán le haghaidh mótarfheithicle inar féidir peitreal díluaidhe a úsáid freisin mar thiomántán, dlífear cáin a íoc ina leith de réir an ráta a shonraítear i Sceideal 2 maidir le peitreal díluaidhe.

(b) Aon bhreosla ionaid, seachas breosla ionaid lena mbaineann mír (a), a úsáidtear, atá beartaithe lena úsáid, nó atá oiriúnach lena úsáid mar thiomántán, dlífear cáin a íoc ina leith de réir an ráta a shonraítear i Sceideal 2 maidir le hola throm a úsáidtear mar thiomántán agus a bhfuil cion sulfair uasta ann mar a fhoráiltear sa Sceideal sin.

(c) Aon bhreosla ionaid nach mbaineann míreanna (a) nó (b) leis, dlífear cáin a íoc ina leith de réir an ráta a shonraítear i Sceideal 2 maidir le hola throm eile.

(d) Gan dochar do mhíreanna (a), (b) agus (c), i gcás ina súfear chun sástacht na gCoimisinéirí gur ndearnadh aon chainníocht de bhreosla ionaid, cé go bhfuil sé oiriúnach lena úsáid mar thiomántán, a úsáid chun críoch eile, nó go bhfuil sé beartaithe é a úsáid chun críoch eile, déanfaidh na Coimisinéirí an cháin ola mianra is inmhuirearaithe ar an gcainníocht sin faoi mhíreanna (a) nó (b) a loghadh nó a aisíoc (de réir mar a bheidh), lúide an méid a mhuirearófaí ar an gcainníocht chéanna faoi mhír (c).”.

Cionta cánach ola mianra.

61.—(1) Leasaítear Caibidil 1 de Chuid 2 den Acht Airgeadais 1999—

(a) in alt 102—

(i) i bhfo-alt (1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

“(b) aon cheann díobh seo a leanas a úsáid mar thiomántán nó a choimeád in umar breosla—

(i) aon ola mhianra nár íocadh cáin ola mianra de réir an ráta chaighdeánaigh chúí a íoc ina leith,

(ii) aon ola mhianra ina bhfuil marcáil amháin nó níos

mó atá forordaithe le rialacháin arna ndéanamh faoi alt 104, nó

(iii) aon substaint i gcás ina dtoirmisctear, le rialacháin arna ndéanamh faoi alt

104, ola mhianra ina bhfuil an tsubstaint sin a allmhairiú,”

- (ii) i bhfo-alt (1), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (d):

“(da) ordú maidir le toirmeasc sealadach ar thrádáil faoi alt 102A a shárú nó mainneachtain a dhéanamh é a chomhlíonadh, nó”,

- (iii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) Is cion é faoin bhfo-alt seo—

- (a) tairiscint gnóthaíochta a lorg i leith na nithe seo a leanas, iad a thairiscint lena ndíol, iad a choinneáil lena ndíol, nó iad a dhíol, nó
- (b) na nithe seo a leanas a sheachadadh, a choinneáil lena seachadadh, nó a bheith i gcúrsa a seachadta, nó a choinneáil,

lena n-úsáid mar thiomántán, is é sin le rá—

- (i) aon ola mhianra nár íocadh cáin ola mianra de réir an ráta chaighdeánaigh chuí uirthi,
- (ii) aon ola mhianra ina bhfuil marcáil amháin nó níos mó atá forordaithe le rialacháin arna ndéanamh faoi alt 104, nó
- (iii) aon substaint i gcás ina dtoirmiscítear, le rialacháin arna ndéanamh faoi alt 104, ola mhianra ina bhfuil an tsubstaint sin a allmhairiú.”
- (iv) i bhfo-alt (4), trí “fho-alt (1A) nó (3)” a chur in ionad “fho-alt (3)”,
- (v) i bhfo-alt (5), trí “fho-alt (1), (1A) nó (3)” a chur in ionad “fho-alt (1) nó (3)”,

- (b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 102:

“Forálacha iarmhartacha a bhaineann le cionta.

102A.—(1) I gcás ina ndéantar duine atá ceadúnaithe faoi alt 101 a chiontú i gcion faoi alt 1(A) nó 3(b) d’alt 102 den Acht seo, nó i gcion i ndáil le holaí mianra faoi alt 119 den Acht Airgeadais 2001, ansin déanfaidh an Chúirt, de bhreis ar aon phionós eile a ghearrfar, ordú, dá ngairtear ordú um toirmeasc sealadach trádála san alt seo, ar ordú é lena dtoirmiscfead aon ola mhianra a dhíol nó a sholáthar ó aon áitreabh arna cheadúnú i leith an duine sin faoi alt 101 agus a bhfuil baint aici leis an gcion, ar feadh tréimhse—

- (a) nach giorra ná aon lá amháin agus nach faide ná 7 lá i gcás céadchiona ag an duine sin,
- (b) nach giorra ná 7 lá agus nach faide ná 30 lá i gcás dara cion, nó i gcás ciona iardain, ag an duine sin,

agus féadfaidh an Chúirt freisin, leis an ordú sin, díol nó soláthar aon ola mianra ó aon áitreabh eile arna cheadúnú amhlaidh i leith an duine sin a thoirmeasc.

(2) Le linn fad ordaithe shealadaigh um thoirmeasc ar thrádáil a chinneadh, féadfaidh an Chúirt tuarascáil a iarraidh ar oifigeach atá páirteach san imscrúdú ar an gcion ar tuarascáil í maidir leis na himthosca ina ndearnadh é agus ina mbeidh aon fhaisnéis eile a mheasfaidh an Chúirt a bheith ábhartha.

(3) I gcás ina gciontaítear duine i níos mó ná cion amháin lena mbaineann fo-alt (1), agus go ndearnadh na cionta go léir an tráth céanna, ansin ní fhéadfar ach ordú sealadach amháin um thoirmeasc ar thrádáil a dhéanamh i leith na gcionta sin.

(4) Maidir le tréimhse an toirmisc a shonraítear in ordú sealadach um thoirmeasc ar thrádáil, tosóidh sí—

- (a) i gcás nach ndéantar aon achomharc i gcoinne an chiontaithe nó i gcoinne thréimhse an toirmisc, ar an 30ú lá tar éis an t-ordú a dhéanamh, nó
- (b) i gcás ina ndéantar achomharc den sórt sin, agus go ndaingnítear an ciontú nó tréimhse an toirmisc, ar an 30ú lá tar éis an daingnithe sin,

agus críochnóidh sí tráth éagtha na tréimhse a shonraítear san ordú, mura rud é gur athraíodh an tréimhse sin ar achomharc agus sa chás sin críochnóidh sí tráth éagtha na tréimhse arna hathrú amhlaidh.

- (5) (a) Más rud é, ar achomharc, go ndéantar ciontú as a leanann ordú sealadach um thoirmeasc ar thrádáil a fhreaschur, scoirfidh an t-ordú sin, air sin, d'éifeacht a bheith leis.

(b) Ar aon achomharc—

(i) i gcoinne ciontaithe as a leanann ordú sealadach um thoirmeasc ar thrádáil, nó

(ii) a bhaineann leis an tréimhse a shonraítear san ordú sin,

féadfaidh an Chúirt an tréimhse a shonraítear san ordú sin a athrú.

(6) Maidir le hordú sealadach um thoirmeasc ar thrádáil i leith aon áitribh, beidh éifeacht leis, chun críocha na Caibidle seo agus aon rialachán arna ndéanamh faoi alt 104, amhail is nach raibh an t-áitreabh sin arna cheadúnú faoi alt 101 ar feadh na tréimhse a shonraítear san ordú sin.

(7) Le linn na tréimhse a shonraítear in ordú sealadach um thoirmeasc ar thrádáil, déanfaidh an duine ar ina leith atá an t-áitreabh ceadúnaithe faoi alt 101 a chinntiú go bhfuil fógra sofheicthe, á rá gur comhlíonadh an ordaithe is cúis leis an dúnadh agus ina sonraítear tréimhse an toirmisc ar thrádáil, arna ghreamú ar an taobh amuigh den áitreabh in áit fheiceálach.

(8) I gcás ina gciontaítear duine—

(a) i gcion faoi alt 110(1)(da), nó

(b) i dtrú cion, nó i gcion dá éis sin, lena mbaineann fo-alt (1),

déanfaidh an Chúirt aon cheadúnas arna dheonú don duine sin faoi alt 101 a chúlghairm, agus ní fhéadfar aon cheadúnas den sórt sin a dheonú don duine sin aon tráth dá eis sin.”

agus

(c) in alt 103, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):

“(4) Más rud é, in aon imeachtaí mar gheall ar chion faoi fho-alt (1)(b)(i) nó (1A)(i) d’alt 102, go gcruthaítear gur ola throm seachas ola bhreosla nó ceirisín, ina bhfuil cion sulfair is mó ná 50 milleagram an cileagram, an ola mhianra is ábhar don chion, ansin toimhdeofar, go dtí go gcruthaítear a mhalairt, nach ndearnadh cáin ola mianra a íoc ar an ola mhianra sin de réir an ráta chuí chaighdeánaigh.”.

(2) Níl feidhm ag an alt seo ach amháin maidir le cionta arna ndéanamh ar dháta tar éis dháta rite an *Achta Airgeadais 2007*.

Rátaí cánach ar tháirgí tobac.

62.—Leasaítear an tAcht Airgeadais 2005 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad Sceideal 2 a ghabhann leis an Acht sin:

“SCEIDEAL 2

RÁTAÍ CÁNACH AR THÁIRGÍ TOBAC

An Cineál Táirge	An Ráta Cánach
Toitíní	€151.37 an míle mar aon le méid is comhionann le 17.78 faoin gcéad den phraghas ar a miondíoltar na toitíní
Todóga	€217.388 an cileagram
Tobac mínghearrtha chun toitíní a rolladh	€183.443 an cileagram
Tobac eile chun a chaite ina dheatach	€150.815 an cileagram

”.

Leasú ar alt 130 (léiriú) den Acht Airgeadais 1992.

63.—Leasaítear alt 130 den Acht Airgeadais 1992 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínte ar “feithicil inneallghluaiste” (arna leasú le halt 79 den Acht Airgeadais 1998):

“ciallaíonn ‘feithicil inneallghluaiste’ feithicil—

- (a) atá deartha agus déanta lena húsáid ar bhóthar,
- (b) tráth an dearbhuithe maidir le clárú, a chomhlíonann aon bhearta arna ndéanamh chun éifeacht a thabhairt sa Stát d’aon ionstraim de chuid na gComhphobal Eorpach a bhaineann le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát maidir le cineál-cheadú le haghaidh an chineáil feithicle lena mbaineann,
- (c) atá ceaptha nó oiriúnaithe lena tiomáint ar mhodh meicniúil, nó ar mhodh leictreach nó go páirteach ar mhodh meicniúil agus go páirteach ar mhodh leictreach, agus
- (d) ar cumas di tiomaint feithicle a bhaint amach tráth an chláraithe, chun sástacht na gCoimisinéirí,

lena n-áirítear dhárothach, trírothach nó ceathair-rothach a thiomáintear le hinneall nó le mótar nó le gabhálas chun é a thiomáint le cumhacht mheicniúil, cibé acu atá nó nach bhfuil an gabhálas á úsáid, móipéid, scinneán agus uathrothar, ach gan tram nó feithicil eile a ghluaiseann ar bhuanráillí nó feithicil lena n-áirítear rothar ag a bhfuil gabhálas chun é a thiomáint le cumhacht mheicniúil nach mó ná 400 cileagram a mheáchan neamhualaithe oiriúnaithe agus a úsáidtear le haghaidh easlán a áireamh;”.

Leasú ar alt 135 (díolúine shealadach ó chlárú) den Acht Airgeadais 1992.

64.—Leasaítear alt 135 den Acht Airgeadais 1992 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (aa):

“(aa) go dtugann pearsa aonair atá bunaithe sa Stát an fheithicil isteach sa Stát chun úsáide príobháidí nó gnó na pearsan aonair sin más rud é, maidir leis an bpearsa aonair sin—

- (i) go bhfuil sé nó sí ar fostú ag fostóir atá bunaithe i mBallstát eile agus a sholáthraíonn feithicil mar chuid dá gconradh fostaíochta, i gcás ina bhfuil an feithicil sin ar úinéireacht nó ar léas ag an bhfostóir, nó
- (ii) go bhfuil sé nó sí féinfhostaithe agus go bhfuil gnóthas atá cuntasach go dlíthiúil bunaithe aige nó aici i mBallstát eile, ar gnóthas é a seoltar a ghnó go hiomlán nó go príomha i mBallstát eile,

agus, i gcás inar feithicil earnáil A nó gluaisrothar an feithicil, go n-úsáidtear í go príomha le haghaidh úsáide gnó i mBallstát eile.”.

65.—Leasaítear Caibidil IV de Chuid II den Acht Airgeadais 1992 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 135C (arna ionadú le halt 88 den Acht Airgeadais 2006):

Loghadh nó aisíoc i leith cánach cláráithe feithicilí ar feithicilí leictreacha hibrídeacha áirithe, nó ar feithicilí breosla sholúbtha áirithe, nó ar feithicilí leictreacha áirithe.

“135C.—(1) San alt seo—

ciallaíonn ‘feithicil leictreach hibrídeach’ feithicil a fhaigheann a cumhacht ghluaiste ó theaghlaim de mhótar leictreach agus d’inneall dóchain inmheánaigh agus is féidir a thiomáint le leictreachas amháin ar feadh cuid ábhartha dá gnáth-thimthriall tiomána;

ciallaíonn ‘feithicil breosla sholúbtha’ feithicil a fhaigheann a cumhacht ghluaiste ó inneall dóchain inmheánaigh atá in ann cumasc d’eatanól agus de pheitreal a úsáid, i gcás íosmhéid 85 faoin gcéad d’eatanól a bheith sa chumasc sin;

ciallaíonn ‘feithicil leictreach’ feithicil a fhaigheann a cumhacht ghluaiste go heisiach ó mhótar leictreach.

(2) I gcás ina ndéanann duine feithicil earnáil A nó feithicil earnáil B a chlárú den chéad uair i rith na tréimhse ón 1 Eanáir 2007 go dtí an 31 Nollaig 2007 agus gur deimhin leis na Coimisinéirí maidir leis an bhfeithicil—

- (a) gur feithicil leictreach hibrídeach í arna táirgeadh mar chuid de shraith, nó
- (b) gur feithicil bhreosla sholúbtha í arna táirgeadh mar chuid de shraith, nó
- (c) gur feithicil leictreach í arna táirgeadh mar chuid de shraith,

ansin féadfaidh na Coimisinéirí 50 faoin gcéad den cháin cláráithe feithicilí is infoctha nó a íocadh de réir mhíreanna (a), (aa), (b) nó (c) d’alt 132(3) a loghadh nó a aisíoc leis an duine sin.”.

66.—Leasaítear alt 21 (a cuireadh isteach le halt 85 den Acht Airgeadais 1998) den Acht um Gheall-Chur 1931 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

Leasú ar alt 21 (uaireanta gnó in áitreabh cláráithe) den Acht um Gheall-Chur 1931.

“(1) San alt seo, tá le ‘ráschruinniú’ agus ‘ráschúrsa údaraithe’ na bríonna céanna, faoi seach, atá leo in alt 2(1) den Acht um Thionscal Rásaíochta Capall na hÉireann 1994.

(1A) Ní dhéanfar áitreabh cláraithe a oscailt nó a choimeád ar oscailt chun gnó a dhéanamh aon uair aon Lá Nollag, Aoine an Chéasta nó Domhnach Cásca, nó aon lá eile—

- (a) aon uair roimh 7 a chlog ar maidin agus tar éis 6.30 a chlog tráthnóna le linn na tréimhse ón 1 Meán Fómhair in aon bhliain go dtí an 31 Márta an bhliain dár gcionn, agus
- (b) aon uair roimh 7 a chlog ar maidin agus tar éis 10 a chlog tráthnóna:
 - (i) le linn na tréimhse ón 1 Aibreán in aon bhliain go dtí an 31 Lúnasa an bhliain sin, agus
 - (ii) le linn na tréimhse ón 1 Meán Fómhair in aon bhliain go dtí an 31 Márta an bhliain dár gcionn, aon lá a bhíonn ráschruinniú ar siúl ag ráschúrsa údaráithe ar 6.30 p.m. nó dá éis tráthnóna an lae sin.”.

Dleacht máil ar chlárú déileálaithe arm tine.

67.—(1) San alt seo ciallaíonn “clár de dhéileálaithe arm tine” an clár atá le bunú agus le coinneáil faoi alt 9 d’Acht na nArm Teine 1925.

(2) Déanfar an dleacht máil arna fhorchur le halt 41(1) den Acht Airgid 1925 ar chlárú duine sa chlár de dhéileálaithe arm tine a mhuirearú, a thobhach agus a íoc de réir ráta €340 in ionad an ráta a shonraítear in alt 159(1) den Acht Airgeadais 1992.

(3) Déanfar an dleacht máil arna forchur le halt 41(3) (a cuireadh isteach le halt 52(c) den Acht Airgeadais 1971) den Acht Airgid 1925 ar chlárú duine sa chlár de dhéileálaithe arm tine a mhuirearú, a thobhach agus a íoc de réir ráta €55 in ionad an ráta a shonraítear in alt 159(2) den Acht Airgeadais 1992.

(4) Tagann an t-alt seo in éifeacht an 31 Nollaig 2007.

Dleacht máil ar dheimhniú airm tine.

68.—(1) San alt seo—

ciallaíonn ‘deimhniú airm tine’ deimhniú airm tine de réir bhrí alt 1(1) (a cuireadh isteach le halt 26 den Acht um Cheartas Coiriúil 2006) d’Acht na nArm Teine 1925 agus lena mbaineann alt 3 (a cuireadh isteach leis an Acht um Cheartas Coiriúil 2006) d’Acht na nArm Teine 1925 agus déanfar tagairt do “arm tine” a léamh dá réir sin;

tá le “deimhniú teoranta” an bhrí chéanna atá leis in alt 3(11) (a cuireadh isteach le halt 30 den Acht um Cheartas Coiriúil 2006) d’Acht na nArm Teine 1925.

(2) Maidir le gach deimhniú airm tine a dheonófar nó a athnuafar an 31 Nollaig 2007 nó dá éis—

- (a) déanfar dleacht máil de réir na rátaí a shonraítear sa *dara colún* den Tábla a ghabhann leis an alt seo a mhuirearú, a thobhach agus a íoc ar gach deimhniú airm tine de thairisc atá leagtha amach sa *chéad cholún* den Tábla os coinne an ráta atá leagtha amach sa *dara colún*, agus

(b) ní bheidh éifeacht le fo-ailt (2) agus (3) d'alt 18 den Acht Airgeadais 1964.

AN TÁBLA

An Cineál Deimhnithe Airm Tine	An Ráta Dleachta
Deimhniú i leith piostail, gunnáin nó raidhfil	€170
Deimhniú teoranta i leith gunna gráin	€30
I gcás ina ndeonófar 2 dheimhniú teoranta nó níos mó i leith gunnaí gráin don duine céanna agus ina rachaidh siad in éag an tráth céanna:	
An chéad deimhniú	€30
An dara deimhniú agus gach deimhniú ina dhiaidh sin	€30
Deimhniú i leith gunna gráin seachas deimhniú teoranta	€115
I gcás ina ndeonófar 2 dheimhniú nó níos mó don duine céanna i leith gunnaí gráin seachas deimhnithe teoranta agus ina rachaidh siad in éag an tráth céanna:	
An chéad deimhniú	€115
An dara deimhniú agus gach deimhniú ina dhiaidh sin	€30
Deimhniú i leith crosbhogha	€115
I gcás ina ndeonófar 2 dheimhniú nó níos mó i leith crosbhoghanna don duine céanna agus ina rachaidh siad in éag an tráth céanna:	
An chéad deimhniú	€115
An dara deimhniú agus gach deimhniú ina dhiaidh sin	€30
Deimhniú i leith airm thoirmisce	€30

69.—(1) San alt seo—

ciallaíonn “deimhniú airm tine” deimhniú airm tine lena mbaineann alt 2 d’Acht na nArm Tine (Deimhnithe Airm Tine do Neamhchónaitheoirí) 2000 agus déanfar tagairt do “arm tine” a léamh dá réir sin.

tá le “deimhniú teoranta” an bhrí chéanna atá leis in alt 3(11) (a cuireadh isteach le halt 30 den Acht um Cheartas Coiriúil 2006) d’Acht na nArm Teine 1925.

(2) Maidir le gach deimhniú airm tine a dheonófar an 31 Nollaig 2007 nó dá éis—

(a) déanfar dleacht máil de réir na rátaí a shonraítear sa *dara colún* den Tábla a ghabhann leis an alt seo a mhuirearú, a thobhach agus a íoc ar gach deimhniú airm tine de thuairisc atá leagtha amach sa *chéad cholún* den Tábla os coinne an ráta atá leagtha amach sa *dara colún*, agus

(b) ní bheidh éifeacht le fo-ailt (2) agus (3) d’alt 18 den Acht Airgeadais 1964.

Dleacht máil ar dheimhniú airm tine do neamhchónaitheoir.

AN TÁBLA

An Cineál Deimhnithe Airm Tine	An Ráta Dleachta
Deimhniú i leith piostail, gunnáin nó raidhfil	€57
Deimhniú teoranta i leith gunna gráin	€10
I gcás ina ndeonófar 2 dheimhniú theoranta nó níos mó i leith gunnaí gráin don duine céanna agus ina rachaidh siad in éag an tráth céanna:	
An chéad deimhniú	€10
An dara deimhniú agus gach deimhniú ina dhiaidh sin	€10
Deimhniú i leith gunna gráin seachas deimhniú teoranta	€38
I gcás ina ndeonófar 2 dheimhniú nó níos mó i leith gunnaí gráin seachas deimhnithe teoranta don duine céanna agus ina rachaidh siad in éag an tráth céanna:	
An chéad deimhniú	€38
An dara deimhniú agus gach deimhniú ina dhiaidh sin	€10
Deimhniú i leith crosbhogha	€38
I gcás ina ndeonófar 2 dheimhniú nó níos mó i leith crosbhoghanna don duine céanna agus ina rachaidh siad in éag ar an tráth céanna:	
An chéad deimhniú	€38
An dara deimhniú agus gach deimhniú ina dhiaidh sin	€10
Deimhniú i leith airm thoirmisce	€10

Dleacht máil ar chlub raidhfilí nó chlub piostal nó raon lámhaigh a údarú.

70.—(1) San alt seo ciallaíonn “údarú club raidhfil nó piostail nó raoin lámhaigh” údarú faoi alt 4A (a cuireadh isteach le halt 33 den Acht um Cheartas Coiriúil 2006) d’Acht na nArm Teine 1925.

(2) Déanfar dleacht máil €1,000 a mhuirearú, a thobhach agus a íoc ar gach údarú club raidhfil nó piostail nó raoin lámhaigh arna dheonú nó arna athnuachan an 31 Nollaig 2007 nó dá éis.

Dleacht máil ar dheimhniú oiliúna arm tine.

71.—(1) San alt seo tá le “deimhniú oiliúna arm tine” an bhrí chéanna atá leis in alt 2A (a cuireadh isteach le halt 28 den Acht um Cheartas Coiriúil 2006) d’Acht na nArm Teine 1925.

(2) Maidir le gach deimhniú oiliúna arm tine arna eisiúint an 31 Nollaig 2007 nó dá éis, déanfar dleacht máil de réir na rátaí a shonraítear sa *dara colún* den Tábla a ghabhann leis an alt seo a mhuirearú, a thobhach agus a íoc ar gach deimhniú oiliúna arm tine de thuairisc atá leagtha amach sa *chéad cholún* den Tábla os coinne an ráta atá leagtha amach sa *dara colún*.

AN TÁBLA

An Cineál Deimhnithe Oiliúna Arm Tine	An Ráta Dleachta
Deimhniú i leith gunna gráin	€115
Deimhniú i leith piostail, gunnáin nó raidhfil	€170

72.—(1) San alt seo ciallaíonn “ceadúnas chun amuinisean a athlódáil” ceadúnas faoi alt 10A (a cuireadh isteach le halt 40 den Acht um Cheartas Coiriúil 2006) d’Acht na nArm Teine 1925.

Dleacht máil ar cheadúnas chun amuinisean a athlódáil.

(2) Déanfar dleacht máil €90 a mhuirearú, a thobhach agus a íoc ar gach ceadúnas chun amuinisean a athlódáil arna eisiúint nó arna athnuachan an 31 Nollaig 2007 nó dá éis.

73.—(1) San alt seo ciallaíonn “údarú chun arm tine srianta a shealbhú, a úsáid, a iompar, a dhíol nó a thaispeáint lena dhíol” údarú faoi alt 10 d’Acht na nArm Teine 1925 agus lena mbaineann fo-ailt (4A) go (4G) (a cuireadh isteach le halt 39 den Acht um Cheartas Coiriúil 2006) d’Acht na nArm Teine 1925.

Dleacht máil ar údarú chun arm tine srianta a shealbhú, a úsáid, a iompar, a dhíol nó a thaispeáint lena dhíol.

(2) Déanfar dleacht máil €405 a mhuirearú, a thobhach agus a íoc ar gach údarú chun arm tine srianta arna dheonú nó arna athnuachan an 31 Nollaig 2007, nó dá éis, a shealbhú, a úsáid, a iompar, a dhíol nó a thaispeáint lena dhíol.

74.—Leasaítear an tAcht Airgeadais 2001 tríd an t-alt nua seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 139:

Mál: áitreabh daingean a ainmniú chun earraí coinnithe nó urghafa a choimeád.

“139A.—Féadfar aon ní a choinnítear nó a urghabhtar faoin dlí a bhaineann le mál, i dteannta oifigeach dá choimeád go cuí, a choimeád freisin in aon áitreabh daingean nó áit dhaingean a ainmneoidh na Coimisinéirí chuige sin, agus féadfaidh na Coimisinéirí áitreabh nó áit atá faoi rialú duine a bhfuil conradh déanta acu leis nó léi a ainmniú chuige sin.”

CUID 3

CÁIN BHREISLUACHA

75.—Sa Chuid seo agus i *Sceideal 3*, ciallaíonn “Príomh-Acht” an tAcht Canach Breisluacha 1972.

Léiriú (*Cuid 3*).

76.—Leasaítear alt 3 den Phríomh-Acht le héifeacht ón 1 Bealtaine 2007—

Leasú ar alt 3 (soláthar earraí) den Phríomh-Acht.

(a) i bhfo-alt (1)(a), trí “lena n-áirítear” a chur in ionad “seachas”,

(b) i bhfo-alt (5)—

(i) trí “ag an duine a sholáthraíonn seirbhísí airgeadais den chineál a shonraítear i bhfomhír (i)(e) den Chéad Sceideal mar chuid den chonradh sin” a chur isteach i ndiaidh “dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(b)” i mír (a), agus

(ii) i mír (c)—

- (I) trí “ar earraí iad de chineál, nó a úsáideadh in imthosca, nach raibh aon chuid den cháin, más ann, ab innhuirearaithe ar sholáthar sin na n-earraí sin inasbhainte ag an duine a ndearnadh an soláthar sin chuige,” a scriosadh i bhfomhír (i), agus
- (II) trí “measfar chun críocha an Achta seo gur soláthar earraí nach bhfuil feidhm ag mír (xxiv) den Chéad Sceideal maidir leis” a chur in ionad “measfar nach soláthar earraí chun críocha an Achta seo”.

Leasú ar alt 5
(soláthar seirbhísí)
den Phríomh-Acht.

77.—(1) Leasaítear alt 5 den Phríomh-Acht i bhfo-alt (6)—

(a) trí mhír (e)(iv) a scriosadh, agus

(b) le héifeacht ón 1 Eanáir 2008—

- (i) tríd an bhfocal “idirghabhálaí” a chur in ionad “gníomhaire” i mír (f)(iii), agus i bhfomhíreanna (i)(II) agus (ii) de mhír (g), agus
- (ii) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (g):

“(gg) Faoi réir mhír (f)(iii), measfar gurb í an áit ina soláthraítear seirbhísí de chuid idirghabhálaí atá ag gníomhú in ainm duine eile agus thar ceann duine eile, seachas i gcásanna ina nglacann an t-idirghabhálaí sin páirt in iompar earraí laistigh den Chomhphobal nó i ngníomhaíochtaí atá coimhdeach maidir le hiompar earraí laistigh den Chomhphobal, an áit ina soláthraítear an t-idirbheart foluiteach de réir an Achta seo.”.

(2) Tagann fo-alt (1)(a) i ngníomh cibé lá a cheapfaidh an tAire Airgeadais le hordú.

Leasú ar alt 7
(díolúine a
tharscaoileadh) den
Phríomh-Acht.

78.—Leasaítear alt 7 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) (a) D’ainneoin fho-alt (1)(a), ní dhéanfaidh duine a cheart nó a ceart chun díolúine ó cháin a tharscaoileadh ar dháta rite *an Achta Airgeadais 2007* nó dá éis i leith earraí dochorraithe lena mbaineann mír (iv) den Chéad Sceideal a ligean, ar ligean tí, árasáin nó bunachais iomláin eile dá shamhail, nó cuid de theach, d’árasán nó de bhunachas eile dá shamhail, é, a mhéid a úsáidtear na hearraí dochorraithe sin, nó atá siad le húsáid, chun críocha cónaithe, lena n-áirítear aon ligean den sórt sin—

- (i) atá faoi rialú ag an Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004,

- (ii) atá faoi rialú ag Rialacháin na dTithe (Leabhair Chíos) 1993 (I.R. Uimh. 146 de 1993),
- (iii) atá faoi rialú ag alt 10 d’Acht na dTithe 1988,
- (iv) is ligean teaghaise lena mbaineann Cuid II d’Acht na dTithe (Teaghaisí Príobháideacha ar Cíos) 1982, nó
- (v) is ligean cóiríochta a sholáthraítear mar theaghais shealadach chun críoch cónaithe éigeandála,

agus, maidir le haon tarscaoileadh ar dhíolúine ó cháin ag a bhfuil feidhm faoin alt seo, ní bhainfidh sé le ligean earraí dochorraithe den sórt sin i gcás ina bhfaightear nó ina bhforbraítear na hearraí sin ar dháta rite *an Achta Airgeadais 2007* nó dá éis.

- (b) D’fhonn mír (a) a chur chun feidhme, meastar earraí dochorraithe a bheith faighte nuair a dhéanann duine conradh ceangailteach i scríbhinn chun na hearraí sin nó leas sna hearraí sin a fháil, nó chun na hearraí sin a fhoirgníú, agus meastar iad a bheith forbartha nuair a fhaigheann údarás pleanála iarratas ar chead pleanála maidir le forbairt na n-earraí sin mar theach, mar árasán nó mar bhunachas eile dá samhail.”.

79.—Leasaítear alt 8 den Phríomh-Acht—

Leasú ar alt 8
(daoine inchánach)
den Phríomh-Acht.

(a) le héifeacht ón 1 Márta 2007—

- (i) i bhfo-ailt (3), (3A) agus (9), trí “€35,000” a chur in ionad “€27,500” i ngach áit a bhfuil sé, agus
- (ii) i bhfo-alt (3), trí “€70,000” a chur in ionad “€55,000” i ngach áit a bhfuil sé,

agus

(b) i bhfo-alt (8)—

(i) i mír (a)—

- (I) trí “bunaithe sa Stát agus atá ag gabháil d’earraí nó do sheirbhísí a sholáthar i gcúrsa nó ag bisiú gnó,” a chur in ionad “bunaithe sa Stát”,
- (II) trí “chun críche an Achta seo, féadfaidh na Coimisinéirí sin, cibé acu i ndiaidh iarratais thar ceann na ndaoine sin nó ar shlí eile” a chur in ionad “faoi réir cibé coinníollacha a fhorchuirfidh siad le rialacháin, féadfaidh na Coimisinéirí sin, chun críocha an Achta seo”,

(III) trí an bhfomhír seo a leanas a chur in ionad fhomhír (i):

- “(i) trí fhógra i scríbhinn a thabhairt do gach duine de na daoine sin, a mheas gur aon duine inchánach amháin iad, dá ngairtear ‘grúpa’

san alt seo agus measfar ansin na daoine a dtabharfar fógra dóibh amhlaidh a bheith sa ghrúpa fad a bheidh feidhm ag an mír seo maidir leo, ach beidh feidhm ag forálacha alt 9 i leith gach duine de bhaill an ghrúpa, agus—

(I) beidh duine de na daoine sin, a dtabharfaidh na Coimisinéirí fógra dó nó di dá réir sin, freagrach as forálacha an Achta seo a chomhlíonadh i leith an ghrúpa, agus

(II) déanfar na cearta agus na hoibleagáidí go léir a éiríonn faoin Acht seo i leith idirbhearta an ghrúpa a chinneadh dá réir sin, agus”,

agus

(IV) i bhfómhír (ii) trí “gach duine sa ghrúpa a chur faoi dhliteanas” a chur in ionad “gach duine den sórt sin a chur faoi dhliteanas”,

(ii) trí mhír (c) a scriosadh, agus

(iii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (d):

“(e) Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim rialacháin a dhéanamh de réir mar is dóigh leo is gá chun críocha an fho-ailt seo.”.

Leasú ar alt 10 (an méid ar ar inmhuirir cáin) den Phríomh-Acht.

80.—Leasaítear alt 10 den Phríomh-Acht:

(a) i bhfo-alt (3)—

(i) trí mhír (a) a scriosadh, agus

(ii) i mír (c) trí “faoi réim fho-alt (3A)” a chur in ionad “faoi réim mhír (a)”,

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(3A) (a) Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim, i gcás inar dóigh leo gur gá nó gur cuí déanamh amhlaidh chun a chinntiú go mbaileofar an cháin i gceart, cinneadh a dhéanamh gurb é atá sa mhéid ar ar inmhuirir cáin ar sholáthar earraí nó seirbhísí ná margadhluach oscailte an tsoláthair sin, más deimhin leo, maidir leis an gcomaoin iarbhír i ndáil leis an soláthar sin—

(i) go bhfuil sí níos ísle ná margadhluach oscailte an tsoláthair sin i gcás nach bhfuil aon teideal ag faighteoir an tsoláthair sin chun cáin a asbhaint faoi alt 12, nó nach

bhfuil sé nó sí i dteideal an cháin go léir is inmhuirir ar an soláthar sin a asbhaint, nó i gcás inar feirmeoir cothrom-ráta é nó í,

- (ii) go bhfuil sí níos ísle ná margadhluach oscailte an tsoláthair sin, ar gníomhaíocht dhíolmhaithe é, i gcás ina ngabhann an soláthróir, i gcúrsa nó ag bisiú gnó, do sholáthairtí nó gníomhaíochtaí neamh-inasbhainte mar a mhínítear in alt 12(4)(a), nó i gcás inar feirmeoir cothrom-ráta é nó í, nó
- (iii) go bhfuil sí níos airde ná an margadhluach oscailte i gcás ina ngabhann an soláthróir, i gcúrsa nó ag bisiú gnó, do sholáthairtí nó gníomhaíochtaí neamh-inasbhainte mar a mhínítear in alt 12(4)(a), nó i gcás inar feirmeoir cothrom-ráta é nó í,

agus—

- (I) maidir le soláthróir agus faighteoir an tsoláthair sin, gur daoine iad atá bainteach lena cheile mar gheall ar cheangail airgeadais nó dhlíthiúla, ar daoine iad is páirtithe in aon chomhaontú, comhthuiscint, geallúint nó gealltanús, cibé acu sainráite nó intuigthe agus cibé acu atá nó nach bhfuil siad infhorfheidhmíthe, nó ceaptha a bheith infhorfheidhmíthe, le himeachtaí dlí, nó
- (II) go bhfeidhmíonn soláthróir nó faighteoir an tsoláthair sin rialú ar an duine eile agus chun na críche sin tá le ‘rialú’ an bhrí a shanntar dó le halt 8(3B).
- (b) Maidir le luach a chinnfear de réir an fho-ailt seo, measfar, chun críocha uile an Achta seo, gurb é fíorluach an tsoláthair lena mbaineann sé é.
- (c) Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim rialacháin a dhéanamh de réir mar is dóigh leo is gá chun críocha an fho-ailt seo.
- (d) Féadfaidh cigire cánach nó cibé oifigeach eile a údaróidh na Coimisinéirí Ioncaim chun na críche sin cinneadh faoin alt seo a dhéanamh.”

agus

- (c) i bhfo-alt (10) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar ‘margadh-phraghas oscailte’:

“ciallaíonn ‘margadhluach oscailte’, i ndáil le soláthar earraí nó seirbhísí, an chomaoin iomlán, gan cáin a áireamh, a mbeifí ag súil le réasún go ndéanfadh custaiméir, ag céim mhargaíochta is ionann agus an chéim ag a dtarlaíonn soláthar na n-earraí nó na seirbhísí, a íoc le soláthróir ar neamhthuilleamaí faoi choinniollacha

iomaíochta córa as soláthar inchomparáide earraí nó seirbhísí den sórt sin;

ach murab ann do sholáthar inchomparáide earraí nó seirbhísí den sórt sin ansin ciallaíonn ‘margadhluach oscailte’:

- (a) maidir le soláthar earraí, méid nach lú ná praghas ceannaigh na n-earraí nó earraí dá samhail nó, cheal praghais ceannaigh, an costphraghas, arna chinneadh tráth an tsoláthair,
- (b) maidir le soláthar seirbhísí, méid nach lú ná an costas iomlán ar an soláthróir as an tseirbhís a sholáthar;”.

Leasú ar alt 10A (earraí imeallscéime) den Phríomh-Acht.

81.—Leasaítear alt 10A(1) den Phríomh-Acht, le héifeacht ón 1 Bealtaine 2007, sa mhíniú ar “earraí imeallscéime” trí “de réir alt 3(5)(d)” a chur in ionad “de réir mhíreanna (c) agus (d) d’fho-alt (5) d’alt 3”.

Leasú ar alt 10B (scéim speisialta do cheantálaithe) den Phríomh-Acht.

82.—Leasaítear alt 10B den Phríomh-Acht, le héifeacht ón 1 Bealtaine 2007, trí mhír (aa) d’fho-alt (1) a scriosadh.

Leasú ar alt 12 (asbhaint i leith cáin a iompraíodh nó a íocadh) den Phríomh-Acht.

83.—Leasaítear alt 12 den Phríomh-Acht—

(a) le héifeacht ón 1 Bealtaine 2007, i bhfo-alt (1)(a), trí fhómhír (ia) a scriosadh, agus

(b) i bhfo-alt (3)—

(i) le héifeacht ón 1 Iúil 2007, i mír (a), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhómhír (i):

“(i) caiteachas arna thabhtú ag an duine inchánach ar bhia nó ar dheoch, nó ar chóiríocht seachas cóiríocht cháilitheach i dtaca le freastal ar chomhdháil cháilitheach mar a mhínítear i mír (ca), nó ar sheirbhísí pearsanta eile, don duine inchánach, do ghníomhairí nó d’fhostaithe an duine inchánach, ach amháin a mhéid, más aon mhéid é, a thabhaítear an caiteachas sin i ndáil le soláthar seirbhísí a bhfuil an duine inchánach sin cuntasach i gcáin ina leith,”

(ii) le héifeacht ón 1 Bealtaine 2007, i mír (a)(iii), trí “nó chun iad a sholáthar ag duine a sholáthraíonn seirbhísí airgeadais den chineál a shonraítear i bhfómhír (i)(e) den Chéad Sceideal i leith na mótarfheithiclí sin mar chuid de chomhaontú den chineál dá dtagraítear in alt 3(1)(b)” a chur isteach i ndiaidh “stoc trádála”, agus

(iii) le héifeacht ón 1 Iúil 2007, tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (c):

“(ca) Chun críocha fhómhír (a)(i)—

ciallaíonn ‘toscaire’ duine inchánach nó fostaí nó gníomhaire duine inchánach a fhreastalaíonn ar chomhdháil cháilitheach i gcúrsa nó ag bisiú ghnó an duine inchánach sin;

ciallaíonn ‘cóiríocht cháilitheach’ seirbhís a sholáthar do thoscaire ar seirbhís í arb é atá inti earraí dochorraithe nó cóiríocht a thagann faoi réim mhír (xiii) den Séú Sceideal a ligean, ar feadh tréimhse uasta dar tosach an oíche roimh an dáta a thosaíonn an chomhdháil cháilitheach agus dar críoch an dáta a chríochnaíonn an chomhdháil;

ciallaíonn ‘comhdháil cháilitheach’ comhdháil nó cruinniú i gcúrsa nó ag bisiú gnó a eagraítear chun freastal ar 50 toiscaire nó níos mó, agus a tharlaíonn an 1 Iúil 2007 nó dá éis in ionad a dearadh agus a foirgníodh chun friotháil ar 50 toiscaire nó níos mó agus ar ina leith a dhéanann an duine atá freagrach as an gcomhdháil a eagrú na mionsonraí faoin gcomhdháil a eisiúint i scríbhinn chuig gach duine inchánach a fhreastalaíonn ar an gcomhdháil nó a chuireann toiscaire chuici, agus beidh na nithe seo a leanas san áireamh sna mionsonraí sin—

- (i) suíomh agus dátaí na comhdhála,
- (ii) cineál an ghnó atá á sheoladh,
- (iii) líon na dtoscairí dá bhfuil an chomhdháil a heagrú, agus
- (iv) ainm, seoladh gnó agus uimhir chláráithe CBL an duine atá freagrach as an gcomhdháil a eagrú.”.

84.—Le héifeacht ón 1 Eanáir 2007, leasaítear alt 12A den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (1), trí “5.2 faoin gcéad” a chur in ionad “4.8 faoin gcéad”.

Leasú ar alt 12A (forálacha speisialta i leith cánach arna sonrasc ag feirmeoirí cothrom-ráta) den Phríomh-Acht.

85.—Leasaítear alt 12B den Phríomh-Acht le héifeacht ón 1 Bealtaine 2007, i bhfo-alt (2)(aa), trí “alt 3(5)(d)” a chur in ionad “mhíreanna (c) agus (d) d’fho-alt (5) d’alt 3”.

Leasú ar alt 12B (scéim speisialta i leith córacha iompair arna soláthar ag déileálaithe inchánach) den Phríomh-Acht.

86.—Leasaítear alt 12C den Phríomh-Acht, i bhfo-ailt (1A) agus (1B), trí “alt 3(5)(d)” a chur in ionad “alt 3(5)(c) nó (d)” aon áit a bhfuil sé.

Leasú ar alt 12C (scéim speisialta i leith innealra talmhaíochta) den Phríomh-Acht.

Leasú ar alt 14 (an cháin a bheidh dlite a chinneadh faoi threoir fáltas airgid) den Phríomh-Acht.

87.—Leasaítear alt 14 den Phríomh-Acht le héifeacht ón 1 Márta 2007, i bhfo-alt (1), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

“(b) nach raibh, agus nach dócha go mbeidh, an chomaoin uile a bhfuil teideal ag an duine sin chuici i leith soláthairtí inchánach an duine sin níos mó ná €1,000,000 in aon tréimhse leanúnach 12 mhí.”.

Leasú ar alt 15B (earraí faoi bhealach (forálacha breise)) den Phríomh-Acht.

88.—Le héifeacht ón 1 Eanáir 2007, leasaítear alt 15B—

(a) i bhfo-alt (5A)—

(i) trí “ó Phoblacht na Slóvaice,” a chur in ionad “ó Phoblacht na Slóvaice, nó” i bhfomhír (ii), agus

(ii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (ii):

“(iia) gur thit dáta chéadúsáide na modhanna iompair ar dháta roimh an 1 Eanáir 1999 i gcás modhanna iompair ag teacht isteach sa Stát ó Phoblacht na Bulgáire nó ón Rómáin, nó”,

agus

(b) sa mhíniú ar ‘dáta aontachais’ i bhfo-alt (7)(a), trí “nó an 1 Eanáir 2007 i leith Phoblacht na Bulgáire agus na Rómáine” a chur isteach i ndiaidh “Phoblacht na Slóvaice”.

Leasú ar alt 16 (dualgas taifid a choimeád) den Phríomh-Acht.

89.—Leasaítear alt 16 den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) (a) Aon duine inchánach a éilíonn asbhaint cánach de bhun alt 12 i leith cóiríochta cáilithí mar a mhínítear in alt 12(3)(ca), déanfaidh sé taifid iomlána fíora a choimeád i ndáil leis an toscaire do fhreastal ar an gcomhdháil cháilitheach iomchuí, lena n-áirítear na mionsonraí dá dtagraítear in alt 12(3)(ca) agus arna n-eisiúint chuig an duine inchánach sin ag an duine atá freagrach as an gcomhdháil sin a eagrú.

(b) Déanfaidh an duine atá freagrach as comhdháil cháilitheach a eagrú mar a mhínítear in alt 12(3)(ca) agus lena mbaineann alt 12(3)(a)(i), taifid iomlána fíora a choimeád maidir le gach comhdháil den sórt sin arna heagrú ag an duine sin.”.

Leasú ar alt 17 (sonraisc) den Phríomh-Acht.

90.—Leasaítear alt 17 den Phríomh-Acht le héifeacht ón 1 Bealtaine 2007—

(a) i bhfo-alt (1), tríd an gcoinníoll a ghabhann leis an bhfo-alt sin a scriosadh,

(b) trí fho-ailt (1AA), (3AB), (5A) agus (7A) a scriosadh, agus

(c) i bhfo-alt (1AB), trí “chun críocha fho-alt (1AAA)” a chur in ionad “chun críocha fho-alt (1AA), (1AAA)”.

91.—Leasaítear alt 25 den Phríomh-Acht—

Leasú ar alt 25 (achomhairc) den Phríomh-Acht.

(a) i bhfo-alt (1)(ac), trí “nó 10(3A)” a chur isteach i ndiaidh “alt 8(3E)”, agus

(b) i bhfo-alt (2), trí mhír (i) a scriosadh.

92.—Leasaítear alt 32 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (1), tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (xxx):

Leasú ar alt 32 (rialacháin) den Phríomh-Acht.

“(xxxx) déanamh cinnidh faoi alt 10(3A);”.

93.—Leasaítear an Chéad Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (v):

Leasú ar an gCéad Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht.

“(va) seirbhísí a bhfuil dlúthbhaint acu le cúram liachta a chlúdaítear le halt 61 nó 61A den Acht Sláinte 1970 ar seirbhísí iad a ghabhann Feidhmeannach na Seirbhíse Sláinte de láimh, nó a ghabhtar de láimh thar ceann Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, nó a ghabhann soláthróirí cúraim baile atá aitheanta go cuí ag an bhFeidhmeannacht sin faoi alt 61A den Acht sin de láimh;”.

94.—Leasaítear an Dara Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht:

Leasú ar an Dara Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht.

(a) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhómhír (iiib):

“(iiic) soláthar earraí nó seirbhísí do chomhlachtaí idirnáisiúnta atá aitheanta mar chomhlachtaí den sórt sin ag údaráis phoiblí an Bhallstáit is ósta, agus do chomhlachtaí de chuid comhlachtaí den sórt sin, laistigh de na teorainneacha agus faoi na coinníollacha arna leagan síos leis na coinbhinsiúin idirnáisiúnta lena mbunaítear na comhlachtaí nó leis na comhaontuithe idir ceanncheathrúna na gcomhlachtaí sin agus Ballstát is ósta do na ceanncheathrúna;”.

(b) i mír (v), trí “a chothabháil, a chairtfhostú agus a fhrúiliú” a chur in ionad “a chothabháil agus a fhrúiliú”, agus

(c) i bhfómhír (b) de mhír (xii), trí “uisce óil, sú agus táirgí inólta eile a bhaintear as torthaí nó glasraí,” a chur in ionad “lena n-áirítear uisce”.

95.—Leasaítear an Ceathrú Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht, le héifeacht ón 1 Eanáir 2008, trí “idirghabhálaithe” a chur in ionad “gníomhairí” i mír (vii).

Leasú ar an gCeathrú Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht.

CD.3 [Uimh. 11.] An tAcht Airgeadais 2007. [2007.]

Leasú ar an Séú Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht.

96.—Leasaítear an Séú Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht—

(a) le héifeacht ón 1 Márta 2007, trí “€35,000” a chur in ionad “€27,500”, i míreanna (viib) agus (viic), agus

(b) le héifeacht ó 1 Iúil 2007, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (xv):

“(xva) suíocháin sábháilte cairr do leanaí,”.

Leasuithe ilghnéitheacha a bhaineann le Treoir 2006/112/CE ón gComhairle.

97.—Le héifeacht ón 1 Eanáir 2007, i ngach foráil den Phríomh-Acht a shonraítear sa *chéad cholún* de Sceideal 3, cuirtear, in ionad na bhfocal atá leagtha amach sa *dara colún* den Sceideal sin ag an iontráil sin, na focail atá leagtha amach ag an iontráil chomhréire sa *tríú colún* den Sceideal sin.

Cúlghairm, etc. (Cuid 3).

98.—Le héifeacht ón 1 Eanáir 2007, measfar nach raibh éifeacht riamh le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cáin Bhreisluacha) 2006 (I.R. Uimh. 663 de 2006) agus cúlghairtear iad.

CUID 4

DLEACHTANNA STAMPA

Léiriú (Cuid 4).

99.—Sa Chuid seo ciallaíonn “Príomh-Acht” an tAcht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa 1999.

Morgáistí.

100.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht—

(a) in alt 1(1)—

(i) sa Tábla a ghabhann leis an míniú ar “duine cuntasach”—

(I) i gcolún (1), trí “MORGÁISTE, BANNA, BINTIÚR, CÚNANT (ach amháin urrús inmhargaidh) is urrús go n-íocfar nó go n-aisíocfar airgead ar muirear nó eire é ar mhaoin atá suite sa Stát seachas scaireanna i stoic nó i gcistí de chuid an Rialtais nó an Oireachtais.” a scriosadh, agus

(II) i gcolún (2), trí “An morgáistí nó an t-oibleagáidí; i gcás aistriú, an t-aistrí.” a scriosadh,

agus

(ii) trí na mínithe ar “morgáiste cothromais” agus “morgáiste” a scriosadh,

(b) in alt 20(8) trí mhír (a) a scriosadh,

(c) trí Chaibidil 5 de Chuid 5 (ailt 57 agus 58) agus ailt 83 agus 107 a scriosadh,

(d) in alt 85(2)(a), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (ii):

“(ii) aon chaipiteal iasachta eile;”,

(e) in alt 105(2) trí mhír (a) a scriosadh,

(f) in alt 112(2), trí “morgáiste, banna, cúnant,” a scriosadh,

(g) in alt 113(b) trí “nó ar mhodh morgáiste,” a scriosadh, agus

(h) i Sceideal 1—

(i) trí na Ceannteidil seo a leanas, na forálacha a ghabhann leo agus crostagairtí faoi na Ceannteidil sin a scriosadh:

(I) “COMHAONTÚ nó CONRADH, maille le taisce.”,

(II) “BANNA, maille le taisce gníomhas teidil, chun morgáiste nó urrús eile a dhéanamh ar aon eastát nó maoin sa mhorgáiste nó san urrús eile.”,

(III) “BANNA, DEARBHÚ, nó GNÍOMHAS nó SCRÍBHINN eile chun diúscairt infhuascailte a dhéanamh d’aon diúscairt ar dealraitheach gur diúscairt iomlán í, ach ar mar urrús amháin atá sí beartaithe.”,

(IV) “TÍOLACAS nó AISTRIÚ aon mhaoine ar mhodh urrúis, nó aon urrúis.”,

(V) “CÚNANT chun a urrú go n-íocfar nó go n-aisíocfar airgead, nó go n-aistreofar nó go n-athaistreofar stoc.”,

(VI) “TREASCAIRT. Ionstraim threascartha maidir le haon tíolacas, aistriú nó diúscairt, a dhealraíonn a bheith iomlán, ach nach bhfuil beartaithe ach amháin mar urrús ar airgead nó ar stoc.”,

(VII) “TAISCE gníomhas teidil.”,

(VIII) “MORGÁISTE COTHROMAIS.”,

(IX) “MUIREAR BREISE nó URRÚS BREISE.”,

(X) “MORGÁISTE, BANNA, BINTIÚR, CÚNANT (ach amháin urrús inmhargaidh) is urrús go n-íocfar nó go n-aisíocfar airgead ar muirear nó eire é ar mhaoin atá suite sa Stát seachas scaireanna i stoic nó i gcistí de chuid an Rialtais nó an Oireachtais.”, agus

(XI) “MORGÁISTE AR STOC nó AR URRÚS INMHARGAIDH.”,

(ii) sa Cheannteideal “BLIANACHT”, trí “Í a chruthú, ar mhodh urrúis. Féach MORGÁISTE, etc.” a scriosadh,

(iii) sa Cheannteideal “SANNADH” trí “Ar mhodh urrúis, nó aon urrúis. Féach MORGÁISTE, etc.” a scriosadh, agus

(iv) sa Cheannteideal “BILLE DÍOLACHÁIN”, trí “Ar mhodh urrúis. Féach MORGÁISTE, etc.” a scriosadh .

(2) Faoi réir alt 7 den Phríomh-Acht, maidir le haon ionstraim a mbeadh, murach *mír (h) d’fho-alt (1)*, dleacht stampa innhuirearaithe uirthi faoi aon cheann de na Ceannteidil dá dtagraítear sa mhír sin i leith aon fhorála áirithe atá san ionstraim, ní bheidh dleacht stampa innhuirearaithe uirthi i leith na forála sin faoi aon Cheannteideal eile i Sceideal 1 a ghabhann leis an Acht sin.

(3) Tá feidhm ag an alt seo maidir le hionstraimí arna bhforghníomhú an 7 Nollaig 2006 nó dá éis.

Bearta maidir le simpliú.

101.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht—

(a) in alt 1(1)—

(i) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínte ar “bille malairte”:

“ciallaíonn ‘bille malairte’ dréacht, ordú nó seic;”,

agus

(ii) tríd an míniú ar “nóta gealltanais” a scriosadh,

(b) in alt 3(2)(b), trí “nó nóta gealltanais” a scriosadh,

(c) in alt 12(3), trí “maidir le haon aistriú nó léas (nach dúblach nó contrapháirt ar aistriú nó léas)” a chur in ionad “maidir le haon aistriú nó léas”,

(d) trí ailt 22, 24, 26 agus 28 a scriosadh,

(e) in alt 23, trí “ná nóta gealltanais” a scriosadh,

(f) in alt 25—

(i) i bhfo-alt (1) trí “nó ar nóta gealltanais” a scriosadh, agus

(ii) i bhfo-alt (2)—

(I) trí “nó nóta gealltanais” a scriosadh, agus

(II) trí “nó nóta” agus “nó ar an nóta” a scriosadh,

(g) in alt 73(1), trí mhír (a) a scriosadh,

(h) in alt 112(2), trí “nóta gealltanais,” a scriosadh,”

(i) in alt 151(1)—

(i) trí mhír (e) a scriosadh, agus

(ii) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (f):

“(f) an stampa ar aon bhille malairte a milleadh nó a fágadh gan mhaith trí aon neamhghníomh nó earráid, d’ainneoin go mb’fhéidir, más bille malairte an céanna, go rabhtas tar éis glacadh leis nó é a fhormhuiniú, i gcás ina dtabharfar ar aird bille malairte eile a bheidh curtha i gcrích agus stampáilte go cuí agus arb ionann é i ngach slí leis an mbille a milleadh, ach amháin go mbeidh an earráid nó an neamhghníomh ceartaithe;”,

agus

(j) i Sceideal 1—

- (i) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an Cheannteidil “BILLE MALAIRTE nó NÓTA GEALLTANAIS.” agus in ionad na bhforálacha faoin gCeannteideal sin:

“BILLE MALAIRTE.

I gcás gur ar chuntas sa Stát a tharraingítear é €0.15.

Díolúintí.

(1) Dréacht nó ordú arna tharraingt ag aon bhaincéir sa Stát ar aon bhaincéir eile sa Stát, ar dréacht nó ordú é nach iníoctha leis an iompróir nó de réir ordaithe, agus a úsáidtear d’aon toisc chun aon chuntas idir na baincéirí sin a shocrú nó a imréiteach.

(2) Litir arna scríobh ag baincéir sa Stát chuig aon bhaincéir eile sa Stát, á ordú go n-íocfar aon suim airgid, ar suim í nach iníoctha leis an iompróir nó de réir ordaithe, agus gan an litir sin a bheith arna seoladh chuig an duine lena bhfuil an íocaíocht le déanamh nó chuig aon duine thar ceann an duine sin nó arna seachadadh ar dhuine lena bhfuil an íocaíocht le déanamh ná ar an aon duine thar ceann an duine sin.

(3) Dréacht nó ordú arna tharraingt ag Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais.

(4) Cúpón nó barántas i leith úis a ghabhann le haon urrús agus a eisítear in éineacht leis, nó le comhaontú nó meabhrán maidir le hathnuachan nó fadú an ama chun urrús a íoc.

(5) Cúpón i leith úis ar urrús inmhargaidh ar ceann d’fhoireann cúpón é cibé acu a eisítear in éineacht leis an urrús é nó a eisítear dá éis sin ar leathán é.

(6) Dochair dhíreacha agus buanorduithe.

(7) Bille arna tharraingt ar an Aire Airgeadais nó thar ceann an Aire Airgeadais agus ar leis a dhéantar íocaíocht i leith duaisbhannaí.”

- (ii) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an Cheannteidil “MALAIRT — ionstraimí lena

gcuirtear malairt i gcrích.” agus in ionad na bhforálacha faoin gCeannteideal sin:

“MALAIRT — ionstraimí lena gcuirtear malairt i gcrích.

Sa chás a shonraítear in alt 37, féach an t-alt sin.”,

- (iii) trí na Ceannteidil seo a leanas agus na forálacha agus na crostagairtí faoi na Ceannteidil sin a scriosadh:

(I) “TÍOLACAS nó AISTRIÚ d’aon chineál nach bhfuil tuairiscithe cheana sa Sceideal seo.”,

(II) “LITIR CHREIDMHEASA.”, agus

(III) “NÓTA GEALLTANAIS.”,

- (iv) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an Ceannteidil “Aon mhaoin, nó aon cheart ar aon mhaoin nó aon leas in aon mhaoin, a SCAOILEADH nó a THRÉIGEAN.” agus na bhforálacha agus na crostagartha faoin gCeannteideal sin:

“Aon mhaoin, nó aon cheart ar aon mhaoin nó aon leas in aon mhaoin, a SCAOILEADH nó a THRÉIGEAN.

Ar dhíol.

Féach TÍOLACAS nó AISTRIÚ ar dhíol.”,

agus

- (v) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an Ceannteidil “Aon mhaoin, nó aon cheart nó leas in aon mhaoin, a GHÉILLEADH.” agus na bhforálacha agus na crostagartha faoin gCeannteideal sin:?

“Aon mhaoin, nó aon cheart nó leas in aon mhaoin, a GHÉILLEADH.

Ar dhíol.

Féach TÍOLACAS NÓ AISTRIÚ ar dhíol.”.

(2) Faoi réir alt 7 den Phríomh-Acht, aon ionstraim a mbeadh, murach *mír (j) d’fho-alt (1)*, dleacht stampa inmhuirearaithe uirthi faoi aon cheann de na Ceannteidil dá dtagraítear sa mhír sin i leith forála áirithe inti, ní bheidh dleacht stampa inmhuirearaithe uirthi i leith na forála sin faoi aon Ceannteideal eile i Sceideal 1 a ghabhann leis an Acht sin.

(3) Tá feidhm ag an alt seo maidir le hionstraimí arna dtarraingt, arna ndéanamh nó arna bhforghníomhú dáta rite an Achta seo nó dá éis.

102.—Leasaítear alt 81A den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (14):

Leasú ar alt 81A (faoiseamh breise ó dhleacht stampa i leith aistriú chuig feirmeoirí óga oilte) den Phríomh-Acht.

“(14) Tá feidhm ag an alt seo maidir le hionstraimí arna bhforghníomhú an 25 Márta 2004 nó dá éis agus roimh dháta rite an *Achta Airgeadais 2007*.”.

103.—Leasaítear an Príomh-Acht—

Aistriú chuig feirmeoirí óga oilte agus cáilíochtaí.

(a) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 81A:

“Aistriú chuig feirmeoirí óga oilte.

81AA.—(1) San alt seo agus i Sceideal 2B—

ciallaíonn ‘leas i dtalamh’ leas nach bhfuil faoi réir aon chumhachta (cibé acu atá nó nach bhfuil sí san ionstraim) a bhféadfar, ar í a fheidhmiú, an talamh, nó aon chuid den talamh nó aon leas sa talamh, a athdhísiú don duine ónar tíolacadh nó ónar aistriú dhí nó d’aon duine thar ceann an duine sin;

ciallaíonn ‘talamh’ talamh talmhaíochta agus folaíonn sé cibé foirgnimh feirme, títhe feirme agus maintithe (mar aon leis na tailte a áitítear i dteannta na bhfoirgneamh feirme, na dtíthe feirme agus na maintithe sin) is de ghné is iomchuí don talamh;

‘ciallaíonn ‘Uimhir PSP’, i ndáil le duine, Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí an duine de réir bhrí alt 262 den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005;

ciallaíonn ‘cáilíocht de chuid Sceideal 2’ cáilíocht atá leagtha amach i Sceideal 2;

ciallaíonn ‘cáilíocht de chuid Sceideal 2A’ cáilíocht atá leagtha amach i Sceideal 2A;

ciallaíonn ‘cáilíocht de chuid Sceideal 2B’ cáilíocht atá leagtha amach i Sceideal 2B;

ciallaíonn ‘feirmeoir óg oilte’ duine a suitear ina leith chun sástacht na gCoimisinéirí—

(a) nach raibh 35 bliana d’aois slánaithe ag an duine ar an dáta a forghníomhaíodh an ionstraim a n-éilítear faoiseamh ina leith faoin alt seo, agus

(b) go bhfuil na coinníollacha dá dtagraítear i bhfo-alt (2), (3), (4) nó (5) arna gcomhlíonadh;

ciallaíonn ‘deimhniú 80 uair an chloig’ deimhniú arna dhámhachtain ag Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna i leith an caighdeán íosta sonraithe sonraithe a bhaint amach i measúnachtaí

arna gcríochnú i gcúrsa oiliúna, arna cheadú ag Teagasc, i mbainistíocht feirme, ar cúrsa é arbh fhaide ná 80 uair an chloig a fhad comhiomlán;

ciallaíonn ‘deimhniú 180 uair a chloig’ deimhniú arna dhámhachtain ag Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna i leith an caighdeán íosta sonraithe sonraithe a bhaint amach i measúnachtaí arna gcríochnú i gcúrsa oiliúna arna cheadú ag Teagasc—

- (a) i dtalmhaíocht nó i ngairneoireacht nó iontu araon, ar cúrsa é arbh fhaide ná 100 uair an chloig a fhad comhiomlán, agus
- (b) i mbainistíocht feirme, ar cúrsa é arbh fhaide ná 80 uair an chloig a fhad comhiomlán.

(2) Is é atá sa choinníoll a éilítear leis an bhfo-alt seo ná gur sealbhóir cáilíochta de chuid Sceideal 2B an duine dá dtagraítear i mír (a) den mhíniú ar fheirmeoir óg oilte.

(3) Is é atá sa choinníoll a éilítear leis an bhfo-alt seo ná gur sealbhóir litreach daingnithe ó Theagasc an duine dá dtagraítear i mír (a) den mhíniú ar fheirmeoir óg oilte, á dhaingniú go ndearna sé nó sí cúrsa oiliúna arna cheadú ag Teagasc, i leith daoine atá, i dtuairim Teagasc, srianta ina gcumas foghlama de dheasca míchumais coirp, céadfa nó intleachtúil nó meabhair-shláinte, a chríochnú go sásúil.

(4) Is iad na coinníollacha a éilítear leis an bhfo-alt seo ná, maidir leis an duine dá dtagraítear i mír (a) den mhíniú ar fheirmeoir óg oilte, gur sealbhóir é nó í, roimh an 31 Márta 2008—

- (a) (i) ar cháilíocht atá leagtha amach i bhfomhír (f) de mhír 1, nó i bhfomhír (h) de mhír 2, de Sceideal 2A, agus
 - (ii) ar dheimhniú 180 uair an chloig,
- nó
- (b) (i) ar cháilíocht atá leagtha amach i bhfomhír (b), (c) nó (d) de mhír 3 de Sceideal 2A, agus

(ii) ar dheimhniú 80 uair an chloig,

(5) Is iad na coinníollacha éilítear leis an bhfo-alt seo ná, maidir leis an duine dá dtagraítear i mír (a) den mhíniú ar fheirmeoir óg oilte, gurb amhlaidh, roimh an 31 Márta 2008—

(a) go mbeidh sé nó sí tar éis an caighdeán a bhaint amach is gá chun dul isteach sa trú bliain de chúrsa lánaimseartha in aon disciplín a mhaireann 3 bliana nó níos faide i bhforas trú leibhéal, agus go mbeidh sé sin daingnithe ag an bhforas, agus

(b) gur sealbhóir ar dheimhniú 180 uair an chloig é nó í.

(6) Chun críocha fho-alt (2), i gcás ina ndeimhneoidh Teagasc—

(a) go bhfreagraíonn aon cháilíocht eile do cháilíocht de chuid Sceideal 2B, agus

(b) go measann Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann go bhfuil leibhéal na cáilíochta eile sin comhionann, ar a laghad, le leibhéal na cáilíochta de chuid Sceideal 2B,

déileálfaidh na Coimisinéirí leis an gcáilíocht eile sin amhail dá mba cháilíocht de chuid Sceideal 2B í.

(7) Ní bheidh aon dleacht stampa inmhuirearaithe faoi réim ná faoi threoir an cheannteidil ‘TÍOLACAS nó AISTRÍÚ ar dhíol aon mhaoine seachas stoic nó urrúis inmhargaidh nó polasaí árachais nó polasaí árachais saoil’ i Sceideal 1 ar aon ionstraim lena mbaineann an t-alt seo.

(8) Tá feidhm ag an alt seo maidir le haon ionstraim a oibríonn mar thíolacas nó mar aistriú (cibé acu ar díol nó mar dhiúscairt shaorálach *inter vivos*) ar leas i dtalamh chuig feirmeoir óg oilte más rud é—

(a) go bhfuil deimhniú san ionstraim á rá go bhfuil feidhm ag an alt seo,

(b) go ndéantar dearbhú arna dhéanamh i scríbhinn ag an bhfeirmeoir óg oilte, nó ag gach duine acu i gcás níos mó ná duine amháin a bheith ann, a

thabhairt do na Coimisinéirí nuair a thíolactar an ionstraim lena stampáil, á dhaingniú, chun sástacht na gCoimisinéirí, go bhfuil sé ar intinn ag an duine sin, nó ag gach duine acu sin, ar feadh tréimhse 5 bliana ó dháta forghníomhaithe na hionstraime—

(i) 50 faoin gcéad ar a laghad de ghnáth-am oibre an duine sin a chaitheamh i mbun feirmeoireachta ar an talamh, agus

(ii) úinéireacht a choimeád ar an talamh,

agus

(c) go ndéantar Uimhir PSP an fheirmeora óig oilte, nó gach duine acu i gcás níos mó ná duine amháin a bheith ann, a thabhairt do na Coimisinéirí nuair a thíolactar an ionstraim lena stampáil.

(9) D'ainneoin fho-alt (8), beidh feidhm ag an alt seo i gcás ina dtíolactar nó ina n-aistreofar an mhaoin i gcomhúinéireacht inar feirmeoirí óga oilte iad na comhúinéirí go léir nó i gcás inar céile comhúinéara eile atá ina fheirmeoir nó ina feirmeoir óg oilte aon duine de na comhúinéirí.

(10) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (7) maidir le hionstraim mura rud é go mbeifear tar éis í a stampáil, de réir alt 20, le stampa áirithe á chur in iúl nach bhfuil aon dleacht inmhuirearaithe uirthi.

(11) (a) Chun críocha an fho-ailt seo, beidh 'an caighdeán bainte amach' ag duine aon tráth más rud é, an tráth sin, maidir leis an duine—

(i) go gcomhlíonann sé nó sí na coinníollacha atá leagtha amach i bhfo-alt (2), (3), (4) nó (5), nó

(ii) gur sealbhóir é nó í ar cháilíocht a ndéileáiltear léi, de bhua fho-alt (6), mar cháilíocht de chuid Sceideal 2B,

agus déanfar an cheist i dtaobh cibé acu atá nó nach bhfuil an

caighdeán bainte amach ag duine a fhorléiriú dá réir sin.

- (b) Tá feidhm ag an bhfo-alt seo maidir le hionstraim trína ndéantar talamh a thíolacadh nó a aistriú chuig duine (dá ngairtear ‘an t-aistrí’ san fho-alt seo) nárbh fheirmeoir óg oilte é nó í an dáta a forghníomhaíodh an ionstraim de bhíthin amháin nach raibh an caighdeán bainte amach ag an aistrí ar an dáta sin.
- (c) Más rud é, laistigh de 4 bliana ó dháta forghníomhaithe ionstraime lena mbaineann an fo-alt seo, go mbeidh an caighdeán bainte amach ag an aistrí, déanfaidh na Coimisinéirí, i gcás ina ndéantar éileamh ar aisíoc chucu trí na nithe seo a thabhairt ar aird dóibh—
- (i) an ionstraim stampáilte,
- (ii) dearbhú i scríbhinn ón aistrí a bhfuil éileamh ar aisíoc á dhéanamh aige nó aici, nó ó gach duine acu i gcás níos mó ná duine amháin a bheith ann, á dhaingniú, chun sástacht na gCoimisinéirí, go bhfuil sé ar intinn ag an duine sin, nó ag gach duine acu, ar feadh tréimhse nach giorra ná 5 bliana ón dáta a dhéantar an t-éileamh ar aisíoc chuig na Coimisinéirí—
- (I) 50 faoin gcéad ar a laghad de ghnáth-am oibre an duine sin a chaitheamh i mbun feirmeoireachta ar an talamh, agus
- (II) úinéireacht a choimeád ar an talamh,
- (iii) Uimhir PSP an aistrí a bhfuil éileamh ar aisíoc á dhéanamh aige nó aici, nó Uimhir PSP gach duine acu i gcás níos mó ná duine amháin a bheith ann, agus
- (iv) fianaise shásúil ar chomhlíonadh an fho-ailt seo,

cibé dleacht, nach mbeadh innhuirearaithe dá mbeadh feidhm ag an alt seo maidir leis an ionstraim nuair a tólacadh í lena stampáil den chéad uair, a chealú agus a aisíoc.

(12) (a) Más rud é, maidir le haon duine ar tólacadh talamh dó nó di nó ar aistríodh talamh chuige nó chuici le haon ionstraim lenar bhain fo-alt (7) nó fo-alt (11)—

(i) go ndiúscróidh sé nó sí an talamh sin, nó cuid den talamh sin (dá ngairtear ‘páirtdiúscairt’ san fho-alt seo), laistigh de thréimhse 5 bliana—

(I) i gcás ina raibh feidhm ag fo-alt (7), ó dháta forghníomhaithe na hionstraime sin, nó

(II) i gcás ina raibh feidhm ag fo-alt (11), ón dáta a dhéantar an t-éileamh ar aisíoc chuig na Coimisinéirí,

agus

(ii) nach ndéanann sé nó sí na fáiltais ón diúscairt sin nó, de réir mar a bheidh, ón bpáirtdiúscairt sin, a chaitheamh go hiomlán chun talamh eile a fháil laistigh de thréimhse bliana ó dháta na diúscartha sin,

ansin, tiocfaidh an duine sin nó, i gcás níos mó ná duine amháin den sórt sin a bheith ann, tiocfaidh gach duine acu, chun bheith faoi dhliteanas, i gcomhpháirt agus go leithleach, pionós a íoc leis na Coimisinéirí ar pionós é atá combhionann le méid a chinnfear de réir na foirmle—

$$S \times \frac{N}{V}$$

más rud é—

gurb é S méid na dleachta stampa a mhuirearófaí ar an ionstraim sin mura mbeadh feidhm ag fo-alt (7) nó, de réir mar a

bheidh, méid na dleachta stampa a cuireadh ar an ionstraim ar an gcéad ásc agus a aisíocadh dá éis sin faoi fho-alt 11(c),

gurb é V an margadhluach, díreach roimh an diúscairt nó, de réir mar a bheidh, roimh an bpáirtdiúscairt, na talún go léir a tíolacadh nó a aistríodh, agus

gurb é N méid na bhfáltas ón diúscairt nó, de réir mar a bheidh, ón bpáirtdiúscairt, nár caitheadh chun talamh eile a fháil.

(b) Beidh ús iníoctha ar pionós arna thabhtú faoi mhír (a), ar ús é a ríomhtar de réir alt 159D, ó dháta na diúscairt nó, de réir mar a bheidh, na páirtdiúscairt, go dtí an dáta a íoctar an pionós.

(c) Chun críocha mhír (a)—

(i) i gcás ina ndéanfar diúscairt talún go hiomlán nó go páirteach mar dhiúscairt shaorálach *inter vivos*, measfar, maidir le méid atá comhionann le margadhluach na dtailte a dhiúscaítear, tráth na diúscairt, gurb é fáltas na diúscairt sin é,

(ii) i gcás ina bhfaightear aon mhaoin i modh malairte, go hiomlán nó go páirteach as diúscairt, measfar, maidir le méid atá comhionann le margadhluach na maoin sin, tráth na diúscairt, gurb é fáltas na diúscairt sin é, agus

(iii) i gcás feidhm a bheith ag fomhír (ii) agus gur talamh aon mhaoin a fhaightear i modh malairte, nó go bhfuil talamh san áireamh i maoin a fhaightear i modh malairte, measfar, maidir le méid atá comhionann le margadhluach na talún sin, ar dháta na diúscairt, gur caitheadh é chun talamh eile a fháil.

- (d) Ní dhlífear pionós faoi mhír (a) a chur ar dhuine, más rud é, agus a mhéid, gur mó aon phionós nó, de réir mar a bheidh, comhiomlán aon phionós, a d'íoc an duine sin faoi mhír (a), ná an dleacht stampa a mhuirearófaí ar an ionstraim mura mbeadh feidhm ag faoiseamh faoi fho-alt (7) nó, de réir mar a bheidh, ná an dleacht stampa a muirearaíodh ar an ionstraim ar an gcéad ásc agus a aisíocadh dá éis sin faoi fho-alt (11)(c).
- (e) I gcás aon éileamh ar fhaoiseamh ó dhleacht faoin alt seo a bheith lamháilte agus ina bhfaighfear amach dá éis sin maidir le haon dearbhú a rinneadh, nó maidir le haon deimhniú a bhí san ionstraim, de réir fho-alt (8)—
- (i) nach raibh sé fíor in aon phonc ábhartha a mbeadh de thoradh air nach ndéanfaí faoiseamh a thugtar leis an alt seo a dheonú, agus
- (ii) go ndearnadh é, nó gur cuireadh san áireamh é, agus a fhios ag an duine nach raibh sé fíor nó le neamhaird mheargánta i dtaobh é a bheith fíor nó gan a bheith fíor,

ansin, maidir le haon duine a rinne dearbhú den sórt sin, nó i gcás ina mbeidh deimhniú bréagach curtha san áireamh, maidir leis an duine nó na daoine ar tíolacadh nó ar aistríodh an talamh chuige nó chuici nó chucu leis an ionstraim, i gcomhpháirt agus go leithleach, dlífidh sé nó sí nó siad méid a íoc leis na Coimisinéirí mar phionós ar méid é atá combhionann le 125 faoin gcéad den dleacht a mhuirearófaí ar an ionstraim ar an gcéad ásc dá ndéanfaí na fíorais go léir a dhearbhu agus a dheimhniú go fírinneach, mar aon le hús a mhuirearófar ar an méid sin agus a thiocfaidh chun bheith iníoctha amhlaidh, arna ríomh de réir alt 159D, ón dáta a forghníomhaíodh an ionstraim

go dtí an dáta a íoctar an pionós.

(f) I gcás aon éileamh ar fhaoiseamh ó dhleacht faoin alt seo a bheith lamháilte agus ina bhfaightear amach dá éis sin maidir le haon dearbhú arna dhéanamh de réir fho-alt (11)(c)(ii)—

(i) nach raibh sé fíor in aon phonc ábhartha a mbeadh de thoradh air nach ndéanfaí dleacht faoi fho-alt (11)(c) a aisíoc, agus

(ii) go ndearnadh é agus a fhios ag an duine nach raibh sé fíor nó le neamhaird mheargánta i dtaobh é a bheith fíor nó gan a bheith fíor,

ansin, dlífidh aon duine a rinne dearbhú den sórt sin méid a íoc leis na Coimisinéirí mar phionós, ar méid é atá comhionann le 125 faoin gcéad den dleacht a muirearaíodh ar an ionstraim ar an gcéad ásc, mar aon le hús a mhuirearófar ar an méid sin agus arna ríomh de réir alt 159D, ón dáta a rinneadh an t-éileamh ar aisíocaíocht chuig na Coimisinéirí go dtí an dáta a íoctar an pionós.

(13) D'ainneoin fho-alt (12)—

(a) i gcás inar lamháladh faoiseamh faoi fho-alt (7) i leith aon ionstraime nó i gcás ina raibh feidhm ag fo-alt (11) maidir le haon ionstraim, ní mheasfar gur diúscairt lena mbaineann fo-alt (12) diúscairt cuid den talamh ag feirmeoir óg oilte chuig chéile chun comhthionóntacht a chruthú sa talamh, nó i gcás inar tíolacadh nó inar aistríodh an talamh chuig comhúinéirí leis an ionstraim, diúscairt aon chuid den talamh ag comhúinéirí amháin chuig comhúinéirí eile, ach tar éis diúscairt den sórt sin a dhéanamh, déileálfar leis an gcuid sin den talamh, chun críocha fho-alt (12)—

(i) i gcás ina raibh feidhm ag fo-alt (7), amhail is dá mba rud é gur tíolacadh nó gur

aistríodh í láithreach chuig an gcéile nó chuig an gcomhúinéir eile leis an ionstraim ar ina leith a lamháladh faoiseamh ar an gcéad ásc, nó

(ii) i gcás ina raibh feidhm ag fo-alt (11), amhail is dá mba rud é gur tíolacadh nó gur aistríodh í chuig an gcéile nó chuig an gcomhúinéir eile leis an ionstraim lenar bhain fo-alt (11), ach ar an dáta a dhéantar an t-éileamh ar aisíocaíocht chuig na Coimisinéirí,

(b) ní dhlífeair níos mó ná pionós amháin a chur ar dhuine faoi mhír (e) d'fho-alt (12),

(c) ní dhlífeair pionós faoi mhír (a) d'fho-alt (12) a chur ar dhuine, más rud é go bhfuil, agus a mhéid atá, pionós faoi mhír (e) nó (f) d'fho-alt (12) íoctha ag an duine sin, agus

(d) ní dhlífeair pionós faoi mhír (e) nó (f) d'fho-alt (12) a chur ar dhuine, más rud é go bhfuil, agus a mhéid atá, pionós faoi mhír (a) d'fho-alt (12) íoctha ag an duine sin.

(14) Maidir le haon duine, roimh dháta rite an Achta Airgeadais 2004, ar duine é nó í—

(a) is sealbhóir ar cháilíocht de chuid Sceideal 2, nó ar cháilíocht arna deimhniú ag Teagasc mar cháilíocht a fhreagraíonn do cháilíocht de chuid Sceideal 2 agus i gcás ina gceanglaítear freastal sásúil a bheith déanta ar chúrsa oiliúna, arna cheadú ag Teagasc (i mbainistíocht feirme, arbh fhaide ná 80 uair an chloig a fhad comhiomlán) chun críocha alt 81, measfar, chun críocha an ailt seo, gur sealbhóir é nó í ar cháilíocht a fhreagraíonn do cheann de na cáilíochtaí atá leagtha amach i bhfo-alt (4)(b)(i),

(b) is sealbhóir ar cháilíocht de chuid Sceideal 2 nó ar cháilíocht arna deimhniú ag Teagasc mar cháilíocht a fhreagraíonn do cháilíocht de chuid Sceideal 2

agus i gcás nach gceanglaítear freastal sásúil a bheith déanta ar chúrsa oiliúna, arna cheadú ag Teagasc, chun críocha alt 81, measfar, chun críocha an ailt seo, gur sealbhóir é nó í ar cháilíocht a fhreagraíonn don cháilíocht atá leagtha amach i bhfomhír (b) de mhír 1 de Sceideal 2B,

- (c) a chomhlíonann na ceanglais atá leagtha amach i mír (b)(ii)(I) den mhíniú ar fheirmeoir óg oilte in alt 81(1), measfar, chun críocha an ailt seo, na coinníollacha atá leagtha amach i bhfo-alt (5)(a) a bheith comhlíonta aige ní aici,
- (d) atá, chun críocha alt 81, ina shealbhóir nó ina sealbhóir ar dheimhniú arna eisiúint ag Teagasc á dheimhniú go ndearnadh freastal sásúil ar chúrsa oiliúna, arna cheadú ag Teagasc, i mbainisteoireacht feirme, arbh fhaide ná 80 uair an chloig a fhad comhiomlán, measfar, chun críocha an ailt seo, gur sealbhóir ar dheimhniú 80 uair an chloig é nó í, nó
- (e) atá, chun críocha alt 81, ina shealbhóir nó ina sealbhóir ar dheimhniú arna eisiúint ag Teagasc á dheimhniú go ndearnadh freastal sásúil ar chúrsa oiliúna, arna cheadú ag Teagasc, i dtalmhaíocht nó i ngairneoireacht, nó i dtalmhaíocht agus i ngairneoireacht araon, arbh fhaide ná 180 uair an chloig a fhad comhiomlán, measfar, chun críocha an ailt seo, gur sealbhóir ar dheimhniú 180 uair an chloig é nó í.

(15) Aon duine, roimh dháta rite an *Achta Airgeadais 2007*, is sealbhóir ar cháilíocht faoi Sceideal 2A nó ar cháilíocht arna deimhniú ag Teagasc mar cháilíocht a fhreagraíonn do cháilíocht faoi Sceideal 2A agus nach gceanglaítear air nó uirthi, chun críocha alt 81A, a bheith ina shealbhóir nó ina sealbhóir ar dheimhniú 80 uair an chloig nó ar dheimhniú 180 uair an chloig, measfar, chun críocha an ailt seo, gur sealbhóir é nó í ar cháilíocht a fhreagraíonn don cháilíocht atá leagtha amach i bhfomhír (b) de mhír 1 de Sceideal 2B.

(16) Tá feidhm ag an alt seo maidir le hionstraimí a fhorghníomhaítear ar dháta rite an *Achta Airgeadais 2007* nó dá éis agus an 31 Nollaig 2008 nó roimhe.”,

agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Sceideal 2A—

“Alt 81AA.

SCEIDEAL 2B

CÁILÍOCHTAÍ CHUN IARRATAS A DHÉANAMH AR FHAOISEAMH Ó DHLEACHT STAMPA I LEITH AISTRITHE CHUIG FEIRMEOIRÍ ÓGA OILTE

1. Cáilíochtaí arna ndámhachtain ag Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna:
 - (a) Ardteastas Leibhéal 6 san Fheirmeoireacht;
 - (b) Ardteastas Leibhéal 6 sa Talmhaíocht;
 - (c) Ardteastas Leibhéal 6 sa Bhainistíocht Tréad Déiríochta;
 - (d) Ardteastas Leibhéal 6 sa Bhainistíocht Stoic Thirim;
 - (e) Ardteastas Leibhéal 6 sa Mheicniú Talmhaíochta;
 - (f) Ardteastas Leibhéal 6 sa Bhainistíocht Feirme;
 - (g) Ardteastas Leibhéal 6 sa Bhainistíocht Innealra agus Barr;
 - (h) Ardteastas Leibhéal 6 sa Ghairneoireacht;
 - (i) Ardteastas Leibhéal 6 san Fhoroiseacht;
 - (j) Ardteastas Leibhéal 6 sa Bhainistíocht Graíona;
 - (k) Ardteastas Leibhéal 6 san Eachaíocht.
2. Cáilíochtaí arna ndámhachtain ag Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna:
 - (a) Ardteastas sa Talmhaíocht;

- (b) Baitsiléir Eolaíochta sa Talmhaíocht;
- (c) Ardteastas in Eolaíocht Talmhaíochta;
- (d) Baitsiléir Eolaíochta in Eolaíocht Talmhaíochta;
- (e) Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) sa Bhainistíocht Talún, Talmhaíocht;
- (f) Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) sa Bhainistíocht Talún, Gairneoireacht;
- (g) Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) sa Bhainistíocht Talún, Foraoiseacht;
- (h) Ardteastas san Innealtóireacht sa Mheicniú Talmhaíochta;
- (i) Baitsiléir Gnó san Fhiontraíocht Tuaithe agus Agra-Ghnó;
- (j) Baitsiléir Eolaíochta sa Talmhaíocht agus sa Bhainistíocht Timpeallachta;
- (k) Baitsiléir Eolaíochta sa Ghairneoireacht;
- (l) Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Bhainistíocht Ghairneoireachta;
- (m) Baitsiléir Eolaíochta san Fhoroiseacht;
- (n) Ardteastas sa Ghnó agus i Staidéir Eachaí;
- (o) Baitsiléir Gnó i Staidéir Eachaí;

3. Cáilíochtaí arna ndámhachtain ag forais eile tríú leibhéal:

- (a) Baitsiléir Eolaíochta Talmhaíochta — Táirgeadh Barr Ainmhithe, arna dhámhachtain ag Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath;
- (b) Baitsiléir Eolaíochta Talmhaíochta — Eolaíocht Ainmhithe, arna dhámhachtain ag Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath;
- (c) Baitsiléir Eolaíochta Talmhaíochta—Bainistíocht Bia agus Talamhghnó arna

dhámhachtain ag Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath;

- (d) Baitsiléir Eolaíochta Talmhaíochta—Foraoiseacht arna dhámhachtain ag an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath;
- (e) Baitsiléir Eolaíochta Talmhaíochta—Bainistíocht Ghairneoireachta, Tírdhreacha agus Fóid Spóirt arna dhámhachtain ag Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath;
- (f) Baitsiléir Tréidliachta arna dhámhachtain ag Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath;
- (g) Baitsiléir Eolaíochta san Eolaíocht Eachaí arna dhámhachtain ag Ollscoil Luimnigh;
- (h) Dioplóma san Eolaíocht Eachaí arna dhámhachtain ag Ollscoil Luimnigh.”.

Faoiseamh breise comhdhlúthúcháin feirme.

104.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 81B:

“81C.—(1) (a) San alt seo—

ciallaíonn ‘coinníollacha comhdhlúthúcháin’ na coinníollacha comhdhlúthúcháin arna leagan amach i dtreoirínte;

ciallaíonn ‘deimhniú comhdhlúthúcháin’ deimhniú, arna eisiúint chun críocha an ailt seo ag Teagasc chuig feirmeoir i ndáil le díol talún cáilithí agus ceannach talún cáilithí a tharlaíonn sa tréimhse iomchuí agus laistigh de 18 mí óna chéile, ar deimhniú é ina saináithnítear na tailte lena mbaineann agus úinéirí na dtailte sin, agus ina ndeimhnítear gur deimhin le Teagasc, ar bhonn faisnéise atá ar fáil do Theagasc an tráth a dheimhnítear amhlaidh, go gcomhlíonann, nó go gcomhlíonfaidh, díol na talún cáilithí agus ceannach na talún cáilithí na coinníollacha comhdhlúthúcháin atá leagtha síos i dtreoirínte;

ciallaíonn ‘feirmeoir’ duine a chaitheann 50 faoin gcéad de ghnáth-am oibre an duine i mbun feirmeoireachta;

folaíonn ‘feirmeoireacht’ áitiú coillearnaí ar bhonn tráchtála;

ciallaíonn ‘treoirínte’ treoirínte arna ndéanamh agus arna bhfoilsíú de réir mhír (b)(i);

ciallaíonn ‘leas i dtalamh cáilitheach’ leas i dtalamh cáilitheach nach bhfuil faoi réir aon chumhachta (cibé acu atá nó nach bhfuil sí san ionstraim) a bhféadfar, ar í a fheidhmiú, an talamh cáilitheach, nó aon chuid den talamh cáilitheach nó aon leas inti, a athdhílsiú don duine ónar ceannaíodh nó ónar aistríodh í nó d’aon duine thar ceann an duine sin;

ciallaíonn ‘Uimhir PSP’, i ndáil le duine, Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí an duine sin de réir bhrí alt 262 den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005;

ciallaíonn ‘ceannach talún cáilithí’ tíolacadh nó aistriú leasa i dtalamh cáilitheach (cibé acu ar í a dhíol nó a oibriú mar dhiúscairt shaorálach *inter vivos*) chuig feirmeoir agus folaíonn sé tíolacadh nó aistriú i gcás ina dtíolactar nó ina n-aistrítear an talamh cáilitheach chuig comhúinéirí i gcás nach feirmeoirí na comhúinéirí go léir; agus is é an dáta a cheannaítear talamh cáilitheach an dáta ar a bhforghníomhaítear an tíolacadh nó an t-aistriú;

ciallaíonn ‘talamh cáilitheach’ talamh iomchuí a bhfuil deimhniú comhdhlúthúcháin eisiithe ag Teagasc ina leith;

ciallaíonn ‘talamh iomchuí’ talamh talmhaíochta sa Stát, lena n-áirítear tailte atá oiriúnach chun a n-áitithe mar choillearnach ar bhonn tráchtála, agus cibé foirgnimh feirme mar aon leis na tailte a áitítear i dteannta na bhfoirgneamh feirme sin ar de ghné iad atá cuí don talamh iomchuí ach ní fholaíonn sé tithe feirme nó maintithe nó na tailte a áitítear i dteannta na dtithe feirme agus na maintithe sin mura rud é go bhfuil na tithe feirme nó na maintithe sin tréigthe agus neamhoiriúnach mar áiteanna cónaithe do dhaoine;

ciallaíonn ‘tréimhse iomchuí’ an tréimhse dar tosach an 1 Iúil 2007 agus dar críoch an 30 Meitheamh 2009;

ciallaíonn ‘díol talún cáilithí’ tíolacadh nó aistriú leasa i dtalamh cáilitheach (cibé acu ar í a dhíol nó a oibriú mar dhiúscairt shaorálach *inter vivos*) ag feirmeoir agus folaíonn sé tíolacadh nó aistriú i gcás ina dtíolacann nó ina n-aistríonn comhúinéirí an talamh cáilitheach i gcás nach feirmeoirí na comhúinéirí go léir; agus is é an dáta a dhíoltar an talamh cáilitheach an dáta ar a bhforghníomhaítear an tíolacadh nó an t-aistriú;

ciallaíonn ‘deimhniú bailí comhdhlúthúcháin’ deimhniú comhdhlúthúcháin nach mbeidh, ar aon lá, tarraingthe siar amhail ar an lá sin.

(b) Chun críocha an ailt seo—

(i) féadfaidh an tAire Talmhaíochta agus Bia, le toiliú an Aire Airgeadais, treoirlínte a ullmhú agus a fhoilsiú ó am go ham, ar treoirlínte iad ina leagfar amach—

- (I) conas atá iarratas ar dheimhniú comhdhlúthúcháin le déanamh,
 - (II) na doiciméid a cheanglaítear a bheith i dteannta iarratais den sórt sin,
 - (III) na coinníollacha comhdhlúthúcháin, agus
 - (IV) cibé faisnéis eile a éileofar i ndáil leis an iarratas sin,
- (ii) i gcás ina ndéantar iarratas ina thaobh sin, eiseoidh Teagasc deimhniú comhdhlúthúcháin i leith talamh iomchuí a dhíol agus a cheannach, i gcás inar deimhin leo, ar bhonn faisnéise atá ar fáil ag Teagasc an tráth sin, go gcomhlíonann, nó go gcomhlíonfaidh, díol agus ceannach tailte den sórt sin na coinníollacha comhdhlúthúcháin, agus
 - (iii) féadfaidh Teagasc, le fógra i scríbhinn, aon deimhniú comhdhlúthúcháin arna eisiúint cheana éin a tharraingt siar.

(2) Tá feidhm ag an alt seo maidir le ceannach talún cáilithí ag feirmeoir ar aon lá (dá ngairtear san alt seo ‘an lá ríomha’) a thiteann sa tréimhse iomchuí.

(3) Faoi réir fho-ailt (4) agus (5), beidh dleacht stampa inmhuirearaithe ar an ionstraim lena dtugtar éifeacht do cheannach talún cáilithí lena mbaineann an t-alt seo amhail is dá mba cheannach talún cáilithí é arna dhéanamh i gcomaoin suime arna cinneadh de réir na foirmle—

(P—S)

más rud é—

gurb é P comhiomlán na méideanna seo a leanas—

- (a) luach na talún cáilithí atá á ceannach, agus
- (b) luach na talún cáilithí eile go léir arna ceannach ag an bhfeirmeoir sa tréimhse iomchuí i gcás ina dtiteann dáta an cheannaigh sa tréimhse 18 mí dar críoch an lá ríomha agus i gcás inar déileáladh leis an gceannach sin, de bhua an fho-ailt seo, mar cheannach arna dhéanamh i gcomaoin méid níos lú de dhroim talamh cáilitheach a dhíol roimh thosach na tréimhse 18 mí sin, déileálfar leis an méid níos lú sin mar luach an cheannaigh sin,

agus

gurb é S comhiomlán luach na talún cáilithí go léir arna díol ag an bhfeirmeoir sa tréimhse iomchuí i gcás ina dtiteann dáta an díola sa tréimhse 18 mí dar críoch an lá ríomha, a mhéid nach raibh sé ina chúis le haisíoc dleachta faoi fho-alt (5) i leith talamh cáilitheach a cheannach roimh thosach na tréimhse 18 mí sin.

(4) I gcás ina mbeidh méid dleachta íoctha de réir fho-alt (3) agus nach mbeidh sé inaisíoctha (dá ngairtear ‘an méid iomchuí’ san fho-alt seo) ar íocaíocht í ar cheannach talún cáilithí ag feirmeoir ar lá ríomha (dá ngairtear ‘an chéad lá ríomha’ san fho-alt seo), déanfar an dleacht is inmhuirearaithe ar cheannach talún cáilithí ag an bhfeirmeoir ar lá ríomha níos déanaí, a thiteann laistigh den tréimhse 18 mí dar tosach an chéad lá ríomha, a laghdú den mhéid iomchuí.

(5) Más rud é, aon tráth sa tréimhse 18 mí dar tosach lá ríomha, go ndíolann feirmeoir talamh cáilitheach, déileálfar leis an díol sin amhail is dá mba dhíol é arna dhéanamh ar an lá ríomha agus déanfar an dleacht is inmhuirearaithe, de réir fho-alt (3), ar an ionstraim lena dtugtar éifeacht don cheannach talún cáilithí arna dhéanamh ar an lá ríomha, a athríomh de réir fho-alt (3) agus déanfaidh na Coimisinéirí méid atá comhionann leis an difríocht—

- (a) idir an dleacht a muirearaíodh ar an ionstraim roimh an athríomh, agus
- (b) an dleacht is inmhuirearaithe ar an ionstraim tar éis an athríomha,

a aisíoc, i gcás ina ndéantar éileamh ar aisíoc chucu maidir leis sin, ach sin faoi réir na coinníollacha atá leagtha amach i bhfo-alt (6) a chomhlíonadh.

(6) Déanfar éileamh ar fhaoiseamh faoi fho-alt (3) nó éileamh ar fhaoiseamh ar mhodh aisíoca faoi fho-alt (5), arna dhéanamh chuig na Coimisinéirí faoin alt seo, a lamháil tar éis na nithe seo a leanas a thabhairt ar aird dóibh—

- (a) an ionstraim lena dtugtar éifeacht do cheannach na talún cáilithí,
- (b) cóip dheimhnithe den ionstraim lena dtugtar éifeacht do dhíol na talún cáilithí,
- (c) deimhniú bailí comhdhlúthúcháin i ndáil le ceannach agus díol na talún cáilithí ar ina leith atá an t-éileamh ar fhaoiseamh á dhéanamh,
- (d) dearbhú de chineál dá dtagraítear i bhfo-alt (7), arna dhéanamh ag gach feirmeoir a cheannaigh an talamh cáilitheach dá dtagraítear i mír (a),
- (e) dearbhú arna dhéanamh i scríbhinn ag gach duine, a cheannaigh an talamh cáilitheach dá dtagraítear i mír (a), i cibé foirm a shonróidh na Coimisinéirí, á dhearbhu go bhfuil sé ar intinn ag an duine sin—
 - (i) úinéireacht a leasa sa talamh cáilitheach a choimeád, agus
 - (ii) go n-úsáidfear an talamh cáilitheach le haghaidh feirmeoireachta,

go ceann tréimhse nach giorra ná 5 bliana ón dáta a dhéantar an chéad éileamh ar fhaoiseamh i leith na talún cáilithí, agus

(f) uimhir PSP gach duine a cheannaigh an talamh cáilitheach dá dtagraítear i mír (a).

(7) Maidir leis an dearbhú dá dtagraítear i bhfo-alt (6)(d), is dearbhú é arna dhéanamh ag feirmeoir i scríbhinn, i cibé foirm a shonróidh na Coimisinéirí agus—

(a) beidh sé sínithe ag an bhfeirmeoir, agus

(b) dearbhófar ann, maidir leis an bhfeirmeoir—

(i) go leanfaidh sé nó sí de bheith ina fheirmeoir nó ina feirmeoir, agus

(ii) go ndéanfaidh sé feirmeoireacht ar an talamh cáilitheach dá dtagraítear i bhfo-alt (6)(a),

go ceann tréimhse nach giorra ná 5 bliana ón dáta a dhéantar an chéad éileamh ar fhaoiseamh i leith na talún cáilithí.

(8) Ní bheidh feidhm ag an alt seo maidir le hionstraim mura rud é, de réir alt 20, go mbeidh sí stampáilte le stampa áirithe á chur in iúl go bhfuil sí stampáilte go cuí nó, de réir mar a bheidh, nach bhfuil aon dleacht inmhuirearaithe uirthi.

(9) (a) Faoi réir mhír (b), i gcás ina ndéanann aon duine a cheannaigh talamh cáilitheach le haon ionstraim ar lamháil na Coimisinéirí faoiseamh ina leith, an talamh cáilitheach sin, nó cuid den talamh cáilitheach sin, a dhiúscairt laistigh de thréimhse 5 bliana ón dáta a lamháiltear an chéad éileamh ar fhaoiseamh i leith na talún cáilithí, ansin tiocfaidh an duine sin nó, i gcás ina mbeidh níos mó ná duine amháin den sórt sin ann, tiocfaidh gach duine acu sin, i gcomhpháirt agus go leithleach, chun bheith bheith faoi dhliteanas pionós a íoc leis na Coimisinéirí ar pionós é de mhéid atá comhionann le méid na difríochta idir na méideanna seo a leanas—

(i) an dleacht a mhuirearófaí ar luach na talún cáilithí sin, dá gceannódh an duine sin nó, i gcás ina bhfuil níos mó ná duine amháin den sórt sin ann, dá gceannódh gach duine acu sin, an talamh cáilitheach sin le hionstraim nach raibh feidhm ag an alt seo maidir léi, agus

(ii) an dleacht, más ann, a muirearaíodh agus nach bhfuil inaisíoctha ar an ionstraim lena mbaineann,

mar aon le hús arna mhuirearú ar an méid sin agus arna ríomh de réir alt 159C, ó dháta diúscartha na talún cáilithí nó, de réir mar a bheidh, ó dháta diúscartha cuid di, go dtí an dáta a íoctar an pionós.

(b) Ní bheidh feidhm ag mír (a) maidir le haon diúscairt talún cáilithí atá á fáil go héigeantach ach ní bheidh feidhm ag fo-alt (5) chun faoiseamh a thabhairt, tar éis na diúscartha sin, i leith na dleachta a muirearaíodh cheana féin ar cheannach talún cáilithí.

(c) I gcás ina mbeifear tar éis aon éileamh ar fhaoiseamh ó dhleacht faoin alt seo a lamháil agus ina bhfaightear amach ina dhiaidh sin maidir le dearbhú dá dtagraítear i mír (d) nó (e) d'fho-alt (6)—

(i) nach raibh sé fíor in aon phonc ábhartha a mbeadh de thoradh air nach lamhálfai an faoiseamh, agus

(ii) go ndearnadh é agus a fhios ag an duine a rinne é nach raibh an dearbhú fíor nó go ndearnadh é le neamhaird mheargánta i dtaobh an raibh sé fíor nó nach raibh,

ansin tiocfaidh an duine nó na daoine a rinne an dearbhú sin, i gcomhpháirt nó go leithleach, chun bheith faoi dhliteanas pionós a íoc leis na Coimisinéirí ar méid é atá comhionann le méid na difríochta idir na méideanna seo a leanas—

(I) 125 faoin gcéad den dleacht a mhuirearófaí ar an ionstraim dá mba rud é nach raibh feidhm ag an alt seo maidir léi toisc nár dearbhaíodh na fíorais go léir go fírinneach, agus

(II) an dleacht, más ann, a muirearaíodh agus nach bhfuil inaisíochta ar an ionstraim lena mbaineann,

mar aon leis an ús a bheidh muirearaithe ar an méid sin, arna ríomh de réir alt 159D, ón dáta a rinneadh an t-éileamh ar fhaoiseamh chuig na Coimisinéirí go dtí an dáta ar maolaíodh an pionós.

(d) I gcás ina dtabharfar do na Coimisinéirí deimhniú comhdhlúthúcháin, a airbheartaíonn a bheith bailí ar an dáta a dhéanfar éileamh ar fhaoiseamh faoin alt seo chuig na Coimisinéirí, agus ina ndealraíonn sé ina dhiaidh sin nár deimhniú bailí comhdhlúthúcháin an deimhniú ar an dáta sin, dlífidh na páirtithe san ionstraim a cheannaigh an talamh cáilitheach, i gcomhpháirt agus go leithleach, pionós a íoc leis na Coimisinéirí is méid comhionann le méid na difríochta idir—

(i) 125 faoin gcéad den dleacht a mhuirearófaí ar an ionstraim mura mbeadh feidhm ag an alt seo maidir léi, agus

(ii) an dleacht, más ann, a muirearaíodh agus nach inaisíochta ar an ionstraim lena mbaineann,

mar aon le hús arna mhuirearú ar an méid sin agus arna ríomh de réir alt 159C, ón dáta dhéantar an t-éileamh ar fhaoiseamh chuig na Coimisinéirí go dtí an dáta a íoctar an pionós.

(10) D'ainneoin fho-alt (9)—

(a) i gcás inar lamháladh faoiseamh faoin alt seo i leith aon ionstraime, ní mheasfar, maidir le diúscairt cuid den talamh cáilitheach ag feirmeoir nó ag comhúinéir eile chuig céile chun comhthionóntacht

a chruthú sa talamh cáilitheach, nó i gcás inar tugadh éifeacht leis an ionstraim do cheannach na talún cáilithí ag comhúinéirí, ní mheasfar, maidir le diúscairt aon chuid den talamh cáilitheach ag comhúinéir amháin chuig comhúinéir eile, gur diúscairt í lena mbaineann fo-alt (9), ach, tar éis an diúscairt sin a dhéanamh, déileálfar leis an gcuid sin den talamh cáilitheach sin, chun críocha fo-alt (9), amhail is gur cheannaigh an céile nó an comhúinéir eile láithreach í leis an ionstraim ar ina leith a lamháladh faoiseamh,

- (b) ní dhlífidh duine níos mó ná pionós amháin faoi mhír (a), (c) nó (d) d'fho-alt (9) a íoc i leith an ní chéanna,
- (c) ní dhlífidh duine pionós a íoc faoi mhír (a) d'fho-alt (9) i leith an ní chéanna más rud é go mbeidh, agus a mhéid a bheidh, pionós íoctha ag an duine sin faoi mhír (c) nó (d) d'fho-alt (9),
- (d) ní dhlífidh duine a íoc faoi mhír (c) d'fho-alt (9) i leith an ní chéanna más rud é go mbeidh, agus a mhéid a bheidh, pionós íoctha ag an duine sin faoi mhír (a) nó (d) d'fho-alt (9), agus
- (e) ní dhlífidh duine pionós a íoc faoi mhír (d) d'fho-alt (9) i leith an ní chéanna más rud é go mbeidh, agus a mhéid a bheidh, pionós íoctha ag an duine sin faoi mhír (a) nó (c) d'fho-alt (9).

(11) Ní bheidh feidhm ag an alt seo maidir le haon ionstraim lena ndéantar talamh cáilitheach a cheannach i gcás inar cuideachta ceannaitheoir nó, de réir mar a bheidh, aon duine de cheannaitheoirí, na talún sin.

(12) Tá feidhm ag an alt seo maidir le hionstraimí arna bhforghníomhú an 1 Iúil 2007, nó dá éis sin, agus an 30 Meitheamh 2009, nó roimhe.”.

(2) Tagann *fo-alt (1)* i ngníomh tar éis don Aire Airgeadais ordú a dhéanamh chuige sin.

Comhlachtaí spóirt ceadaithe.

105.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 82A:

“82B.—(1) San alt seo ciallaíonn ‘comhlacht spóirt ceadaithe’ ‘comhlacht ceadaithe daoine’ de réir bhrí alt 235(1) den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997.

(2) Ní bheidh dleacht stampa innhuirearaithe ar aon ionstraim a oibríonn mar thíolacadh, aistriú nó léasú talún chuig comhlacht spóirt ceadaithe.

(3) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (2) maidir le hionstraim mura rud é—

- (a) gur d’aon toisc chun cluichí nó spóirt lúthchleasa nó amaitéaracha a chur chun cinn a úsáidfear an talamh a thíolactar, a aistrítear nó a léasaítear leis an ionstraim, agus
- (b) maidir leis an ionstraim—

- (i) go bhfuil deimhniú inti, i cibé foirm a shonróidh na Coimisinéirí, á rá go bhfuil feidhm ag an alt seo, agus
 - (ii) go mbeidh sí stampáilte, de réir alt 20, le stampa airithe á thaispeáint nach bhfuil dleacht inmhuirearaithe uirthi.
- (4) (a) Más rud é, maidir le comhlacht spóirt ceadaithe, ar tíolacadh, ar aistríodh nó ar léasaíodh talamh chuige le haon ionstraim a raibh feidhm ag fo-alt (2) maidir léi—
- (i) go ndiúsraíonn sé an talamh sin, nó cuid den talamh sin (dá ngairtear ‘páirtdiúscairt’ san fho-alt seo), agus
 - (ii) nach ndéanann sé na fáltas ón diúscairt sin nó, de réir mar a bheidh, ón bpáirtdiúscairt sin, a úsáid go hiomlán d’aontoisc chun cluichí nó spóirt lúthchleasa nó amaitéaracha a chur chun cinn,

ansin tiocfaidh an comhlacht spóirt ceadaithe sin chun bheith faoi dhliteanas pionós a íoc leis na Coimisinéirí ar pionós é atá comhionann le méid arna chinneadh de réir na foirmle—

$$S \times \frac{N}{V}$$

más rud é—

gurb é S méid na dleachta stampa a mhuirearófaí ar an ionstraim sin dá mba rud é nach raibh feidhm ag fo-alt (2),

gurb é V margadhluach na talún go léir a tíolacadh, a aistríodh nó a léasaíodh leis an ionstraim, díreach roimh an diúscairt nó díreach roimh an bpáirtdiúscairt, agus

gurb é N méid na bhfáltas ón diúscairt nó, de réir mar a bheidh, ón bpáirtdiúscairt, nár úsáideadh, nó nach n-úsáidfeadh, d’aontoisc chun cluichí nó spóirt lúthchleasa nó amaitéaracha a chur chun cinn.

(b) Chun críocha mhír (a)—

- (i) más rud é, maidir le haon mhaoin, go bhfaighfeadh í, go hiomlán nó go páirteach ar mhodh malairte ar dhiúscairt, agus gur úsáideadh í, nó go n-úsáidfeadh í, d’aontoisc chun cluichí nó spóirt lúthchleasa nó amaitéaracha a chur chun cinn, measfar, maidir le méid atá comhionann le margadhluach na maoin sin ar dháta na diúscairthe, gur fáltas í ón diúscairt sin a úsáideadh, nó a úsáidfeadh, chun na críche céanna sin, agus
- (ii) i gcás ina ndéanfar talamh a dhiúscairt go hiomlán nó go páirteach ar mhodh diúscairthe

saorálaí *inter vivos*, measfar, gur fáltais ón diúscairt nár cuireadh chun feidhme, nó nach gcuirfear chun feidhme, d'aontoisc chun cluichí nó spóirt lúthchleasa nó amaitéaracha a chur chun cinn méid is comhionann le margadhluach na dtailte a dhiúscrófar, ar dháta na diúscairthe, lúide an méid, más ann, a fuarthas mar fháltais ón diúscairt.

(5) I gcás ina scoirfidh comhlacht spóirt ceadaithe ar tíolacadh, ar aistríodh nó ar léasaíodh talamh chuige le haon ionstraim a raibh feidhm ag fo-alt (2) maidir leis, aon tráth, den talamh atá ar úinéireacht thairbhiúil aige a úsáid d'aon toisc chun cluichí nó spóirt lúthchleasa nó amaitéaracha a chur chun cinn, tiocfaidh an comhlacht spóirt ceadaithe chun bheith faoi dhliteanas pionós a íoc leis na Coimisinéirí ar pionós é atá comhionann le méid an dleachta stampa a mhuirearófaí ar an ionstraim, ar an gcéad ásc, dá mba rud é nach raibh feidhm ag fo-alt (2).

(6) Beidh ús iníoctha ar phionós a thabhaítear faoi fho-alt (4) nó (5) arna ríomh de réir alt 159D, ó dháta aon diúscairthe nó scoir go dtí an dáta a foctar an pionós.

(7) D'ainneoin fho-alt (4) agus (5), ní bheidh an pionós uasta is iníoctha ar aon ionstraim níos mó ná méid an dleachta a mhuirearófaí ar an ionstraim ar an gcéad ásc dá mba rud é nach raibh feidhm ag fo-alt (2)."

(2) Tá feidhm ag an alt seo maidir le hionstraimí arna bhforghníomhú an 7 Nollaig 2007 nó da éis.

Leasú ar alt 83A
(láithreán a aistriú
chuig leanbh) den
Phríomh-Acht.

106.—(1) Leasaítear alt 83A den Phríomh-Acht i bhfo-alt (1) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhíneithe ar “láithreán”:

“ciallaíonn ‘láithreán’, i ndáil le hionstraim tíolacais, aistrithe nó léasaithe, talamh arb é atá ann na na nithe seo a leanas araon—

- (a) an limistéar talún ar a bhfuiltear chun teach cónaithe, dá dtagraítear i bhfo-alt (3)(c), a fhoirgníú, agus
- (b) limistéar talún atá lena áitiú agus lena theachtadh i dteannta an tí cónaithe sin mar ghairdín nó mar thailte a ghabhann leis, agus nach mó é, cé is moite den limistéar dá dtagraítear i mír (a), ná 0.4047 heicteár,

ach ní fholaíonn sé limistéar talún ar a bhfuil foirgneamh suite ar foirgneamh é, ar dháta forghníomhaithe na hionstraime sin—

- (i) a bhí á úsáid, nó a bhí oiriúnach lena úsáid, mar theaghais nó chun críoch eile, nó
- (ii) a bhí i gcúrsa a fhoirgnithe nó a oiriúnaithe lena úsáid mar theaghais nó chun críoch eile.”.

(2) Tá feidhm ag an alt seo maidir le hionstraimí arna bhforghníomhú an 1 Feabhra 2007 nó dá éis.

Aistriú feirmeacha
teaghlaigh áirithe.

107.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 83A:

“83B.—(1) Ní bheidh dleacht stampa inmhúirearaithe ar aon ionstraim a oibríonn mar thíolacadh nó aistriú talún, is ábhar don diúscairt ag an leanbh dá dtagraítear i mír (d) (a cuireadh isteach leis an *Acht Airgeadais 2007*) d’alt 599(1) den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997.

(2) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (1) maidir le hionstraim mura rud é, maidir leis an ionstraim—

- (a) go bhfuil deimhniú inti, i cibé foirm a shonróidh na Coimisinéirí, á rá go bhfuil feidhm ag an alt seo, agus
- (b) go ndearnadh an ionstraim a stampáil, de réir alt 20, le stampa áirithe á thaispeáint nach bhfuil dleacht inmhúirearaithe uirthi.”

(2) Tá feidhm ag an alt seo maidir le hionstraimí arna bhforghníomhú ar dháta rite an Achta seo nó dá éis.

108.—(1) Leasaítear alt 92B den Phríomh-Acht i bhfo-alt (8)—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) (i) D’ainneoin fho-alt (1), measfar maidir le céile i bpósadh (dá ngairtear ‘éilitheoir’ sa mhír seo), is ábhar d’fhoraithe colscartha, d’fhoraithe idirscartha bhreithiúnaigh, d’fhoraithe neamhnithe nó do ghníomhas idirscartha (dá ngairtear ‘foraithe’ san fho-alt seo), gur ceannaitheoir céaduaire é nó í chun críocha an mhíne i bhfo-alt (1), i leith céadtiolactha nó céadaistrithe tí cónaithe, lena n-áirítear tíolacadh nó aistriú a oibríonn mar dhiúscairt shaorálach de réir bhrí alt 30, chuig an éilitheoir, tar éis dháta na foraithe, i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha atá leagtha amach i bhfomhír (ii).

(ii) Is iad seo a leanas na coinníollacha a éilítear leis an bhfomhír seo—

(I) nach bhfuil teideal tairbhiúil ag an éilitheoir, díreach roimh dháta na foraithe, chuig leas in aon teach cónaithe seachas an teach cónaithe dá dtagraítear i gclásal (II),

(II) nár scoir an teach cónaithe is déanaí a fuarthas roimh dháta na foraithe, arbh é aon-áit nó príomh-áit chónaithe an éilitheora agus a chéile nó a céile é tráth éigin roimh dháta na foraithe, de bheith á áitiú, ar dháta na foraithe, ag céile an éilitheora mar a aon-áit nó a haon-áit nó a phríomh-áit nó a príomh-áit chónaithe agus go raibh teideal tairbhiúil ag an gcéile chuig leas sa teach cónaithe ar an dáta sin nó go bhfuair sé nó sí leas den sórt sin i

Leasú ar alt 92B (faoiseamh ceannaitheora céaduaire maoiné cónaithe) den Phríomh-Acht.

ndiaidh an dáta sin de bhua nó de dhroim na foraithe, agus

- (III) nach bhfuil teideal tairbhiúil ag an éilitheoir, ar dháta forghníomhaithe na hionstraime lena dtugtar éifeacht don tíolacadh nó don aistriú, chuig leas sa teach cónaithe dá dtagraítear i gclásal (II).
- (aa) (i) Más rud é, de bhíthin amháin go ndearnadh an chéad tíolacadh nó an chéad aistriú (dá dtagraítear i mír (a)(i)) i ndáil le teach cónaithe a fhorghníomhú roimh dháta na foraithe, agus, dá dhroim sin, nach féidir leis an éilitheoir na coinníollacha atá leagtha amach i gclásail (I) agus (III) de mhír (a)(ii), measfar, maidir leis an éilitheoir, gur ceannaitheoir céaduaire é nó í chun críocha an mhíneithe i bhfo-alt (1), i gcás ina ndéantar an chéad tíolacadh nó an chéad aistriú a fhorghníomhú sa tréimhse 6 mhí dar críoch dáta na foraithe agus go gcomhlíontar na coinníollacha atá leagtha amach i bhfomhír (ii).
- (ii) Is iad seo a leanas na coinníollacha a éilítear leis an bhfomhír seo—
- (I) go ndearnadh an chéad tíolacadh nó an chéad aistriú in oirchill na foraithe, agus
- (II) díreach roimh dháta na foraithe, nach raibh teideal tairbhiúil ag an éilitheoir chuig leas in aon teach cónaithe seachas an teach cónaithe dá dtagraítear i bhfomhír (i) agus an teach cónaithe dá dtagraítear i gclásal (II) de mhír (a)(ii).
- (iii) Más rud é, de bhua fhomhír (i), go meastar maidir le héilitheoir gur ceannaitheoir céaduaire é nó í i leith céad tíolactha nó céad aistrithe, déanfaidh na Coimisineirí, tar éis éileamh arna dhéanamh chuige sin a fháil agus i gcás na coinníollacha atá leagtha amach i bhfomhír (iv) a bheith arna gcomhlíonadh, an dleacht sin, nó cuid den dleacht sin nach mbeadh innhuirearaithe dá mba rud é go raibh feidhm ag mír (a) maidir leis an tíolacadh nó leis an aistriú nuair a céadtíolacadh é lena stampáil, a chealú agus a aisíoc.
- (iv) Is é atá sna coinníollacha a éilítear leis an bhfomhír seo ná go ndéanfaidh an t-éilitheoir, nuair atá eileamh a dhéanamh aige nó aici ar aisíocaíocht, na nithe seo a leanas a thabhairt ar aird do na Coimisineirí—

- (I) an ionstraim stampailte,
- (II) cóip den fhoraithne,
- (III) dearbhú arna dhéanamh i scríbhinn ag an éilitheoir, i cibé foirm a shonróidh na Coimisinéirí, á dhaingniú chun sástacht na gCoimisinéirí—
 - (A) go ndearnadh an tíolacadh nó an t-aistriú i dtaca leis an bhforaithne,
 - (B) díreach roimh dháta na foraithe, nach raibh nach raibh teideal tairbhiúil ag an éilitheoir chuig leas in aon teach cónaithe seachas an teach cónaithe dá dtagraítear i bhfómhír (i) agus an teach cónaithe dá dtagraítear i gclásal (II) de mhír (a)(ii),
 - (C) nár scoir an teach cónaithe dá dtagraítear i gclásal (II) de mhír (a)(ii) de bheith ar áitiú, ar dhata na foraithe, ag céile an éilitheora mar a aon-áit nó a haon-áit chónaithe nó mar a phríomh-áit nó mar a príomh-áit chónaithe agus go raibh teideal tairbhiúil ag an gcéile chuig leas sa teach cónaithe ar an dáta sin nó go bhfuair sé nó sí leas den sórt sin tar éis an dáta sin de bhua nó de dhroim na foraithe,
 - (D) tráth déanta an éilimh ar aisíocaíocht, nach raibh teideal tairbhiúil ag an éilitheoir chuig leas sa teach cónaithe dá dtagraítear i gclásal (II) de mhír (a)(ii),
 - (E) ó dháta forghníomhaithe an tíolactha nó an aistrithe, go ndearnadh na coinníollacha dá dtagraítear i bhfo-alt (3)(b)(ii) nó, de réir mar a bheidh, in alt 92(1) a chomhlíonadh agus go gcomhlíonfar iad go ceann an chuid eile den tréimhse 5 bliana dá dtagraítear san fho-alt nó, de réir mar a bheidh, san alt,
 - (F) gur tíolacadh nó aistriú é de chineál nach mbaineann fo-alt (3A) leis, agus
 - (G) i gcás ina ndearna duine eile an teach cónaithe a thíolacadh nó a aistriú chuig an éilitheoir, gur cheannaitheoir céaduaire an duine sile sin de réir bhrí fho-alt

(1), díreach roimh fhorghníomhú an tíolactha nó an aistrithe lena mbaineann,

(IV) Uimhir PSP an éilitheora agus aon duine eile ar tíolacadh nó ar aistríodh an teach cónaithe chuige nó chuici, agus

(V) cibé fianaise eile a éileoidh na Coimisinéirí chun críocha na fomhíre seo.

(v) Beidh feidhm ag fo-alt (4) maidir le tíolacadh nó aistriú lena mbaineann fomhír (ii) amhail is atá feidhm aige maidir le hionstraim lena mbaineann fo-alt (2), fara aon mhodhnuithe is gá.”,

agus

(b) i mír (b)—

(i) sa mhíniú ar “foraithne neamhnithe” trí “sa Stát;” a chur in ionad “sa Stát.”, agus

(ii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhíniú ar “foraithne neamhnithe”:

“ciallaíonn ‘gníomhas idirscartha’ gníomhas idirscartha arna fhorghníomhú ag beirt chéile i bpósadh agus is é an dáta gníomhais idirscartha an dáta a fhorghníomhaíonn an bheirt chéile sa phósadh an gníomhas sin;

ciallaíonn ‘teach cónaithe’ teach cónaithe nó árasán nó cuid de theach cónaithe nó d’árasán;

ciallaíonn ‘Uimhir PSP’, i ndáil le duine, Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí an duine sin de réir bhrí alt 262 den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005.”.

(2) Tá feidhm ag an alt seo maidir le hionstraimí arna bhforghníomhú an 1 Feabhra 2007 nó dá éis.

Leasú ar Chuid 6
(forálacha speisialta
a bhaineann le
hurrúis
neamhdheimhnithe)
den Phríomh-Acht.

109.—(1) Leasaítear Cuid 6 den Phríomh-Acht—

(a) in alt 68 trí na mínithe ar “cruthaitheoir margaidh”, “ballghnólacht” agus “tréimhse iomchuí” a scriosadh,

(b) in alt 73(1) trí mhír (b) a scriosadh,

(c) trí alt 74 a scriosadh, agus

(d) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 75:

“Faoiseamh 75.—(1) San alt seo—
d’idirghabhálaithe.

ciallaíonn ‘gnó eisiata’ aon cheann díobh seo a leanas—

- (a) aon ghnó arb é atá ann ná infheistíochtaí a dhéanamh nó a bhainistiú;
- (b) aon ghnó arb é atá ann ná seirbhísí a sholáthar, nó aon ghnó a sheoltar chun seirbhísí a sholáthar, do dhaoine atá bainteach leis an duine a sheolann an gnó; agus déanfar an cheist i dtaobh an bhfuil duine bainteach le duine eile a chinneadh de réir fhorálacha alt 10 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997;
- (c) aon ghnó arb é atá ann na gnó árachais, nó gnó árachais de réir bhrí alt 3 den Acht Árachais 1936,
- (d) aon ghnó arb é atá ann ná scéim pinsin a riaradh nó a bhainistiú nó gníomhú mar iontaobhaí i ndáil le scéim den sórt sin, nó aon ghnó a sheolann riarthóir, bainisteoir nó iontaobhaí scéime den sórt sin, i dtaca leis an scéim nó chun críocha na scéime,
- (e) aon ghnó arb é atá ann ná scéim comhinfeistíochta (de réir bhrí alt 88) a oibriú, nó gníomhú mar iontaobhaí i ndáil le scéim den sórt sin, nó aon ghnó a sheolann oibríteoir nó iontaobhaí scéime den sórt sin i dtaca leis an scéim nó chun críocha na scéime;

ciallaíonn ‘idirghabhálaí’ duine a sheolann gnó *bona fide* arb é atá ann ná déileáil in urrúis agus, chun críocha an mhínte seo, áireofar dul faoi chomhaontuithe díorthacha atá urrústagartha go díreach nó go neamhdhíreach mar sheoladh gnó arb é atá ann ná déileáil in urrúis;

ciallaíonn ‘ballghnólacht’ ball de chuid ceann díobh seo a leanas—

- (a) Stocmhalartán na hÉireann Teoranta,
- (b) an *London Stock Exchange plc*, nó
- (c) aon mhalartán nó margadh eile atá ainmnithe chun críocha an ailt seo i rialacháin arna ndéanamh ag na Coimisinéirí;

ciallaíonn ‘oibritheoir’, i ndáil le scéim comhinfheistíochta, riarthóir nó bainisteoir de chuid na scéime nó cibé duine eile atá údaraithe chun gníomhú thar ceann na scéime, nó i dtaca leis an scéim nó chun críocha na scéime, agus a ghníomhaíonn amhlaidh de ghnáth sa cháil sin.

ciallaíonn ‘idirghabhálaí aitheanta’, i ndáil le malartán nó margadh, ball den mhalartán nó den mhargadh ar idirghníomhaí é nó í agus atá ceadaithe ag na Coimisinéirí mar idirghabhálaí aitheanta de réir socrúithe arna ndéanamh ag na Coimisinéirí leis an malartán nó leis an margadh.

(2) Chun críocha an ailt seo, beidh aistriú urrús déanta ar mhalartán nó ar mhargadh más rud é—

- (a) go bhfuil sé faoi réir rialacha an mhalartáin nó, de réir mar a bheidh, an mhargaidh, agus
- (b) go dtuairiscítear é don mhalartán nó, de réir mar a bheidh, don mhargadh, de réir rialacha an mhalartáin nó an mhargaidh lena mbaineann.

(3) Ní bheidh dleacht stampa inmhuirearaithe ar ionstraim aistrithe ar tríthi a bhaineann aon urrús le díol na n-urrús sin arna n-aistriú chuig duine nó chuig ainmnitheach de chuid an duine sin, más rud é—

- (a) gur ballghnólacht de chuid malartáin nó margaidh an duine,
- (b) gur idirghabhálaí aitheanta an duine i ndáil leis an malartán nó i ndáil leis an margadh,
- (c) go ndéantar an t-aistriú urrús—
 - (i) ar an malartán nó, de réir mar a bheidh, ar an margadh,
 - (ii) ar aon mhalartán nó margadh a oibríonn Stocmhalartán na hÉireann Teoranta nó an *London Stock Exchange plc*, nó
 - (iii) ar aon mhalartán nó margadh eile arna ainmniú ag na Coimisinéirí chun críocha an ailt seo,

agus

- (d) nach ndéantar an t-aistriú urrús i dtaca le gnó eisiata.
- (4) (a) Féadfaidh na Coimisinéirí, ó am go ham, socruithe a dhéanamh le malartán nó le margadh ar socruithe iad ina leagfar amach conas atá ballghnólacht le ceadú ag na Coimisinéirí mar idirghabhálaí aitheanta.
- (b) Déanfaidh gach idirghabhálaí aitheanta, aon uair a éilítear air, nó in aon chás ina n-éilítear air, déanamh amhlaidh gach leabhar, doiciméad agus taifead eile atá i seilbh nó faoi rialú an idirghabhálaí aitheanta agus atá ábhartha chun go gcinnteoidh na Coimisinéirí go bhfuil an t-alt seo comhlíonta ag an idirghabhálaí a chur ar fáil lena n-iniúchadh ag oifigeach de chuid na gCoimisinéirí atá údaraithe chun na críche sin.
- (5) (a) Féadfaidh na Coimisinéirí, ó am go ham, rialacháin a dhéanamh chun malartán nó margadh a ainmniú chun críocha an ailt seo.
- (b) Gach rialachán a dhéanfar faoin alt seo leagfar é faoi bhráid Dháil Éireann a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann Dáil Éireann, laistigh den 21 lá a shuífidh Dáil Éireann tar éis an rialachán a leagan faoina bráid, rún a rith ag neamhniú an rialacháin, beidh an rialachán ar neamhniú dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin rialachán.

Faoiseamh do
thithe
imréitigh.

75A.—(1) San alt seo—

ciallaíonn ‘teach imréitigh’ comhlacht nó comhlachas a sholáthraíonn seirbhísí a bhaineann le hidirbhearta agus fócaíochtaí a imréiteach agus a shocrú agus le priacail a ghabhann leis na conarthaí a dhéantar de bharr na n-idirbheart agus na n-fócaíochtaí sin a bhainistiú, agus ar comhlacht nó comhlachas é a ndéanann comhlacht rialála, nó gníomhaireacht rialtais, de chuid Ballstáit de na Comhphobail Eorpacha rialáil nó maoirsiú air le linn na seirbhísí sin a sholáthar;

ciallaíonn ‘rannpháirtí imréitigh’ comhalta de theach imréitigh aitheanta atá ceadaithe

ag an teach imréitigh chun seirbhísí imréitigh a sholáthar i dtaca le haistriú urrúis;

ciallaíonn ‘cliánt’ duine a thugann teoracha go ndíolfar urrúis;

ciallaíonn ‘ainmnitheach’ duine arb é a ghnó nó a gnó, nó a bhfolaíonn a ghnó nó a gnó, urrúis a shealbhú mar ainmnitheach le haghaidh tí imréitigh aitheanta atá ag gníomhú ina cháil mar sholáthróir seirbhísí imréitigh nó, de réir mar a bheidh, mar ainmnitheach le haghaidh rannpháirtí imréitigh nó rannpháirtí neamh-imréitigh;

ciallaíonn ‘rannpháirtí neamh-imréitigh’ comhalta de mhalartán nó de mhargadh nuair nach bhfuil sé nó sí ag gníomhú mar rannpháirtí imréitigh;

ciallaíonn ‘teach imréitigh aitheanta’—

(a) *Eurex Clearing AG*,

(b) *LCH.Clearnet Limited*,

(c) *SIS SegalInterSettle AG*, nó

(d) aon teach imréitigh eile arna ainmniú mar theach imréitigh aitheanta chun críocha an ailt seo le rialacháin arna ndéanamh ag na Coimisinéirí.

(2) Ní bheidh dleacht stampa innhuirearaithe ar ionstraim aistrithe ar tríthi a dhéantar aon urrúis ar dhíol na n-urrúis sin a aistriú sna himthosca dá dtagraítear i bhfo-alt (3) a dhíol i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha dá dtagraítear i bhfo-alt (4).

(3) Is iad na na himthosca dá dtagraítear san fho-alt seo ná go ndéantar na hurrúis a aistriú—

(a) ó rannpháirtí imréitigh nó ó ainmnitheach rannpháirtí imréitigh, chuig rannpháirtí imréitigh eile nó chuig ainmnitheach an rannpháirtí imréitigh eile sin,

(b) ó chliant nó ó rannpháirtí neamh-imréitigh nó ó ainmnitheach rannpháirtí neamh-imréitigh, chuig rannpháirtí imréitigh nó chuig ainmnithigh rannpháirtí imréitigh,

- (c) ó rannpháirtí neamh-imréitigh nó ó ainmnitheach rannpháirtí neamh-imréitigh nó ó rannpháirtí imréitigh nó ó ainmnitheach rannpháirtí imréitigh, chuig teach imréitigh aitheanta nó chuig ainmnitheach tí imréitigh aitheanta,
- (d) ó dhuine seachas rannpháirtí imréitigh, chuig teach imréitigh aitheanta nó chuig ainmnitheach tí imréitigh aitheanta, de thoradh ar mhainneachtain ag rannpháirtí imréitigh oibleagáidí an rannpháirtí imréitigh sin a chomhlíonadh i leith aistriú urrús chuig an teach imréitigh aitheanta nó chuig ainmnitheach an tí imréitigh aitheanta,
- (e) ó theach imréitigh aitheanta nó ó ainmnitheach tí imréitigh aitheanta, chuig rannpháirtí imréitigh nó chuig ainmnitheach rannpháirtí imréitigh, nó
- (f) ó rannpháirtí imréitigh, nó ó ainmnitheach rannpháirtí imréitigh chuig rannpháirtí neamh-imréitigh nó chuig ainmnitheach rannpháirtí neamh-imréitigh.

(4) Is iad na coinníollacha dá dtagraítear san fho-alt seo ná go gceanglaítear ar an duine a ndéantar na hurrús a aistriú chuige nó chuici faoi aistriú urrús dá dtagraítear i míreanna (a) go (f) d'fho-alt (3) (dá ngairtear 'aistriú iomchuí' san alt seo) tar éis na hurrús sin a fháil urrús a aistriú faoi aistriú meaitseála chuig duine eile, nó i gcás aistrithe iomchuí a thagann faoi réim mhír (d), go gceanglófaí air nó uirthi déanamh amhlaidh dá mba rud é nár tharla an mhainneachtain dá dtagraítear sa mhír sin.

(5) Chun críocha fho-alt (4), ciallaíonn 'aistriú meaitseála' aistriú urrús ar faoi—

- (a) atá na hurrús a aistrítear den chineál céanna leis na hurrús a aistríodh faoin aistriú iomchuí, agus
- (b) atá líon na n-urrús, an chomaoin a íocadh as na hurrús, a aistríodh combhionann leis an líon urrús, agus leis an gcomaoin a íocadh as na

hurrúis, a aistríodh faoin aistriú iomchuí.

- (6) (a) Féadfaidh na Coimisinéirí, ó am go ham, rialacháin a dhéanamh chun teach imréitigh a ainmniú mar theach imréitigh aitheanta chun críocha an ailt seo.
- (b) Gach rialachán a dhéanfar faoin alt seo, leagfar é faoi bhráid Dháil Éireann a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus má dhéanann Dáil Éireann, laistigh den 21 lá a shuífidh Dáil Éireann tar éis an rialachán a leagan faoina bráid, rún a rith ag neamhniú an rialacháin, beidh an rialachán ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin rialachán.”.
- (2) (a) Faoi réir *mhír (b)*, tagann an t-alt seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh chun críoch éagsúil agus le haghaidh forálacha éagsúla.
- (b) Féadfaidh na Coimisinéirí, sula dtagann an t-alt seo i ngníomh, socrúithe a dhéanamh le malartán nó le margadh ar socrúithe iad ina leagfar amach conas atá ballghnólacht le ceadú mar idirghabhálaí aitheanta ag na Coimisinéirí nuair a thagann an t-alt seo i ngníomh.

Talamh: forálacha speisialta.

110.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht—

- (a) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 31:

“Bunaithe i gconradh.

31A.—(1) Más rud é—

- (a) go ndéanfaidh sealbhóir eastáit nó leasa i dtalamh sa Stát conradh nó comhaontú le duine eile chun an t-eastát nó an leas a dhíol leis an duine eile sin nó le hainmnitheach de chuid an duine eile sin, agus
- (b) go mbeidh íocaíocht arb é a méid, nó íocaíochtaí arb é a méid iomlán, 25 faoin gcéad nó níos mó den chomhaoin i leith an díola déanta le sealbhóir an eastáit nó an leasa aon tráth de bhun an chonartha nó an chomhaontaithe nó go mbeidh íocaíocht nó íocaíochtaí den sórt sin de rogha an tsealbhóra sin, agus
- (c) laistigh de 30 lá ón gcéad tráth den sórt sin nach mbeifear tar

éis tíolacadh nó aistriú, arna dhéanamh i gcomhréir leis an gconradh nó leis an aistriú, agus arna fhorghníomhú ag na páirtithe sa chonradh nó sa chomhaontú, a thíolacadh do na Coimisinéirí lena stampáil le dleacht *ad valorem* is inmhuirearaithe air,

ansin beidh an dleacht chéanna *ad valorem* inmhuirearaithe ar an gconradh nó ar an gcomhaontú ar dleacht í atá le híoc ag an duine eile amhail is dá mba rud é gur tíolacadh nó aistriú é i ndáil leis an eastát nó an leas sa talamh.

(2) I gcás ina mbeifear tar éis dleacht a íoc, i leith conartha nó comhaontaithe, de réir fho-alt (1), ní bheidh aon dleacht inmhuirearaithe ar thíolacadh nó ar aistriú arna dhéanamh i gcomhréir leis an gconradh nó leis an gcomhaontú, agus déanfaidh na Coimisinéirí, ar iarratas a fháil, íoc na dleachta *ad valorem* ar an tíolacadh nó ar an aistriú a shonrú nó aistreoidh siad an dleacht *ad valorem* chuig an tíolacadh nó chuig an aistriú tar éis an conradh nó an comhaontú, arna stampáil go cuí, a thabhairt ar aird dóibh.

Comhaontuithe ceadúnais. 31B.—(1) San alt seo, ciallaíonn ‘forbairt’, i ndáil le haon talamh—

- (a) foirgniú, scartáil, méadú, athrú nó athfhoirgniú aon fhoirgnimh ar an talamh, nó
- (b) aon oibríocht innealtóireachta nó aon oibríocht eile sa talamh, ar an talamh, thar an talamh nó faoin talamh chun é a oiriúnú le haghaidh úsáide atá athraithe go hábhartha.

(2) Más rud é—

- (a) go ndéanfaidh sealbhóir eastáit nó leasa i dtalamh sa Stát comhaontú le duine eile ar faoi atá an duine eile sin, nó ainmnitheach de chuid an duine eile sin, i dteideal dul isteach sa talamh chun aon fhorbairt a dhéanamh ar an talamh sin, agus
- (b) de bhua an chomhaontaithe, seachas mar chomaoin i leith dhíol an eastáit nó an leasa uile sa talamh, nó cuid de, go bhfaigheann sealbhóir an eastáit nó an leasa sa talamh, aon tráth,

íocaíocht arb é a méid, nó de réir mar a bheidh íocaíochtaí arb é a méid iomlán, 25 faoin gcéad nó níos mó de mhargadhluach na talún lena mbaineann,

ansin laistigh de 30 lá ón gcéad tráth den sórt sin, beidh an dleacht chéanna *ad valorem* innhuirearaithe ar an gcomhaontú ar dleacht í atá le híoc ag an duine eile sin amhail is dá mba rud é gur tíolacadh nó aistriú é i ndáil leis an eastát nó an leas sa talamh.”,

(b) trí alt 36 a scriosadh,

(c) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 50:

“Comhaontuithe ar feadh níos mó ná 35 bliana le muirearú mar léasanna. 50A.—Aon chomhaontú maidir le léasú nó ligean aon tailte, tionóntán, nó ábhar inoidhrithe ar feadh téarma nach faide ná 35 bliana, muirearófar an dleacht chéanna air amhail is dá mba rud é gur léas iarbhír é arna dhéanamh ar feadh an téarma agus i leith na comaoine a luaitear sa chomhaontú i gcás 25 faoin gcéad nó níos mó den chomaoin sin a bheith íoctha.”,

agus

(d) trí “alt 50 nó 50A” a chur in ionad “alt 50” i mír (4) den Cheannteideal “LÉAS” i Sceideal 1.

(2) Tagann an t-alt seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Airgeadais le hordú agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh chun críoch éagsúil agus le haghaidh forálacha éagsúla.

Leasú ar alt 159A (teorainneacha ama chun aisíocaíocht dleachta stampa a éileamh) den Phríomh-Acht.

111.—Leasaítear alt 159A den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (1), trí “ón dáta ar seachadadh an ráiteas dliteanais ar na Coimisinéirí, ón dáta a ndearnadh an treoir oibritheora dá dtagraítear in alt 69 nó ón dáta a mbaineann an duine an caighdeán amach de réir bhrí alt 81AA(11)(a).” a chur in ionad “ón dáta ar seachadadh an ráiteas dliteanais ar na Coimisinéirí nó ón dáta a ndearnadh an treoir oibritheora dá dtagraítear in alt 69.”.

CUID 5

CÁIN FHÁLTAS CAIPITIÚIL

Léiriú (*Cuid 5*).

112.—Sa Chuid seo ciallaíonn “Príomh-Acht” an tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil 2003.

Leasú ar alt 18 (cáin a ríomh) den Phríomh-Acht.

113.—(1) Leasaítear alt 18 den Phríomh-Acht—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “tréimhse iomchuí” i bhfo-alt (1):

“ciallaíonn ‘tréimhse iomchuí’—

- (a) i ndáil le hoidhreacht iomchuí is luaithe, an tréimhse 5 bliana dar tosach dáta báis an diúscróra,
- (b) i ndáil le hoidhreacht iomchuí shocraithe, an tréimhse 5 bliana dar tosach dáta báis an tionónta saoil lena mbaineann,
- (c) i ndáil le hoidhreacht iomchuí iontaobhais uachta, an tréimhse 5 bliana dar tosach an dáta a thagann maoin chun bheith faoi réir iontaobhais lánroghnaigh a bunaíodh faoi uacht an diúscróra, agus
- (d) i ndáil le hoidhreacht iomchuí is déanaí, an tréimhse 5 bliana dar tosach an dáta is déanaí a measadh oidhreacht iomchuí is déanaí a bheith glactha ón diúscróir;”,

- (b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “an t-iontaobhas cuí” i bhfo-alt (1):

“ciallaíonn ‘an t-iontaobhas cuí’, i ndáil le hoidhreacht iomchuí, an t-iontaobhas trínar measadh an oidhreacht a bheith arna glacadh;

ciallaíonn ‘oidhreacht iomchuí iontaobhais uachta’ oidhreacht iomchuí a mheastar a bheith arna glacadh nuair a thagann maoin chun bheith faoi réir iontaobhais lánroghnaigh a bunaíodh faoi uacht an diúscróra.”,

agus

- (c) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) Más rud é, i gcás gach oidhreachta iomchuí is luaithe, gach oidhreachta iomchuí socraithe, gach oidhreachta iomchuí iontaobhais uachta nó gach oidhreachta iomchuí is déanaí, de réir mar a bheidh, a glacadh ón diúscróir céanna, gur tháinig duine amháin nó níos mó d’ábhair an iontaobhais chuí, sula ndeachaigh an tréimhse iomchuí in éag, chun teideal tairbhiúil seilbhe a bheith aige nó aici nó acu chuig leas iomlán sa mhaoin go léir arbh í an oidhreacht sin í ar dháta na hoidhreachta sin agus gach tráth da éis sin (seachas maoin a scoir de bheith de réir théarmaí an iontaobhais chuí de bhua leas iomlán sa mhaoin sin a dhíol nó a mhalartú ar chomaoin iomlán in airgead nó i luach airgid), ansin, i ndáil le gach oidhreacht iomchuí is luaithe den sórt sin, gach oidhreacht iomchuí shocraithe den sórt sin, gach oidhreacht iomchuí iontaobhais uachta den sórt sin nó gach oidhreacht iomchuí níos déanaí den sórt sin, de réir mar a bheidh, déantar an cháin is inmhuirearaithe amhlaidh a ríomh de réir ráta 3 faoin gcéad.”.

- (2) Tá feidhm ag an alt seo maidir le hoidhreachtaí a mheastar a bheith arna nglacadh an 1 Feabhra 2007 nó dá éis.

114.—(1) Leasaítear alt 21 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

Leasú ar alt 21
(feidhm an Achta
seo) den Phríomh-
Acht.

CD.5 A.114 [Uimh. 11.] An tAcht Airgeadais 2007. [2007.]

“(b) is é dáta luachála na hoidhreachta inchánach an dáta inmhuirearaithe iomchuí;”.

(2) Tá feidhm ag an alt seo maidir le hoidhreachtaí a mheastar a bheith arna nglacadh an 1 Feabhra 2007 nó dá éis.

Leasú ar alt 51 (cáin agus ús ar cháin a íoc) den Phríomh-Acht.

115.—(1) Leasaítear alt 51 den Phríomh-Acht i bhfo-alt (3) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (e):

“(e) a mhéid atá feidhm ag alt 86(6) nó (7), ar feadh na tréimhse ón dáta luachála go dtí an dáta a scoireann an díolúine d’fheidhm a bheith aici,

(f) a mhéid atá feidhm ag alt 102A(2), ar feadh na tréimhse ón dáta luachála go dtí an dáta a dhiúsraítear an talamh forbraíochta.”.

(2) Tá feidhm ag an alt seo i gcás ina dtarlaíonn an teagmhas is cúis leis an díolúine do scor d’fheidhm a bheith aici nó leis an gcáin a athríomh ar an 1 Feabhra 2007 nó dá éis.

Leasú ar alt 86 (díolúine a bhaineann le teaghaisí áirithe) den Phríomh-Acht.

116.—(1) Leasaítear alt 86 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(3A) Chun críocha fho-alt (3)(a), i gcás bronntanais—

(a) déileálfar le haon tréimhse ar lena linn a d’áitigh deontaí teach cónaithe arb é aon-áit nó príomh-áit chónaithe an diúscróra é le linn na tréimhse sin mar thréimhse ar lena linn nár áitigh an deontaí an teach cónaithe mura rud é go bhfuil ar an diúscróir, mar gheall ar sheanaois nó éigléocht, brath ar sheirbhísí an deontaí ar feadh na tréimhse sin,

(b) i gcás ina bhfuil feidhm ag mír (a)(i) d’fho-alt (3), ní mór an teach cónaithe dá dtagraítear sa mhír sin a bheith faoi úinéireacht an diúscróra le linn na tréimhse 3 bliana dá dtagraítear sa mhír sin, agus

(c) i gcás ina bhfuil feidhm ag mír (a)(ii) d’fho-alt (3), ní mór an teach cónaithe nó an mhaoin eile dá dtagraítear sa mhír sin a bheith faoi úinéireacht an diúscróra le linn na tréimhse 3 bliana dá dtagraítear sa mhír sin.”.

(2) Tá feidhm ag an alt seo maidir le bronntanais arna nglacadh an 1 Feabhra 2007 nó dá éis.

Leasú ar alt 89 (forálacha a bhaineann le maoin talmhaíochta) den Phríomh-Acht.

117.—(1) Leasaítear alt 89 den Phríomh-Acht i bhfo-alt (1) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a) den mhíniú ar “feirmeoir”:

“(a) ní dhéantar aon asbhaint as margadhluach maoin le haghaidh aon fhiach nó eirí (ach amháin fiacha nó eirí i leith tí cónaithe arb é aon-áit nó príomh-áit chónaithe an deontaí nó an chomharba é agus nach maoin talmhaíochta é), agus”.

(2) Tá feidhm ag an alt seo maidir le bronntanais agus oidhreachtaí arna nglacadh an 1 Feabhra 2007 nó dá éis.

[2007.] *An tAcht Airgeadais 2007.* [Uimh. 11.]

CUID 6

CÁIN MHAOINE CÓNAITHE

118.—Leasaítear alt 110A (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais 1993) den Acht Airgeadais 1983—

Leasú ar alt 110A (imréiteach tar éis maoin chónaithe áirithe a dhíol) den Acht Airgeadais 1983.

(a) i bhfo-alt (9)—

(i) trí “ar dháta rite an Achta Airgeadais 1993 nó dá éis agus roimh an 1 Feabhra 2007” a chur in ionad “ar dháta rite an Achta Airgeadais, 1993, nó dá éis”, agus

(ii) trí “go dtí go mbeidh 12 bhliain caite ón dáta sin nó an 1 Feabhra 2007, cibé tráth acu is luaithe” a chur in ionad “ar feadh 12 bhliain ón dáta sin”,

agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (12):

“(13) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (2) den alt seo maidir le díol eastáit nó leasa i maoin chónaithe a chuirtear i gcrích an 1 Feabhra 2007 nó dá éis.”.

CUID 7

ILGHNÉITHEACH

119.—Sa Chuid seo ciallaíonn “Príomh-Acht” an tAcht Léiriú (*Cuid 7*).
Comhdhlúite Cánacha 1997.

120.—Le héifeacht ó dháta rite an Achta seo, leasaítear alt 1001 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (c) d’fho-alt (3):

Leasú ar alt 1001 (cáin etc. a bheith dlite de shealbhóir muirir shocráithe ar fhiacha leabhair de chuid cuideachta) den Phríomh-Acht.

“(c) i gcás ina ndéanfaidh sealbhóir an mhuirir shocráithe, laistigh de 21 lá ó dháta cruthaithe an mhuirir shocráithe, na mionsonraí seo a leanas i ndáil leis an muirear a thabhairt i scríbhinn do na Coimisinéirí Ioncaim—

(i) ainm na cuideachta ar cruthaíodh an muirear ar a fiacha leabhair;

(ii) uimhir chláráithe na cuideachta arna heisiúint ag an Oifig um Chlárú Cuideachtaí chuig an gcuideachta sin;

(iii) uimhir chláráithe cánach na cuideachta arna heisiúint ag na Coimisinéirí Ioncaim chuig an gcuideachta sin;

(iv) an dáta a cruthaíodh an muirear socraíthe; agus

(v) ainm agus seoladh shealbhóir an mhuirir shocráithe,

maidir le haon mhéid iomchuí a dhlígh an chuideachta a íoc roimh an dáta a fhaigheann an sealbhóir fógra i scríbhinn ó na Coimisinéirí Ioncaim de réir mhír (a).”

Leasú ar fhorálacha a bhaineann le hús ar aisíocaíochtaí.

121.—(1) Leasaítear fo-alt (2) d’alt 865A (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais 2003) den Phríomh-Acht trí “93 lá” a chur in ionad “6 mhí”.

(2) Leasaítear fo-alt (3) d’alt 21A (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais 2003) den Acht Cánach Breisluacha 1972 trí “93 lá” a chur in ionad “sé mhí” sa dá áit ina bhfuil sé.

(3) Leasaítear fo-alt (3) d’alt 105D (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais 2003) den Acht Airgeadais 2001 trí “93 lá” a chur in ionad “6 mhí” sa dá áit ina bhfuil sé.

(4) Leasaítear mír (a) den mhíniú ar “dáta iomchuí” i bhfo-alt (1) d’alt 57 (arna leasú leis an Acht Airgeadais 2003) den Acht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil 2003 trí “93 lá” a chur in ionad “183 lá”.

(5) Leasaítear mír (a) den mhíniú ar “dáta iomchuí” i bhfo-alt (1) d’alt 159B (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais 2003) den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa 1999 trí “93 lá” a chur in ionad “183 lá”.

(6) Tá feidhm ag an alt seo maidir le hús is iníoctha—

(a) faoi alt 865A den Phríomh-Acht,

(b) faoi alt 21A den Acht Cánach Breisluacha 1972,

(c) faoi alt 105D den Acht Airgeadais 2001,

(d) faoi alt 57 den Acht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil 2003, nó

(e) faoi alt 159B den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa 1999,

ar aisíocaíochtaí lena mbaineann na hailt sin agus a dhéantar tráth rite an Achta seo nó dá éis.

Leasú ar alt 1003A (cáin a íoc trí dheonachán maoiní oídhreachta a thabhairt d’iontaobhas oídhreachta Éireannach) den Phríomh-Acht.

122.—(1) Leasaítear alt 1003A den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (11):

“(11A) (a) I gcás ina bhfaighidh an tIonataobhas Teach Fóite i gContae Chorcaí, cibé acu ar mhodh bronnánais iomchuí faoin alt seo nó ar shlí eile, agus ina bhfaighidh an tIonataobhas an bailiúchán dá dtagraítear i mír (b) ar mhodh bronnánais, déanfar faoiseamh faoin alt seo, faoi réir mhíreanna (c) agus (d), a dheonú i leith an bhailiúcháin ar an mbonn go bhfuair an tIonataobhas Teach Fóite ar mhodh bronnánais iomchuí agus gur chuid de lánas an fhoirgnimh an bailiúchán.

(b) An bailiúchán dá dtagraítear sa mhír seo (dá ngairtear an ‘bailiúchán’ san fho-alt seo), is bailiúchán é—

- (i) de phéintéireachtaí Éireannacha nó de thoscán Éireannach, nó díobh araon, a bhí ar taispeáint i dTeach Fóite sa tréimhse 1983 go 1990,
 - (ii) atá le coinneáil i dTeach Fóite ag an Iontaobhas, agus
 - (iii) ar deimhin leis an Aire ina leith, tar éis dul i gcomhairle faoin ábhar le cibé duine (más ann) a mheasfaidh an tAire is gá, go bhfuil tábhacht ag baint leis an mbailiúchán maidir le comhthéacs aeistéitiúil Theach Fóite a bhunú.
- (c) Ní bheidh feidhm ag an bhfo-alt seo mura rud é go mbronnar an bailiúchán ar an Iontaobhas roimh dheireadh na bliana 2007
- (d) Maidir le faoiseamh faoin alt seo, i leith mhargadhluach an bhailiúcháin arna chinneadh de réir fho-alt (3), deonófar é, i gcás feidhm a bheith ag an bhfo-alt seo, don duine a bhronnann an bailiúchán ar an Iontaobhas, d'ainneoin nach é nó í an duine sin an duine óna bhfuair an tIontaobhas Teach Fóite.”

(2) Tá feidhm ag alt 1003A den Phríomh-Acht, arna leasú le *fo-alt (1)*, maidir leis an mbliain mheasúnachta 2007, amhail is dá gcuirfí “€10,000,000” in ionad “€6,000,000” i bhfo-alt (2)(d).

123.—Leasaítear an Príomh-Acht i gCuid 38—

(a) in alt 888—

- (i) i bhfo-alt (2)(e), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (ii):

“(ii) uimhir thagartha cánach gach duine den sórt sin,”

agus

- (ii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(3) (a) San alt seo ciallaíonn ‘uimhir thagartha cánach’—

- (i) i gcás pearsan aonair, Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí na pearsan aonair de réir bhrí alt 262 den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005, agus
- (ii) i gcás aon duine eile, an uimhir thagartha atá luaite ar aon fhoirm thuairisceáin ioncain nó brabús, nó ar aon fhógra measúnachta, arna heisiúint nó arna eisiúint ag na Coimisinéirí Ioncain chuig an duine sin.

Leasú ar Chuid 38 (tuairisceáin ar ioncam agus gnóchain, oibleagáidí agus tuairisceáin eile, agus cumhachtaí ioncain) den Phríomh-Acht.

(b) I gcás ina bhfuil íocaíocht le déanamh ag aon chomhlacht dá dtagraítear i bhfo-alt (2)(e), ar íocaíocht í de chineál, nó chun críocha, cíosa nó fóirdheontais cíosa i ndáil le haon áitreabh, iarrfaidh an comhlacht sin ar gach duine ar leis nó léi an t-áitreabh sin na nithe seo a leanas a thabhairt don chomhlacht—

(i) uimhir thagartha cánach an duine, nó

(ii) i gcás nach bhfuil uimhir thagartha cánach ag an duine, daingniú chuige sin,

roimh an lá atá an íocaíocht le déanamh.

(c) Aon duine lena mbaineann mír (b), comhlíonfaidh sé nó sí an iarraidh ar mhodh a chuirfidh ar chumas an chomhlachta an fhaisnéis sin a bheith aige roimh an lá atá an íocaíocht le déanamh.

(d) Más rud é, le linn tuairisceán a thabhairt chun críocha fho-alt (2)(e), nach bhfuil an comhlacht in ann an fhaisnéis a éilítear le fomhír (ii) den fho-alt sin a sholáthar i leith duine toisc gur mhainnigh an duine an fhaisnéis a thabhairt de réir mhír (b), ansin, mura rud é gur féidir leis an gcomhlacht an fhaisnéis a sholáthar go cuí ar shlí eile, luafaidh an comhlacht nach féidir leis an fhaisnéis a éilítear amhlaidh a sholáthar.”,

(b) in alt 898A trí “a éileoidh na Coimisinéirí Ioncaim.” a scriosadh agus “a éileoidh na Coimisinéirí Ioncaim agus i gcás tuairisceán nó faisnéise den sórt sin dá dtagraítear i míreanna (d) agus (e) d’alt 888(2) agus in ailt 891 agus 898, i gcás ina n-éileoidh na Coimisinéirí Ioncaim amhlaidh, i bhformáid leictreonach arna ceadú acu.” a chur ina ionad,

(c) in alt 910 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(3) I gcás ina mbeidh faisnéis le soláthar do na Coimisinéirí Ioncaim de réir fho-alt (1), tabharfar í, i gcás ina n-éileoidh na Coimisinéirí Ioncaim amhlaidh, i bhformáid leictreonach arna ceadú acu.”,

agus

(d) in alt 914 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (7):

“(8) I gcás ina n-éilítear tuairisceán a thabhairt faoin alt seo, tabharfar é, i gcás ina n-éileoidh na Coimisinéirí Ioncaim amhlaidh, i bhformáid leictreonach arna ceadú ag na Coimisinéirí Ioncaim.”.

124.—Leasaítear an Príomh-Acht i gCaibidil 4 de Chuid 38—

Leasú ar Chaibidil 4
(cumhachtaí
ioncaim) de Chuid
38 den Phríomh-
Acht.

(a) in alt 905(2)—

(i) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (e):

“(e) Ní rachaidh oifigeach údaraithe, gan toiliú an áititheora, isteach in aon áitreabh, nó sa chuid sin d’aon áitreabh, atá ar áitiú go hiomlán agus go heisiach mar áit chónaithe phríobháideach, gan an t-oifigeach do thabhairt barántais ar aird, arna eisiúint faoi fho-alt (2A).”

agus

(ii) trí mhír (f) a scriosadh,

(b) in alt 905(2A)(c) trí “nó chun críche aon imeachtaí coiriúla” a scriosadh, agus

(c) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 908B:

“Barántais
chuardaigh.

908C.—(1) San alt seo—

ciallaíonn ‘na hAchtanna’ an tAcht um Tharscaoileadh Cánach Áirithe, Úis agus Pionós 1993 maille leis an mbrí a shanntar dó in alt 1078(1);

ciallaíonn ‘oifigeach údaraithe’ oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim atá údaraithe acu i scríbhinn chun na cumhachtaí a thugtar leis an alt seo a fheidhmiú;

folaíonn ‘déanamh’, i ndáil le cion, iarracht an cion a dhéanamh;

folaíonn ‘ríomhaire’ aon fheiste leictreonach atá in ann oibríochtaí loighciúla nó oibríochtaí uimhríochtúla a dhéanamh ar shonraí de réir sraithe teoracha;

folaíonn ‘ríomhaire san áit atá á cuardach’ aon ríomhaire eile, cibé acu san áit sin nó in aon áit eile, ar ríomhaire é a bhfuil rochtain air go dleathach trí mheán an ríomhaire sin;

ciallaíonn ‘faisnéis i bhfoirm neamh-inléite’ faisnéis a choimeádtar (le modhanna leictreonacha nó ar shlí eile) ar mhicreascannán, ar mhicrifís, ar théip mhaighnéadach nó ar dhiosca nó in aon fhoirm neamh-inléite eile;

ciallaíonn ‘ábhar’ aon leabhair, doiciméid, taifid nó nithe eile (lena n-áirítear ríomhaire);

ciallaíonn ‘cion’ cion faoi na hAchtanna;

folaíonn ‘áit’ aon fhoirgneamh (nó cuid d’fhoirgneamh), teaghais, feithicil, soitheach, aerárthach nó sciorrárthach agus aon áit ar bith eile;

folaíonn ‘taifead’ aon fhaisnéis i bhfoirm neamh-inléite is féidir a atáirgeadh i bhfoirm atá inléite go buan.

(2) Más deimhin le breitheamh den Chúirt Dúiche, trí fhaisnéis arna tabhairt faoi mhionn ag oifigeach údaraithe, go bhfuil forais réasúnacha drochamhrais ann—

- (a) go bhfuil cion á dhéanamh, go ndearnadh cion nó go bhfuiltear ar tí cion a dhéanamh, agus
- (b) (i) go bhfuil ábhar ar dóigh dó a bheith tábhachtach (cibé acu ann féin nó i dteannta faisnéise eile) maidir le himscrúdú an chiona, nó
- (ii) go bhfuil fianaise ar an gcion nó fianaise a bhaineann leis an gcion a dhéanamh,

le fáil in aon áit,

féadfaidh an breitheamh barántas a eisiúint chun an áit sin agus aon ní agus aon duine a fhaightear ann a chuardach.

(3) Maidir le barántas arna eisiúint faoin alt seo, déarfáir ann, agus oibreoidh sé ar chaoi, go dtugann sé údarás don oifigeach údaraithe, agus cibé oifigigh ainmnithe eile do na Coimisinéirí Ioncaim agus cibé daoine ainmnithe eile a mheasfaidh an t-oifigeach údaraithe is gá in éineacht leis nó léi—

- (a) dul isteach san áit atá ainmnithe sa bharántas, aon tráth nó tráthanna laistigh d’aon mhí amháin ó dháta eisiúna an bharántais (trí fhorneart réasúnach a úsáid más gá)
- (b) an áit sin agus aon ní agus aon daoine a fhaightear ann a chuardach nó a chur faoi deara an céanna a chuardach, ach ní dhéanfar aon duine a chuardach ach amháin ag duine den ghnéas céanna mura rud é go dtabharfar toiliú sainráite nó intuigthe,
- (c) a cheangal ar aon duine a fhaightear ann—

- (i) a ainm nó a hainm, a sheoladh baile nó a seoladh baile agus a shlí bheatha nó a slí bheatha a thabhairt don oifigeach údaraithe, agus
 - (ii) aon ábhar a bheidh i gcoimeád nó i seilbh an duine sin a thabhairt ar aird don oifigeach údaraithe,
- (d) aon ábhar a fhaightear san áit sin, nó a fhaightear i seilbh duine atá i láthair san áit sin tráth an chuardaigh, a scrúdú, a urghabháil agus a choimeád, ar ábhar é a gcreideann an t-oifigeach údaraithe le réasún ina leith—
- (i) gur dóigh dó a bheith tábhachtach (cibé acu ann féin nó i dteannta faisnéise eile) maidir le himscrúdú an chiona, nó
 - (ii) gur fianaise é ar chion nó gur fianaise é a bhaineann le cion a dhéanamh, agus
- (e) aon bhearta eile a dhéanamh is dealraitheach don oifigeach údaraithe is gá chun aon ábhar den sórt sin a chaomhnú agus chun nach mbainfear leis.
- (4) Folaíonn an t-údarás a thugtar le fo-alt (3)(d) chun aon ábhar a urghabháil agus a choimeád (nó a chur faoi deara é a urghabháil agus a choimeád)—
- (a) i gcás leabhar, doiciméad nó taifead, údarás chun cóip de na leabhair, de na doiciméid nó de na taifid a dhéanamh agus a choimeád, agus
 - (b) más gá, údarás chun aon ríomhaire nó meán stórála eile ina gcoinnítear taifid a urghabháil agus, ae feadh cibé fad is gá, a choimeád, agus chun cóip de na taifid sin a dhéanamh.
- (5) Féadfaidh oifigeach údaraithe a bheidh ag gníomhú faoi údarás barántais arna eisiúint faoin alt seo—
- (a) aon ríomhaire atá san áit atá á cuardach a oibriú nó a chur faoi deara go ndéanfaidh duine a

bheidh i dteannta an oifigigh údaraithe aon ríomhaire den sórt sin a oibriú, agus

- (b) a cheangal ar aon duine san áit sin ar dealraitheach don oifigeach údaraithe é nó í a bheith in ann rochtain a éascú ar an bhfaisnéis arna coinneáil in aon ríomhaire den sórt sin nó ar féidir rochtain a fháil uirthi tríd an ríomhaire sin a úsáid—
- (i) aon phasfhocal is gá chun é a oibriú a thabhairt don oifigeach údaraithe,
- (ii) a chumasú don oifigeach údaraithe ar shlí eile an fhaisnéis a bhfuil rochtain uirthi tríd an ríomhaire a scrúdú i bhfoirm ina bhfuil an fhaisnéis infheicthe agus inléite, nó
- (iii) an fhaisnéis a tháirgeadh i bhfoirm inar féidir í a thabhairt chun siúil agus ina bhfuil sí infheicthe agus inléite nó inar féidir faisnéis infheicthe agus inléite a dhéanamh di.

(6) Aon duine—

- (a) a chuirfidh bac, nó a fhéachfaidh le bac a chur, ar fheidhmiú cirt chun dul isteach agus cuardach a dhéanamh, ar ceart é a thugtar de bhua barántais arna eisiúint faoin alt seo,
- (b) a chuirfidh bac ar fheidhmiú cirt, arna thabhairt amhlaidh, chun ábhar a scrúdú, a urghabháil agus a choimeád,
- (c) nach gcomhlíonann ceanglas faoi fho-alt (3)(c) nó a thugann ainm, seoladh nó slí bheatha atá bréagach nó míthreorach don oifigeach údaraithe, nó
- (d) nach gcomhlíonann ceanglas faoi fho-alt (5)(b),

tá sé nó sí ciontach i gcion agus dlitear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €3,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó an fhíneáil agus an phríosúnacht le chéile, a chur air nó uirthi.

(7) I gcás ina dtéann oifigeach údaraithe isteach, nó ina bhféachann sé nó sí le dul isteach, in aon áit i bhfeidhmiú barántais arna eisiúint faoi fho-alt (2), féadfaidh comhalta nó comhaltaí den Gharda Síochána a bheith i dteannta an oifigh údaraithe, agus féadfaidh aon chomhalta den sórt sin aon duine a ghabháil gan bharántas ar duine é nó í a bhfuil cion faoi fho-alt (6) á dhéanamh aige nó aici, nó a bhfuil drochamhras ar an gcomhalta ina leith, agus cúis réasúnach aige nó aici chuige sin, go ndearna sé nó sí amhlaidh.

(8) Féadfar aon ábhar, a urghabhtar faoi fho-alt (3) agus atá ag teastáil chun críocha aon imeachtaí dlíthiúla ó oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim nó chun críche aon imeachtaí coiriúla, a choimeád ar feadh cibé fad is gá le réasún chun na gcríoch réamhráite.

Ordú chun ábhar fianaiseach a thabhairt ar aird.

908D.—(1) San alt seo—

ciallaíonn ‘na hAchtanna’ an tAcht um Tharscaoileadh Cánach Áirithe, Úis agus Pionós 1993 maille leis an mbrí a shanntar dó in alt 1078(1);

ciallaíonn ‘oifigeach údaraithe’ oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim atá údaraithe acu i scríbhinn chun na cumhachtaí a thugtar leis an alt seo a fheidhmiú;

folaíonn an briathar ‘déan’, i ndáil le cion, iarracht an cion a dhéanamh;

folaíonn ‘ríomhaire’ aon fheiste leictreonach atá in ann oibríochtaí loighciúla nó oibríochtaí uimhríochtúla a dhéanamh ar shonraí de réir sraithe teoracha;

ciallaíonn ‘faisnéis i bhfoirm neamh-inléite’ faisnéis a choimeádtar (le modhanna leictreonacha nó ar shlí eile) ar mhicreascannán, ar mhicrifís, ar théip mhaighnéadach nó ar dhiosca nó in aon fhoirm neamh-inléite eile;

ciallaíonn ‘ábhar’ aon leabhair, doiciméid, taifid nó nithe eile (lena n-áirítear ríomhaire);

ciallaíonn ‘cion’ cion faoi na hAchtanna;

folaíonn ‘taifead’ aon fhaisnéis i bhfoirm neamh-inléite is féidir a atáirgeadh i bhfoirm atá inléite go buan.

(2) Más deimhin le breitheamh den Chúirt Dúiche, trí fhaisnéis arna tabhairt faoi mhionn ag oifigeach údaraithe, go

bhfuil forais réasúnacha drochamhrais ann—

(a) go bhfuil cion á dhéanamh, go ndearnadh cion nó go bhfuiltear ar tí cion a dhéanamh, agus

(b) go bhfuil ábhar—

(i) ar dóigh dó a bheith tábhachtach (cibé acu ann féin nó i dteannta faisnéise eile) maidir le himscrúdú an chiona, nó

(ii) ar fianaise é ar an gcion nó ar fianaise é a bhaineann leis an gcion a dhéanamh,

i seilbh nó faoi rialú duine a shonraítear san iarratas,

féadfaidh an breitheamh a ordú go ndéanfaidh an duine—

(I) an t-ábhar a thabhairt ar aird don oifigeach údaraithe chun go ndéanfaidh an t-oifigeach údaraithe é chun siúil leis nó léi, nó

(II) rochtain a thabhairt don oifigeach údaraithe air,

láithreach nó laistigh de cibé tréimhse a shonrófar san ordú.

(3) I gcás inarb é atá san ábhar, nó ina n-áirítear ann, taifid i ríomhaire, beidh éifeacht leis an ordú mar ordú chun na taifid a thabhairt ar aird, nó chun rochtain a thabhairt orthu, i bhfoirm ina bhfuil siad infheicthe agus inléite agus inar féidir iad a thabhairt chun siúil.

(4) Maidir le hordú faoin alt seo—

(a) a mhéid a thabharfaidh sé cumhacht d'oifigeach údaraithe leabhair, doiciméid nó taifid a thabhairt chun siúil, nó go dtabharfar rochtain dó nó di orthu, beidh éifeacht leis freisin mar ordú lena dtabharfar cumhacht don oifigeach údaraithe cóip de na leabhair, na doiciméid nó, de réir mar a bheidh, na taifid a thabhairt chun siúil (agus, chun na críche sin, féadfaidh an t-oifigeach údaraithe cóip a dhéanamh díobh, más gá),

(b) ní thabharfar aon cheart leis chun aon doiciméad atá faoi réir pribhléide dlíthiúla a thabhairt ar aird nó chun rochtain a thabhairt ar aon doiciméad den sórt sin, agus

(c) beidh éifeacht leis d'ainneoin aon oibleagáide eile maidir le rúndacht nó sriain eile ar nochtadh faisnéise a fhorchuirtear le reacht nó ar shlí eile.

(5) Aon ábhar a thabharfaidh oifigeach údaraithe chun siúil faoin alt seo, féadfaidh an t-oifigeach údaraithe é a choimeád lena úsáid mar fhianaise in aon imeachtaí coiriúla.

(6) (a) Aon fhaisnéis atá i leabhair, i ndoiciméid nó i dtaifid a tugadh ar aird d'oifigeach údaraithe, nó ar tugadh rochtain orthu d'oifigeach údaraithe, de réir ordaithe faoin alt seo, beidh sí inghlactha in aon imeachtaí coiriúla mar fhianaise ar aon fhóras iontu a mbeadh fianaise dhíreach ó bhéal air inghlactha mura rud é, maidir leis an bhfaisnéis—

(i) go bhfuil sí faoi phribhléid ó thaobh í a nochtadh in imeachtaí den sórt sin,

(ii) go ndearna duine nach mbeadh inordaithe i ndáil le fianaise a thabhairt, ar thionscnamh an ionchúisimh, í a sholáthar,

(iii) gur tiomsaíodh an fhaisnéis chun críocha, nó in oirchill, aon cheann de na nithe seo a leanas—

(I) imscrúdú coiriúil,

(II) imscrúdú nó fiosrúchán arna sheoladh de bhun aon achtacháin nó faoi aon achtachán,

(III) imeachtaí sibhialta nó imeachtaí coiriúla, nó

(IV) imeachtaí de chineál araíonachta,

nó más rud é nach gcomhlíontar ceanglais na bhforálacha atá luaite i mír (b).

- (b) Déanfar tagairtí in ailt 7 (tá fógra faoi fhianaise dhoiciméadach le seirbheáil ar an gcúisí), 8 (glacadh agus tromachar fianaise doiciméadaí) agus 9 (inghlacthacht fianaise maidir le creidiúnacht soláthróra faisnéise) den Acht um Fhianaise Choiriúil 1992 do dhoiciméad nó d'fhaisnéis atá ann a fhorléiriú mar thagairtí a fholaíonn tagairtí do leabhair, do dhoiciméid agus do thaifid atá luaite i mír (a) agus don fhaisnéis atá iontu, agus beidh éifeacht leis na forálacha sin dá réir sin fara aon mhodhnuithe is gá.

(7) Féadfaidh breitheamh den Chúirt Dúiche, ar iarratas ó oifigeach údaraithe, nó ó aon duine lena mbaineann ordú faoin alt seo, an t-ordú a athrú nó a urscaoileadh.

(8) Aon duine a mhainníonn nó a dhiúltaíonn gan chúis réasúnach ordú faoin alt seo a chomhlíonadh, tá sé nó sí ciontach i gcion agus dlítear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €3,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó an fhíneáil agus an phríosúnacht le chéile, a chur air nó uirthi.”

Leasú ar alt 1003
(cáin a íoc ar
mhodh deonacháin
ítimí oidhreachta)
den Phríomh-Acht.

125.—Leasaítear alt 1003 den Phríomh-Acht i bhfo-alt (1)(a)—

- (a) sa mhíniú ar “comhlacht ceadaithe”, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (iv):

“(iva) Gailearaí Ealaíne Crawford, Corcaigh, Teoranta,”

agus

- (b) sa mhíniú ar “coiste roghnóireachta”, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (vi):

“(via) Stiúrthóir Ghailearaí Ealaíne Crawford, Corcaigh, Teoranta.”

Leasú ar alt 1078
(cionta ioncaim)
den Phríomh-Acht.

126.—Leasaítear alt 1078 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1A):

“(1B) Tá duine ciontach i gcion faoin alt seo más rud é, le hintinn mheabhlaireachta—

- (a) go n-airbheartaíonn sé nó sí, nó

- (b) go ndéanann sé nó sí aon ráiteas, nó go ngníomhaíonn sé nó sí ar shlí, a d'fhágfadh go gcreideann dhuine eile,

gur oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim é nó í.”.

127.—Féadfar aon ní a choimeádtar nó a urghabhtar faoi na hAchtanna Custam, i dteannta oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim dá choimeád go cuí, a choimeád freisin in aon áitreabh daingean nó áit dhaingean a ainmneoidh na Coimisinéirí Ioncaim chuige sin, agus féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim áitreabh nó áit atá faoi rialú duine a bhfuil conradh déanta acu leis nó léi a ainmniú chuige sin.

Na hAchtanna Custam: áitreabh daingean a ainmniú chun earraí coimeáda nó earraí urghafa a choinneáil.

128.—Maidir leis na hachtacháin a shonraítear i *Sceideal 4*—

- (a) leasaítear iad a mhéid agus ar an modh a shonraítear i *míreanna 1* go *5* den *Sceideal* sin, agus

Leasuithe ilghnéitheacha teicniúla i ndáil le cáin.

- (b) tá feidhm acu agus tagann siad i ngníomh de réir *mhír 6* den *Sceideal* sin.

129.—Déantar na cánacha agus na dleachtanna go léir a fhorchuirtear leis an Acht seo a chur faoi chúram agus faoi bhainistiú na gCoimisinéirí Ioncaim.

Cúram agus bainistiú cánacha agus dleachtanna.

130.—(1) Féadfar an tAcht Airgeadais 2007 a ghairm den Acht seo.

Gearrtheideal, forléiriú agus tosach feidhme.

(2) Forléireofar *Cuid 1*—

- (a) a mhéid a bhaineann sí le cáin ioncaim, i dteannta na nAchtanna Cánach Ioncaim,

- (b) a mhéid a bhaineann sí le cáin chorparáide, i dteannta na nAchtanna Cánach Corparáide, agus

- (c) a mhéid a bhaineann sí le cáin ghnóchan caipitiúil, i dteannta na nAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil.

(3) Forléireofar *Cuid 2*, a mhéid a bhaineann sí le dleachtanna máil, i dteannta na reachtanna a bhaineann leis na dleachtanna sin agus le bainistiú na ndleachtanna sin.

(4) Forléireofar *Cuid 3* i dteannta na nAchtanna Cánach Breisluacha 1972 go 2006 agus féadfar na hAchtanna Cánach Breisluacha 1972 go 2007 a ghairm den Chuid sin agus do na hAchtanna sin le chéile.

(5) Forléireofar *Cuid 4* i dteannta an Achta Comhdhlúite Dleachtanna Stampa 1999 agus na n-achtachán lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin.

(6) Forléireofar *Cuid 5* i dteannta an Achta Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil 2003 agus na n-achtachán lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin.

(7) Forléireofar *Cuid 6* i dteannta Chuid VI den Acht Airgeadais 1983 agus na n-achtachán lena leasaítear nó lena leathnaítear an Chuid sin.

(8) Déanfar *Cuid 7*, a mhéid a bhaineann sí—

- (a) le cáin ioncaim, a fhorléiriú i dteannta na nAchtanna Cánach Ioncaim,
- (b) le cáin chorparáide, a fhorléiriú i dteannta na nAchtanna Cánach Corparáide,
- (c) le cáin ghnóchan caipitiúil, a fhorléiriú i dteannta na nAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil,
- (d) le custaim, a fhorléiriú i dteannta na nAchtanna Custam,
- (e) le dleachtanna máil, a fhorléiriú i dteannta na reachtanna a bhaineann le dleachtanna máil agus le bainistiú na ndleachtanna sin,
- (f) le cáin bhreisluacha, a fhorléiriú i dteannta na nAchtanna Cánach Breisluacha 1972 go 2007,
- (g) le dleacht stampa, a fhorléiriú i dteannta an Achta Comhdhlúite Dleachtanna Stampa 1999 agus na n-achtachán lena leasaítear agus lena leathnaítear an tAcht sin,
- (h) le cáin mhaoine cónaithe, a fhorléiriú i dteannta Chuid VI den Acht Airgeadais 1983 agus na n-achtachán lena leasaítear agus lena leathnaítear an Chuid sin, agus
- (i) le cáin bhronntanais nó cáin oidhreachta, a fhorléiriú i dteannta an Achta Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil 2003 agus na n-achtachán lena leasaítear agus lena leathnaítear an tAcht sin.

(9) Ach amháin mar a bhforáiltear a mhalairt go sainráite i *gCuid 1*, meastar gur tháinig an Chuid sin i bhfeidhm, agus tá éifeacht léi, amhail ar an agus ón 1 Eanáir 2007.

(10) Ach amháin mar a bhforáiltear dá mhalairt go sainráite, más rud é go mbeidh foráil den Acht seo le teacht i ngníomh ar an Aire Airgeadais do dhéanamh ordú, tiocfaidh an fhoráil sin i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Airgeadais le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríche nó forála áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

Alt 3.

SCEIDEAL 1

LEASUITHE DE DHROIM ÁTHRUITHE AR CHREIDMHEASANNA CÁNACH PEARSANTA

Maidir leis an mbliain mheasúnachta 2007 agus le blianta measúnachta dá héis, leasaítear an tAcht Comhdhlúite Cánacha 1997 mar a leanas—

- (a) in alt 461, trí “€3,520” a chur in ionad “€3,260”, sa dá áit ina bhfuil sé, agus “€1,760” a chur in ionad “€1,630”;
- (b) in alt 461A, trí “€550” a chur in ionad “€500”;

- (c) in alt 462, trí “€1,760” a chur in ionad “€1,630” i bhfo-alt (2);
- (d) in alt 463, trí “€3,750”, “€3,250”, “€2,750”, “€2,250” agus “€1,750”, faoi seach, a chur in ionad “€3,100”, “€2,600”, “€2,100”, “€1,600” agus “€1,100” i bhfo-alt (2);
- (e) in alt 464, trí “€550” agus “€275”, faoi seach, a chur in ionad “€500” agus “€250”;
- (f) in alt 465, trí “€3,000” a chur in ionad “€1,500” i bhfo-alt (1);
- (g) in alt 468, trí “€1,760” agus “€3,520”, faoi seach, a chur in ionad “€1,500” agus “€3,000” i bhfo-alt (2); agus
- (h) in alt 472, trí “€1,760” a chur in ionad “€1,490”, sa dá áit ina bhfuil sé, i bhfo-alt (4).

SCEIDEAL 2

Alt 35.

LEASUITHE TEICNIÚLA ILGHNÉITHEACHA I NDÁIL LEIS NA SOCRUITHE MAIDIR LE FAOISEAMH Ó CHÁNACHAS DÚBAILTE

1. Leasaítear leis seo an tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997 de réir na bhforálacha seo a leanas:

- (a) in alt 23A(1)(a) trí “alt 826(1)” a chur in ionad “alt 826(1)(a)” sa mhíniú ar “socruithe”;
- (b) in alt 29A(4) trí “alt 826(1)” a chur in ionad “alt 826(1)(a)”;
- (c) in alt 29A(4) trí “alt 826(1)” a chur in ionad “alt 826(1)(a)” sa mhíniú ar “críoch iomchuí”;
- (d) in alt 130(3)(d) trí “alt 826(1)” a chur in ionad “alt 826(1)(a)” sa mhíniú ar “Ballstát iomchuí”;
- (e) in alt 153(1) trí “alt 826(1)” a cur in ionad “alt 826(1)(a)” sa mhíniú ar “críoch iomchuí”;
- (f) in alt 172A(1)(a) trí “alt 826(1)” a chur in ionad “alt 826(1)(a)” sa mhíniú ar “críoch iomchuí”;
- (g) in alt 198(1)(a) trí “alt 826(1)” a chur in ionad “alt 826(1)(a)” sa mhíniú ar “socruithe”;
- (h) in alt 222(1)(b) trí “alt 826(1)” a chur in ionad “alt 826(1)(a)” sa dá áit ina bhfuil sé;
- (i) in alt 246(1) trí “alt 826(1)” a chur in ionad “alt 826(1)(a)” sa mhíniú ar “críoch iomchuí”;
- (j) in alt 267G(1) trí “alt 826(1)” a chur in ionad “alt 826(1)(a)” sa mhíniú ar “socruithe”;
- (k) in alt 410(1)(a) trí “alt 826(1)” a chur in ionad “alt 826(1)(a)” sa mhíniú ar “Ballstát iomchuí”;
- (l) in alt 411(1)(a) trí “alt 826(1)” a chur in ionad “alt 826(1)(a)” sa mhíniú ar “Ballstát iomchuí”;

(m) in alt 430—

(i) i bhfo-alt trí “alt 826(1)” a chur in ionad “alt 826(1)(a)”, agus

(ii) i bhfo-alt (2A) trí “alt 826(1)” a chur in ionad “alt 826(1)(a)”;

(n) in alt 452(1)(a) trí “alt 826(1)” a chur in ionad “alt 826(1)(a)” sa mhíniú ar “socrúithe”;

(o) in alt 481(2C)(b) trí “alt 826(1)” a chur in ionad “alt 826(1)(a)”;

(p) in alt 530(4) trí “alt 826(1)” a chur in ionad “alt 826(1)(a)”;

(q) in alt 579B(1) trí “alt 826(1)” a chur in ionad “alt 826(1)(a)” sa mhíniú ar “socrúithe”;

(r) in alt 613(6) trí “alt 826(1)” a chur in ionad “alt 826(1)(a)” sa mhíniú ar sa mhíniú ar “socrúithe”;

(s) in alt 616(7) trí “alt 826(1)” a chur in ionad “alt 826(1)(a)” sa mhíniú ar “Ballstát iomchuí”;

(t) in alt 626B(1)(a) trí “alt 826(1)” a chur in ionad “alt 826(1)(a)” sa mhíniú ar “críoch iomchuí”;

(u) in alt 627(2)(a) trí “alt 826(1)” a chur in ionad “alt 826(1)(a)” sa mhíniú ar “críoch iomchuí”;

(v) in alt 630 trí “alt 826(1)” a chur in ionad “alt 826(1)(a)” sa mhíniú ar “comhaontú déthaobhach”;

(w) in alt 690(2) trí “alt 826(1)” a chur in ionad “alt 826(1)(a)” sa dá áit ina bhfuil sé;

(x) in alt 730H(1) trí “alt 826(1)” a chur in ionad “alt 826(1)(a)” sa mhíniú ar “stát amach ón gcósta”;

(y) in alt 747B(1) trí “alt 826(1)” a chur in ionad “alt 826(1)(a)” sa mhíniú ar “stát amach ón gcósta”;

(z) in alt 787M(1) trí “alt 826(1)” a chur in ionad “alt 826(1)(a)” sa mhíniú ar “cónaitheoir”;

(aa) in alt 817C(3) trí “alt 826(1)” a chur in ionad “alt 826(1)(a)”;

(ab) in alt 825A—

(i) i bhfo-alt (1) trí “alt 826(1)” a chur in ionad “alt 826(1)(a)” sa mhíniú ar “fostaíocht cháilitheach”, agus

(ii) i bhfo-alt (3)(b) trí “alt 826(1)” a chur in ionad “alt 826(1)(a)”;

(ac) in alt 829(2) trí “alt 826(1)” a chur in ionad “alt 826(1)(a)”;

(ad) in alt 829(2) trí “alt 826(1)” a chur in ionad “alt 826(1)(a)”;

(ae) in alt 831(1)(a) trí “alt 826(1)” a chur in ionad “alt 826(1)(a)” sa mhíniú ar “socruithe”;

(af) i bhfo-alt 865(1)(a) trí “alt 826(1)” a chur in ionad “alt 826(1)(a)” sa mhíniú ar “coigeartú comhghaolach” ;

(ag) in alt 831(1)(a) trí “alt 826(1)” a chur in ionad “alt 826(1)(a)” i bhfo-alt (1);

(ah) i Sceideal 24—

(i) in mír 1(1)—

(I) trí “alt 826(1)” a chur in ionad “alt 826(1)(a)” sa mhíniú ar “socruithe”, agus

(II) trí “alt 826(1)” a chur in ionad “alt 826(1)(a)” sa mhíniú ar “Ballstát iomchuí”,

agus

(ii) i mír 5(2) trí “alt 826(1)” trí a chur alt 826(1) in ionad “alt 826(1)(a)”.

2. Tá éifeacht le mír 1 amhail ar agus ó dháta rite an Achta seo.

SCEIDEAL 3

Alt 97.

LEASUITHE ILGHNÉITHEACHA A BHAINNEANN LE TREOIR 2006/112/CE ÓN gCOMHAIRLE

Leasú ar an Acht Cánach Breisluacha 1972

An Fhoráil den Phríomh-Acht	Na focail atá le hionadú	Na focail atá le cur isteach
Alt 1(1) sa mhíniú ar “Comhphobal”	in Airteagal 3 de Threoir Uimh. 77/388/CEE an 17 Bealtaine 1977 ón gComhairle (arna leasú an uair dheireanach le Treoir Uimh. 92/111/CEE an 14 Nollaig 1992 ón gComhairle)	in Airteagail 5 go 8 de Threoir Uimh. 2006/112/CE an 28 Samhain 2006 ón gComhairle ⁶
Alt 1(1) sa mhíniú ar “allmhairiú earraí”	i dTreoir Uimh. 77/388/CEE an 17 Bealtaine 1977 ón gComhairle	i dTreoir Uimh. 2006/112/CE an 28 Samhain 2006 ón gComhairle
Alt 1(1) sa mhíniú ar “duine atá cláraithe le haghaidh cánach breisluacha”	i dTreoir Uimh. 77/388/CEE an 17 Bealtaine 1977 ón gComhairle	i dTreoir Uimh. 2006/112/CE an 28 Samhain 2006 ón gComhairle
Alt 1(2A)	in Airteagal 3 (a cuireadh isteach le Treoir Uimh. 91/680/CEE an 16 Nollaig 1991 ón gComhairle) de Threoir Uimh. 77/388/CEE an 17 Bealtaine 1977 ón gComhairle	in Airteagail 5 go 8 de Threoir Uimh. 2006/112/CE an 28 Samhain 2006 ón gComhairle

⁶IO Uimh. L 347 an 11 Nollaig 2006, lch. 1

An Fhoráil den Phríomh-Acht	Na focail atá le hionadú	Na focail atá le cur isteach
Alt 3(6)(d)(B)	de réir Airteagal 28b.B(2) (a cuireadh isteach le Treoir Uimh. 91/680/CEE an 16 Nollaig 1991 ón gComhairle) de Threoir Uimh. 77/388/CEE an 17 Bealtaine 1977 ón gComhairle	de réir Airteagal 34 de Threoir Uimh. 2006/112/CE an 28 Samhain 2006 ón gComhairle
Alt 3A(1A)	i dTreoir Uimh. 77/388/CEE an 17 Bealtaine 1977 ón gComhairle, sa Bhallstát seoltach, faoi na forálacha lena gcuirtear Airteagal 26a nó 28o (a cuireadh isteach le Treoir Uimh. 94/5/CE an 14 Feabhra 1994 ón gComhairle) den Treoir sin i ngníomh sa Bhallstát sin	i dTreoir Uimh. 2006/112/CE an 28 Samhain 2006 ón gComhairle, sa Bhallstát seoltach, faoi na forálacha lena gcuirtear Airteagail 4 agus 35, an chéad fhomhír d'Airteagal 139(3) agus Airteagail 311 go 341 den Treoir sin i ngníomh sa Bhallstát sin
Alt 3A(2)(b)	i dTreoir Uimh. 77/388/CEE an 17 Bealtaine 1977 ón gComhairle	i dTreoir Uimh. 2006/112/CE an 28 Samhain 2006 ón gComhairle
Alt 3A(4)	i dTreoir Uimh. 77/388/CEE an 17 Bealtaine 1977 ón gComhairle	i dTreoir Uimh. 2006/112/CE an 28 Samhain 2006 ón gComhairle
Alt 5(3A)	i dTreoir Uimh. 77/388/CEE ó Chomhairle an Chomhphobail	i dTreoir Uimh. 2006/112/CE an 28 Samhain 2006 ón gComhairle
Alt 5(6)(e)(iiia)	i dTreoir Uimh. 77/388/CEE an 17 Bealtaine 1977 ón gComhairle, infótha sa Bhallstát sin ar an ábhar gur thug an faighteoir le tuiscint nó gur cheadaigh sé é a thabhairt le tuiscint gur duine inchánach é de réir bhrí Airteagal 4 den Treoir sin	i dTreoir Uimh. 2006/112/CE an 28 Samhain 2006 ón gComhairle infotha sa Bhallstát sin ar an ábhar gur thug an faighteoir le tuiscint nó gur cheadaigh sé é a thabhairt le tuiscint gur duine inchánach é de réir bhrí Airteagal 9(1) agus Airteagail 10 go 13 den Treoir sin
Alt 5(6)(e)(iv)(II)	i dTreoir Uimh. 77/388/CEE ó Chomhairle an Chomhphobail	i dTreoir Uimh. 2006/112/CE an 28 Samhain 2006 ón gComhairle
Alt 5A(1) sa mhíniú ar "scéim um sheirbhísí leictreonacha"	in Airteagal 26c de Threoir Uimh. 77/388/CEE an 17 Bealtaine 1977 ón gComhairle	in Airteagail 358 go 369 de Threoir Uimh. 2006/112/CE an 28 Samhain 2006 ón gComhairle
Alt 5A(1) sa mhíniú ar "cáin bhreisluacha an AE"	i dTreoir Uimh. 77/388/CEE an 17 Bealtaine 1977 ón gComhairle	i dTreoir Uimh. 2006/112/CE an 28 Samhain 2006 ón gComhairle
Alt 5A(1) sa mhíniú ar "Ballstát tomhaltais"	de réir Airteagal 9(2)(f) de Threoir Uimh. 77/388/CEE an 17 Bealtaine 1977 ón gComhairle	de réir Airteagal 57(1) de Threoir Uimh. 2006/112/CE an 28 Samhain 2006 ón gComhairle

An Fhoráil den Phríomh-Acht	Na focail atá le hionadú	Na focail atá le cur isteach
Alt 5A(6)(b)	Airteagal 9(2)(f) de Threoir Uimh. 77/388/CEE an 17 Bealtaine 1977 ón gComhairle	Airteagal 57(1) de Threoir Uimh. 2006/112/CE an 28 Samhain 2006 ón gComhairle
Alt 8(9) sa mhíniú ar “gníomhaíocht de chuid Iarscríbhinn A”	in Iarscríbhinn A (atá leagtha amach i gCuid I den Chúigiú Sceideal) a ghabhann le Treoir Uimh. 77/388/CEE ón gComhairle, 17 Bealtaine, 1977	in Airteagal 295(1) agus in Iarscríbhinn VII de Threoir Uimh. 2006/112/CE an 28 Samhain 2006 ón gComhairle
Alt 8(9) sa mhíniú ar “seirbhís de chuid Iarscríbhinn B”	in Iarscríbhinn B (atá leagtha amach i gCuid II den Chúigiú Sceideal) den Treoir sin ón gComhairle	in Airteagal 295(1) agus in Iarscríbhinn VIII den Treoir sin ón gComhairle
Alt 10(5A)(b)	i dTreoir Uimh. 77/388/CEE an 17 Bealtaine 1977 ón gComhairle	i dTreoir Uimh. 2006/112/CE an 28 Samhain 2006 ón gComhairle
Alt 10(7A)(b)	d’Airteagal 11A.1.(a) de Threoir Uimh. 77/388/CEE an 17 Bealtaine 1977 ón gComhairle	d’Airteagal 73 de Threoir Uimh. 2006/112/CE an 28 Samhain 2006 ón gComhairle
Alt 10A(1)(b)	Airteagal 17 de Threoir Uimh. 77/388/CEE an 17 Bealtaine 1977 ón gComhairle	Airteagail 167, 173, 176 agus 177 de Threoir Uimh. 2006/112/CE an 28 Samhain 2006 ón gComhairle
Alt 10A(1)(c)	Airteagal 26a (a cuireadh isteach le Treoir Uimh. 94/5/CE an 14 Feabhra 1994 ón gComhairle) de Threoir Uimh. 77/388/CEE an 17 Bealtaine 1977 ón gComhairle	Airteagail 4 agus 35, an chéad fhomhír d’Airteagal 139(3) agus Airteagail 311 go 325 agus 333 go 340 de Threoir Uimh. 2006/112/CE an 28 Samhain 2006 ón gComhairle
Alt 10B(1)(b)	Airteagal 17 de Threoir Uimh. 77/388/CEE an 17 Bealtaine 1977 ón gComhairle	Airteagail 167, 173, 176 agus 177 de Threoir Uimh. 2006/112/CE an 28 Samhain 2006 ón gComhairle
Alt 10B(1)(c)	Airteagal 26a (a cuireadh isteach le Treoir Uimh. 94/5/CE an 14 Feabhra 1994 ón gComhairle) de Threoir Uimh. 77/388/CEE an 17 Bealtaine 1977 ón gComhairle	Airteagail 4 agus 35, an chéad fhomhír d’Airteagal 139(3) agus Airteagail 311 go 325 agus 333 go 340 de Threoir Uimh. 2006/112/CE an 28 Samhain 2006 ón gComhairle
Alt 12B(2)(b)	Airteagal 17 de Threoir Uimh. 77/388/CEE an 17 Bealtaine 1977 ón gComhairle	Airteagail 167, 173, 176 agus 177 de Threoir Uimh. 2006/112/CE an 28 Samhain 2006 ón gComhairle
Alt 12B(2)(d)	Airteagal 26a nó 28o (a cuireadh isteach le Treoir Uimh. 94/5/CE an 14 Feabhra 1994 ón gComhairle) de Threoir Uimh. 77/388/CEE an 17 Bealtaine 1977 ón gComhairle	Airteagail 4 agus 35, an chéad fhomhír d’Airteagal 139(3) agus Airteagail 311 go 341 de Threoir Uimh. 2006/112/CE an 28 Samhain 2006 ón gComhairle

An Fhoráil den Phríomh-Acht	Na focail atá le hionadú	Na focail atá le cur isteach
Alt 12B(4) i mír (b) den bhrí a thugtar do “B”	Airteagal 12(1) de Threoir Uimh. 77/388/CEE an 17 Bealtaine 1977 ón gComhairle	Airteagal 93 de Threoir Uimh. 2006/112/CE an 28 Samhain 2006 ón gComhairle
Alt 12B(6)(b)	Airteagal 26a nó 28o de Threoir Uimh. 77/388/CEE an 17 Bealtaine 1977 ón gComhairle	Airteagail 4 agus 35, an chéad fhomhír d’Airteagal 139(3) agus Airteagail 311 go 341 de Threoir Uimh. 2006/112/CE an 28 Samhain 2006 ón gComhairle
An coinníoll a ghabhann le halt 15(5A)	i dTreoir Uimh. 77/388/CEE an 17 Bealtaine 1977 ón gComhairle	i dTreoir Uimh. 2006/112/CE an 28 Samhain 2006 ón gComhairle
Alt 15B(1)(b)(ii)	i gclásail (a), (b), (c) agus (d) d’fhomhír B de mhír 1 d’Airteagal 16, de Threoir Uimh. 77/388/CEE an 17 Bealtaine 1977 ón gComhairle	in Airteagal 156(1) de Threoir Uimh. 2006/112/CE an 28 Samhain 2006 ón gComhairle
Alt 17(1)	de bhun Threoir Uimh. 77/388/CEE an 17 Bealtaine 1977 ón gComhairle	de bhun Threoir Uimh. 2006/112/CE an 28 Samhain 2006 ón gComhairle
Alt 27(4A)	i dTreoir Uimh. 77/388/CEE an 17 Bealtaine 1977 ón gComhairle	i dTreoir Uimh. 2006/112/CE an 28 Samhain 2006 ón gComhairle
Alt 27(9A)(1)(b)	i dTreoir Uimh. 77/388/CEE an 17 Bealtaine 1977 ón gComhairle	i dTreoir Uimh. 2006/112/CE an 28 Samhain 2006 ón gComhairle
Alt 27(9A)(4)(d)	i dTreoir Uimh. 77/388/CEE an 17 Bealtaine 1977 ón gComhairle	i dTreoir Uimh. 2006/112/CE an 28 Samhain 2006 ón gComhairle
Alt 32(2B)(a)	do Threoir Uimh. 77/388/CEE an 17 Bealtaine 1977 ón gComhairle	do Threoir Uimh. 2006/112/CE an 28 Samhain 2006 ón gComhairle
An Cúigiú Sceideal CUID I An Teideal	CUID I Iarscríbhinn A a ghabhann le Treoir Uimh. 77/388/CEE ón gComhairle, 17 Bealtaine, 1977	CUID I Airteagal 295(1) agus Iarscríbhinn VII a ghabhann le Treoir Uimh. 2006/112/CE an 28 Samhain 2006 ón gComhairle
An Cúigiú Sceideal CUID II An Teideal	CUID II Iarscríbhinn B a ghabhann le Treoir Uimh. 77/388/CEE ón gComhairle, 17 Bealtaine, 1977	CUID II Airteagal 295(1) agus Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Treoir Uimh. 2006/112/CE an 28 Samhain 2006 ón gComhairle

SCEIDEAL 4

Alt 128.

LEASUITHE TEICNIÚLA ILGHNÉITHEACHA I NDÁIL LE CÁIN

1. Leasaítear an tAcht Comhdhlúite Cánacha 1997 de réir na bhforálacha seo a leanas:

(a) in alt 21A(4A) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (ii):

“(ii) go ndearna an chuideachta éileamh ar fhaoiseamh faoi Chuid 14.”;

(b) in alt 97(2F)(a)(v)(II) trí “faoi alt 198 den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005,” a chur in ionad “faoi alt 179 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993.”;

(c) in alt 194 trí “faoi Chuid 4 den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005,” a chur in ionad “faoi Chuid IV den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993.”;

(d) in alt 200(2)(a) trí “d’fhorálacha Chaibidil 15, 18 nó 19 de Chuid 2 den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005, nó d’fhorálacha Chaibidil 4 nó 6 de Chuid 3 den Acht sin,” a chur in ionad “d’fhorálacha Chaibidil 12, 16 nó 17 de Chuid II den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993, nó d’fhorálacha Chaibidil 4 nó 6 de Chuid III den Acht sin.”;

(e) in alt 201(2A)(b) (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais 2005) trí “de réir bhrí alt 262 den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005” a chur in ionad “de réir bhrí alt 223 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993”;

(f) in alt 206—

(i) trí “den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005” a chur in ionad “den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993”, agus

(ii) trí “faoi alt 9” a chur in ionad “faoi alt 7”;

(g) in alt 396B(1) i mír (b) den mhíniú ar “cáin chorparáide iomchuí” trí “den Phríomh-Acht” a scriosadh;

(h) in alt 402(3)(a) trí “chun críocha ailt 396, 396A agus 397” a chur in ionad “chun críocha ailt 396 agus 397”;

(i) in alt 403(1)(d) tríd an méid seo a leanas a scriosadh mar chuid d’fhomhír (ii):

“ansin, faoi réir 80A(2)(c), déanfar ioncam as trádáil léasúcháin na cuideachta a áireamh mar ioncaim ina bhfuil—

(A) ioncam as na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bhfomhír (ii), agus

- (B) gnóchain inmhuirearaithe ar dhiúscairt innealra nó gléasra a fuair an chuideachta i gcúrsa a trádála léasúcháin; agus chun na críche seo déanfar méid gnóchain den sórt sin a ríomh gan féachaint d'aon choigeartú arna dhéanamh faoi alt 556(2).”;

agus an méid seo a leanas a chur isteach ag deireadh mhír (d) d’alt 403(1) mar chuid den mhír sin:

“ansin, faoi réir alt 80A(2)(c), déanfar ioncam as trádáil léasúcháin na cuideachta a áireamh mar ioncain ina bhfuil—

- (A) ioncam as na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bhfómhír (ii), agus
- (B) gnóchain inmhuirearaithe ar dhiúscairt innealra nó gléasra a fuair an chuideachta i gcúrsa a trádála léasúcháin; agus chun na críche seo déanfar méid gnóchain den sórt sin a ríomh gan féachaint d'aon choigeartú arna dhéanamh faoi alt 556(2).”;
- (j) in alt 404(1)(b)(iv) trí “déileálfar leis an dá chuid amhail is dá mba thréimhsí cuntasafóchta ar leith iad, agus” a chur in ionad “déileálfar leis an dá chuid amhail is dá mba thréimhsí cuntasafóchta ar leith iad.”;
- (k) in alt 420B(1) i mír (b) den mhíniú ar “cáin chorparáide iomchuí” trí “den Phríomh-Acht” a scriosadh;
- (l) in alt 466(1) trí “faoi Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005,” a chur in ionad “faoi Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993.”;
- (m) in alt 466A—
- (i) i bhfo-alt (1), i mír (a) den mhíniú ar “duine cleithiúnach” trí “faoi Chuid 4 den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005,” a chur in ionad “faoi Chuid IV den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993.”, agus
- (ii) i bhfo-alt (6)(b)—
- (I) i bhfómhír (i) trí “faoi Chaibidil 14 de Chuid 2 den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005,” a chur in ionad “faoi Chaibidil 11A (a cuireadh isteach leis an Acht Leasa Shóisialaigh, 2000) de Chuid II den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993.”, agus
- (II) i bhfómhír (ii) trí “faoi Chaibidil 8 de Chuid 3 den Acht sin.” a chur in ionad “faoi Chaibidil 10 de Chuid III den Acht sin.”;
- (n) in alt 470A, sa mhíniú ar “Uimhir PSP” i bhfo-alt (1) (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais 2001), trí “de réir bhrí alt 262 den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005;” a chur in ionad “de réir bhrí alt 223 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993.”;

- (o) in alt 472(1)(a), sa mhíniú ar “ranníocóir fostaithe sonraithe”—
- (i) trí “chun críocha an Achta Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005,” a chur in ionad “chun críocha an Achta Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993,” agus
- (ii) i bhfomhír (i), trí “de bhíthin alt 12(1)(b) den Acht sin” a chur in ionad “de bhíthin alt 9(1)(b) den Acht sin”;
- (p) in alt 472A(1)—
- (i) i mír (a)—
- (I) trí “ciallaíonn ‘Acht 2005’ an tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005;” a chur in ionad “ciallaíonn ‘Acht 1993’ an tAcht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993;”,
- (II) sa mhíniú ar “tréimhse leanúnach dífhostaíochta”, trí “alt 141(3) d’Acht 2005;” a chur in ionad “alt 120(3) d’Acht 1993;”, agus
- (III) sa mhíniú ar “pearsa aonair cháilitheach”—
- (A) i bhfomhír (i)(I)(A), trí “faoi Chaibidil 12 de Chuid 2 d’Acht 2005,” a chur in ionad “faoi Chaibidil 9 de Chuid II d’Acht 1993;”,
- (B) i bhfomhír (i)(I)(B), trí “faoi Chaibidil 2 de Chuid 3 d’Acht 2005,” a chur in ionad “faoi Chaibidil 2 de Chuid III d’Acht 1993;”, agus
- (C) i bhfomhír (i)(I)(C), trí “faoi Chaibidil 7 de Chuid 3 d’Acht 2005,” a chur in ionad “faoi Chaibidil 9 de Chuid III d’Acht 1993;”,
- agus
- (ii) i mír (b)(i)(IV), trí “mír (h) nó (i), faoi seach, d’alt 141(6) den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005,” a chur in ionad “mír (g) nó (h), faoi seach, d’alt 120(5) den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993;”,
- (q) in alt 511, i bhfo-alt (1)(a)(ii) agus i míreanna (a)(ii)(II) agus (b)(iii)(II) d’fho-alt (3), trí “Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005” a chur in ionad “Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993”, gach áit a bhfuil sé;
- (r) in alt 527(3)(c), trí “Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005,” a chur in ionad “Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993;”,
- (s) in alt 697A(1) (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais 2002), sa mhíniú ar “gníomhaíochtaí cánach tonnáiste”, trí “míreanna (a) go (g) agus i míreanna (i) agus (j)” a chur in ionad “míreanna (a) go (j) agus i mír (m)”;

- (t) in alt 697K(3) (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais 2002), trí “faoi alt 697H.” a chur in ionad “faoi ailt 697H agus 697I nó maidir le hioncam is ioncam loingis iomchuí de bhua mhír (m) den mhíniú ar “ioncam loingis iomchuí”.”;
- (u) in alt 730E(3A)(e) (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais 2001), trí “alt 262 den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005” a chur in ionad “alt 223 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993”;
- (v) in alt 730G (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais 2000), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (5):
- “(5) Más rud é—
- (a) go mbeidh aon ítim curtha isteach go mícheart i dtuairisceán mar cháin iomchuí, féadfaidh an cigire cibé measúnachtaí, coigeartuithe nó fritháirimh a dhéanamh is dóigh leis nó léi is gá chun a áirithiú gur mar a chéile, a mhéid is féidir é, do na dliteanais cánach, lena n-áirítear ús ar cháin neamhíoctha, a bheidh dá thoradh sin ar an gcuideachta árachais a bheidh ag déanamh an tuairisceáin nó ar aon duine eile, agus na dliteanais a bheadh uirthi nó air mura mbeadh an ítim curtha isteach, nó
- (b) go mbeidh aon ítim curtha isteach i gceart i dtuairisceán, ach laistigh de bhliain amháin ó thráth déanta an tuairisceáin, go gcruthóidh an chuideachta árachais chun sástacht na gCoimisinéirí Ioncaim gur cóir agus gur réasúnach go ndéanfaí méid cánach cuí (a bheidh sa tuairisceán) a íocadh a aisíoc leis an gcuideachta árachais, féadfar an méid sin a aisíoc leis an gcuideachta árachais.”;
- (w) in alt 739F(5)(a)(a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais 2001), trí “dliteanais cánach” a chur in ionad “dliteanais”;
- (x) in alt 771(1), trí “Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005,” a chur in ionad “Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993,”;
- (y) in alt 784C(4)(b), trí “Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005,” a chur in ionad “Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993,”;
- (z) in alt 787A, sa mhíniú ar “Uimhir PSP” i bhfo-alt (1) (a cuireadh isteach le hAcht na bPinsean (Leasú) 2002), trí “alt 262 den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005,” a chur in ionad “alt 223 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993,”;
- (aa) in alt 787M, sa mhíniú ar “Uimhir PSP” i bhfo-alt (1) (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais 2005), trí “alt 262 den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005,” a

chur in ionad “alt 223 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993;”;

(ab) in alt 848AE(1)(e) trí “alt 848AG” a chur in ionad “alt 848G”;

(ac) in alt 848B, sa mhíniú ar “Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí” i bhfo-alt (1) (arna chur isteach leis an Acht Airgeadais 2001), trí “alt 262 den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005;” a chur in ionad “alt 223 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993;”;

(ad) in alt 862 trí “Dara hArd-Rúnaí” a chur in ionad “Leas-Rúnaí”;

(ae) in alt 898B, sa mhíniú ar “uimhir PSP” i bhfo-alt (1) (arna chur isteach leis an Acht Airgeadais 2004), trí “alt 262 den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005;” a chur in ionad “alt 223 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú) 1993;”;

(af) in alt 898N (arna chur isteach leis an Acht Airgeadais 2004) —

(i) i bhfo-alt (2) trí “tuairisceán” a chur in ionad “tuarascáil”, agus

(ii) i bhfo-alt (4) trí “tuairisceán” a chur in ionad “tuarascáil” sa dá áit a bhfuil sé;

(ag) in alt 934(2)(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (ii):

“(ii) aon duine a mbeidh glactha leis nó léi mar chomhalta d’Ionad Cánachais na hÉireann.”;

(ah) i Sceideal 2, i mír 14(1) de Chuid 4—

(i) trí “an t-oifigeach iomchuí” a chur in ionad “an cigire”, agus

(ii) trí “oifigeach” a chur in ionad “cigire”;

agus

(ai) i Sceideal 12A, sa mhíniú ar “aois shonraithe” i mír 1(1) trí “an tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005” a chur in ionad “an tAcht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993”.

2. Leasaítear an tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil 2003 de réir na bhforálacha seo a leanas:

(a) in alt 25—

(i) i bhfo-alt (1) trí “alt 46(2)” a chur in ionad “alt 21(e)”, agus

(ii) i bhfo-alt (2) trí “alt 46(2)” a chur in ionad “alt 21(e)”;

(b) in alt 45A(4)(a) trí “alt 21(e) nó”, a scriosadh; agus

(c) in alt 49(6A)(b) trí “tuairisceán de réir bhrí alt 21(e) nó” a scriosadh.

3. Leasaítear an tAcht Cánach Breisluacha, 1972 in alt 11(3)(c)(iii) trí “méid réasúnta beag” a chur in ionad “an t-íosmhéid”.

4. Leasaítear Caibidil 1 de Chuid 2 d’Acht Airgeadais 1999 in alt 94(1), sa mhíniú ar “a tháirgeadh” trí “a chur faoi aon phróis sonraithe de réir bhrí Nóta Breise 4 a ghabhann le Caibidil 27 den comhainmníocht (dá dtagraítear i mír 5 den Treoir)” a chur in ionad “chur faoi aon phróis sonraithe de réir bhrí mhír 1 d’airteagal 5 den Treoir”.

5. Leasaítear Acht Airgeadais 2001—

(a) in alt 96 (arna leasú le hAcht Airgeadais 2005), sa mhíniú ar “táirgí tobac” trí “mír (c) a chur in ionad “mír (b)”, agus

(b) in alt 124A (arna chur isteach le hAcht Airgeadais 2004), trí “Caibidil 3 de Chuid 2 d’Acht Airgeadais 2005” a chur in ionad “an tAcht Airgeadais (Dleacht Máil ar Tháirgí Tobac), 1997”.

6. (a) Maidir le mír 1—

(i) beidh feidhm ag *fomhíreanna* (a), (g) go (k), (s) agus (t) maidir les na tréimhsí cuntasaióchta dar críoch ar an 1 Eanáir 2007 nó dá éis,

(ii) beidh éifeacht le *fomhíreanna* (b) go (f), (l) go (r), (u), (x) go (aa), (ac) go (ae), (ag) agus (ai) amhail ar agus ó dháta rite an Achta seo,

(iii) beidh éifeacht le *fomhíreanna* (v), (w), (af) agus (ah) amhail ar agus ón 1 Eanáir 2007, agus

(iv) measfar gur tháinig *fomhír* (ab) i bhfeidhm agus go mbeidh éifeacht léi amhail ar agus ón 1 Eanáir 2006.

(b) Meastar gur tháinig mír 2 i bhfeidhm agus go bhfuil éifeacht léi i leith na bliana 2006, agus le blianta dá éis.

(c) Tá éifeacht le mír 3 amhail ar agus ó dháta rite an Achta seo.

(d) Meastar gur tháinig mír 4 i bhfeidhm agus go bhfuil éifeacht léi amhail ar agus ón 27 Deireadh Fómhair 2003.

(e) Maidir le mír 5—

(i) meastar gur tháinig *fomhír* (a) i bhfeidhm agus go bhfuil éifeacht léi amhail ar an agus ón 25 Márta 2005, agus

(ii) meastar gur tháinig *fomhír* (b) i bhfeidhm agus go bhfuil éifeacht léi amhail ar an agus ón 1 Iúil 2006.